



OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



2026

Clár

Eagarfhocal

Lorna Johnson, Eagarthóir Mac Léinn

v

Réamhrá

Tracey Ní Mhaonaigh

vi

Ag tógáil don todhchaí: Meon Gaeilgeoirí óga i nGaeltacht Bhéal Feirste i leith forbairt ghairmiúil agus inniúlachta leanúnach

Síobhra Aiken, Merryn Davies-Deacon, Ciarán Mac Giolla Bhéin, Róisín Nic Liam, Pádraig Fhia Ó Mathúna

1

Ré nua Curaclaim: Peirspictíochtaí ar Mhúineadh na Nua-Theangacha Iasachta sa bhunscoil Lán-Ghaeilge

Julia Collins & T.J. Ó Ceallaigh

19

Ar thóir Ghobán Chill Scíre: réabhlóid agus frithréabhlóid i dTír Eoghain, 1906–24

Fergal Mac Bhloscaidh

39

Amhráin na ndaoine agus amhráin a chum Séamus Ó Grianna ('Máire') é féin a ndéantar tagairt dóibh ina shaothar

Seán Mac Corraidh

55

An chanúint Ghaeilge a chleachtaí i gContae Uíbh Fhailí le fianaise ón *Lucerna Fidelium*

Margarita Neothallaigh

73

Cailleach na gCearc agus an Leasmháthair — Seanscéal nó Scéal fíor: Léiriú na mBan i scéalta béaloidis Ghaoth Dobhair agus na Rosann i mBailiúchán na Scol 1937–39

Eva Ní Mhealláin

91

An Ghaeilge agus an sainchúram maolaitheach

*Dorothy Ní Uigín, Ronan McLernon, Sinéad Donnelly & Camilla Murtagh**

**Comhthaipeoirí sinsearacha*

103

Johnny Chóil Mhaidhc: Fréamhaithe sa dúchas logánta ach ealaíontóir a d'aimsigh cosán conaire dá chuid féin?

Aodh Ó Coileáin

113

Éigse na Bruiséile in eagar ag Aogán Ó hIarlaithe.

Léirmheastóir: Lorna Johnson

129

Turas na Bliana: Sleachta Machnaimh le Ciarán Mac Murchaidh

Léirmheastóir: Dónall Ó Braonáin

133

Guth á Thabhairt do Luath-Naomh Suntasach:

Alt Léirmheasa ar Ceallach: Cín Lae Fíréin AD 590-620 (le Diarmuid Johnson)

Léirmheastóir: Marie Whelton

137

Nota Beathaisneise An Eagarthóra

145

Nótaí Beathaisnéise na nÚdar

147



Eagarfhocal

Tá luchtáir orainn fáilte a chur romhaibh chuig an gceathrú heagrán déag de An Reiviú. Is iris acadúil í a fhoilsíonn mic léinn an chúrsa MA sa Léann Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge gach bliain. Is mór an onóir dúinn go mbeidh An Dr Tracey Ní Mhaonaigh, Ceann Roinn na Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad, linn leis an iris a sheoladh i mbliana agus gur scríobh sí réamhrá na hirise.

San eagrán seo tá réimse leathan alt a spreagfaidh suim sa léitheoir agus a chlúdaíonn an tsochtheangeolaíocht, teagasc teangacha agus dúchas, chomh maith le léirmheasanna ar thrí leabhar. Tá blas idirnáisiúnta le brath san eagrán seo le roinnt údar atá lonnaithe taobh amuigh d'Éirinn agus is léiriú é seo ar neart na Gaeilge sa ré dhigiteach.

Tá an Coiste Eagarthóireachta go mór faoi chomaoin ag gach duine a thug tacaíocht don eagrán seo. Is mór againn obair na n-údar ar fad agus na ndaoine a thug faoi thasc na piarmheasúnóireachta ach go háirithe. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le foireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus leis an Dr Dorothy Ní Uigín a bhí ina crann taca. Is deis iontach é a bheith páirteach sa tionscadal seo a chuireann an Dr Ní Uigín ar fáil do mhic léinn agus chomhlíon sí a dualgas le foighne agus díograis, agus i bhfad níos mó ná sin arís i mbliana.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an dearthóir Shannon Reeves as an gcuma shlachtmhar a choinníonn sé ar an iris gach bliain. Tá muid go mór faoi chomaoin ag Anna Davitt ó Fhoras na Gaeilge, agus ag an bhForas féin, as an maoiniú agus as tacú leis an iris ón dtús.

Tá súil againn go mbaine sibh sult as an eagrán seo de *An Reiviú*.

An Coiste Eagarthóireachta 2026

Lorna Johnson, Eagarthóir Mac Léinn

Eagarthóir Stiúrtha: An Dr Dorothy Ní Uigín

Bord Comhairleach: An Dr Hugh Rowland, Belinda McHale,

An Dr Seathrún Ó Tuairisg, Lisa Ní Fhlatharta



Réamhrá

Tracey Ní Mhaonaigh

‘Ag tógáil don todhchaí’ is teideal d’aiste san eagrán seo de *Léann Teanga: An Reiviú*, ach braithim gur achoimre thar a bheith oiriúnach é ar an obair iontach atá ar siúl ag foireann na hirise seo, mic léinn MA atá ag tús a gconaire scolártha, faoi stiúir fhoireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Tá saothar ardchaighdeán curtha ar fáil arís eile i mbliana, ina bhfuil meascán iontach de théamaí agus d’ábhair ag meascán iontach scríbhneoirí, idir óg agus eile.

Aon mhír déag atá sa cheathrú heagrán déag seo, cuid acu ag plé le cúrsaí sochtheangeolaíochta, cuid eile le téama an dúchais, tuilleadh arís ag plé le teagasc teangacha, mar aon le trí cinn de léirmheasanna. Is iad *Turas na Bliana: Sleachta Machnaimh* le Ciarán Mac Murchaidh (2025), *Éigse na Bruiséile* in eager ag Aogán Ó hIarlaithe (2025), agus *Ceallach: Cín Lae Fíréin AD 590–620* le Diarmuid Johnson (2023) na téacsanna a ndéantar iad a mheas. Faoi mar a deir Dónall Ó Braonáin linn agus é ag scríobh faoi leabhar Mhic Mhurchaidh, ‘is léasacha machnaimh iad’ míreanna an tsaothair seo ‘ar an duine agus ar an daonnacht’ agus is saothar thar a bheith tráthúil é agus an domhan ina mairimid ag dul in aduaine in aghaidh an lae. Imeachtaí *Éigse na Bruiséile* atá i saothar Aogáin Uí Iarlaithe, aiste an duine ag Mícheál Mac Craith, Liam Mac Cóil, Rua Breathnach, Seán Ó Riain, Pádraig Ó Laighin agus Ó hIarlaithe féin. An Ghaeilge ar Mhór-Roinn na hEorpa is ea príomhthéama an leabhair seo, agus maíonn Lorna Johnson gurb í an deoraíocht a fhíonn na haistí éagsúla le chéile. Ceiliúradh is ea an saothar seo ar stair choiteann, ar chaidreamh doimhin idir tír bheag seo na hÉireann agus tíortha na Mór-Roinne, saothar ar arm é i gcoinne mheon cúng deighilteach contúirteach na ndaoine sin a áitíonn nach ann don chomhphobal daonna. Díríonn Marie Whelton, ina léirmheas siúd ar *Ceallach*, ar an nguth atá á thabhairt ag Diarmuid Johnson do ‘Luath-Naomh suntasach’, Naomh Gallus. ‘Séard a fhaighimid sa saothar seo, a deir sí, ‘léiriú suaithneach ar an turas fisiceach agus ar an turas spioradálta a rinne na manaigh’ agus breathnaíonn sí ar úsáid na dialainne ficsin chuige sin.

Tá níos mó spéise ná riamh ag scoláirí i ngort na sochtheangeolaíochta, agus tá sin le haithint ar líon na n-aistí sa bhailiúchán seo atá ag plé leis. Tá trasnaíl iontach deas idir péire acu – ceann acu ag díriú ar dhaoine óga, iad ag breathnú rompu sa saol ('Saol trí Ghaeilge?: Meon Gaeilgeoirí óga i nGaeltacht Bhéal Feirste i leith forbairt inniúlachta agus gairme'), an ceann eile ag díriú ar dhaoine agus iad ag druidim le deireadh a saoil ('An Ghaeilge agus an sainchúram maolaitheach'). Is spéisiúil an ní é gur aithníodh na bearnaí céanna sa dá staidéar – easpa cumais teanga i dtaca le cúrsaí oibre. Faightear léargas thar a bheith spéisiúil, leis, in aiste Ní Uigín *et al.* ar mheon na n-othar féin, agus ar an méadú a thagann ar an mórtas cine agus duine ag druidim le deireadh a shaoil.

Ag plé le staid agus stair na Gaeilge in Uíbh Fhailí agus i dTír Eoghain araon atá an dá aiste sochtheangeolaíochta eile, 'An chanúint Ghaeilge a chleachtaí i gContae Uíbh Fhailí le fianaise ón *Lucerna Fidelium*', le Margarita Neothallaigh, agus 'Ar thóir Ghobán Chill Scíre: reabhlóid agus frithreabhlóid i dTír Eoghain, 1914–24' le Fergal Mac Bhloscaidh. Cuireann Neothallaigh i gcuimhne dúinn an tábhacht a bhain le leithéidí chlópheas Lováin agus an *Sacra Congregatio de Propaganda Fide* sa 17ú haois agus glór á thabhairt acu don Ghaeilge, agus do shaothair chrábhaidh go háirithe. Nuair a scríobhadh na saothair seo ar fad is dócha nár shamhlaigh éinne an luach a bhainfeadh leo dúinne ó thaobh na teanga de, iad anois ina dtoibreacha saibhre canúineolaíochta agus teangeolaíochta. Duine, seachas téacs, a spreag Mac Bhloscaidh, é ag díriú ar thionchar an Athar Maitiú Mag Uidhir ar an réabhlóid teanga i gCill Scíre. Faoi mar a deir sé linn ag tús na haiste, iniúchadh atá inti ar 'an claochlú polaitiúil, sóisialta, teangeolaíoch a tháinig ar Chill Scíre agus Mag Uidhir ar thús cadhnaíochta le linn Athbheochan na Gaeilge agus réabhlóid na hÉireann'. Dóchas a chloistear ag tús na haiste, ach is ar nóta dólásach a chríochnaíonn sí, deireadh tagtha le ré órga Chonradh Chill Scíre, an Ghaeilge díbeartha as Tír Eoghain.

Le sliocht as *Saoghal Corrach* le Máire a thosaíonn aiste Mhic Bhloscaidh, agus tá an saothar céanna ina fhoinsé luachmhar ag Seán Mac Corraidh, é ag breathnú ina aiste siúd ar 'Amhráin na ndaoine agus amhráin a chum Máire a ndéantar tagairt dóibh ina shaothar'. Toradh tionscadail taighde atá anseo, tionscadal a rinneadh ar 'stíl dhíreach, éasca, bheoga agus ar theanga fhiliúnta, dhúchasach, úrshnoite Shéamuis Uí Ghrianna'. Tá obair mhór déanta ag Mac Corraidh thar na blianta ar shaothair Mháire, solas á chaitheamh as an nua aige ar a chuid scríbhneoireachta, agus is ar ghné na hamhránaíochta a dhíríonn sé an uair seo. Cuireann sé i láthair an léitheora an tionchar a bhí ag na hamhráin ar tógadh Máire leo air, mar aon leis na hamhráin a chum sé féin. Tá luach ar leith, creidim, ag baint leis na haguísíní ag deireadh na haiste, agus liosta curtha le chéile aige de na hamhráin éagsúla a luaitear sna leabhair, mar aon le liricí na n-amhrán a chum sé.

Cúrsaí ceoil agus amhránaíochta is ábhar d'aiste Aoidh Uí Choileáin, leis, agus léargas á thabhairt aige ar ionad Johnny Chóil Mhaidhc i dtraidisiún cumadóireachta na Gaeilge. Cuireann sé inár láthair léirmheastóireacht atá déanta ar a shaothar, ach, níos luachmhaire fós, roinneann an t-údar ábhar neamhfhoilsithe linn ó agallaimh a thaifead sé le cairde Sheáin Uí Choisdealbha.

An bhean sí agus an leasmháthair is ábhar d'aiste Eva Ní Mhealláin, í ag breathnú ar an léiriú a dhéantar ar na mná i scéalta béaloidis Ghaobh Dobhair, Bailiúchán na Scol ina phríomhfhoinsé aici. Is iontach an obair atá ar siúl na laethanta seo ar na seanscéalta agus athléamh iomlán á dhéanamh orthu trí lionsaí nua-aimseartha, lionsaí na hinscne, an fheimineachais agus na haiteachta ina measc.

I dtaca le teagasc teangacha, cuirtear taighde tráthúil inár láthair a dhíríonn ar mhúineadh na Nua-Theangacha Iasachta i mbunscoileanna lán-Ghaeilge (Julia Collins agus T.J. Ó Ceallaigh). Ar aon dul le taighde ar áit na Gaeilge i measc an phobail trí chéile, tá borradh, le tamall anuas, faoin taighde a dhéantar ar an scolaíocht, agus ar an ngaelscolaíocht go háirithe. Tugtar léiriú spéisiúil dúinn, in aiste seo Collins agus Uí Cheallaigh, ar mheon na múinteoirí i leith theagasc na nuatheangacha iasachta, ar na himpleachtaí don ualach oibre agus don bhrú a chuirfear ar pháistí, páistí ó thíortha eile go háirithe, a mbeidh trí theanga le foghlaim ar an mbunscoil acu.

Léiriú is ea an t-eagrán seo den *Reiviú* ar bhisiúlacht agus ar chrógacht léann na Gaeilge. Sa bhliain 1949, é ocht mbliana déag d'aois, scríobh Breandán Ó Doibhlin an iontráil dialainne seo a leanas:

Beirfidh mé iarraidh ar Ghaeilge a chur ar chuid de; má éireoidh liom go measartha maith, b'fhéidir go mbeinn deimhneach i m'aigne gur teanga í mar Ghaeilge a dtig léi coinneáil céim ar chéim le teangacha móra an domhain.

Ag labhairt faoi chuid de scríbhneoireacht Bossuet na Fraince a aistriú go Gaeilge a bhí sé, ach creidim go mbaineann an teachtaireacht bhunaidh aige go dlúth le hábhar an tsaothair seo – go léirítear ann gur teanga í an Ghaeilge atá gach pìoc chomh maith le teangacha móra an domhain, gur teanga nua-aimseartha í, a bhfuil fréamhacha ársa doimhne aici, gur teanga chróga í atá go maith in ann na ceisteanna deacra a chur, agus gur teanga shaibhir í a gcaomhnaítear inti saíocht agus traidisiúin. Tá dualgas orainne, an ghlúin bheo, í a chaomhnú, í a chosaint, agus níos tábhachtaí fós, í a chothú sna glúinte scolártha atá ag teacht agus atá le teacht inár ndiaidh.



Ag tógáil don todhchaí: Meon Gaeilgeoirí óga i nGaeltacht Bhéal Feirste i leith forbairt ghairmiúil agus inniúlachta leanúnach

*Síobhra Aiken, Merryn Davies-Deacon, Ciarán Mac Giolla
Bhéin, Róisín Nic Liam, Pádraig Fhia Ó Mathúna*

Comhthéacs

Léiríonn na figiúirí daonáirimh is deireanaí go bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge ag beagnach 25% de phobal Iarthar Bhéal Feirste (Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde, 2022) agus aithnítear an ceantar ar na ceantair in Éirinn is líonmháire ó thaobh cainteoirí laethúla Gaeilge de. Is toradh é seo ar an athghabháil teanga a tháinig chun cinn in iarthar na cathrach sna 1960í – a bhí ag tógáil ar ghluaiseacht athghabhála a théann siar go dtí an 19ú haois – agus tá an teanga á labhairt mar theanga theaghlaigh le cúpla glúin anuas (amharc O’Reilly, 1999; de Brún, 2006). Is pobal teanga é seo a cothaíodh i gcomhthéacs cogaióchta agus a tháinig chun cinn i measc na cosmhuintire in ainneoin neamhshuime, agus go minice, naimhdis ón stát (Walsh, 2012: 53; Mac Ionnrachtaigh, 2013 & 2021; Andrews, 1997). Sa bhliain 2015, d’aithin Foras na Gaeilge Iarthar Bhéal Feirste mar líonra pleanála teanga i dteannta ceithre cheantar eile taobh amuigh de na Gaeltachtaí traidisiúnta (O’Rourke & Walsh, 2021: 68). Bronnadh stádas oifigiúil ar an Ghaeilge ó thuaidh sa bhliain 2022 nuair a ritheadh an tAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 i bparlaimint Westminster agus ceapadh an chéad Choimisinéir Gaeilge, Pól Deeds, ag deireadh na bliana 2025 (Ní Chiaráin, 2025). Mar a mhínítear ar shuíomh gréasáin Fhís an Phobail, an plean teanga d’Iarthar Bhéal Feirste, is liosta le háireamh na seirbhísí lán-Ghaeilge atá ag feidhmiú in achar de thrí mhíle cearnach i gCeathrú Gaeltachta Bhéal Feirste, ina measc: cúig bhunscoil, sé naíscoil, meánscoil, spórtlann, trí chumann óige agus eagraíocht réigiúnach óige, dhá ionad cúram lae, compántas drámaíochta,

stáisiún raidió pobail, lárionad foghlama, agus comhlacht traenála agus gairmoideachais, i measc seirbhísí eile (Fís an Phobail, gan dáta). Má bhí an obair dheonach agus an féinchuidiú ina saintréithe den athghabháil teanga nuair a bunaíodh Gaeltacht Bhóthar Seoighe sna 1960í (amharc Maguire, 1991; Mac Póilín, 2018; Mac Coinnigh *et al.*, 2019; Mac Ionnrachtaigh, 2021), is suntasach anois líon na ndaoine atá fostaithe go lánaimseartha in earnáil na Gaeilge sa cheantar seo atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch suntasach fós (Stone, 2025).

Tá tábhacht nach beag ag baint le cothú na hearnála gairmiúla Gaeilge in Iarthar Bhéal Feirste, más ea. Ní hamháin go bhfuil deiseanna eacnamaíocha tábhachtacha i gceist le leathnú na hearnála ach aithnítear fosta go bhfuil fás agus inmharthanacht an phobail teanga seo ag brath ar an Ghaeilge a bheith in úsáid ní hamháin mar theanga theaghlaigh agus oideachais ach mar theanga a úsáidtear in achan réimse de shaol an phobail agus a shamhlaítear fosta, mar a shonraítear sa scoláireacht, leis an (ath)ghiniúint pobail agus leis an fholláine phearsanta trí chéile (amharc Linn & Dayán-Fernández, 2024: 4; Blake, 1997; Carden, 2012; Nic Roibeaird, 2024; Ó Tiarnaigh & Mac Giolla Bhéin, 2018). Go deimhin, is éileamh leanúnach ag gníomhaithe Gaeilge Bhéal Feirste gur ‘saol trí Ghaeilge atá uainn’ (amharc Mac Giolla Bhéin, 2017; Mac Siacais, luaite in Ó Coimín, 2016). Mar sin féin, is iomaí constaic atá le sárú chun an earnáil ghairmiúil a fhorbairt i dteanga mhionlathaithe ar bith. I measc na gconstaicí sin, tá ardstádas na mórtheanga sa tsaol phroifisiúnta (Gomashie, 2025: 777), raon teoranta na ról a shamhlaítear leis an mhionteanga (agus an dearcadh institiúideach go mbaineann an Ghaeilge le réimse an oideachais, na n-ealaíon, agus rólanna searmanais amháin (Ó Giollagáin, 2014: 20)), ceisteanna leanúnacha maoinithe (Walsh, 2021: 336), easpa deiseanna ardaithe céime san earnáil atá fós, den chuid is mó, lonnaithe san earnáil phobail amháin, agus deiseanna fostaíochta agus coinníollacha oibre níos fairsinge a bheith ar fáil san earnáil fhadhbhunaithe Bhéarla nó, go minic, thar lear.

Amharcann an t-alt seo le dul i ngleic le constaic amháin i measc na gconstaicí seo, is é sin an easpa forbairt ghairmiúil leanúnach atá ar fáil dóibh siúd atá ag obair leis an Ghaeilge. Mar a léiríonn Joanna McPake *et al.* (2017), cuirtear cláracha forbairt ghairmiúil ar fáil do dhaoine proifisiúnta i gcomhthéacs na Catalóinise, na Bascaise, na Breatnaise, agus na Maoraise agus tá dea-impleachtaí ag na scéimeanna céanna don chothromaíocht ghairmiúil (idir earnáil na mórtheanga agus na mionteanga), do spriocanna oideachasúla, agus do chothú na hidé-eolaíochta teanga. I gcomhthéacs na Maoraise, cuirtear maoiniú ar leataobh i mbuiséad oideachais na Nua-Shéalainne don mheantóireacht agus don fhoghlaím ghairmiúil (McPake *et al.*, 2017) agus tá cúrsaí ar leith den chineál seo á soláthar ag an institiúid oideachais threasaigh Maoraise, Te Wānanga o Aotearoa (Jenkins, 2009).

Tá ceist na forbartha gairmiúla agus na hidé-eolaíochta teanga níos práinní fós de bharr an éilimh atá ag teacht ar sheirbhísí Gaeilge i gcomhthéacs an Achta Féiniúlachta agus Teanga (2022) agus i gcomhthéacs cheapachán an Choimisinéara Teanga sa bhliain 2025. I bhfianaise leathnú seo na seirbhísí, ní foláir nó go dtiocfaidh tuilleadh fáis ar earnáil ghairmiúil na Gaeilge sna blianta beaga atá romhainn. Chun freastal ar an easpa deiseanna oiliúna, ní mór tuiscint a fháil ar dtús ar thuirimí daoine óga ar ról na Gaeilge ina saol gairmiúil. Ag tarraingt ar dhá fhócasghrúpa cháilíochtúla le daoine óga (idir 16 agus 24 bliain d’aois), téann an t-alt seo i

ngleic le dhá mhórchéist taighde: cad é a spreagann daoine óga le ról gníomhach a ghlacadh in earnáil ghairmiúil na Gaeilge? Agus cén dearcadh atá acu i leith forbairt ghairmiúil agus inniúlachta leanúnach san earnáil?

An Chéad Chéim Eile do Chainteoirí Óga Gaeilge

Aithníonn sochtheangeolaithe go hidirnáisiúnta an titim i labhairt na mionteanga i measc daoine óga nuair a fhágann siad an scoil agus téann isteach sa tsaol oibre nó ar an ollscoil. I gcomhthéacs na Bascaise, sonraítear titim ghéar i gcumas teanga idir daoine sna haoisghrúpaí 16–24 bliain agus 25–34 bliain (Moriarty, 2010: 143); sa Chatalóin aithnítear titim i labhairt na mionteanga ag tús bhlianta na meánscolaíochta, agus sa Bhreatain Bheag is léir ní hamháin go dtiteann cumas sa teanga ach go dtagann laghdú ar dhearcthaí dearfacha i leith na teanga fosta de réir mar a théitear in aois (Ó Riagáin *et al.*, 2008: 3). Mar a áitíonn Pádraig Ó Riagáin *et al.* (2008: 16) i gcás na Gaeilge, samhlaítear an Béarla le ‘*status and mobility*’ a fhad is a shamhlaítear an Ghaeilge le ‘*places and circumstances from which young people in these communities may be trying to extricate themselves*’. Cé go bhfuil comhthéacs Ghaeltacht uirbeach Bhéal Feirste éagsúil le comhthéacs na nGaeltachtaí traidisiúnta – sa dóigh is nach mbíonn an brú céanna ar dhaoine óga an ceantar a fhágáil ar lorg oibre – samhlaítear an Ghaeilge fós le comhthéacsanna faoi leith (.i. comhthéacs na scolaíochta) agus nuair a imíonn daoine ón chomhthéacs sin, ní nós an teanga a úsáid an oiread céanna.

Is údar imní é go bhfuil an tiontú teanga seo le feiceáil i measc páistí níos óige ná riamh. Bhí drochthionchar suntasach ag paindéim COVID mar gur tháinig laghdú ar an phróiseas sealbhaithe teanga mar gheall ar an chianfhoghlaim agus easpa deiseanna labhartha (Engman *et al.*, 2023, 172). Ina theannta sin, léiríonn taighde Ben Uí Cheallaigh (2022: 208–9) tionchar an nualíobrálachais ar mheath na teanga – a chuimsíonn fás na teicneolaíochta (ar nós Netflix agus na meán sóisialta), easpa spásanna sóisialta do labhairt na teanga, agus an imirce – agus sonraíonn Janice Carruthers & Mícheál Ó Mainnín an nasc a shamhlaítear go fóill idir an teanga agus an míbhuntáiste eacnamaíoch (2017; 2024).

Tógadh roinnt beart in Iarthar Bhéal Feirste le tamall de bhlianta anuas chun cur i gcoinne na dtreochtaí seo i measc daoine óga. Ainneoin fhás an Ghaeloideachais, thug suirbhé a rinne Ó Riagáin *et al.* (2008) le 145 dalta Gaelscoile as Béal Feirste, Doire, agus Ard Mhacha le fios gurbh é an Béarla an ghnáth-theanga chumarsáide a labhair beagnach leath na ndaltaí (47%) lena gcairde taobh amuigh de gheataí na scoile (agus cá bhfios nach bhfuil an figiúr níos ísle ná sin i ndáiríre). Mar a luann Feargal Mac Ionnrachtaigh, duine de bhunaitheoirí na heagraíochta oibre óige agus pleanála teanga, Glór na Móna (luaite in Ní Shionnain, 2020: 185–6):

[C]eann de na rudaí a bhí muid ag fáil amach ná mórchuid na ndaoine óga a chuaigh fríd na Gaelscoileanna i mBéal Feirste, idir an aois 16 agus 30, bhí siad ag cailleadh a gcuid Gaeilge labhartha. Bhí siad ag críochnú mar a bheadh passive bilinguals ann.

Ba i ngeall air seo a cuireadh tús le bearta éagsúla in Iarthar Bhéal Feirste chun an teanga a chothú mar theanga shóisialta taobh amuigh den scoil, trí ghréasáin shóisialta a fhorbairt ina raibh an Ghaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide – ina measc an club CLG, Laochra Loch Lao – chomh maith le réimse seirbhísí óige, féilte ceoil agus pobail, cúrsaí gairmoideachais, feachtais cearta daonna, agus eile.

Cúrsaí Idé-eolaíochta

Aithnítear go forleathan go bhfuil ceist labhairt na mionteanga i measc daoine óga fite fuaite sna creatlacha idé-eolaíochta a thiomáineann cinneadh an duine, nó cinneadh an phobail, teanga a labhairt nó gan í a labhairt. Dar le Nicole Dołowy-Rybińska ina staidéar ar thógáil na féiniúlachta i measc cainteoirí mionteanga as an Chaisúib, Lusáit Uachtarach, an Bhriotáin agus an Bhreatain Bheag go bhfuil an neamhshuim ar an bhac is contúirtí d'fhorbairt agus d'inmharthanacht mionteanga: *'Indifference towards belonging to a minority group and speaking its language, fostered by increasing cultural assimilation, globalization processes, economic conditions and lifestyle change, is one of the major threats faced by minority languages'* (2020: 14). Tagann taighde Murray *et al.*, (2023) ar an Ghaeilge mar ábhar meánscoile i measc daltaí de chúlraí cultúrtha éagsúla le scoláireacht Dołowy-Rybińska agus iad ag áiteamh gur ghá go samhlódh daoine óga úsáid 'uirliseach' agus tábhacht phraiticiúil dhomhanda leis an Ghaeilge – seachas feidhm shiombalach amháin – leis an teanga a chur chun cinn i sochaí ilchultúrtha na linne seo.

Gné ar leith den idé-eolaíocht teanga seo ná go dtugtar dúshlán na miotas nó na réamhchlaontaí a bhuaitear ar phobail labhartha mionteanga ón taobh amuigh. I measc na miotas is coitianta go hidirnáisiúnta, tá na tuiscintí diúltacha gur teanga 'mharbh' nó teanga 'thuaithe' den tseandéanamh í an mhionteanga agus nach bhfuil sí fóirsteanach don tsaol chomhaimseartha (Dołowy-Rybińska, 2020: 53). Seachas mionteanga a bhrú faoi chois, áfach, léiríonn an taighde idirnáisiúnta go gcothaíonn na réamhchlaontaí diúltacha céanna féiniúlacht bunaithe ar an fhrithbheartaíocht i measc lucht labhartha na teanga, go speisialta i measc an dreama óig. Mar sin, feictear i gcomhthéacs na Briotáinise agus na Breatnaise go mbíonn an mhíshástacht le polasaithe an stáit mar bhonn le *'action promoting its culture and language, which involves a rebellion against inequality and fight for a change'* (Dołowy-Rybińska, 2020: 48).

D'fhéadfaí a rá, mar sin, gur láidre féiniúlacht frithbheartaíochta phobal na Gaeilge ó thuaidh de bharr an díspeagadh leanúnach a dhéantar ar an teanga i réimse na polaitíochta agus na meán. Chomh fada siar leis an bhliain 1936, d'áitigh an Viscount Craigavon, a bhí ina Phríomh-Aire ar stát Thuaisceart Éireann níos deireanaí, nach raibh aon luach praiticiúil ag baint leis an teanga agus nach gcuirfeadh an Ghaeilge le dílseacht don stáitín nua: *'we do not see that these boys being taught Irish would be any better citizens'* (luaite in Walsh, 2012: 54). Tugtar le fios chomh maith céanna gur caitheamh aimsire – *'leprechaun language'* – atá sa Ghaeilge nó gur uirlis pholaitiúil amháin í a amharcann le deighilt a chothú sa tsochaí

(Walsh, 2012: 340). Ar deireadh, is éard atá sa phlé ar pholaitiú na teanga go minic ná iarracht ar bhac a chur ar *‘[an] activist community which has the audacity to challenge centuries of linguistic marginalisation’* (Mac Giolla Bhéin, 2019).

Ach má ghríosáionn ionsaithe ar theangacha mionlaithe an pobal chun gnímh, is féidir fosta go n-éiríonn cainteoirí níos leisciúla, nó go gcailleann siad misneach le dul i mbun agóide, nuair atá tacaíocht stáit á fháil ó phobal na teanga. Mar a dúirt dalta meánscoile ó chúlra Sorbach, grúpa eitneach mionlaithe atá lonnaithe sa Ghearmáin: *‘When there were oppressions, as in the Prussian times, we all felt stronger as Sorbs because we all supported one another. Now, as you can do whatever you want, people no longer support one another’* (Dołowy-Rybińska, 2020: 75). Tá a leithéid d’fhuarchúis le haithint i ndeisceart na hÉireann fosta. Mar a shonraíonn Conchúr Ó Giollagáin (2014), ní shamhlaítear go bhfuil an Ghaeilge faoi bhagairt de bharr go bhfuil polasaithe ag an stát chun tacú leis an teanga, is cuma cé chomh lag is atá na polasaithe céanna. Áitíonn Ciarán Lenoach go bhfuil an bhéim ar shiombalachas na Gaeilge le haithint fiú i measc cainteoirí Gaeltachta agus an teanga á samhlú mar chomhartha ar fhéiniúlacht Gaeltachta seachas mar ghnás pobail nó teaghlaigh (2012: 72–3).

Cén tionchar sochtheangeolaíochta, más ea, a bheas ag an aitheantas nua atá bronnta ar an Ghaeilge sa dlínse ó thuaidh ar an idé-eolaíocht teanga sa chomhthéacs uirbeach seo? Cé gur gheall rialtas na Breataine sa bhliain 2006 i gComhaontú Chill Rímhinn go gcuirfí Acht Gaeilge i bhfeidhm, cuireadh an cheist siar ar feadh na mblianta. Nuair a gearradh siar ar dheontas Líofa i mí na Nollag 2016 – deontas a chuir scoláireachtaí Gaeltachta ar fáil do pháistí – tháinig an ghluaiseacht phobail, An Dream Dearg, chun cinn chun cearta agus Acht Gaeilge a éileamh (Keaney & Ó Conchubhair, 2024). D’athraigh an ghluaiseacht ‘tírdhreach polaitiúil na sé chontae, ar bhealach nach bhfacthas le beagnach 20 bliain’ (Ó Tiarnaigh & Mac Giolla Bhéin, 2018: 156). Ní foláir nó go bhfuil nasc idir an feachtas céanna agus an borradh atá faoin teanga le cúpla bliain anuas. Tá tionchar an Dreama Dheirg le sonrú ón áit lárnach a bhain ceist na Gaeilge amach sa dioscúrsa phoiblí agus pholaitiúil agus ó líon na ndaoine, daoine óga go háirithe, a bhí páirteach san fheachtas chéanna, trí ghníomhaíochtaí sna Gaelscoileanna, agóidí, agus mórshiúlta. Sa bhreis air sin, rinne Conradh na Gaeilge taighde sa bhliain 2018 a léirigh gur tháinig borradh suntasach ar líon na ndaoine a chláraigh do ranganna Gaeilge sa tréimhse ó thosaigh feachtas an Dreama Dheirg. Ach, bunaithe ar an taighde idirnáisiúnta, an gá a bheith aireach go dtiocfaidh maolú ar an fhuinneamh idé-eolaíochta chéanna amach anseo agus an Ghaeilge ina teanga oifigiúil i dtuaisceart na hÉireann faoi dheireadh? Cén dóigh ba cheart an fuinneamh sin a chothú – agus baol na neamhshuime idé-eolaíochta a sheachaint – ar bhonn praiticiúil i measc fostaithe óga in earnáil na Gaeilge?

An Phleanáil Teanga ón Bhun Aníos

Ní hamháin go gcothaíonn an reachtaíocht teanga nua seo ceisteanna maidir le gríosú an phobail ach cothaíonn an cur chuige oifigiúil ceisteanna fosta maidir le ról an phobail i ndearadh thodhchaí na teanga, nó *‘community-based language planning’* (CBLP). Go deimhin,

gné ar leith de ghluaiseacht na Gaeilge i mBéal Feirste is ea an obair phobail agus is í an bhéim ar an obair ón bhun aníos – a tháinig chun cinn ar dtús de bharr easpa tacaíochta ón stát – is cúis, cuid mhaith, leis an rath atá ar an athghabháil in iarthar Bhéal Feirste i gcomórtas le háiteanna eile in Éirinn. D’fhág an naimhdeas polaitiúil i gcoinne na teanga go raibh an pobal féin freagrach as cosaint agus forbairt na Gaeilge, rud a spreag cultúr gníomhachais a chuimsítear sa mhana ‘Ná habair é, déan é.’ Dá bhrí sin, tháinig ceannairí chun tosaigh ón phobal a bhunaigh scoileanna agus grúpaí pobail, agus a réachtáil feachtais ar son aitheantais agus cothromais.

Tá aitheantas níos mó ná riamh ar thábhacht an phobail sa phleanáil teanga de bharr go dtuigtear ‘*if language planning does not have the support of the communities it is intended for, it cannot succeed*’ (Webb, luaite in Ní Shionnain, 2020: 93). Tá béim ar leith sa scoláireacht anois ar mhúnla pleanála teanga pobalbhunaithe (CBLP), múnla atá ‘*motivated by local needs and desires, and shaped by local resources and opportunity structures*’ (McCarty, 2018: 24). Go deimhin, tugtar le fios sa Dearbhú Uilechoiteann um Chearta na mBundúchasach (2007) go bhfuil sé de cheart ag pobail dhúchasacha a dteanga féin a athghabháil agus a gcóras scolaíochta féin a bhunú – léiriú ar an tuiscint atá ann anois ar ról agus údarás an phobail áitiúil maidir le polasaithe agus an phleanáil teanga (McCarty, 2018: 371). Ní mar sin a bhí an scéal sa scoláireacht i gcónaí, áfach, agus claonadh ann, b’fhéidir, béim rómhór a leagan ar an chur chuige ón bharr anuas gan iniúchadh cuí a dhéanamh ar an dóigh a bhforbraíonn pobail a meicníochtaí pleanála teanga féin mar fhreagra, nó beag beann, ar pholasaithe oifigiúla (Spolsky, 2019: 325). Go deimhin, is fada tábhacht ar leith ag baint leis an ghníomhachas phobail i gcomhthéacs na dteangacha Ceilteacha. I gcás na Briotáinise, d’fhág neamhshuim an stáit (Urteaga, 2022) gur thóg grúpa intleachtóirí uirbeacha, nuachainteoírí den chuid is mó, orthu féin é an teanga a fhorbairt agus a chaighdeánú. Úsáideadh an leagan seo den teanga – ar a dtugtar ‘néo-breton’ (Le Dù & Le Berre, 2013: 49) – mar bhunchloch de chaighdeán nua a bheadh in úsáid i measc scríbhneoirí agus intleachtóirí, agus ar ball, i réimsí oifigiúla, an rialtas áitiúil san áireamh. Tá tábhacht na hoibre deonáí fíorthábhachtach i gcás na Coirnisise fosta; ceal tacaíocht ón stát, tháinig eagraíochtaí pobail deonacha le chéile ag deireadh an fichiú haois chun aghaidh a thabhairt ar noirm fhoclóireachta agus ortagrafaíochta (Davies-Deacon, 2020).

Tugann dea-eiseamláirí idirnáisiúnta i ngort an CBLP le fios gur as taighde a dhéantar *taobh istigh den* phobal – seachas taighde a dhéantar *ar an* phobal – a thagann cuid den taighde is fóna agus is eiticiúla (amharc Hinton *et al.*, 2018: xxv). Mar sin, d’aithin údair an ailt seo – údair atá sáite i bpobal na Gaeilge in Iarthar Bhéal Feirste agus sa taighde acadúil araon – gur gá modheolaíocht dhíchoilíneach rannpháirteach a fhorbairt don taighde seo; is é sin modheolaíocht a lárnaíonn an pobal mar chruthaitheoirí eolais agus saineolaithe an ábhair agus atá múnlaith de réir riachtanais agus mhianta an phobail féin (Tuiwai Smith, 2012: 175). Dá bhrí sin, dearadh an taighde seo le freastal ar dhaoine óga – atá fréamhaithe in

Iarthar Bhéal Feirste agus atá idir 16 agus 24 bliain d’aois – chun go mbeidh glórtha an dreama óig ag croílár aon fhorbairtí a dhéanfar feasta maidir leis an phleanáil teanga phobalbhunaithe go háitiúil.

Dearadh Taighde

Baineadh leas as fócasghrúpaí leathstructúrtha sa taighde seo chun eolas a bhailiú ar dhearcadh daoine óga ar dheiseanna inniúlachta agus gairme in earnáil na Gaeilge agus chun tuiscint a fháil ar na cúiseanna ar mhaith nó nár mhaith leo a bheith ag obair in earnáil na Gaeilge. Aithnítear gur ‘suíomh taibhithe’ nó ‘*site of performance*’ é an fócasghrúpa (Hornsby, 2022: 114); is é sin le rá gur léargas ar shuíomh agus ar am ar leith atá i dtorthaí an taighde seo agus go bhféadfadh sé go gcuirfeadh na rannpháirtithe tuairimí difriúla in iúl i ráitis eile, i seisiúin eile, nó go deimhin, le linn an tseisiúin chéanna. Is léargas ar dhinimic an ghrúpa a fhaightear sna fócasghrúpaí fosta seachas léargas ar thuairim duine amháin mar a fhaightear in agallamh. Agus muid ag plé le daoine óga, tá luach ar leith ag baint leis an obair ghrúpa mar nach gcuirtear brú ar na daoine óga labhairt amach astu féin agus mar go bhfaightear léargas ar fhéiniúlachtaí teanga na rannpháirtithe agus ar an chineál teanga a bhíonn in úsáid acu chun a gcuid féiniúlachtaí teanga féin a chruthú (Dołowy-Rybińska, 2020: 24). Ina theannta sin, faightear léargas ar dhinimic an ghrúpa atá ina scáthán ar dhinimic an phobail trí chéile agus a thagann go dlúth leis an chur chuige chomhchruthaithe phobail a shamhlaítear leis an CBLP.

Na Rannpháirtithe

Grúpa A: Gaelchúrsaí

Ghlac ochtar ón eagraíocht Gaelchúrsaí, atá lonnaithe ar Bhóthar na bhFál in Iarthar Bhéal Feirste, páirt sa chéad fhócasghrúpa. Bhí na daoine óga seo ar fad idir 16 agus 18 bliain d’aois. Is eagraíocht bhreiseoideachais, oiliúna, agus fostaíochta Ghaeilge í Gaelchúrsaí a chuireann réimse leathan cúrsaí ar fáil, ina measc: an phluiméireacht, an tsiúinéireacht, an ghruagaireacht, an chócaireacht, an teiripe áilleachta, agus an cúram leanaí. Is daoine óga iad seo atá fós ag fáil oideachais i gcóras na Gaelscolaíochta – nó atá i ndiaidh an scoil a fhágáil – agus atá ag fáil oiliúna i ngairmeacha ar leith.

Grúpa B: Fóram na nÓg

Sa dara fócasghrúpa, bhí naonúr rannpháirtithe atá cláraithe ar an scéim oiliúna NASC: Acadamh na nÓg atá á reáchtáil ag Fóram na nÓg, an eagraíocht ionadaíochta don earnáil óige Ghaeilge i dtuaisceart na hÉireann. Clár deich mí atá i gceist a fhéachann le scileanna pearsanta, sóisialta, gairmiúla, agus sochtheangeolaíochta a fhorbairt agus a bhfuil sé mar sprioc aige inbhuanaitheacht na hoibre óige Gaeilge a chinntiú. Bhí na rannpháirtithe idir

18 agus 24 bliain d'aois agus bíonn siad ar fad ag obair mar cheannairí in eagraíochtaí óige Gaeilge ar feadh ocht n-uaire sa tseachtain. Is as áiteanna éagsúla i mBéal Feirste, i nDoire, agus Co. Aontroma iad ach tá a bhformhór ag obair in earnáil na hóige i mBéal Feirste.

Earcaíocht agus Cúrsaí Eitice

Tugadh faisnéis do na rannpháirtithe ar chur chuige agus aidhmeanna an fhócasghrúpa roimh ré, tugadh cead do na rannpháirtithe imeacht as an tseisiún nó tarraingt siar ón taighde, agus dúradh leo nach n-ainmneofaí aon rannpháirtí sa taighde. Leagadh na seisiúin amach thart ar thrí ghníomhaíocht a rinneadh i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. I nGníomhaíocht a hAon, iarradh ar na rannpháirtithe ransú smaointe a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an phobal ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge de. Thug Gníomhaíocht a Dó aghaidh ar scileanna don todhcháí. Iarradh ar na rannpháirtithe ‘mianliosta scileanna don phobal’ a chur le chéile, .i. cad iad na scileanna atá ag daoine sa phobal cheana agus cad iad na scileanna atá le forbairt go fóill. Cur chuige teilgeach a úsáideadh i nGníomhaíocht a Trí; iarradh ar na rannpháirtithe léarscáil a tharraingt dá nGaeltacht Útóipeach féin. Ceapadh rannpháirtí amháin ina scríobhaí in achan ghrúpa agus bhailigh na taighdeoirí na nótaí ag an deireadh. Rinne taighdeoir amháin bainistiú ar an fhócasghrúpa agus ghlac an dara taighdeoir nótaí ar ar tharla le linn an tseisiúin. Rinneadh anailís théamach bunaithe ar an ábhar a bailíodh.

Torthaí

Sna rannóga seo a leanas, tabharfar tuairisc ar fhreagraí na rannpháirtithe de réir na mórthéamaí a tháinig chun cinn:

Beocht agus Feiceálacht i Measc an Phobail

Nuair a fiafraíodh de na rannpháirtithe faoi na deiseanna a bhain leis an Ghaeilge in Iarthar Bhéal Feirste, thagair siad go sonrach do na heagraíochtaí Gaeilge éagsúla a fheidhmíonn sa cheantar, ina measc Glór na Móna (ionad óige agus pobail), Anam (caifé lán-Ghaeilge), An Chultúrlann (ionad ealaíon), Laochra Loch Lao CLG, agus Raidió Fáilte. Shamhlaigh siad tábhacht ar leith fosta leis an Ghaeloideachas agus le seirbhísí óige i dtaca le pobal na Gaeilge a thabhairt le chéile. B'ábhar dóchais dóibh fosta an dul chun cinn a bhí feicthe acu maidir le stádas na teanga, go háirithe ag leibhéal áitiúil, agus luaigh cúpla rannpháirtí an t-aitheantas domhanda a bhí bainte amach ag an ghrúpa áitiúil Kneecap. Leag Grúpa A béim ar na comharthaí agus teachtaireachtaí dátheangacha atá ar na seirbhísí bus in iarthar na cathrach, an Glider ina measc. Ba bhocht le Grúpa B, áfach, nach raibh tuilleadh feiceálachta bainte amach ag an teanga agus nach raibh comharthaí dátheangacha in airde ar fud na cathrach.

Bhí dearcadh éagsúil ag rannpháirtithe sa dá ghrúpa maidir le cúrsaí idé-eolaíochta agus cúrsaí polaitiúla. Shamhlaigh Grúpa B tábhacht ar leith leis an fheachtasaíocht agus an agóidíocht (.i. an Dream Dearg), agus thug le fios gur ábhar ceiliúrtha a bhí sa mhéid sin mar

gur léirigh an fheachtasaíocht nár ‘ábhar scoile’ amháin a bhí sa Ghaeilge. D’úsáid duine amháin as Grúpa B an téarma ‘athléimiúlacht’ le cur síos ar theacht aniar an phobail, tréith dhearfach a tháinig chun cinn, dar leo, de bharr na mbac a bhíonn le sárú ag an phobal i rith an ama. Níor leag na rannpháirtithe ó Ghrúpa A béim ar chúrsaí feachtasaíochta ná idé-eolaíochta, áfach. Dúirt rannpháirtithe ó Ghrúpa A gur mhothaigh siad ar a suaimhneas in earnáil na Gaeilge mar go bhfuair siad a gcuid oideachais ar fad i gcóras an Ghaeloideachais. Luaigh rannpháirtí amháin gur fhreastail siad ar chlub óige Béarla uair amháin agus gur mhothaigh siad as alt sa chomhthéacs sin; dar leo gur mhothaigh siad níos compordaí sa chlub óige lán-Ghaeilge agus gur theastaigh uathu, dá bhrí sin, coinneáil orthu ag obair in earnáil na Gaeilge amach anseo seachas dul isteach in earnáil an Bhéarla, earnáil ar shamhlaigh siad coimhthíos léi. Go deimhin, bhí comhrá idir triúr rannpháirtithe i nGrúpa A faoin ghairm ar mhaith leo amach anseo agus thug siad ar fad le fios gur mhaith leo post a fháil in earnáil na Gaeilge ar an ábhar go raibh an-taithí acu ar an earnáil.

Constaicí Struchtúrtha, Polaitiúla, agus Airgeadais

Dar leis na daoine óga go raibh tionchar diúltach ag fórsaí seachtracha ar fhás phobal na Gaeilge, agus, dá bhrí sin, ar na deiseanna a bhí ar fáil san earnáil. Bhí tionchar diúltach, dar leo, ag an cháineadh phoiblí a dhéantar ar an teanga go minic, i measc polaiteoirí aontachtacha san áireamh. Leag rannpháirtithe an dá ghrúpa béim ar an cheangal ar leith, dar leo, idir an neamhshuim pholaitiúil i leith na teanga agus fadhbanna maoinithe agus easpa infreastruchtúir in earnáil na Gaeilge. Leag siad béim go sonrach ar easpa acmhainní, easpa spásanna, agus easpa infreastruchtúir (.i. imeachtaí a bheith ar siúl i mbotháin) agus thug le fios go raibh áiseanna níos fearr ag scoileanna agus clubanna óige Béarla sa cheantar. Ainneoin gur shamhlaigh na rannpháirtithe ceangal idir an naimhdeas polaitiúil i leith na teanga agus acmhainní sa cheantar, níor luaigh duine ar bith sna fócasghrúpaí ceapachán an Choimisinéara Teanga ná an reachtaíocht teanga nua.

Má d’aithin na rannpháirtithe constaicí polaitiúla, leag siad béim ar chonstaicí inmheánacha fosta. Ba bhocht le rannpháirtithe ó Ghrúpa B go raibh na huimhreacha íseal sna cumainn óige ainneoin go raibh an Gaeiloideachas agus an earnáil óige ag fás, mar dhea. Shamhlaigh Grúpa A constaicí fosta le hearnáil an Ghaeloideachais, mar nach bhfuil an oiread céanna ábhar scoile ná cúrsaí ollscoile ar fáil trí Ghaeilge is atá trí Bhéarla (amhail cúrsaí ETIM, an bainistiú ealaíon, an dlí / abhcóideacht). Tháinig roinnt constaicí chun cinn fosta sna léarscáileanna a tharraing na rannpháirtithe dá nGaeltachtaí Útóipeacha féin. Bhí na ‘Gaeltachtaí’ seo fréamhaithe i dtaithe saoil na rannpháirtithe agus bhí cosúlachtaí go leor idir na ‘Gaeltachtaí Útóipeacha’ seo agus Gaeltacht Bhéal Feirste mar atá. Cuir i gcás, luadh acmhainní atá sa Cheathrú Ghaeltachta i mBéal Feirste cheana, ina measc: cultúrlanna, áiseanna CLG, páirceanna súgartha, cumainn óige, gairdíní pobail, stáisiún raidió, agus gaelscoileanna. Ach léirigh na léarscáileanna na srianta socheacnamaíochta, b’fhéidir, atá ar phobal na Gaeilge fosta. Mar shampla, thug grúpa rannpháirtithe amháin le fios go raibh gá le ‘tithíocht – meascán de t[h]ithe do theaghlaigh agus daoine óga agus árasáin’. Leag

grúpa eile béim ar acmhainní oideachais fad saoil, ina measc: malartú teagaisc piaraí agus cláracha meantóireachta nó cláracha printíseachta íoctha i gcomhpháirt le gnólachtaí agus eagraíochtaí Gaeilge. Luaigh siad fosta gur cheart go mbeadh na teicneolaíochtaí is úire ar fáil trí Ghaeilge, ina measc: ardáin Ghaeilge ar na meáin shóisialta; aip ‘téacs go caint’; agus an intleacht shaorga (cé go raibh cuid de na rannpháirtithe amhrasach faoin teicneolaíocht chéanna) ‘chun an ghlúin nua a chaomhnú agus a choinneáil mar chuid den phobal áitiúil’.

An Bhearna Theangeolaíochta

D’aithin na rannpháirtithe ón dá ghrúpa go raibh bearna shuntasach ó thaobh sainréim teanga de idir Gaeilge na scoile agus an teanga mar a úsáidtear í taobh amuigh den scoil, sa tsaol oibre san áireamh. Dar le grúpa rannpháirtithe i nGrúpa B nár réitigh an córas oideachais – meánscoil ná ollscoil – mar is ceart iad don tsaol mar atá agus thug siad le fios gur teanga eile ar fad a bhíonn de dhíth sa tsaol ghairmiúil. D’áitigh siad go raibh Gaeilge na scoile as alt le ‘Gaeilge na sráide’ agus le Gaeilge an tsaol oibre araon.

D’aithin rannpháirtithe ó Ghrúpa A go n-airíonn cainteoirí óga faoi bhrú casadh ar an Bhéarla agus iad amuigh go sóisialta de bharr nach mbíonn Gaeilge ag achan duine sa chomhlúadar. Go deimhin, ba go dátheangach a rinneadh an seisiún le Grúpa A. Bhain sé seo le cúiseanna éagsúla: duine amháin sa ghrúpa a bheith ar bheagán Gaeilge; difríochtaí canúna idir duine de na taighdeoirí agus na rannpháirtithe (.i. ní raibh Gaeilge Bhéal Feirste ag duine de na taighdeoirí agus shamhlaigh na rannpháirtithe deacracht leis sin); agus easpa féinmhuiníne na rannpháirtithe Gaeilge a labhairt le daoine nach raibh ar a n-aithne.

D’aithin na rannpháirtithe iad féin fadhb seo na féinmhuiníne. Agus todhchaí earnáil na Gaeilge á plé acu, mhol rannpháirtí amháin go gcuirfí ranganna Gaeilge labhartha ar fáil saor in aisce do dhaoine fásta chun deiseanna a thabhairt dóibh snas a chur ar a gcuid Gaeilge (agus tuiscint a fháil, ní foláir, ar shainréim níos airde teanga ná an gnáthchomhrá a chleachtar i gcóras na Gaelscolaíochta). Thug rannpháirtí eile le fios gur cheart ‘muinín’ daoine óga sa Ghaeilge a thógáil agus luaigh rannpháirtí eile arís gur cheart daoine óga a chothú le gur féidir leo an teanga a labhairt ‘go muiníneach’.

Forbairt Scileanna don Ghairm agus don Phobal

Cé gur leag na rannpháirtithe béim ar mhúinín ó thaobh na Gaeilge de, nuair a iarradh orthu scileanna a bhí de dhíth ón phobal a phlé, dhírigh siad ar scileanna a bhain le cumas proifisiúnta seachas cumas teanga amháin. Bhí réimse leathan freagraí ag na rannpháirtithe; dar le cuid acu go raibh scileanna ‘boga’ láidre i measc an phobail cheana: comhoibriú, labhairt phoiblí, agus diongbháilteacht. Ní raibh rannpháirtithe eile chomh muiníneach céanna agus thug le fios go raibh na scileanna céanna sin fós le forbairt acu. Ba liosta le háireamh fosta na scileanna ‘crua’ a theastaigh uathu a fhorbairt agus a rachadh chun leas an phobail, dar leo. I measc na scileanna sin, luadh scileanna códála, an bainistiú buiséid, agus teicneolaíochtaí ar nós téacs-go-caint le freastal níos fearr a dhéanamh ar dhaoine sa phobal a bhfuil riachtanais

bhreise acu. Mhol rannpháirtí amháin go bhforbrófaí scileanna ailtireachta le go mbeadh an pobal in ann ionaid nua a dhearadh agus a thógáil iad féin gan a bheith ag brath ar thacaíocht ó thaobh amuigh den phobal.

Anailís

Léiríonn na torthaí ó na fócasghrúpaí go bhfuil an dream óg in Iarthar Bhéal Feirste dóchasach faoin bhorradh atá faoin teanga sa chathair cé go bhfuil tuiscint acu chomh maith ar na constaicí atá le sárú sa phobal. Is díol suntais é gur thug na rannpháirtithe ar fad le fios gur mhaith leo an Ghaeilge a úsáid ina saol gairmiúil amach anseo.

Mar sin féin, dearbhaíonn na torthaí eolas atá i mbéal an phobail cheana cuid mhór: is é sin go bhfuil dúshlán shuntasacha le sárú chun an Ghaeilge a spreagadh i measc daoine óga taobh amuigh den chóras scoile. Fágann ardstádas an Bhéarla go mbíonn brú ar dhaoine óga dul i dtreo gréasáin shóisialta agus ghairmiúla lán-Bhéarla, fiú má bhíonn dea-thoil acu i leith na Gaeilge. Is léir fosta ó na fócasghrúpaí go mbraitheann daoine óga áirithe nach bhfuil dóthain taithí acu ar shainréimeanna teanga ar leith; .i. fiú má bhíonn Gaeilge na scoile ar a dtail acu, ní bhíonn siad chomh compordach céanna i gcomhthéacsanna sóisialta, i gcomhthéacsanna foirmiúla, agus fiú i gcomhrá le cainteoirí Gaeilge eile nach bhfuil an blas cainte céanna orthu is atá orthu féin. D'fhéadfaí a rá go gcothaíonn forlámhas an Bhéarla géarchéim ó thaobh féinmhuiníne de i measc cainteoirí óga áirithe agus is í an easpa féinmhuiníne chéanna a chothaíonn an 'dátheangachas neamhghníomhach' atá coitianta i measc iardháltaí Gaelscoile sa cheantar, .i. tuigeann na daoine óga seo an Ghaeilge ach níl sé de chumas ná de mhisneach acu í a labhairt ná a scríobh i gcomhthéacsanna áirithe. Ní hionann an easpa féinmhuiníne seo agus neamhshuim i leith na teanga ach, ina dhiaidh sin féin, is léir ó na torthaí gur céim i dtreo na neamhshuime idé-eolaíochta is ea an easpa féinmhuiníne.

Go deimhin, bhí an-éagsúlacht ann maidir le tiomantas idé-eolaíochta na ndaoine óga agus a gcuid féiniúlachtaí féin mar chainteoirí óga Gaeilge as ceantar Gaeltachta uirbeach. Má bhí dea-thoil ag na rannpháirtithe ar fad i leith na teanga, ba léir go raibh cuid de na rannpháirtithe – go speisialta iad siúd i nGrúpa B atá ag obair mar cheannairí sna cumainn óige – saite sna díospóireachtaí reatha maidir leis an athghabháil agus spéis ar leith acu bearta a fhorbairt a rachadh chun sochair do phobal na teanga. Is léir gur shamhlaigh na rannpháirtithe seo go raibh freagracht orthu todhchaí na teanga a chinntiú (tréith a aithníonn Dołowy-Rybińska (2020) i measc gníomhaithe mionteanga óga ar fud na hEorpa) agus spéis acu leas straitéiseach a bhaint as dúshlán nó cáineadh chun daoine eile a ghríosú i dtreo na Gaeilge. Is léir fosta go bhfuil idé-eolaíocht an fhéinchuidithe – idé-eolaíocht a chuimsítear sa mhana 'ná habair é, déan é' – beo go fóill i measc an dreama áirithe seo agus iad ag smaoineamh ar an dóigh is fearr le huasoiliúint a dhéanamh ar phobal Gaeilge Bhéal Feirste le nach mbeidh siad ag brath ar thacaíocht ón stát nó ó fhoinní seachtracha eile. Díol suntais go bhfuil an dearcadh seo fós sa treis ainneoin an stádais oifigiúil a bronnadh ar an Ghaeilge le gairid.

Ba lú an tsuim a léiríodh sna ceisteanna idé-eolaíochta seo sa chéad fhócasghrúpa le Grúpa A, áfach, ar an ábhar, b'fhéidir, nach raibh an taithí chéanna ag na rannpháirtithe seo ar an fheachtasaíocht ná ar an cheannaireacht. Shamhlaigh siad pobal na Gaeilge mar spás compordach dóibh a fhreastalaíonn orthu go sóisialta agus go hoideachasúil seachas mar láthair ghníomhaíochta nó fheachtasaíochta. Bhí cuid de na rannpháirtithe níos sásta Béarla ná Gaeilge a labhairt ainneoin gur i dtimpeallacht lán-Ghaeilge a thit an fócasghrúpa amach. Is léir, mar sin, nach ionann a bheith ar do chompord i dtimpeallacht lán-Ghaeilge agus a bheith inniúil agus muiníneach ag plé le sainréimeanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla teanga. D'fhéadfaí a rá, fosta, nár shamhlaigh na daoine óga seo a bhféiniúlachtaí mar chainteoirí Gaeilge a bheith as alt le labhairt an Bhéarla – ábhar inmí atá ann maidir leis an Ghaeilge sna Gaeltachtaí traidisiúnta fosta (amharc Lenoach, 2012).

Tá bearna á hoscailt, más ea, idir móréileamh ghníomhaithe teanga an phobail gur 'saol trí Ghaeilge atá uainn' agus an ceangal neamhghníomhach atá ag na daoine óga áirithe seo leis an teanga, .i. ní shamhlaíonn siad go bhfuil freagracht ar leith orthu féin as cur chun cinn na teanga. Cé go bhfuil sé tábhachtach do na daoine óga seo a bheith mar chuid de phobal na Gaeilge, tá baol ann nach mbainfidh siad úsáid phraiticiúil as an teanga ina saol amach anseo gan an tacaíocht chuí a bheith ar fáil dóibh. Is ábhar misnigh é, mar sin féin, gur aithin na daoine óga iad féin ceist na féinmhuiníne agus súil acu go bhféadfaí bearta a chur i bhfeidhm – ranganna saor in aisce san áireamh – chun freastal níos fearr a dhéanamh ar chainteoirí Gaeilge óga sa cheantar.

Is léir fosta gur cur chuige pobalbhunaithe is fearr a d'oirfeadh chun aghaidh a thabhairt ar cheist na féinmhuiníne agus baol na neamhshuime idé-eolaíochta a eascraíonn aisti. D'ainmnigh na rannpháirtithe eagraíochtaí ar leith sna fócasghrúpaí a chuireann le pobal na Gaeilge, dar leo (ina measc Glór na Móna, Caifé Anam, agus Laochra Loch Lao). Is grúpaí iad seo a forbraíodh ag leibhéal na cosmhuintire chun spásanna sóisialta agus cultúrtha a chruthú d'ainneoin easnamh sna struchtúir oifigiúla. Tá an phleanáil teanga phobalbhunaithe i bhfeidhm cheana, más ea, ach is ábhar inmí é do na rannpháirtithe go bhfuil na heagraíochtaí céanna seo faoi bhrú de bharr easpa maoinithe agus easpa tacaíochta. Mar sin, is léir nach leor cur chuige ón bhun aníos ná ón bharr anuas amháin. Múnla siombóiseach atá de dhíth; .i. go mbeadh polasaithe reachtúla agus infheistíocht stáit ag tacú leis na struchtúir phobail atá ann cheana agus go go gcuirfí meicníochtaí i bhfeidhm le cinntiú go bhfreastalódh na húdaráis ar riachtanais lucht labhartha na Gaeilge.

Conclúid agus Moltaí

Cé go bhfuil borradh ag teacht ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i mBéal Feirste le breis agus caoga bliain anuas, tá dúshlán ag baint le cainteoirí líofa Gaeilge a choinneáil san earnáil – agus i bpobal na Gaeilge trí chéile – de réir mar a aistríonn siad amach as an chóras oideachais agus isteach sa tsaol oibre. Tugann an taighde idirnáisiúnta le fios nach deiseanna fostaíochta ná cumas teanga amháin is cúis le laghdú na gcainteoirí laethúla ag an aois áirithe

seo ach baol na ‘neamhshuime idé-eolaíochta’ (Dołowy-Rybińska, 2020). Léiríonn torthaí an taighde áirithe seo go bhfuil oidhreacht na feachtasaíochta fós beo i measc daoine óga in Iarthar Bhéal Feirste ach go bhfuil dearcadh níos réchúisí i leith athghabháil na teanga ag teacht chun cinn. Go deimhin, d’fhéadfadh sé gur toradh é an réchúis chéanna ar an bhorradh atá faoin Ghaeilge sa chathair agus i ngeall ar an aitheantas reachtúil atá bainte amach a bhui leis an Acht Féiniúlachta agus Teanga (2022). Tugann an t-eolas ó na fócasghrúpaí le fios go bhfuil an easpa féinmhuiníne ina constaic mhór ag daoine óga i dtaca le húsáid na Gaeilge agus léiríonn na torthaí seo go bhfuil ceangal díreach idir an easpa féinmhuiníne agus baol na neamhshuime idé-eolaíochta. Is léir, áfach, go bhfuil dea-thoil ann i measc daoine óga i leith na Gaeilge: aithníonn siad féin na deacrachtaí féinmhuiníne seo agus tá moltaí acu chun dul i ngleic leo ach an deis a fháil a gcuid tuairimí a chur in iúl. Cinntíonn an mhodheolaíocht dhíchoilíneach rannpháirteach a cleachtadh sa taighde seo go bhfuil conclúidí agus moltaí an taighde frámhaithe i saineolas na ndaoine óga agus na gluaiseachta teanga féin. Fágann an próiseas céanna – agus comhoibriú údair an taighde seo – gur druideadh an bhearna ábhairín idir saineolas an acadaimh agus saineolas an phobail agus cuirtear múnla modheolaíochta ar fáil a d’fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacsanna taighde eile.

Bunaithe ar thuairimí na ndaoine óga seo, is léir go bhfuil gá le clár oiliúna dóibh siúd atá, nó ar mhaith leo a bheith, ag obair in earnáil na Gaeilge; clár a d’fhéachfadh le féinmhuinín a thógáil i measc daoine óga, a chuirfeadh eolas ar fáil ar ghairmeacha le Gaeilge, agus a chuirfeadh siollabas tacaíochta teanga le chéile ina gclúdófaí sainréimeanna teanga foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon. Ní hamháin go gcuirfeadh clár oiliúna den chineál seo le hathghabháil na teanga sa chathair ach chinnteodh sé fosta go mbeadh daoine óga proifisiúnta réidh chun deiseanna nua gairmiúla a thapú i gcomhthéacs an Achta. Más ea, teastaíonn idir thacaíocht reachtúil agus infheistíocht phobail chun clár oiliúna den chineál seo a chur i bhfeidhm agus, de réir an dea-chleachtais maidir leis an CBLP, ba cheart dearadh agus siollabas an chláir oiliúna a bhunú ar shaineolas an phobail féin. Bunaithe ar na torthaí ó na fócasghrúpaí agus bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta, seo a leanas moltaí maidir le clár oiliúna do chainteoirí Gaeilge le dul i ngleic leis na dúshláin a luadh:

- Go gcuirfí traenáil ar fáil ar thuiscintí idé-eolaíochta na hathbheochana teanga agus go gcothófaí na huirlisí anailíse agus teoiriciúla cuí chun freagracht shóisialta agus pholaitiúil a chothú agus bagairt na ‘neamhshuime’ a shárú.
- Go mbeadh an phleanáil teanga phobalbhunaithe ag croílár na traenála. I bhfianaise go raibh na rannpháirtithe níos compordaí agus iad ag plé le daoine áitiúla eile, ba cheart go mbeadh saineolaithe ón phobal féin mar oidí ar an chúrsa.
- Go gclúdófaí topaicí a aithníodh sa taighde a thagann le riachtanais an phobail, ina measc:
 - ▷ Traenáil ar an dóigh le maoiniú a fháil / iarratais mhaoinithe a chur le chéile le dul i ngleic le heaspaí maoinithe

- ▷ Diancheardlanna ar earnálacha ar leith (ina measc na meáin dhigiteacha, an dlí / abhcóideacht, an bainistiú ealaíon, cúrsaí ETIM, an ailtireacht srl.) chun scileanna / féinchuidiú an phobail a chinntiú
- ▷ Traenáil sa chruthú inneachair (.i. ar na meáin shóisialta, podchraoltaí) chun dul i ngleic leis an easpa Gaeilge ar na meáin / sa teicneolaíocht
- ▷ Dianranganna Gaeilge chun tacú leis na rannpháirtithe tuiscint a fháil ar shainréimeanna éagsúla den teanga, idir Ghaeilge fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil
- Go mbunófaí scéim mheantóireachta fhoirmiúil – mar a moladh sna fócasghrúpaí – a nascfadh daoine óga le daoine profisiúnta atá ag obair trí Ghaeilge in earnálacha éagsúla.
- Go mbeadh tacaíocht leanúnach ar fáil do na rannpháirtithe i ndiaidh an chúrsa chun deacrachtaí féinmhúine a sheachaint, .i. go mbronnfaí teastas ar na rannpháirtithe agus go mbeadh siad mar chuid de ghréasán alumnas.

Tagairtí

- Andrews, L. (1997) “The very dogs in Belfast will bark in Irish”: The Unionist government and the Irish language 1921–43.’ Mac Póilin, A. (eag.) *The Irish language in Northern Ireland*. Belfast: Ultach Trust, 49–94.
- Blake, J.J. (1997) ‘An Teanga Inniu: The Irish Language Today: Béal Feirste: An Irish-Language Community.’ *New Hibernia Review*. 1(4). 138–43.
- Carden, S. (2012) ‘Making space for tourists with minority languages: the case of Belfast’s Gaeltacht Quarter.’ *Journal of Tourism and Cultural Change*. 10(1). 51–64.
- Carruthers, J. & Ó Mainnín, M.B. (2017) ‘Languages in Northern Ireland: policy and practice.’ Kelly, M. (eag.) *Languages after Brexit: How the UK speaks to the world*. Cham: Springer International Publishing.
- Carruthers, J. & Ó Mainnín, M.B. (2024) ‘Minoritized languages in France and Ireland: Policy, practice, vitality.’ Carruthers, J., McLaughlin, M. & Walsh, O. (eag.) *Historical and Sociolinguistic Approaches to French*. Oxford: Oxford University Press.
- Davies-Deacon, M. (2020) ‘The orthography of revived Cornish as an attempt at pluricentricity.’ *Language Problems and Language Planning*. 44 (1). 66–86.
- De Brún, F. (2006) (eag.) *Belfast and the Irish language*. BÁC: Four Courts Press.

- Dolowy-Rybińska, N. (2020) 'No One Will Do This For Us': *The Linguistic and Cultural Practices of Young Activists Representing European Linguistic Minorities*. Berlin: Peter Lang.
- Engman, M., McGurk, Ó. & MacKenzie, A. (2023) 'Teanga sa chistin: A qualitative study of bilingual families, baking bread, and reclaiming Irish in the home.' *TEANGA: The Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*. 30(1). 169–200.
- Fís an Phobail (gan dáta) 'Maidir Linn'. Ar fáil: <https://www.fisanphobail.com/ga/maidir-linn> (Faighte: 5 Aibreán 2026).
- Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde (2022) *Census 2021 main statistics language tables*. [Nisra.gov.uk](https://www.nisra.gov.uk). Ar fáil: <https://www.nisra.gov.uk/publications/census-2021-main-statistics-language-tables> (Faighte: 30 Márta 2026).
- Gomashie, G.A. (2025) 'Language Attitudes as Insights into Indigenous Language Shift and Maintenance', *Journal of Language, Identity & Education*. 24(4). 775–90.
- Hinton, L., Huss, L. agus Roche, G. (2018) 'Introduction: Language Revitalization as a Growing Field of Study and Practice.' Hinton, L., Huss, L. & Roche, G. (eag.) *The Routledge Handbook of Language Revitalization*. New York: Routledge. xxi–xxx.
- Hornsby, M. (2022) 'Focus Groups.' Kircher, R. & Zipp, L. (eag.) *Research Methods in Language Attitudes*. Cambridge: Cambridge University Press. 114–28.
- Jenkins, H.G. (2009) 'Te Korowai Ākonga: A catalyst for change in teacher education at Te Wānanga o Aotearoa.' *MAI Review*. 1(1). 1–9.
- Keaney, A. & Ó Conchubhair, B. (2024) 'Under Pressure: An Dream Dearg as a Lobby Group in Northern Ireland's Politics.' *New Hibernia Review*. 28(4). 93–113.
- Le Dù, J. & Le Berre, Y. (2013) 'La langue bretonne dans la société régionale contemporaine', *International Journal of the Sociology of Language*. 2013(223). 43–54.
- Lenoach, C. (2012) 'An Ghaeilge Iarthraidisiúnta agus a Dioscúrsa.' Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. & Ó Curnáin, B. (eag.) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac. 19–110.

- Linn, M.S. & Dayán-Fernández, A. (eag.) (2024) *Agency in the peripheries of language revitalisation: Examining European practices on the ground*. Vol. 178. Bristol: Channel View Publications.
- Mac Coinnigh, M., Ervine, L. & Deeds, P. (2019) ‘The Irish language in Belfast: The role of a language in post-conflict resolution.’ Evans, M., Jeffries, L. & O’Driscoll, J. (eag.) *The Routledge Handbook of Language in Conflict*. New York: Routledge. 556–73.
- Mac Giolla Bhéin, C. (2017) ‘An Lá Dearg: Óráid Chiaráin Mhic Giolla Bhéin.’ *dearg.ie*. Ar fáil: <https://www.dearg.ie/en/nuacht/cartlann/023322-oraid-chiarain> (Faighte: 27 Márta 2026).
- Mac Giolla Bhéin, C. (2019) ‘Who “politicised” the Irish language?’ *Media Archive | An Dream Dearg*, 14 Feabhra. Ar fáil: <https://www.dearg.ie/en/nuacht/cartlann/023619-who-politicised-irish> (Faighte: 27 Feabhra 2026).
- Mac Ionnrachtaigh, F. (2013) *Language, resistance and revival: Republican prisoners and the Irish language in the North of Ireland*. London: Pluto Books.
- Mac Ionnrachtaigh, F. (2021) ‘Promoting sedition: The Irish language revival in the North of Ireland – Power, resistance and decolonization.’ Gibson, N. (eag.) *Fanon today: Reason and revolt of the wretched of the earth*. Québec: Daraja Press. 365–414.
- Mac Póilin, A. (2018) *Our tangled speech: Essays on language and culture*. Belfast: Ulster Historical Foundation.
- Maguire, G. (1991) *Our Own Language: An Irish Initiative*. Clevedon: Multilingual Matters.
- McCarty, T. L. (2018) ‘Community-Based Language Planning.’ Hinton, L., Huss, L.M. agus Roche, G. (eag.) *The Routledge Handbook of Language Revitalization*. New York: Routledge. 22–35.
- McPake, J., McLeod, W., O’Hanlon, F., Fassetta, G. & Wilson, M. (2017) ‘Professional development programmes for teachers moving from majority to minoritised language medium education: lessons from a comparative study.’ *Language Policy*. 16(1). 79–105.
- Moriarty, M. (2010) ‘The effects of language planning initiatives on the language attitudes and language practices of university students: A comparative study of Irish and Basque’, *Language Problems & Language Planning*. 34(2). 141–57.

- Murray, C., Lynch, A., Flynn, N. & Davitt, E. (2023) 'Articulating minority language value in diverse communities: The case of compulsory Irish language education.' *Journal of Language, Identity & Education*. 22(3). 247–61.
- Ní Chiaráin, P. (2025) 'Lá stairiúil don teanga agus Coimisinéir Gaeilge ag dul i mbun oibre ó thuaidh.' *Tuairisc.ie*. Ar fáil: <https://tuairisc.ie/la-stairiuil-don-teanga-agus-coimisineir-gaeilge-ag-dul-i-mbun-oibre-o-thuaidh/> (Faighte: 19 Samhain 2025).
- Nic Roibeaird, F. (2024) 'Community discourses of language reclamation through Irish medium youth work.' *Journal of Language, Identity & Education*. 1–15.
- Ní Shionnain, U. (2020) 'Gaelphobail nua-aoiseacha: inmharthanacht agus pobail mhionteanga i saol faoin domhandú.' Tráchtas PhD: Ollscoil Chorcaí.
- Ó Ceallaigh, B. (2022) *Neoliberalism and language shift: Lessons from the Republic of Ireland Post-2008*. Berlin: Walter de Gruyter.
- Ó Coimín, M. (2016) 'Forbairt Feirste "míchompordach" le cur chuige toghcháin Chonradh na Gaeilge.' *Tuairisc.ie*. Ar fáil: <https://tuairisc.ie/forbairt-feirste-michompordach-le-cur-chuige-toghchain-chonradh-na-gaeilge/> (Faighte: 3 Feabhra 2026).
- Ó Giollagáin, C. (2014) 'Unfirm ground: A re-assessment of language policy in Ireland since Independence', *Language Problems & Language Planning*. 38(1). 19–41.
- Ó Riagáin, P., Williams, G. & Vila i Moreno, F.X. (2008) *Young people and minority languages: Language use outside the classroom*. Dublin: Centre for Language and Communication Studies, Trinity College Dublin.
- O'Reilly, C.C. (1999) *The Irish language in Northern Ireland: The politics of culture and identity*. London: Macmillan.
- Ó Tiarnaigh, P. & Mac Giolla Bhéin, C. (2018) 'Acht ón bhun aníos: An Dream Dearg, #AchtAnois agus ról an phobail san fheachtasaíocht mionteanga.' *An Reiviú*. Ar fáil: <https://doi.org/10.13025/89sb-db17>.
- O'Rourke, B. & Walsh, J. (2021) *New Speakers of Irish in the Global Context: New Revival?* Abingdon: Routledge.

- Spolsky, B. (2019) 'A modified and enriched theory of language policy (and management).' *Language Policy* 18(3). 323–38.
- Stone, J. (2025) *Local Indicators of Child Poverty After Housing Costs, 2023–2024*. Loughborough: Loughborough University Centre for Research in Social Policy.
- Tuhiwai Smith, L. (2012) *Decolonizing Methodologies: Research and Indigenous Peoples*. 2nd edition. London: Zed Books.
- Urteaga, E. (2022) *La politique d'enseignement supérieur au Pays Basque*. Paris: L'Harmattan.
- Walsh, J. (2012) *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socio-Economic Development*. 2ú heagrán. Oxford: Peter Lang.
- Walsh, J. (2021) 'The Governance of Irish in the Neoliberal Age: The Retreat of the State Under the Guise of Partnership.' Lewis, H. & McLeod, W. (eag.) *Language Revitalisation and Social Transformation*. Cham: Springer, 283–305.



Ré nua Curaclaim: Peirspictíochtaí ar Mhúineadh na Nua-Theangacha Iasachta sa bhunscoil Lán-Ghaeilge

Julia Collins & T.J. Ó Ceallaigh

Réamhrá

Tá córas oideachais na bunscoile in Éirinn ag dul trí thréimhse shuntasach athnuachana agus athchóirithe faoi láthair. Sa thréimhse seo d'athrú agus d'fhorbairt leanúnach san oideachas bunscoile, tá treo nua á leagan amach a dhéanann athmhachnamh ar ábhar agus ar chur chuige an churaclaim chun freastal níos éifeachtaí ar riachtanais chomhaimseartha na ndaltaí. Tá an cur chuige nua dírithe ar fhorbairt iomlánaíoch an linbh agus ar chothromaíocht idir eolas, scileanna agus luachanna. Ina theannta sin, táthar ag iarraidh leanúnachas agus dul chun cinn céimnithe a chinntiú ar fud an timthrialla bhunscoile. Le blianta beaga anuas, is iomaí athrú a fheictear i gcomhthéacs an churaclaim bhunscoile (*Curaclam Teanga na Bunscoile 2025; Creatchuraclam na Bunscoile 2023*). Moladh athfhorbairtí sonraíochta i dtaobh na folláine, na healaíona, Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM) agus Oideachas Sóisialta, Timpeallachta agus Eolaíochta (OSTE), ach is iad na ranganna sinsearacha amháin (rang a trí go rang a sé) a bheidh ag tabhairt faoi theagasc Nua-Theangacha Iasachta (NTI) amach anseo. Dírithe ar chéim 3 agus 4 an timthrialla oideachais bhunscoile (NCCA, 2023), táthar ag súil go réachtálfar teagasc na NTI i ndá chuid de réir a chéile .i. Feasacht Teanga (cur chuige iomlánaíoch i leith na dteangacha, cultúir agus tíortha éagsúla) agus Sealbhú Teanga (bunús téarmaíochta, scileanna meiteatheangeolaíocha agus eochairfhocail na sprioctheanga).

Sa chomhthéacs straitéiseach níos leithne seo, ailínítear cur i bhfeidhm na NTI go dlúth leis na spriocanna náisiúnta atá leagtha amach do theangacha i gcóras oideachais na hÉireann. Leagtar amach réimse leathan cuspóirí in *Déanann Teangacha Nasc – Straitéis do Theangacha*

Iasachta san Oideachas in Éirinn (2017–2026), agus ar cheann de na príomhaidhmeanna atá inti ná ‘cumas na bhfoghlaimeoirí cumarsáid éifeachtach a dhéanamh a fhorbairt chomh maith lena gcaighdeáin inniúlachta i dteangacha a ardú’ (DES, 2016–2019: 24).

Stair na Nua-Teangacha Iasachta sa seomra ranga bunscoile

Cé gur cuid den churaclam foirmeálta anois í teagasc agus foghlaim na NTI, ní coincheap nua é. Is fillleadh athmhúnlaith ar chleachtas stairiúil a bhí i láthair cheana féin sa 19ú haois agus má théimid siar go dtí an bhliain 1922, ré nua neamhspleáchais na hÉireann, glaodh ‘*continental languages*’ ar na NTI a bhí ar fáil mar ábhair bhreise i dteannta chócaireachta, peannaireachta, líníochta agus cuntasaióchta (Walsh, 2016: 31). B’shin an chéad phársa fianaise de mhúineadh na NTI mar chuid an churaclaim bhunscoile faoin teidil *Revised Programme of Instruction 1900–1922*. Ba é an Dr William Henry Starkie, i dteannta choimisinéirí eile an oideachais náisiúnta, a bhunaigh an clár athmhúnlaith seo, ach ar an drochuair, ní bhfuarthas ionchur na bpáirtithe leasmhara riachtanacha chun féidearthacht agus rathúlachta an chlár a chur chun cinn.

Dr. Starkie neglected to take on board the concerns expressed by inspectors, managers and teachers about the feasibility of implementing such an ambitious programme in the school context of the time and its ambition was to be its greatest weakness in the educational context of the early twentieth century. (Walsh, 2016: 19–33)

Mar sin, léiríonn an amlíne seo gur fágadh bearna de bhreis agus céad bliain sular athbheodh soláthar na NTI sna 1990idí. Ní hé seo le rá nach raibh a leithéid de chleachtas áitiúil, saineiúil ar siúl timpeall na tíre (ag brath ar chomhthéacsanna scoile éagsúla), ach is léir nach raibh rian de chóras náisiúnta i bhfeidhm go dtí gur bunaíodh feachtais agus cláir ghearrthéarmacha na NTI blianta ina dhiaidh. Ó shin i leith, cuireadh roinnt feachtas agus tionscnaimh thábhachtacha ar bun chun forbairt na dteangacha nua-aimseartha a chur chun cinn ag leibhéal na bunscoile. Ina measc sin bhí *Soláthar na dTeangacha Nua-Aimseartha ag an Leibhéal Bunscoile* (INTO, 1991–1998), *An Tionscnamh Teangacha Nua-Aimseartha sna Bunscoileanna* (MLPSI) faoi stiúir na *Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta* (NCCA) (1998–2012), agus an *Straitéis um Oideachas Idirchultúrtha* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2010–2015) (féach Tábla 1 thíos).

Tréimhse	Plean Gnímh/Clár	Páirtithe Leasmhara	Cur síos gearr
1900–1922	The Revised Programme of Instruction	Coimisinéirí an Oideachais Náisiúnta An Bord Náisiúnta Oideachais	Clár a chur tús le hábhair nua, phraicticiúla a leag béim ar fhéin-fhionnachtain agus an fhoghlaim trí ghníomhaíocht an pháiste bunscoile
1991–1998	Soláthar na dTeangacha Nua-Aimseartha ag an Leibhéal Bunscoile	Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)	Suirbhé fadaimseartha a turiscíodh stádas, dúshláin agus féidearthachtaí theagasc na NTI i mbunscoileanna na hÉireann

Tréimhse	Plean Gnímh/Clár	Páirtithe Leasmhara	Cur síos gearr
1998–2012	An Tionscnamh Teangacha Nua-Aimseartha sna Bunscoileanna (MLPSI)	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA)	Clár píolótach a thug teangacha nua-aimseartha isteach i mbunscoileanna chun feasacht agus spéis i dteangacha a chothú
2010–2015	An Straitéis um Oideachas Idirchultúrtha	An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES)	Creat beartais a chuir cuimsitheacht, éagsúlacht agus combhionannas chun cinn i gcóras oideachais na hÉireann
2017–2026	Cuir Fáilte roimh Theangacha – Straitéis na hÉireann do Theangacha Iasachta san Oideachas (<i>Languages Connect</i>)	An Roinn Oideachais agus Óige (DEY)	Straitéis náisiúnta foirmeálta chun teagasc agus foghlaim na NTI a neartú ar fud gach leibhéal oideachais ag tosnú i rang a trí sa bhunscoil

Tábla 1: Amlíne stairiúil na gclár NTI

Ní athrú beartais amháin atá i gceist leis na NTI, ach athrú a théann i bhfeidhm ar chleachtas, ar mheon agus ar chultúr na scoile. Agus comhthéacs sholáthar na NTI leagtha amach sa tábla thuasluaite, is cuí anois dul i ngleic le hanailís chriticiúil ar an litríocht a bhaineann le ról an mhúinteora i réimse na NTI agus leis na hathfhorbairtí curaclaim gaolmhara. Díreofar ar choincheap na féinéifeachtúlachta i measc múinteoirí, ar chleachtais theagaisc na NTI i mbunscoileanna, ar na tacaíochtaí struchtúrtha agus gairmiúla atá riachtanach chun an soláthar a chur i bhfeidhm go héifeachtach, chomh maith le tionchar an tumoideachais agus an ilteangachais i gcomhthéacs na scoileanna lán-Ghaeilge.

Féin-Éifeachtúlacht an Mhúinteora

Bíonn tionchar ag féinéifeachtúlacht an mhúinteora ar chleachtas, roghanna oideolaíochta agus rannpháirtíocht na ndaltaí, ach cad é go díreach atá i gceist léi sa chomhthéacs seo? Cruthaíonn timpeallachtaí ar nós na scoile, comhghleacaithe, bhainistíocht agus éiteas na scoile ‘*pedagogical habitus*’¹ an mhúinteora (Feldman, 2016; Feldman & Fataar, 2017; Hongzhi Yang & Hui-Zhong Shen, 2021; Bourdieu, 2005), rud a bhíonn tionchar suntasach aige ar mheon, féinéifeachtúlacht, cur chuige agus gairmiúlacht an oide. Is cur chuige iomlánaíoch agus ilghnéitheach é an ‘*pedagogical habitus*’ a chuireann an t-uile-dhuine san áireamh. Bunaithe ar fhrámaíocht Bourdieu (1977) agus an teoiric a thacaíonn an tuairim go mbíonn dlúthbhaint ag comhthéacsanna sóisialta ar ghníomhaíochtaí agus cinnidh an duine aonair, sainmhíneann Feldman (2016: 71) an coincheap seo – i gcomhthéacs an mhúinteora – mar ‘*teachers’ embodied cognitive, dispositional, and corporeal pedagogical practices that, over time, have become grafted on to their primary habitus*’, rud a cheanglaíonn go beacht le ‘féinéifeachtúlacht’ agus na himpleachtaí atá aige ar dhul chun cinn, ábaltacht agus féinmhúinín an mhúinteora. Baineann an fhéinéifeachtúlacht le cúpla fachtóir eile, dar ndóigh, ar nós inniúlacht an

¹ ‘*Pedagogical habitus: Pedagogical habitus refers to teachers’ deeply engrained and embodied dispositions, attitudes and behaviours ‘which inform the manner in which they enact their teaching practices’.* (Feldman, 2016: 67)

ghníomhaire (.i. an múinteoir) agus tnútháin an ghníomhaire sin ina bhféidearthachtaí féin (Bandura, 1997). Ní bhaineann sé le cumas *amháin* an ghníomhaire ach le féinaireachtáil an duine sin. Ceist chomónta a bheadh ag gairmí sa chás seo ná ‘an gcreidimse go bhfuil sé de chumas agam é seo a dhéanamh agus an bhfuil na huirlisí cuí agam chun toradh an taisce seo a chur i gcrích?’ (Pattison, 2014: 335). Mar a luann Tschannen-Moran *et al.*, (1998: 211) ‘*Self-efficacy has to do with self-perception of competence rather than actual level of competence*’. Ina theannta sin, aithnítear dhá leibhéal féinéifeachtúlachta: ard-fhéin-éifeachtúlacht agus íseal-fhéinéifeachtúlacht (Rubie-Davies, 2012; Wheatley, 2002; Golzar, 2020). I gcás múinteoirí a bhfuil ard-fhéinéifeachtúlacht acu, bíonn claonadh ann dul i mbun cleachtais nuálaíochta agus glacadh le hathrú agus straitéisí nua a thriail; i gcás íseal-fhéinéifeachtúlachta, áfach, bíonn inní i leith athraithe agus cloí le cleachtais thraidisiúnta níos coitianta. Sin ráite, ní feiniméan aonair ná inmheánach amháin í féinéifeachtúlacht an mhúinteora, ach coincheap dinimiciúil atá frámhaithe i gcomhthéacsanna struchtúrtha, cultúrtha agus eagraíochtúla na scoile. Tugann roinnt scoláirí foláireamh láidir dóibh siúd nach gcuireann féinéifeachtúlacht an mhúinteora san áireamh ó thaobh athfhorbairtí curaclaim de agus an poitéinseal a bheith i mbaol teipe. ‘*Some scholars have concluded that reforms that do not address teacher efficacy may be doomed*’ (Wheatley, 2002: 5; DeMesquita & Drake, 1994; Sarason, 1990). Sa chomhthéacs sin, is léir go bhfuil dlúthbhaint idir féinéifeachtúlacht an mhúinteora agus cur i bhfeidhm rathúil athfhorbairtí curaclaim, rud a threoraíonn an plé anois i dtreo chleachtas nithiúil mhúineadh na dteangacha iasachta i mbunscoileanna agus na himpleachtaí atá aige sin don mhúinteoir mar ghníomhaire athraithe. (Ball *et al.*, 2015).

Múineadh na dTeangacha Iasachta i mbunscoileanna

I gcomhthéacs mhúineadh na dteangacha iasachta i mbunscoileanna, is fiú breathnú ar shamplaí idirnáisiúnta a léiríonn na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le hathrú curaclaim sa réimse seo. Cás suntasach amháin is ea Sasana sa bhliain 2014, nuair a rinneadh ábhar éigeantach de na NTI ag leibhéal na bunscoile, bunaithe ar an tuiscint go soláthraíonn foghlaim teangacha ‘*liberation from insularity*’ (Department of Education, 2013: 1). Rinne Pattison (2013: 334) plé ar na himpleachtaí a bhain leis an athrú seo do mhúinteoirí bunscoile, ag tabhairt le fios go raibh gá lena muinín agus lena bhféinéifeachtúlacht a neartú chun an t-ábhar a sheachadadh go héifeachtach.

Given its imminent implementation, practising primary school teachers may need to be convinced of their ability to deliver this subject with ease and to co-construct an adapted, existing pedagogy to reinforce mastery traits.

Moladh gurbh féidir le comhthógáil oideolaíochta a bhí oiriúnaithe don chomhthéacs scoile tacú le forbairt saineolais agus le glacadh dearfach leis na NTI. Léiríonn an cás seo, dá bhrí sin, go bhfuil múineadh rathúil na dteangacha iasachta ag brath, ní hamháin ar bheartas náisiúnta, ach ar chomhthéacs áitiúil, ar acmhainní cuí agus ar ullmhacht ghairmiúil na múinteoirí féin.

Ina theannta sin, cuirtear an t-ilteangachas chun cinn mar phríomhluach oideachais ar fud na hEorpa de réir beartais ar nós *The Council of Europe's Common European Framework of Reference for Languages: Companion Volume, 2020*; *The Council Recommendation on a Comprehensive Approach to the Teaching and Learning of Languages, 2019*; *The Language Policy of the European Schools, 2019*; *The European Commission's Action Plan on Integration and Inclusion 2021–2027*. Mar shampla, cuireann an Lucsamburg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Spáinn samplaí saibhre ar fáil den ilteangachas i bhfeidhm, agus féadfár breathnú orthu mar mhúnlaí féideartha do thodhchaí iarrachtaí teangeolaíoch na hÉireann.

Treisióinn Little & Kirwan (2019) na múnlaí féideartha seo trí thaighde ar bhunscoil ilteangach in Éirinn inar forbraíodh cur chuige comhtháite i leith oideachas teanga mar fhreagairt ar éagsúlacht mhéadaithe theangeolaíoch sa phobal scoile. Léiríonn an cás-staidéar sin go bhfuil múineadh rathúil na NTI fréamhaithe i gcomhtháthú comhleanúnach teangacha an churaclaim agus theangacha baile na ndaltaí, i soláthar tacaíochtaí struchtúrtha cuí, agus i rannpháirtíocht ghníomhach mhúinteoirí agus tuismitheoirí araon sa phróiseas foghlama. Leagtar amach cúig phrionsabal lárnacha: tosú ó eolas reatha an dalta; úsáid neamhsrianta na dteangacha baile; béim ar fhorbairt litearthachta i ngach teanga; soiléireacht oideolaíoch, agus meas ar uathriail ghairmiúil an mhúinteora. Léirítear go gcuireann an cur chuige seo le forbairt scileanna meiteatheangeolaíoch, le feasacht teanga agus le dearcthaí dearfacha i leith foghlaim teangacha. Taispeánann torthaí caighdeánaithe agus tuairimí na ndaltaí go dtacaíonn an tsamhail seo le rath acadúil agus le muinín teanga araon. I gcomhthéacs mhúineadh na NTI, cuireann an cás-staidéar seo béim ar thábhacht comhthéacs scoile, ar thacaíocht struchtúrtha agus ar ghníomhachtú acmhainní teangeolaíoch na ndaltaí mar bhunús do chleachtas éifeachtach. Dá bhrí sin, ní féidir múineadh na dteangacha iasachta a scaradh ó chomhthéacs sóisialta agus cultúrtha na scoile ná ó chreideamh agus cumas an mhúinteora féin.

Léirítear leis go bhfuil múineadh na dteangacha iasachta i mbunscoileanna lárnach i bhforbairt chur chuige ilteangach agus idirchultúrtha atá ailínithe le treoirlínte Eorpacha agus náisiúnta araon (Gardiner-Hyland & van den Hoven, 2025). Cuirtear béim ar an ngá atá le múinteoirí a ullmhú ní hamháin le straitéisí teagaisc praiticiúla, ach le tuisceant chriticiúil ar ilteangachas mar ghnáthchoinníoll seomra ranga. Sa chomhthéacs seo, is cuid den ullmhúchán é feasacht ar chéimeanna sealbhaithe teanga, ar úsáid teangacha baile mar acmhainn foghlama, agus ar chur i bhfeidhm cur chuige difreáilte a thacaíonn le rannpháirtíocht ghníomhach gach dalta.

Léiríonn an litríocht go mbraitheann múineadh rathúil na dteangacha iasachta i mbunscoileanna ar i bhfad níos mó ná beartas éigeantach amháin. Is léir go bhfuil muinín agus féineifeachtúlacht an mhúinteora lárnach chun NTI a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ina theannta sin, léiríonn taighde in Éirinn go bhfuil comhtháthú teangacha an churaclaim agus theangacha baile na ndaltaí rithábhachtach. Áirítear leis seo tacaíochtaí struchtúrtha, soiléireacht oideolaíoch, agus rannpháirtíocht ghníomhach an phobail scoile. Cuireann cur chuige ilteangach agus idirchultúrtha le forbairt scileanna meiteatheangeolaíoch, feasacht

teanga agus dearcthaí dearfacha, agus aithníonn sé an t-ilteangachas mar ghnáthchomhthéacs i seomraí ranga comhaimseartha (Gardiner-Hyland & van den Hoven, 2025; Little & Kirwan, 2019). Ag féachaint ar na torthaí seo, is léir go gcuireann comhthéacs teangeolaíoch agus cultúrtha na scoile go mór le rath nó le dúshlán mhúineadh na NTI, rud a threoraíonn an plé anois i dtreo ról an tumoideachais agus an ilteangachais mar fhachtóirí lárnacha i múnú eispéireas foghlama teanga sa bhunscoil.

Tumoideachas agus Ilteangachas

Sa chomhthéacs comhaimseartha in Éirinn, áit a bhfuil an tsochaí ag éirí níos ilchultúrtha agus níos ilteangaí (CSO, 2017; 2022), tá ról lárnach ag an tumoideachas i múnú eispéireas oideachais daltaí ó chúlraí éagsúla teangeolaíocha. Sainmhínítear an tumoideachas in Éirinn mar chur chuige oideachais ina gcuirtear an curaclam ar fáil i nGaeilge, a fhreastalaíonn ar dhá aidhm chomhthreomhara: ardchaighdeán oideachais a sholáthar agus ardleibhéal cumais chumarsáide sa Ghaeilge a chothú (Ó Duibhir, 2018; Dunne, 2025). Sa chomhthéacs seo, leagann Ó Ceallaigh & Ó Laoire (2021) béim ar an bhfíric go mbíonn sealbhú an dara teanga ar ardleibhéal ag daltaí lán-Ghaeilge agus gur féidir leo tógáil ar a scileanna inaistrithe agus ar a bhfeasacht teanga agus iad ag foghlaim teangacha breise.

Léiríonn taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta go soiléir gur féidir leis an tumoideachas feidhmiú mar mhúnla cuimsitheach agus éifeachtach chun ilteangachas a chothú, agus go dtugann sé buntáistí suntasacha do dhaltaí ilteangacha, ó thaobh forbairt chognaíoch, theangeolaíoch agus chultúrtha de (Davis, Ballinger & Sarkar, 2019, 2021; Lindholm-Leary & Genesee, 2014; Mady, 2016; Ní Dhiorbháin *et al.*, 2024). Sa staidéar a rinneadh ar thuismitheoirí ilteangacha i scoileanna lán-Ghaeilge, cuireadh béim ar na buntáistí dofheicthe a bhaineann le sealbhú teangacha iasachta, lena n-áirítear forbairt scileanna cognaíocha agus meiteatheangeolaíocha chomh maith le neartú féiniúlachta cultúrtha na ndaltaí (Ní Dhiorbháin *et al.*, 2024). Mheas thuismitheoirí go raibh an Ghaeilge ina cuid luachmhar de stór teangeolaíoch a bpáistí agus ina modh chun caipiteal teangeolaíoch agus cultúrtha a chothú, rud a léiríonn tuiscint ar an teanga mar acmhainn shóisialta agus chultúrtha a chuireann go suntasach le cumas, le féidearthachtaí agus le deiseanna saoil an fhoghlaimora.

Léirítear go bhfuil dearcadh dearfach ag príomhoidí agus múinteoirí i leith chuimsiú foghlaimoírí ilteangacha i scoileanna lán-Ghaeilge, cé go bhfuil a líon fós measartha íseal (Ní Dhiorbháin *et al.*, 2025). Aithnítear an tumoideachas sna luathbhlianta mar chomhthéacs cothrom, ós rud é go mbíonn gach dalta ag sealbhú na Gaeilge mar theanga nua ag an bpointe iontrála – taobh amuigh díobh siúd a bhfuil an Ghaeilge mar an chéad theanga (T1) ó bhaile acu. Tacaíonn sé seo le teoiricí Cummins (2015) maidir le hinaistritheacht scileanna teanga agus le forbairt feasachta meiteatheangeolaíche i bhfoghlaimoírí ilteangacha. Mar sin féin, aithnítear dúshlán shuntasacha, lena n-áirítear easpa treoirínite beartais atá sainithe go sonrach don tumoideachas, ganntanas acmhainní cuí, agus teorainneacha i measúnú trí mheán na Gaeilge (Ní Dhiorbháin *et al.*, 2025). Chun go bhfeidhmeoidh an tumoideachas

mar mhúnla láidir ilteangachais, teastaíonn tacaíochtaí córasacha, infheistíocht leanúnach agus polasaithe comhtháite a chinntíonn rochtain chothrom agus rannpháirtíocht rathúil do gach foghlaiméir, beag beann ar a chúla teangeolaíoch. Mar fhocal scoir, léiríonn an fhianaise go bhfuil an tumoideachas in Éirinn ailínithe go dlúth le prionsabail an ilteangachais agus an oideachais chuimsithigh. Trí theangacha baile a aithint mar acmhainní, trí scileanna inaistrithe a chothú, agus trí thacaíocht chuí a chur ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí, is féidir leis an gcóras tumoideachais freastal go héifeachtach ar riachtanais shochaí ilteangaí comhaimseartha agus cur le forbairt iomlánaíoch gach dalta. Sa chomhthéacs seo, is gá féachaint ar an tumoideachas mar spás criticiúil chun teagasc na NTI a fhorbairt ar bhealach straitéiseach agus cuimsitheach. Má tá sé mar aidhm ag an gcóras tacú le forbairt ilteangachais agus le scileanna inaistrithe daltaí, tá ról lárnach ag múinteoirí mar ghníomhairí athraithe. Dá bhrí sin, tá gá le tuiscint shoiléir ar a meon, ar a muinín agus ar a riachtanais tacaíochta i leith NTI. Trí anailís a dhéanamh ar na gnéithe seo, is féidir beartais, oiliúint agus acmhainní a ailíniú níos fearr leis an bhfís ilteangach atá mar bhonn agus mar thaca ag an tumoideachas.

Modheolaíocht

Is staidéar modhanna measctha é an taighde seo (Creswell & Clarke, 2007) inar bailíodh sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon trí cheistneoir digiteach inar ghlac 265 rannpháirtí páirt san iomlán. Roghnaíodh na modhanna seo de bharr an chumhachta staitistiúil atá ag eolas cainníochtúil agus spléachaidh dhaimhne cáilíochtúla na múinteoirí sa chuid théamach den cheistneoir.

Don pháipéar seo, rinneadh iniúchadh ar cheithre cinn de na sé cheist déag sa cheistneoir chun ceisteanna móra taighde an staidéir a fhreagairt. Is iad siúd:

1. Conas a mhúnlaíonn meon mhúinteoirí tumoideachais a ndearcaidh i leith chur i bhfeidhm na NTI sa seomra ranga gaelscoile?
2. Cén gaol atá idir leibhéal muiníne mhúinteoirí agus a dtaithí, a n-inniúlacht agus na deiseanna tacaíochta atá ar fáil dóibh i dteagasc na NTI?
3. Cad iad na cineálacha tacaíochta gairmiúla is éifeachtaí, dar le múinteoirí gaeloideachais, chun cumas agus cleachtas i dteagasc na NTI a fhorbairt?
4. Conas is féidir le comhoibriú idir múinteoirí bunscoile agus múinteoirí meánscoile na NTI tacú le cur i bhfeidhm inbhuanaithe agus éifeachtach na NTI i gcomhthéacs an tumoideachais?

Cé gur glacadh le rannpháirtithe ó chomhthéacsanna éagsúla bunscoile, tá an staidéar seo dírithe go sonrach ar mhúinteoirí an tumoideachais bunscoile, is é sin múinteoirí i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta. As an sampla iomlán, tháinig 25 múinteoir ó na comhthéacsanna tumoideachais seo, agus is ar a gcuid freagraí siúd a dhíríonn an anailís sa pháipéar seo. Roghnaíodh an cur chuige seo chun mionléargas spriocdhírithé a fháil ar mheon, ar mhuinín agus ar riachtanais tacaíochta mhúinteoirí gaeloideachais i leith theagasc

na NTI sa bhunscoil, d'fhonn tuiscint níos cruinne a fhorbairt ar a n-eispéireas gairmiúil. Tugadh an ceistneoir céanna do gach múinteoir (bídís i scoileanna Béarla nó Gaeilge) agus chuige sin, fiosrúidh trí phríomhthéama lárnacha:


1. Meon agus creidimh i leith NTI;
2. Leibhéal muiníne agus inniúlachta i dteagasc na NTI;
3. Mianta agus riachtanais tacaíochta don todhchaí sa réimse NTI.

Bhí sé mar aidhm, leis an tsampláil seo, éagsúlacht taithí agus comhthéacsanna gairmiúla a léiriú agus léargas níos leithne a fháil ar staid reatha theagasc NTI i mbunscoileanna. Bailíodh sonraí trí cheistneoir digiteach gearr, a dearadh agus a dáileadh ag úsáid an ardáin Qualtrics (2025). Bhí sé cheist déag san uirlis bhailithe sonraí seo, agus bhíothas ag súil go dtógfadh sí thart ar dheich nóiméid lena comhlánú. Áiríodh ceisteanna scála Likert agus ceisteanna ilroghnacha, mar aon le roinnt ceisteanna oscailte chun freagraí níos doimhne agus tuairimí pearsanta a bhailiú. Bhí deis ag na rannpháirtithe an ceistneoir a chomhlánú i mBéarla nó i nGaeilge, chun cuimsitheacht agus inrochtaineacht a chinntiú. Cuireadh an ceistneoir faoi thriail phiólótach le beirt mhúinteoirí bunscoile sular seoladh go náisiúnta é. Úsáideadh prótacal *'think-aloud'* (Noushad *et al.*, 2024) le linn na trialach seo chun soiléireacht, íogaireacht teanga agus oiriúnacht chultúrtha na gceisteanna a mheas. Rinneadh leasuithe beaga ar an uirlis bunaithe ar an aiseolas a fuarthas agus scaipeadh an ceistneoir ar na scoileanna. Tar éis cead a fháil ó phríomhoidí bhunscoileanna na tíre, scaipeadh an ceistneoir go náisiúnta trí nasc slán, iontaofa. Cuireadh bileog eolais agus foirm toilithe digiteach ar fáil do rannpháirtithe ag tús an cheistneora, inar míníodh cuspóir an taighde, nádúr deonach na rannpháirtíochta, agus ceart an rannpháirtí tarraingt siar tráth ar bith gan iarmhairt. Cinntíodh anaithnideacht agus rúndacht iomlán do rannpháirtithe, agus stóráladh na sonraí go slán ar chórais dhigiteacha, lena n-áirítear OneDrive institiúideach agus seirbhísí stórála taighde, i gcomhréir le Treoirlínte GDPR. Ceadaíodh agus athbhreathnaíodh an staidéar seo ag an gCoiste Eitice Taighde Sóisialta na hollscoile sular scaipeadh an ceistneoir go náisiúnta.

Maidir leis an anailís, rinneadh anailís na sonraí cainníochtúla a bailíodh trí na ceisteanna scála Likert agus ilroghnacha ag úsáid modhanna staidrimh thuirisciúla chun minicíocht, céatadán agus patrúin fhoriomlána a aithint (Bryman, 2016) i bhfreagraí na múinteoirí tumoideachais. Rinneadh anailís ar na sonraí cáilíochtúla a fuarthas trí na ceisteanna oscailte trí chur chuige téamach (Braun & Clarke, 2006), ina ndearnadh códú córasach ar na freagraí chun príomhthéamaí agus fo-théamaí a aithint a bhain le meon, muinín agus riachtanais tacaíochta. Rinneadh triantánú ar na torthaí cainníochtúla agus cáilíochtúla lena chéile chun léargas níos iomláine agus níos doimhne a thabhairt ar eispéireas agus ar dhearcadh mhúinteoirí an tumoideachais bunscoile i leith theagasc na NTI. Tá seasamh léirmhínte agus athmhacnamhach ag an taighdeoir a aithníonn an ról dúbailteacht atá aici mar chleachtóir agus mar mhac léinn i gcomhthéacs an oideachais ilteangaigh. Tuigtear don taighdeoir tionchar na taithí gairmiúla seo ar an anailís agus ar an léirmhíniú ar shonraí an staidéir.

Torthaí agus plé

Sa chuid seo den pháipéar, cuirfear i láthair torthaí cheithre cheist a bhaineann le meon múinteoirí gaeleideachais i leith fhoghlaim agus teagaisc na dTeangacha Nua-Iasachta (NTI), lena n-áirítear leibhéil muiníne, na tacaíochtaí gairmiúla atá de dhíth, agus an toilteanas comhoibriú le páirtithe leasmhara seachtracha.




Figiúr 1: Meon na múinteoirí i leith fhoghlaim agus teagasc na NTI

As na 25 múinteoir gaeleideachais a ghlac páirt sa staidéar seo, chuir seisear in iúl go raibh foghlaim na NTI an-thábhachtach; dúirt naonúr go raibh siad cuíosach tábhachtach; bhí seisear neodrach, dúirt triúr nach rabhadar tábhachtach, agus léirigh duine amháin nach raibh tábhacht ar bith le foghlaim na NTI. Ón bhfigiúir thuas, is cosúil go raibh 60% de na rannpháirtithe i bhfábhar foghlaim agus teagasc na NTI agus 24% a bhí neodrach. Maidir leis an 16% nach raibh i bhfábhar na scéime seo, cuireadh ábhar inmí in iúl i dtaca le stádas na Gaeilge agus an Bhéarla agus le riachtanais daltaí i suíomhanna gaeleideachais. Dúirt rannpháirtí amháin;

There is an issue in terms of the Irish language in this country. I feel bringing in a now third language when the foundation of the first two languages is not concrete is irresponsible. We are also an increasingly multicultural country and whilst that holds benefits for a modern language; it places a huge demand on those children who come to our schools mid-way; who do not speak English or Irish as they will now be tasked with learning 3 languages at the same time.

Cuireadh in iúl chomh maith na himpleachtaí ama a bhain le hathrú curaclaim den chineál seo agus an t-ualach oibre méadaithe a chuirtear ar mhúinteoirí bun scoile na linne seo. Luadh an nath ‘Curriculum overload’ go minic agus é fite fuaite i bhfreagraí cúpla rannpháirtí. Anuas air sin, d’admhaigh múinteoirí a bhí ag streachailt le tnútháin an churaclaim reatha go raibh ‘Teachers are struggling to fit everything into the teaching day as is, there’s no time for additional subjects’.

Caithfear sracfhéachaint anois ar leibhéal muiníne na múinteoirí agus conas a bhraitheann faoi NTI a reáchtáil iad féin sa seomra ranga bunscoile.



Figiúr 2: Muinín i múineadh na NTI (scála 1-100)

Pléann ceist 6 den cheistneoir leibhéal na muiníne a mhothaíonn múinteoirí gaeloideachais agus iad ag múineadh na NTI. Cuireadh an t-eolas seo ar scála ó 1 go 100, áit a seasann 1 do 'nílim muiníneach in aon chor' agus 100 do 'táim thar bheith muiníneach'. As na 25 múinteoir gaeloideachais a ghlac páirt sa staidéar, thug 17 rannpháirtí freagra ar an gceist seo agus taifeadadh meánleibhéal muiníne de '53.6'. Léiríonn an raon freagraí éagsúlacht shuntasach i leibhéal muiníne. Íosmhéid na muiníne a roghnaíodh ná 7 agus uasmhéid na muiníne 100.

Agus an éiginnteacht seo chun tosaigh, is fiú na moltaí a tháinig ó na múinteoirí iad féin chun an t-aistriú curaclaim a éascú a phlé.

Rangaigh na cineálacha traenála Teangacha Iasachta de réir luach gairmiúil i.e 1 'an cineál is luachmhaire' agus 5 'an cineál leis an luach is ísle'


Ceardlaine i láthair go pearsanta
Cúrsaí/Modúil ar líne
An fhoghlaim chumaisc (meascán d'fhoghlaim ar líne agus i láthair go pearsanta)
Cóitseáil/Meantóireacht ar scoil
Pobail ghairmiúil foghlama (scoil-bhunaithe) i.e comhoibriú le comhghleacaithe, píar-bhreathnóireacht nó meantóireacht i dTeangacha Iasachta

Figiúr 3: Na tacaíochtaí is luachmhaire

As na 15 rannpháirtí a d'fhreagair ceist 13, iarradh orthu na cineálacha éagsúla traenála i NTI a rangú de réir a luacha gairmiúla, ó 1 (an cineál is luachmhaire) go 5 (an cineál leis an luach is ísle).

Léirigh na torthaí gur measadh 'ceardlanna ar an láthair' mar an cineál traenála is luachmhaire, agus deichniúr a rangai na ceardlanna mar an rogha ba thábhachtaí dóibh ó thaobh na forbartha gairmiúla de. Ina theannta sin, roghnaigh ceathrar múinteoirí 'cóitseáil

nó meantóireacht ar scoil' mar an cineál traenála is luachmhaire dóibh, rud a léiríonn tábhacht na tacaíochta atá suite sa chomhthéacs scoile féin. Rangaigh duine amháin 'pobal gairmiúil foghlama' mar an rogha is luachmhaire dóibh, rud a thugann le fios go mb'fhéidir nach mbraitear an cineál seo tacaíochta chomh héifeachtach leis na cineálacha eile traenála i gcomhthéacs na NTI ag leibhéal bunscoile.



Figiúr 4: Toilteanas chomhoibriú le páirtithe leasmhara seachtracha

Ghlac 15 rannpháirtí páirt i gceist 14, inar fiafraíodh an mbeadh suim acu oibriú le múinteoirí meánscoile chun tacú le múineadh na NTI sa tseomra ranga bunscoile.

Léirigh na freagraí leibhéal ard suime sa chineál seo comhoibrithe agus chuir 13 as 15 rannpháirtí (88%) in iúl go mbeadh an-suim nó suim ar leith acu ann. Go sonrach, dúirt cúigear rannpháirtithe go mbeadh an-suim acu sa pháirtnéireacht seo, agus léirigh ochtar suim ar leith inti. Bhí duine amháin neodrach i leith an ábhair seo, agus chuir duine eile in iúl nach mbeadh suim dá laghad aige/aici ann. Tugadh deis do rannpháirtithe freisin a gcuid tuairimí a mhíniú agus i measc na bhfreagraí oscailte luaigh rannpháirtí amháin gurbh iad múinteoirí meánscoile a bhí 'ina saineolaithe ag déileáil le teangacha iasachta'. Thagair rannpháirtí eile do thairbhe phearsanta a d'fhéadfadh a bheith ann leis an gcomhoibriú seo, ag rá: *'I could develop my language proficiency in the MFL and practical strategies for teaching it by doing so'*.

Luaigh rannpháirtithe eile an taithí agus an saineolas a bheadh ag múinteoirí meánscoile sa réimse seo, go háirithe i gcomhthéacs an teagaisc teangacha do thosaitheoirí, mar a léirítear sna ráitis: *'They have the experience – they have taught beginner languages to first year secondary school students. Secondary teachers have a lot of experience in teaching MFL'*.

As na 25 rannpháirtí a ghlac páirt sa cheistneoir, roinn 14 acu a smaointe inar iarradh orthu trí rud a ainmniú a chuirfidís le lámhleabhar an mhúinteora do mhúineadh na dTeangacha Iasachta. Bailíodh na freagraí oscailte ar fad agus cuireadh le chéile iad mar anailís théamach, sula ndearnadh iad a eagrú i rannóga éagsúla de réir na gcatagóirí, na n-aidhmeanna agus na moltaí a shaináithin na rannpháirtithe iad féin.

Catagóir	Aidhm	Moltaí ó rannpháirtithe
Achmhainní Oideolaíochta	Praiticiúlacht trí ábhair teagaisc	'Good quality resources', 'Vocabulary, lesson plans, printables', 'Ready-made resources', 'Foclóir/frásaí Smaointí do chluichí/gníomhaíochtaí Áiseanna foghlama (m.sh. leideanna)'
Ullmhúchán agus pleanáil ceachtanna	Seicheamh agus tnútháin	'Easy to follow lesson plans', 'Hard copy of handbook and examples of what is expected from children', 'Guidelines -Support materials, such as lesson plans'
Gníomhaíochta practiciúla ranga	Modheolaíochta agus straitéisí rang-bhunaithe	'Quick language games', 'Activities - Ice breakers, warm up activities, closing activities', 'Themes, Attractive flashcards Links to Interactive conversations and games'
Ionchur teanga agus munlú teagaisc	Sealbhú teanga agus timpeallacht na sprioctheanga a chaomhnú	'Fiseáin, cluasoiúint, gramadach', 'Exemplars of basic and very basic language acquisition'
Forbairt leanúnach gharimiúl agus tacaíochta	Foghlaim na múinteoirí	'Shadowing, co-planning and co-teaching with an experienced MFL teacher' 'Online forums that teachers can use to ask other teachers' questions'
Feasacht mheiteatheangeolaíochta agus ilteangach	Nascanna teanga a dhéanamh agus an stór teangeolaíoch a fhairsingiú	'encouraging fun, metalinguistic connections (to Gaeilge especially) resources examples', 'cultural awareness materials'
Achmhainní digiteacha & idirghníomhaíochta	Uirlisí digiteacha agus achmhainní ar líne a ghríosadh	'Links to audio/visual/digital resources'; 'Interactive conversations and games'; 'online resources for printable activities'
Affective & Workload Considerations (ualach oibre)	Ualach mothúchánach/ strios a laghdú	'MFL teaching should not add additional stress to the teacher's day. They should not have to spend additional hours preparing for these lessons.'

Tábla 2: Achmhainní riachtanacha do sholáthar na NTI

Cuireann an litríocht béim ar an tumoideachas mar mhúnla cuimsitheach ilteangachais a chothaíonn feasacht teanga, scileanna inaistrithe agus forbairt chognaíoch agus chultúrtha (Ó Duibhir, 2018; Dunne, 2025; Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2021; Ní Dhiorbháin *et al.*, 2024). Mar sin féin, léiríonn torthaí an staidéir seo, bunaithe ar fhreagraí 25 múinteoir gaeiloideachais, go bhfuil an tacaíocht don NTI dearfach ach coinníollach, agus go mbraitheann sí go mór ar an indéantacht phraiticiúil sa chomhthéacs scoile.

Cé go bhfuil 60% de na múinteoirí i bhfabhar na NTI, léiríonn an mheánmhuinín de 53.6 as 100 agus an raon mór scór (7 go 100) nach bhfuil go leor múinteoirí muiníneach ná compordach fós chun na NTI a theagasc go héifeachtach. Tugann sé seo le fios go bhfuil teannas idir an toilteanas polasaí a chur i bhfeidhm agus an fhéinmhuinín ghairmiúil atá riachtanach chun é a chur i gcrích. Tagann na torthaí seo leis an litríocht a chuireann béim ar fhéinéifeachtúlacht an mhúinteora mar fhachtóir dinimiciúil atá fréamhaithe i gcomhthéacs na scoile agus a mbíonn tionchar díreach aige ar ghlacadh leis an nuálaíocht (Tschannen-Moran *et al.*, 1998). Cuireann na sonraí cáilíochtúla leis an léargas seo trí aird a tharraingt ar imní faoin ualach oibre agus ar na himpleachtaí féideartha do stádas agus do thosaíochtaí teanga i suíomhanna gaeleoidachais. Léiríonn sé seo nach leor dea-thoil ná dearthaí dearfacha amháin chun athrú inbhuanaithe a chinntiú. Ag an am céanna, áfach, léirítear bealaí soiléire chun dul i ngleic leis na dúshláin seo. Measadh ceardlanna ar an láthair agus cóitseáil nó meantóireacht ar scoil mar na tacaíochtaí is luachmháire, agus léirigh 88% toilteanas comhoibriú le múinteoirí meánscoile mar fhoinsé saineolais. Ina theannta sin, shainaithin múinteoirí riachtanais phraiticiúla amhail acmhainní réamhdhéanta, pleananna ceachta soiléire, ionchur teanga, uirlisí digiteacha agus bearta a laghdódh strus agus ualach ullmhúcháin. Tugann sé seo le fios go dteastaíonn cur chuige struchtúrtha a thacaíonn le muinín agus le hinniúlacht, seachas cur chuige a chuireann tuilleadh brú ar chleachtas laethúil an mhúinteora.

Srianta an staidéir

D'fhéadfaí a argóint gur sampláil bheag a léirítear sa staidéar seo agus 25 múinteoirí tumoideachais – as 265 rannpháirtithe náisiúnta – a ghlac páirt sa cheistneoir. Sin ráite, is léiríú 9.43% iad na múinteoirí seo, rud a alíníonn le ceatadán realaíoch na ngaelscoileanna atá ann go náisiúnta sa tír ‘92% of primary schools provide education through English. The remaining 8% provide education through Irish. This figure includes gaelscoileanna located outside the Gaeltacht and schools which provide education through Irish located in the Gaeltacht’ (DEY, 2025: alt a 1). Cé nach méid shuntasach í uimhir na rannpháirtithe, tugann sé mionléargas dúinn ar mheon, riachtanais agus tacaíochtaí na múinteoirí tumoideachais i gcomhthéacs theagasc na NTI.

Conclúid

Bunaithe ar thorthaí an taighde seo, is léir go mbeidh rath ar chur i bhfeidhm NTI sa tumoideachas bunscoile ag brath ar ailíniú soiléir agus córasach idir fíis bheartais agus réaltachtaí an tseomra ranga. Ar an gcéad dul síos, moltar go ndéanfaí pleanáil chéimnithe ar chur i bhfeidhm na NTI i scoileanna lán-Ghaeilge, le solúbthacht a ligeann do scoileanna dul i ngleic leis an athrú de réir a gcomhthéacs féin. Ba cheart go n-aithneofaí go sainráite an tumoideachas mar chomhthéacs ar leith laistigh de threoirilínte náisiúnta, agus go gcuirfí soiléireacht ar fáil maidir le cothromaíocht idir tosaíochtaí teanga na scoile agus ionchais an churaclaim nua.

Ar an dara dul síos, tá infheistíocht leanúnach sa fhorbairt ghairmiúil ríthábhachtach. Ba cheart go mbeadh an obair seo bunaithe ar fhianaise agus múnlaíthe ag creatlaigh shoiléire atá dírithe ar theagasc agus ar fhoghlaim na NTI, mar shampla, féach múnla Collins, 2026 (féach Aguisín 1). Ní mór don oiliúint a bheith dírithe, ní hamháin ar fheabhsú scileanna teanga na múinteoirí, ach ar fhorbairt modheolaíochta teagaisc atá ailínithe le prionsabail an ilteangachais, an tumoideachais agus leis na sonraíochtaí curaclaim atá ábhartha don NTI. Léirigh na torthaí gur mheas múinteoirí gur tacaíochtaí a chuirtear ar fáil laistigh den scoil féin – amhail ceardlanna ar an láthair, cóitseáil agus meantóireacht – na bealaí is éifeachtaí chun a muinín agus a n-inniúlacht a neartú. Dá bhrí sin, moltar samhail forbartha gairmiúla leanúnaí, atá comhtháite agus comhthéacs-bhunaithe. Trí chur chuige struchtúrtha, taighdebhunaithe a ghlacadh, is féidir muinín, inniúlacht agus comhsheasmhacht sa chleachtas ranga a neartú. Ar an tríú dul síos, is gá tacaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil a laghdaíonn ualach oibre agus a chuireann le hinmharthanacht an chur i bhfeidhm. Áirítear leis seo acmhainní réamhdhéanta ar ardchaighdeán, pleananna ceachta soiléire, samplaí d'ionchur teanga agus uirlisí digiteacha idirghníomhacha. Ba cheart go mbeadh na hacmhainní seo ar fáil trí mheán na Gaeilge agus ailínithe le sainriachtanais NTI sa tumoideachas lán-Ghaeilge. Ar deireadh, moltar comhoibriú struchtúrtha le saineolaithe seachtracha, go háirithe múinteoirí meánscoile, mar mheicníocht chun saineolas agus tacaíocht leanúnach a chinntiú. Trí chomhpháirtíochtaí foirmiúla a bhunú idir bunscoileanna agus meánscoileanna, is féidir leanúnachas teanga, forbairt ghairmiúil agus malartú dea-chleachtais a chur chun cinn do theagasc, do fhoghlaim agus do mheasúnú NTI sa chomhthéacs tumoideachais lán-Ghaeilge.

I dteannta a chéile, léiríonn na moltaí seo go bhfuil gá le cur chuige córasach, comhtháite agus tacúil chun fis an NTI a aistriú ó bheartas go cleachtas inmharthana sa tumoideachas bunscoile. Le fis shoiléir, le tacaíochtaí cuí agus le tiomantas comhphárteach, is féidir an NTI a lonnú go muiníneach sa tumoideachas mar dheis shaibhir a chothóidh ilteangachas agus a chuirfidh le fairsinge agus doimhneacht fhoghlaim gach linbh.

Tagairtí

- Ball, S.J., Maguire, M., Braun, A. & Hoskins, K. (2011) 'Policy subjects and policy actors in schools: some necessary but insufficient analyses.' *Discourse: Studies in the Cultural Politics of Education*. 32:4. 611–24. <https://doi.org/10.1080/01596306.2011.601564>
- Bandura, A. (1997) *Self-efficacy: The exercise of control*. Freeman.
- Bourdieu, P. (2005) 'Habitus.' Hillier J. & Rooksby E. (Eds.), *Habitus: A sense of place*. Farnham, UK: Ashgate. 43–9.
- Braun V. & Clarke V. (2006) Using thematic analysis in psychology. *Qual Res Psych*. 3(2). 77–101. <https://doi.org/10.1191/1478088706qpo630a>
- Bryman, A. (2016) *Social research methods*. Fifth edn. New York; Oxford: Oxford University Press.
- Collins, J. (2026) 'Advancing Teacher Knowledge to Foster Plurilingual Competence in the Irish Primary School Classroom: A Systematic Review.' *Irish Journal of Education*. (in press)
- Collins, J., Neville, C. & Ó Ceallaigh, T.J. (2025) 'Say yes to Languages? Irish Primary Teachers' Beliefs on Modern Foreign Language Integration.' *Irish Teachers' Journal (INTO)*. 13, 2009–6860. 41–64 https://www.into.ie/app/uploads/2019/07/25Nov_ITJ2025_web.pdf
- Council of Europe (2007a) *From linguistic diversity to plurilingual education: guide for the development of language education policies in Europe*. Executive Version: <https://rm.coe.int/16806a892c>
- Commission of European Communities (2008b). *Directive of the European parliament and of the council*: https://www.europarl.europa.eu/registre/docs_autres_institutions/commission_europeenne/com/2008/0637/COM_COM%282008%290637_EN.pdf
- Council of Europe (2020c). *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching, Assessment – Companion Volume*. Council of Europe Publishing.
- Creswell, J. W., & Plano Clark, V.L. (2007) *Designing and conducting mixed methods research*. Thousand Oaks, CA: Sage.

- Cummins J. (2015) 'Intercultural education and academic achievement: A framework for school-based policies in multilingual schools.' *Inter Educ.* 26(6). 455–68. <https://doi.org/10.1080/14675986.2015.1103539>
- Central Statistics Office (CSO) (2017) *Summary Results. Part 1*. Dublin: Stationery Office.
- Central Statistics Office (CSO) (2022) *Education and the Irish language*. <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpsr/censusofpopulation2022-summaryresults/educationandirishlanguage/>
- Davis, S., S. Ballinger & M. Sarkar. (2019) 'The Suitability of French Immersion for Allophone Students in Saskatchewan: Exploring Diverse Perspectives on Language Learning and Inclusion.' *Canadian Journal of Applied Linguistics* 22 (2). 27–63.
- Davis, S., S. Ballinger, & M. Sarkar. (2021) 'More Languages Means More Lights in Your House: Illuminating the Experiences of Newcomer Families in French Immersion.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*. 9 (2). 336–63. <https://doi.org/10.1075/jicb.20015.dav>
- Department for Education (UK). (2013) *Statutory guidance: National curriculum in England: languages programmes of study*. (<https://www.gov.uk/government/publications/national-curriculum-in-england-languages-programmes-of-study/national-curriculum-in-england-languages-programmes-of-study>)
- Department of Education. (2023) *Statement of Strategy 2023–2025*. <https://assets.gov.ie/static/documents/department-of-education-statement-of-strategy-2023-2025.pdf>
- Department of Education & Skills. (2010) *Intercultural Education Strategy 2010–2015*. <https://assets.gov.ie/static/documents/intercultural-education-strategy-2010-2015.pdf>
- Department of Education & Skills. (2017) *Languages Connect: Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017–2026*. Dublin: DES.
- Department of Education & Skills. (2019) *Action Plan for Education 2019*. <https://assets.gov.ie/static/documents/action-plan-for-education-2019.pdf>
- Feldman, J. (2016a) *Eliciting pedagogical learning among teachers in a professional learning community* Doctoral dissertation. Stellenbosch University, South Africa. http://scholar.sun.ac.za/bitstream/handle/10019.1/98391/feldman_eliciting_2016.pdf?...2

- Feldman, J. (2016b) 'Pedagogical Habitus Engagement: Teacher Learning and Adaptation in a Professional Learning Community.' *Educational Research for Social Change*. 5(2). 65–80.
- Feldman, J. & Fataar, A. (2017) 'Embodying pedagogical habitus change: A narrative-based account of a teacher's pedagogical change within a professional learning community.' *Journal of Education*. 73–88.
- DeMesquita, P.B., & Drake, J.C. (1994) 'Educational reform and the self-efficacy beliefs of teachers implementing nongraded primary school programs.' *Teaching and Teacher Education*. 10(3). 291–302.
- Gardiner-Hyland, F. & Van den Hoven, M. (2025) 'Preparing for Multilingual Classrooms in Ireland: What Do Student Teachers Need to Know?' *Education sciences*. Vol. 15, no. 8. 1074.
- Golzar, J. (2020). 'Teacher identity formation through classroom practices in the post-method era: A systematic review.' *Cogent Education*. 7(1).
- Hongzhi Yang & Hui-Zhong Shen (2021) 'Community languages school teachers' pedagogical habitus in transition: an Australian perspective.' *International Multilingual Research Journal*. 15:4. 346–62.
- Irish National Teachers' Organisation (1991) *Foreign Language Teaching in Primary Schools: Issues and Research*. Dublin.
- Lindholm-Leary, K., & Genesee, F. (2014) 'Student Outcomes in One-way, Two-way, and Indigenous Language Immersion Education.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education* 2 (2). 165–80.
- Little, D. & Kirwan, D. (2019) *Engaging with Linguistic Diversity: A Study of Educational Inclusion in an Irish Primary School*. 1st edn. London: Bloomsbury Publishing Plc.
- Mady, C. (2016) 'French Immersion for English Language Learners? Kindergarten Teachers' Perspectives.' *Alberta Journal of Educational Research* 62 (3). 253–67.
- National Council for Curriculum and Assessment (NCCA). (2008) *Modern Languages in the Primary School Curriculum Feasibility and futures*. https://ncca.ie/media/1876/mod_langs_in_psc_feasibility_and_futures_2008.pdf


- National Council for Curriculum and Assessment (NCCA). (2019) *Primary Language Curriculum*. Dublin: NCCA.
- National Council for Curriculum and Assessment (NCCA). (2023) *Primary Curriculum Framework*. Dublin: NCCA.
- Ní Dhiorbháin, A. (2020) 'Múineadh ábhar tríd an tríú teanga i mbunscoileanna Lán-Ghaeilge: Teaching a subject through a third language in Irish-medium primary schools.' *Teanga*. Vol. 27.
- Nic Aindriú, S., Connaughton-Crean, L. & Ó Duibhir, P. (2024) 'It's more the invisible benefits – multilingual parents' experiences of immersion education and their reasons for choosing immersion.' *Language and Education*. Vol. 38, no. 5. 746–65. <https://doi.org/10.1080/09500782.2023.2238680>
- Ní Dhiorbháin, A., Aindriú, S.N., Connaughton-Crean, L. & Ó Duibhir, P. (2025) 'Minority language immersion education for multilingual learners: perspectives and inclusive practices of principals and teachers.' *International journal of inclusive education*. 1–20.
- Noushad, B. *et al.* (2024) 'Twelve tips for applying the think-aloud method to capture cognitive processes.' *Medical Teacher*. 46(7). 892–7.
- Pattison, E.M. (2013) "'It's important to put yourself in any lesson that you teach": self-efficacy in action in the primary modern foreign languages classroom.' *The Language Learning Journal*. 42(3). 334–45. <https://doi.org/10.1080/09571736.2013.841278>
- Rubie-Davies, C.M., Flint, A. & McDonald, L.G. (2012) 'Teacher beliefs, teacher characteristics, and school contextual factors: What are the relationships?' *British Journal of Educational Psychology*. 82. 270–88.
- Sarason, S.B. (1990) *The predictable failure of educational reform*. San Francisco: Jossey-Bass.
- Tschannen -Moran, M., Woolfolk Hoy, A., Hoy, W.K. (1998) 'Teacher Efficacy: Its Meaning and Measure.' *Review of Educational Research*. Summer, Vol. 68, No. 2. 202–48.

- Walsh, T. (2016). 'The National System of Education, 1831–2000.' Walsh, B. (ed.) *Essays in the History of Irish Education*. London: Palgrave Macmillan. https://doi.org/10.1057/978-1-137-51482-0_2
- Walsh, T. (2007) 'The Revised Programme of Instruction, 1900–1922.' *Irish Educational Studies* 26(2). 127–43. <https://doi.org/10.1080/03323310701295831>
- Wheatley, K.F. *et al.* (2002) 'The potential benefits of teacher efficacy doubts for educational reform.' *Teaching and teacher education*. 18(1). 5–22.
- Qualtrics XM Platform. (2025) <https://www.qualtrics.com>

Aguisín 1

An Fhrámaíocht MEGA TEACHER (Collins, 2026)

Múnla 9 eochair-riachtanais do mhúinteoirí bunscoile chun NTI a theagasc





Ar thóir Ghobán Chill Scíre: réabhlóid agus frithréabhlóid i dTír Eoghain, 1906–24

Fergal Mac Bhloscaidh

Réamhrá

Ach ní modh múinteoireachta atá de dhíobháil orainn go hiomlán sa tír seo ach spiorad na sean-scoltach. Oideachas atá a dhith orainn in Éirinn agus ní modh múinteoireachta. Ar léigh tú seo riamh?’ ar seisean agus tharraing sé leabhrán beag amach as a phóca agus shin sé domh é. ‘*The Murder Machine*,’ arsa mise, ag amharc ar an teideal. ‘An féidir, a shagairt, gurb é sin an cineál litríochta atá tú a léamh? (Máire, 1981: 69)

Is as *Saol Corrach* (1945), dírbheathaisnéis Mháire, a thagann an sliocht thuas. An tAthair Maitiú Mag Uidhir a bhronn an leabhar air agus é ina mhúinteoir i scoil náisiúnta Ros Gearr i gCill Scíre, Tír Eoghain, in 1914. Ba shagart paróiste é Maitiú Mag Uidhir a bhí ar thús cadhnaíochta in Athbheochan na Gaeilge agus i réabhlóid na hÉireann sa cheantar agus fiú go náisiúnta idir 1906 agus 1924. Léiríonn an sliocht go maith an dóigh a raibh an tAthair Mag Uidhir ag cur smaointe agus leabhair ar mhúinteoirí óga mar Mháire, agus é ag iarraidh an spiorad criticiúil agus an náisiúnachas cultúrtha a chothú. Paróiste beag is ea é ar an teorainn le Fear Manach nach bhfuil thar naoi míle ar fad agus a leath sin ar leithead. Ar amhránaí an tsoil, tá cuntas fairsing eile i nGaeilge ar fáil don staraí fosta, *An Dá Thaobh* (1968), cuimhní cinn Eoghain Uí Cheallaigh a tógadh sa pharóiste. Iniúchann an t-alt seo an claochlú polaitiúil, sóisialta, teangeolaíoch a tháinig ar Chill Scíre agus Mag Uidhir ar thús cadhnaíochta le linn Athbheochan na Gaeilge agus réabhlóid na hÉireann. Baintear úsáid as an dá leabhar thuasluaite mar aon le dírbheathaisnéis Pheadair Uí Annracháin (1937) le

nádúr na hathbheochana agus na réabhlóide a mheas i gCill Scíre. Ansin, déantar triantánú le cartlann na staire, is é sin le rá Daonáireamh 1911, iarratais phinsin d'Arm Phoblacht na hÉireann (APÉ) agus do Chumann na mBan i mBiúró na Staire Míleata agus cartlann na nuachtán agus na mbunfhoinsí a bhaineann le ré na réabhlóide sa cheantar úd i gcartlanna i mBéal Feirste, Ard Mhacha, Baile Átha Cliath agus Londain. I mbeagán focal, le hanailís a dhéanamh ar ghníomhaíochas na bPoblachtach, rinne an staidéar seo crostagairt ar an litríocht, ar an chartlann agus ar dhaonáireamh 1911 agus rólanna áitiúla d'ÁPE. (2ú Rannóg an Tuaiscirt, 2ú Briogáid, Biúró na Staire Míleata, MA/MSCP/A/45(2); Cumann na mBan (Droim Mór) MA/MSPC/CMB/53).

Imlíne

Roghnaítear an limistéar staidéir le go mbeadh sampla ionadaíoch den phobal Caitliceach agus den chothromas déimeagrafach ó thaobh cúrsaí geilleagair, creidimh agus polaitíochta de le feiceáil (Mac Bhloscaidh, 2026). Déantar mionstaidéar ar dhá thoghroinn sna sráidbhailte, Trí Liag agus Droim Mór, mar sin de, ar imir an tAthair Mag Uidhir ról tábhachtach iontu agus roghnaítear ceithre thoghroinn tuaithe máguaird le torthaí níos bailí a ghiniúint agus le léargas níos ionadaí den tsochaí i gcoitinne a thabhairt (Léarscáil – Aguisín 2). Sa chéad mhír, léirítear líon an taoide ag tús an tionscadail le cruthú gur tháinig rath agus bláth ar iarrachtaí Mhig Uidhir nó mar a mhaígh D.P. Moran i sraith alt faoi Thrí Liag ag an am: 'Irishisation and How 'Tis Done.' (*Leader*, 2 Samhain, 1907). Ina dhiaidh sin, pléitear le conspóid a bhain le nádúr an Chonartha féin, go háirithe i gcomhthéacs na géarchéime polaitiúla a réab tríd an tír roimh an Chéad Chogadh Domhanda nó freasúra na bhFear Buí roimh Rialtas Dúchais (1911–14). Nochtar contrárthacht rithábhachtach san athbheochan féin idir claonadh athbheochana agus meon an díchoilínithe. Sa dara mír, déantar scrúdú ar ról na hathbheochana i gCogadh na nDúchrónach (1920–22) nó caipín na toinne nuair a tógadh ollghluaiseacht sa cheantar agus an Ghaeilge mar chuid dhílis di. Tógtar próifíl dhéimeagrafach den cheantar agus de ghluaiseacht na Poblachta le tábhacht na teanga a léiriú agus le nádúr na hathbheochana agus na réabhlóide féin a mheá. Sa tríú mír, críochnaítear le taoide trá na frithréabhlóide nó na himpleachtaí a bhain leis an chríochdheighilt agus riail na n-aontachtaithe. Le linn an ama, baintear úsáid as carachtar agus pearsa staire ón dá dhírbheathaisnéis chun forbairt na réabhlóide a rianú tríd an chartlann, is é sin le rá, an Gobán nó Tarlach 'Torry' Ó Néill. Téimis, mar sin de, ar thóir Ghobán Chill Scíre!

Comhthéacs

Scríobh Pádraic Ó Conaire (1882–1928) tuairsic maidir le neart na teanga agus an chonartha i nGaeltacht Thír Eoghain sa bhliain 1916, ach níor bhain ár limistéar staidéir le macalla deiridh na Gaeilge thuas sna Speiríní. Agus sin ráite, d'aithin an scríbhneoir iomráiteach téamaí a bhaineann go mór leis an staidéar seo. D'aimsigh sé ceithre pharóiste ina raibh an Ghaeilge

beo iontu go fóill: an Charraig Mhór — (aon bhaile fearainn amháin); Caisleán Glas, Gleann Fhoichle (Gaelach go maith) agus an Goirtín (cúpla baile fearainn). Thug sé amach faoi na sagairt agus na hoidí scoile a thug dúshlán na hAthbheochana ach, ar an Charraig Mhór, mhol an Gruagánach (duine mór le rá i ngluaiseacht na Poblachta) agus an tAthair Short (ar thug na Péas áitiúil sagart Shinn Féin air) mar ‘chrainn sheasta na teanga ann.’ D’aithin sé Gleann Fhoichle mar an ‘paróiste is Gaelaí i dTír Eoghain, cé go raibh ‘An S.P. in aghaidh na Gaeilge’ agus ‘gan focal in aon scoil.’ Thuairimigh sé go bhféadfaí ‘an teanga a shábháil ón mbás sa cheantar mór seo. Tá sí ag imeacht fós. Na seandaoine ag dul sa chré, agus in ainneoin dícheall oídí dúthrachtacha, ní féidir liom a rá go bhfuil a gcuid daltaí chomh maith leis na daoine atá ag imeacht’ (*An Claidheamh Soluis*, 22 Aibreán, 1916). Gheofar amach níos faide anonn cúis chinníunach nár tháinig an tuar faoi thairngreacht Uí Chonaire go raibh Gaeltacht Thír Eoghain intarrthála. (Tá sonraí faoin Athair Short in McCluskey, 2011: 83, agus faoin nGruagánach [James Grugan], in McCluskey, 2014: 69).

Cé nár bhain Cill Scíre le Gaeltacht Thír Eoghain, mhaígh Máire go raibh cónaí ar dhuine as Gaeltacht Thír Eoghain inti. Go luath sa chuntas s’aige, chuir Mag Uidhir Ó Grianna agus Gobán Chill Scíre in aithne dá chéile agus baineadh geit as an Chonallach nuair a ‘thoisigh sé a chaint liom féin i nGaeilge, go díreach mar a dhéanfadh fear as Rinn na Feirste. Ba é sin an chéad uair a chuala mé cainteoir dúchais as Tír Eoghain ag caint. Agus ba bhreá amach an Ghaeilge agus an seanchas a bhí aige.’ Mhínigh Mag Uidhir: ‘Sin fear anois as Binn an Phréacháin,’ arsa an sagart. ‘Tá sé fán dúiche seo le fiche bliain. Scoith saoir atá ann, agus tá lámh ar gach aon rud aige... Tá a sháith d’ainm air, Tarlach Ó Néill,’ arsa an sagart. ‘Ach níor tugadh aon ainm fá na bailte seo air leis na blianta ach an Gobán’ (Máire, 1981: 6).

Thig linn an duine a bhíodh ann go fíor, Tarlach Ó Néill, a aimsiú sa daonáireamh agus i mBiúró na Staire Míleata agus is suimiúil ar fad a shaol agus a thábhacht don anailís chomh maith. Ina ainneoin seo, ba dhócha gur bhain Máire úsáid as díolúine ealaíontóra leis an Ghobán a úsáid mar aircitíopa nó neach neamhchoilínithe ag cur is ag cúiteamh faoi fhimíneacht na mboc mór. Feidhmíonn an Gobán mar charachtar a chuireann friotal ar smaointe an údair agus a thugann teannas drámatúil don scéal. Rinne Ó Ceallaigh trácht ar an Ghobán nó ‘Torry’ Ó Néill fosta agus an ról lárnach a bhí aige i gcúrsaí cultúir agus polaitíochta an cheantair (Ó Ceallaigh, 1968: 30–1). Ach níl fianaise ann gur ón Ghaeltacht a tháinig Ó Néill, áfach. Ba cheart cuimhneamh air gur thacaigh Ó Grianna go fóill leis an Pháirtí Pharlaiminteach ag tús an chogaidh agus tagann an Gobán chun tosaigh mar fháidheadóir míre nó figiúr ar imeall na sochaí a nochtann an fhírinne mhíchompordach, a thugann rabhaidh nó a dhéanann tairngreacht ar thodhchaí shuaite. Mar shampla, nuair a bhriseann an Cogadh amach tarlaíonn comhrá tábhachtach idir an Gobán agus Máire:

Sasain, nach í is cúis de? Nach ar chogadh san Eoraip atá sí beo? Sin an saol atá i ndán d’Impireacht na Sasana, go dtí an lá a bheas síocháin san Eoraip...Ó, dá hainneoin riamh a chuaigh Sasain chun cogaidh. Ní raibh neart aici air. Sin an chinníúint chruaidh a bhí i ndán di. An solas a lasadh sa dorchadas. Treabha garbha fiáine a thabhairt chun creidimh. Ach ní

raibh neart ar sin aici. Ní raibh sa mhaoín ach taisme. Chan ar mhaithe le maoin ná saibhreas a tháinig sé go hÉirinn, nó a chuaigh sé chun na hIndia nó na hÉigipte. Ní hea ar chor ar bith ach de gheall ar Dhia... rinne tíortha láidre eile slad is creach ar an laige amanna,' ... 'ach níor thug aon cheann acu iarraidh a chur i gcéill ach Sasain gur ag comhlíonadh aitheanta Dé a bhí siad... Agus an chuid is measa de, an dóigh ar éirigh léi a chur in iúl don mhuintir a chuir sé faoi smacht gur lena leas a bhí sí'... agus tá siad chomh truaillithe sin ag an daorsmacht is go síleann siad gurb í Sasain réalt eolais an domhain. Nach millteanach an mearadh atá ar mhac Gaeil ar bith a bhfuil an dearcadh sin aige?'... 'is é mo chreideamhsa, má tá ionadaí ar bith ar an tsaol ag an diabhal (agus tá) gurb é impireacht na Sasana é. (SC, 71–2)

Líon an taoide, 1906–16

Tá meon an díchoilínithe le feiceáil go rílér sa tsíochtuas. Is tábhachtach le haithint, áfach, nach mbíodh achan duine sa Chonradh d'aon ghuth leis an Ghobán ná le Máire maidir le nádúr na gluaiseachta. Ach, ní mór bogadh ó leibhéal sonracha go dtí an choitiantacht agus léiríonn torthaí an taighde seo gur chloígh cosmhuintir an Chonartha leis an mheon díchoilínithe seo. Leoga, cé gur thacaigh sé féin leis an bhunreachtúlachas go dtí 1916, bhíodh an meon úd le braistint go soiléir i Mag Uidhir féin. Mhínigh Ó Ceallaigh clú an tsagairt i ndiaidh 1906 nuair a shroich sé Cill Scíre: 'Bhí sé ina scéal reatha go raibh suim aige in athbheochan na Gaeilge agus go raibh claonadh aige do ghluaiseacht Shinn Féin. Níor thúsce tagtha é ná gur léiríodh do na paróistigh gurbh fhíor an tuairisc maidir lena shuim sa Ghaeilge.' Láithreach bonn, chuir Mag Uidhir lasair sa bharrach ó thaobh na hAthbheochana de. Cláraíodh 230 buachaill agus 180 cailín sna scoileanna agus eagraíodh scoileanna oíche do dhaoine fásta. Fá 1909, níor chreid Peadar Ó hAnnracháin (1873–1965) an t-amharc a bhí os a chomhar nuair a thug sé féin agus Sean Ó Muirthile (1881–1941) cuairt ar an pharóiste mar '*we spoke scarcely any Béarla.*' (*Sinn Féin*, 23 Meán Fómhair, 1909).

De réir an daonáirimh 1911, bhíodh 209 cainteoir Gaeilge (30% de Chaitlicigh) i gceantar toghcháin Chill Scíre. Leoga, spreag Mag Uidhir leanaí Protastúnacha (arbh iad trian den daonra) an Ghaeilge a fhoghlaim chomh maith. Bhí cur chuige praiticiúil aige fosta agus cheangail sé an athbheochan le tionscal áitiúil. Thug sé isteach ranganna eacnamaíochta tí do chailíní agus gairneoireacht fosta. Chomh maith leis seo, chuir Mag Uidhir an saol cultúrtha agus sóisialta chun cinn. Ghlac 3,000 páirt i bhFeis nó Aeraíocht Chill Scíre in 1907. Thiteadh sé amach achan bhliain ar chnoc mór taobh amuigh de Thrí Liag. Scríobh Ó Ceallaigh gur 'thug beirt Chorcaíoch, Peadar Ó hAnnracháin is Seán Ó Muirthile turas ó thuaidh sa Samhradh 1909, agus chaith siad seachtain ag cuartaíocht ar na ranganna (Ó Ceallaigh, 1968: 85–6). Bhí bain ag Ó hAnnracháin le Sinn Féin. Ansin, chuaigh sé leis na hÓglaigh agus chaith an tréimhse ó Bhealtaine 1916 go dtí Márta 1919 i ngéibheann idir Éire agus Sasana. Rachadh Ó Muirthile ar aghaidh le páirt lárnach a ghlacadh i gCogadh na nDúchrónach agus chríochnódh sé mar rúnaí ar Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (BPÉ) lena linn.

Roimh an réabhlóid, bhíodh an grúpa Gaeilgeoirí Mumhan ríthábhachtach i ngréasán nua-fhíniúeach a bhíodh lonnaithe i gCraobh an Chéitinnigh agus Cathal Brugha (1874–1922) mar cheannaire air. Chruinnigh an grúpa seo le chéile cóngarach do shiopa tobacáic Thomáis Uí Chléirigh. Bhíodh an Cléireach (1858–1916) agus Seán Mac Diarmada (1883–1916) ina mbaill den chraobh agus bhain Brugha úsáid as a phost mar mhodh earcaíochta fud fad na Mumhan. Mar shampla, chuir sé Aibhistin de Staic (1879–1929), iarchaptaen na caide ar Chiarraí, faoi mhóid. D’aithin Ó Muirthile scoilt sa Chonradh agus i gCumann Lúthchleas Gael (CLG) mar aon idir náisiúnaithe arbh mhian leo Éire Ghaelach agus poblachtaigh arbh mhian leo Éire shaor Ghaelach (Murphy: 1991, 39). Tháinig an faicsean réabhlóideach seo, lonnaithe ar Chearnóg Parnell, i gceannas ar BPÉ. Cé gur fhág Brugha agus de Staic i ndiaidh Éirí Amach na Cásca, chinntigh baill eile Chraobh an Chéitinnigh amhail Micheal Ó Coileán go mbeadh smacht ag an Bhráithreachas ar APÉ agus ról lárnach i ngluaiseacht na saoirse aige chomh maith.

Nuair a léitear na foinsí ina n-iomláine, tagann an poblachtachas amach mar thraidisiún frithsheicteach agus saoirse iomlán ón Bhreatain agus óna himpireacht nó flaitheas mhuintir na hÉireann mar an síorchuspóir aige. I dTír Eoghain, tionscadal díchoilínithe a bhíodh i gceist fosta agus thuigtí tábhacht athghabháil na teanga dá bhrí sin. Ghlac an náisiúnachas bunreachtúil leis an tseicteachas, thacaigh leis an Bhreatain sa Chogadh Mhór agus áit ag ardtábla na hImpireachta mar an chloch ba mhó ar a phaidrín. Tá géarghá le cur chuige dialachtaiciúil chun na claontaí seo i stair na tíre a thuigbheáil, seachas déscaradh. Ritheadh na claontaí seo tríd an stair mar speictream leanúnach agus daoine ar leith, grúpaí agus pobail ag bogadh siar agus aniar air de réir na gcúinsí.

Bhí meon an díchoilínithe seo agus tuigbheáil na ndaoine ar an Athbheochan le feiceáil go soiléir i gcuntas a d’fhág Ó hAnnracháin ar Aeraíocht Chill Scíre sa bhliain 1909.

Chruinnigh na Gaedhil i bhfochair a chéile ó chiannibh agus shuidheadar ar an bhfraoch mbog mothallach. Thosnaigh duine aca ar cheol a chanadh; ba ghearr gur thosnaigh beirt nó triúr eile ar bheith páirteach sa cheol. Níorbh fhada go raibh an ceol ‘na amhrán, agus an t-amhrán agus an ceol snaidhmthe go deas le chéile agus buidhean mhaith daoine a chanadh ar cómh-ghuth. Thosnuigh na daoine ar dhruideamhaint a leith fá dhéin áit an cheoil... Thug Inghean Uí Oisín amhrán uaithe, agus shaoilfeá gur sidh-bhean cheolmhar éigin do bhí ag tabhairt comhairle do chlannaibh Gaedheal í, agus í ‘na seasamh annsan ar thurtóigin fraoich (1937: 37)

Agus gnó an lae déanta, thug Mag Uidhir óráid a léirigh éifeacht a mhisnigh ar an phobal.

B’é déire na hóráide gur gheall cuid mhaith aca-san a bhí ag éisteacht agus ná raibh aon Ghaedhilg aca, go ndéanfaidís a ndícheall ar í fhoghlaim ón lá san amach. Annsan thug na daoine do bhí ann go raibh Gaedhilg aca geallamhaint do-scaoilte ná labharfaidís Béarla go bráth arís le chéile na le haoinne eile a thuigfeadh Gaedhilg uatha. Le linn na ngeallamhna

san do thabhairt bhí a lámha sínte fé dhein na spéire aca mar chomhartha onóra don obair do bhí ar siubhal aca. Ghealladar, leis, do bheith fíor-Ghaedhealach i ngach cuma eile agus a ndícheall do dhéanamh ar feadh a saoghail chun ceasnaí na hÉireann do réidhteach, agus namhaid na hÉireann do bhascadh (*ibid.* 38)

Mar a thugann Timothy McMahon faoi deara, tá tuilleadh mínithe ag teastáil ó thábhacht mhéadaitheach Athbheochan na Gaeilge taobh istigh den náisiúnachas (2008: 2014–5). Tugann foinsí nua, go háirithe an dá chuntas dírbheathaisnéise, léargas níos doimhne anseo. Dhiúltaigh cuid iarrachtaí Mhig Uidhir eisiachas Caitliceach agus chothaigh sé iomaíocht idir an dá pharóiste (Droim Mór agus Cill Scíre) don teideal ‘*most Irish parish*’ sa ‘Tuaisceart Dubh’ (*An Claidheamh Soluis*, 21 Iúil, 1906; 29 Meán Fómhair, 1906.) I ndiaidh dó bogadh go Cill Scíre in 1906, d’fhostaigh sé cainteoirí dúchais Gaeilge mar mhúinteoirí i Scoileanna Náisiúnta áitiúla. Mar a mhínigh sé do Mháire: ‘Dá bhfaighinn saol fada go leor. Ní bheadh aon mhúinteoir i mo pharóiste ach múinteoirí as an Ghaeltacht.’ (Máire, 1981: 61).

Faoi 1908, thuiriscigh Sinn Féin go raibh 1,000 sa pharóiste cláraithe le Conradh na Gaeilge (*Sinn Féin*, 18 Eanáir, 1908.) Tháinig méadú faoi dheich ar chainteoirí Gaeilge i gCill Scíre idir daonáireamh 1901 agus 1911 (Aguisín 1). Chuir Mag Uidhir tionscail chomharchumainn agus feabhsú tuaithe chun cinn fosta. Tá iomlán an chirt ag McMahon agus é ag maíomh: ‘*if Gaelic was “the soul” of his work, its flesh and bone were lace, whitewashed walls, and well-tended gardens*’ (2008: 153). Ach d’fhan Protastúnaigh ar shiúl ón Athbheochan den chuid is mó – níor mhaígh ach ceathrar neamh-Chaitliceach go raibh eolas acu ar an Ghaeilge in 1911. Ba chinnte go bhfuair cuid acu, amhail daltaí scoil náisiúnta Ros Gearr, faoi stiúir Mháire, blaiseadh, leoga leag Ó Grianna béim ar chaoimhfulaingt agus ar fhrithsheicteachas Mhig Uidhir (1981: 67). Ina theannta sin, bhíodh na mná i dtús cadhnaíochta san Athbheochan agus sa réabhlóid. Thacaigh Alice Milligan (1865–1953), an file poblachtach as an Omaigh, leis an ghluaiseacht áitiúil agus mhol ranganna oíche an Chonartha le linn a cuairte in 1910 as ‘cultúr agus solas’ a thabhairt do chailíní na tuaithe (Milligan Fox, 1910: 24–8). Bhí na ranganna seo ina gcatalaíoch freisin do shlógadh polaitiúil na mban. Léiríonn daonáireamh 1911 gur mhná óga ó theaghlaigh na hAthbheochana iad baill Chumann na mBan den chuid is mó, agus iad gaolta go minic leis na hÓglaigh san APÉ.

Bhí an Athbheochan fite fuaite le meon frithchoilíneach, mar sin de. Chuir Poblachtánaigh ar nós an Gobáin in aghaidh riail na Breataine roimh an chogadh, ag tabhairt ‘ionadaí an diabhair’ uirthi. Faoi 1915, thit Conradh na Gaeilge agus Óglaigh na hÉireann faoi thionchar an BPÉ agus thiocfadh frith-impiriúlachas Phádraig Mhic Piarais chun tosaigh mar dúshraith idé-eolaíoch ar an réabhlóid le teacht. Agus é ag ullmhú don Aeraíocht Mhór in 1914, chuir Máire síos ar an cheangal idir an béaloideas réamhchoilíneach agus an tioscadal nua-díchoilínithe agus é i gcomhrá leis an Ghobán:

Mhair mé féin rith seachtaine ag obair ar mo dhícheall fá choinne na Feise. Casadh an Goban cupla uair orm agus dar liom go raibh uchtach aige fosta. Caithfidh mé a aidmheáil anois go

gcuireadh sé cineál de dhraíocht orm nár chuir aon duine eile riamh roimhe orm. Oíche acu seo thug sé leis siar mé go dtí an t-am a raibh Clanna Néill i dtreis i dTír Eoghain. Thiocfadh leis an draíocht sin a chur orm agus é creidte agam san chéanna go raibh sé ar meisce, agus boc mearaidh air lena chois sin. Bhi lúcháir orm gur i dTír Eoghain a bhí mé. B'fhearr liom Tír Eoghain an oíche seo na Tír Chonaill. Chonacthas domh gur mhó agus gurbh uaisle agus gurbh éifeachtaí Niallaigh Thír Eoghain na Dálaigh Thír Chonaill. Ní lá Feise Chill Scíre a bhí ag tarraingt orm ar chor ar bith ach lá oirirc an Átha Buí, nó lá bródúil na Binne Boirbe. (1981: 74)

In ainneoin na n-iarrachtaí a rinne Mag Uidhir le Protastúnaigh a mhealladh, áfach, scríobh Ó Ceallaigh nár 'thóg Protastúnach páirt i gcomórtais na feise sin ná in aon fheis ó shin i gCill Scíre' (1968: 83). Bhíodh saol ciúin go leor idir an dá phobal agus d'inis Mag Uidhir do Mháire: 'Daoine lácha an t-íomlán acu mar a dúirt an bhean a bhí ag déanamh moladh mairbh ar fhear a bhí achrannach i dtús an shaoil' (1981: 67). Ach tháinig nimh sa scéal nuair a síníodh Cúnant Uladh i Meán Fómhair 1912, agus nuair a thaobhaigh corrfhear de na Protastúnaigh le hÓglaigh Uladh in Eanáir 1913. Cé gur fhreastail roinnt Protastúnach ar ranganna oíche, spreag Sinn Féin agus ansin teacht chun cinn APÉ naimhdeas dílseach, agus ghabh nó dhíbir na Speisialtaigh múinteoirí Gaeilge sa deireadh, fiú gur dhóigh siad Scoil Ros Scór. (O'Daly, 1955). Chuir Ó Ceallaigh síos go mion agus maith ar an mheon choilíneach idir plandóir agus dúchasach le linn tréimshe na réabhlóide:

Ní amháin gurbh í aidhm na dtreoraithe [aontachtacha] seasamh i gcoinne a bheith ina mionlach Protastúnach i bparlaimint ar bith in Éirinn ach is léir gurbh í sin aidhm gach ball de na lóistí Oráisteacha. Má bhí fuil na Niallach agus na nDónallach go tréan i measc na nÓglach is cinnte go raibh fuil na bPlandálaithe agus 'Prentice Boys' i Léagar Dhoire go tréan i measc na 'B-men'. (1968: 106)

Mar gheall ar Óglaigh Uladh, chinn BPÉ tús a chur lena nÓglaigh féin i Samhain 1913. Bhí an chontrárthacht idir an poblachtachas agus náisiúnachas bunreachtúil le feiceáil go soiléir i gCill Scíre. Roimh i bhfad, tháinig fás ar líon na nÓglach sa cheantar. Fán Chéad Chogadh Domhanda, ba chosúil go raibh an dá dhream i bpíobán a chéile go dtí gur mhol Seán Réamann go rachadh Óglaigh na hÉireann i gcabhair ar Shasana. Thug Máire cuntas ar bhuaireamh Mhig Uidhir 'go dtiocfaidh easaontas sna hÓglaigh' roimh an Aeraíocht in 1914: 'tá an tír scoilte agus sin an eagla a bhí orm. Rachaidh cuid de na hÓglaigh le Redmond agus rachaidh cuid ina éadan.' (1981: 73-4) Tá cuimhní Mháire ar an eachtra cruinn go leor de réir na cartlainne (*Ulster Herald*, 15 Lúnasa, 1914). Thug Úna Ní Fhaircheallaigh agus Tiarna Ashbourne óráidí a mhol polasaí Réamainn:

Bhí cainteoirí as baile isteach ansin agus iad ina suí ar an ardán. Tharla go raibh siad ar aon intinn le Redmond, agus níor cheil siad a mbarúil ar an phobal ach oiread. Fear amháin go

raibh eolas aige féin ar Alsace-Lorraine, agus gur dhíbir na Gearmánaigh an Fhraincis as an dúiche sin nuair a chuir siad smacht uirthi dhaichead bliain roimhe sin. Agus go ndéanfadh siad an cleas céanna leis an Ghaeilge dá dtigeadh siad go hÉirinn. Dúirt an dara fear [bean] go raibh ár saoirse ag brath ar shaoirse na Sasana. *'We sink or swim with England,'* ar seisean, *'and the man who preaches the contrary doctrine is a fool.'* San am seo amharcaim féin thart agus tím an Goban ina rith síos taobh na malacha an méid a bhí ina chnámha, mar bheadh fear ann a mbeadh eagla air go raibh aicid thógalach ar an tslua agus dá bhfanadh sé ina gcuideachta gurbh é an bas a bhí i ndán dó (*ibid.* 75)

Sa deireadh, thaobhaigh an sagart le Réamann agus nuair a ghlac na poblachtaigh seilbh ar Chonradh na Gaeilge an bhliain dár gcionn, cáineadh Mag Uidhir agus an bheirt eile a labhair ag Feis Chill Scíre:

Bhí daoine...trom ar an Athair Maitiú...Ach caithfidh mé a cheart a thabhairt don Athair Maitiú. Ní raibh rud ar bith ar a intinn san am ach aontacht Gael. Agus b'fhearr a thuig sé feall na Sasana ná cuid dá bhfuair locht air ina dhiaidh sin. (*ibid*)

Níor aontaigh cuid mhaith dá phobal féin le cinneadh an tsagairt, áfach. Scríobh Ó Ceallaigh nár 'aontaigh Eoin Mac Néill, an Piarsach ná a gcairde le hachainí seo an Réamannaigh agus tharla deighilt sna hÓglaigh. Ba leis an bPiarsach a thaobhaigh fir óga Chill Scíre' (1968: 98).

Chuir Máire síos ar dhearcadh an Ghobáin i bPasáiste fada arbh fhiú spás a thabhairt dó

Agus ní raibh aon fhear againn i Sasain a d'éireodh agus a déarfadh cupla focal a bhí ar shlí a ráite. Ní raibh le rá ach aon fhocal amháin – Éire – agus an focal sin ag scairtigh ionsar Dhia ag iarraidh díoltais... Bhi mé ag an Fheis tá cupla seachtain ó shin,' ar seisean, 'agus b'éigean domh imeacht. Ní thiocfadh le mo chuid fola a sheasamh. Fear amháin ag inse dúinn go gcuirfeadh na Gearmánaigh deireadh leis an Ghaeilge in Éirinn dá bhfaigheadh siad treis. É a rá sin i mBéarla i dTír Eoghain, cionn is nach dtuigfí i nGaeilge é, ar an ábhar gur mharbh Sasain í. Agus ansin an fear [bean] eile: *'We sink or swim with England!'* D'éirigh sé ina sheasamh agus tháinig scion faobhrach ina shúile, 'Agus,' ar seisean, 'nach dtig linn a theacht ar an tsnámh choíche go dté Impireacht na Sasana go tóin, sin lomchnámh na firinne. Ní thig leis an impireacht mairstean gan Éirinn. Agus beimid faoi chrann smola fad is bheas treis aici. Ní bheidh suaimhneas na síocháin choíche againn fad is mhairfeas Impireacht na Sasana. Ní bheadh sin againn dá ngéillimis di go huile agus go hiomlán mar a rinne Albain. Nó beidh an impireacht ag troid fad is mhairfeas sí. Caithfidh sí troid. Níl an dara dóigh aici le mairstean. Ar throid atá sí beo. (1981: 78)

Caipín na toinne, 1916–20

Chuir Éirí Amach na Cásca 1916 dlús leis an athrú i dTír Eoghain ón náisiúnachas bunreachtúil go dtí an poblachtachas. Mhaígh Ó Ceallaigh: ‘nuair a tharla an Éirí (sic) Amach in 1916 bhí tuairimí éagsúla ag an bpobal i gCill Scíre faoi, ní nach ionadh, ach is cinnte gurbh é a thoradh i measc lucht Chonradh na Gaeilge ann ná treiseacht i ndúthracht athbheochan na teanga’ (1968: 98).

Tharraing plean críochdheighilte Lloyd George, a chuir sé chontae Uladh as an áireamh ó Rialtas Dúchais, freasúra fíochmhar áitiúil. Cháin an tAthair Mag Uidhir uachtarán na nIbeirneach ‘*juggler Joe*’ Devlin as contaetha a ghéilleadh d’Óglaigh Uladh, agus thug ‘*abomination and a blasphemy*’ ar an chríochdheighilt (*Strabane Chronicle*, 15 Iúil, 1916). Bhíodh Cumann Luthchleas Gael ina phríomhfheithicil leis an ghluaiseacht a tháinig amach as 1916. Tháinig méadú ar chumainn Thír Eoghain go dtí 16 i ndiaidh 1916, lena n-áirítear foirne comórtha ar nós Chill Scíre Mhic Dhonnchadha. D’fheidhmigh cluichí mar mhodh thiomsaithe airgid polaitiúla do theaghlaigh na bpríosúnach, agus ba é an Comórtas Náisiúnta Cúnaimh príomhócáid spóirt an chontae. Bhain daoine de chuid BPÉ ar nós Eoin Ó Dufaigh tairbhe as líonra CLG (McGarry, 2005: 37). Ina theannta sin, chothaigh Conradh na Gaeilge – faoi stiúr Peadar Ó Donnghaile – athbheochan chultúrtha níos leithne. Mar sin, bhí Cill Scíre ina luath-lárionad poblachtach as siocair gurbh í leaba síolta don díchoilíniú roimh an réabhlóid féin. Ag Aeridheacht 1917, rinne an tAthair Mag Uidhir tairngreacht ar athbheochan náisiúnta faoin trídthathach. Bhí ranganna Gaeilge á múineadh ag radacaigh áitiúla ar nós Pádraig Ó Ceallaigh, stiúrthóir traenála an IRA ina dhiaidh sin, agus a dheartháir, an t-údar Eoghan, ceannfort ar an Bhriogáid amach anseo. Imtheorannaíodh an bheirt beirt acu in 1922.

Idir an Bille um Rialtais Dúchais agus Olltoghchán 1918, tháinig athrú radacach ar náisiúnachas na hÉireann. Mar a luaigh Ó Ceallaigh, bhí mionlach poblachtach i ndiaidh dúshlán a thabhairt don ghluaiseacht Ibeirneach (a thacaigh leis an Pháirtí Parlaiminteach) le fada an lá, rud a spreag faicseanaíocht áitiúil. (Ó Ceallaigh, 1969: 90–2). Fiú roimh Ghéarchéim Uladh, bhíodh gluaiseacht na Gaeilge ní ba dhinimiciúla ná na hIbeirneach i dTrí Liag agus Cill Scíre cibé. I ndiaidh 1916:

Leanadh do ghluaiseacht na Gaeilge agus gineadh sprid úrnua san obair tar éis Éirí Amach 1916. Bhí eolas sách maith ar an teanga ag an muintir i gceantracha na ranganna, cuid acu sármaith sa chomhrá agus triúr fear Liam Gráinséir, Pádraig Mac Giolla Coiligh agus Séamas Ó Ceallaigh (deartháir le Jack Oin) oilte go leor chun ranganna agus céilithe a stiúradh agus rúnaíocht aeríochtanna a thabhairt orthu féin sa tslí nár ghá don Athair Maitiú aon mhúinteoirí ón taobh amuigh a cheapadh ón uair sin amach. (1968: 89)

Bhíodh an dream seo mar dhúshraith na réabhlóide áitiúla: ‘Ní raibh cláraithe sa chumann [SF] ar dtús ach na fir óga a bhí páirteach i gConradh na Gaeilge ach méadaíodh ar an mballraíocht ar ball.’ (*ibid.* 98) Ní raibh Sinn Féin aontaithe, áfach. Thug coimeádaithe ar nós Kevin O’Shiel faoi deara go raibh poblachtánaigh óga – go háirithe mná – míshásta le

smacht na ‘bpolaitoírí damánta,’ mar é féin. Tháinig na deighiltí inmheánacha seo chun críche i ndiaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh, nuair a thug Ceannfort APÉ i dTír Eoghain Cormac Ó Dálaigh faoi deara go raibh ‘na hÓglaigh agus líon mór na ndaoine’ in éadan an Chonartha, murab ionann agus an chléir agus na ‘seanpholaitoírí’ (Cormac [Charlie Daly] chuig Ellen Daly, 28 Eanáir, 1922, Kerry County Archive (KCA), CD, P41/2/1/7.)

Tugann Ó Ceallaigh cuntas fairsing ar an dlúthbhaint idir an Athbheochan, an réabhlóid agus ról lárnach an Ghobáin iontu:

Músclaíodh suim ina aigne i gcúrsaí Sinn Féin, áfach, tar éis Éirí amach 1916 agus i gcúrsaí na nÓglach ón uair sin amach. B’ionad cruinnithe a theach d’fhir óga an bhaile a bhí páirteach sa ghluaiseacht náisiúnta ó tharla é a bheith istigh ón mbóthar, agus i bpáirc leis a bhíodh na hÓglaigh ag druileáil...Ba shéimh tanaí an duine é Torry, é lúfar mear, léim mhaith aige agus ba iontach mar a dhamhsaíodh sé an ríl singil... bhí léann maith scoile air agus an-suim aige i gcúrsaí dlí agus níorbh ionadh é nuair a ceapadh é ina bhreitheamh dúiche áitiúil i gCúirteanna na Poblachta. Go déanach oíche áirithe i ndeireadh an Earraigh, 1922, tháinig díorma póilíní armtha chun Torry a ghabháil ach bhí mo dhuine ar a fhaichill agus shleamhnuigh sé amach tríd an doras iata agus d’éalaigh faoin dorcadhas thar teorainn amach...Tá Pat agus Torry faoin bhfód leis na blianta, an teach ina fhothrach agus an fheirm ag an gCeallach, comharsa bhéal dorais leo. (1968: 30– 1)

Theip ar réabhlóid Shinn Féin i dTír Eoghain agus go náisiúnta sa deireadh. Luasc dílseacht an phobail náisiúnaigh áitiúil idir bunreachtúlachas na meánaicme Caitlicí agus an poblachtachas radacach fréamhaithe i bhfrith-impiriúlachas agus athbheochan chultúrtha. Mar sin féin, chlógigh grúpa dígeanta diongbháilte le meon an díchoilínithe le linn an ama – cé gur cloíodh iad sa chath. Chuir an dearcadh seo, a léirítear i gcuntais Ghaeilge Uí Cheallaigh agus Mháire, béim ar an tsuáilce shibhialta, ar dheonachas agus ar fhrithsheicteachas. Ag diúltú don impiriúlachas agus ag glacadh le comhionannas dúchasach, shamhlaigh siad náisiún saor ina raibh Sean-Éire agus Éire Óg réitithe – fíis a cuireadh in iúl i dtéarmaí an-idéalach. Rinne Liam Ó Flaithearta cur síos ar an ‘spiorad nua’ útóipeach seo, nó an chaint fhiáin faoin tsochaí Chumannach Ghaelach – saor ó bhochtaineacht agus ón choimhlint – a thioctadh chun cinn nuair a bhainfí neamhspleáchas amach ag Comhdháil na Síochana i bPáras. (Mitchell, 1995: 43).

Níl amhras ann gur thiomáin claonadh díchoilíneach na hAthbheochana an réabhlóid i dTír Eoghain. Mar a mhaígh Ó Ceallaigh: ‘Is gnáth in athbheochan den saghas seo i ngach tír go dtiocfadh treoraí chun tosaigh a mbeadh na suáilcí aige a theastódh ó fheachtas náisiúnta. Ba é an fear seo Pádraig Mac Piarais’ (1968: 95). Cloistear macalla na smaointe seo i bhfealsúnacht Mháire a roghnaigh an Gobán mar fháidheadóir míre ag tús an scéil ach a thagann ar an tátal seo agus ré na réabhlóide caite aige. Arís eile, is fiú trácht iomlán a dhéanamh air seo go léir mar gheall ar an chomhrá a rinne sé leis an fhear eile (is dócha Peadar

Ó Domhnaill) agus ról an tsóisialachais in idé-eolaíocht na réabhlóide. Níorbh é nach raibh léamh aicmeach ag cosmhuintir na hathbheochana agus na réabhlóide ach gur shíl siad go réiteofaí na contrárthachtaí seo agus flaitheas mhuintir na hÉireann bainte amach ar dtús acu.

Chonacthas domh féin, agus tithear domh go fóill, go raibh an soiscéal iomlán ag Pádraig Mac Piarais. D'fhág sé an soiscéal sin againn ina chuid scríbhinní, Agus theann sé isteach i mbeagán focal é ar uaigh Dhiarmada Uí Dhonnabháin Rosa. Ni raibh aige ach ciall amháin le saoirse, Chuirfeadh an tsaoirse sin Sean-Éire agus Eire Óg in aithne dá chéile. Agus ní bheadh i ngnioithe talaimh na trachtála na oibre ach rudaí a bheadh ar shlí a réitithe nuair a bheadh na glais scaoilte.

Bhinn féin agus fear a raibh aithne agam air ag díospóireacht nuair a chastaí ar a chéile sinn. Eisean ag rá gur bhain Sasain an talamh agus a ngléas beatha de mhuintir na hÉireann, agus nach raibh dóigh ar bith le ceart a bhaint de Shasain ach seilbh a fáil ar ais orthu. Agus mise ag rá nárbh fhéidir sin a dhéanamh a fhad is mhairfeadh Sasain ag déanamh dlí dúinn, Is minic a bhíomar searbh go leor le chéile sa tseanchas. Dúirt mise leis lá amháin nach raibh ciall ar bith aige do náisiúntacht ach an méid Bídh is dí a bhi le fáil dá thairbhe. “Troisc thusa cupla lá,’ ar seisean, ‘agus ní bheidh mórán aird agat ar Lon Leitreach Laoi ná ar Fhia Droma Deirg ná ar Thonn Rúraí ag buain le tráigh.’ (1981: 166–7)

Taoide trá, 1920–4

Chreid poblachtánaigh áitiúla, go soineanta mar a tharla, go dtiocfadh neamhspleáchas mar gheall ar a gcás morálta, daonlathach amháin. Chuir stát na Breataine Dáil Éireann faoi chois agus cosc ar an ollghluaiseacht dhaonlathach go náisiúnta agus go háitiúil. Cuireadh deireadh le ranganna Chonradh na Gaeilge agus damhsaí céilí, rud a chuir iallach ar Óglaigh na hÉireann traenáil a dhéanamh faoi rún ag Tarlach Ó Néill agus Annie Maria Farry's (Srath na gCúmair, Trillick). Nuair a cuireadh tús leis na 'Speisialtaigh' in 1920, chuir siad géarleanúint leanúnach ar bun in éadan an phobail náisiúnaigh agus na Gaeilge. Chuir Ó Ceallaigh síos ar chomh héifeachtach is bródúil is a bhíodh siad:

Bheadh in scéal dona go leor dá mba shaighdiúirí Shasana nó baill de na póilíní a bheadh san airdeall ach ba sheacht measa é ag comharsana. Tharlódh go mbeadh Caitliceach agus . B-man, ag obair as lámha a chéile i rith an lae agus go stopfadh an 'B-man' céanna an Caitliceach agus é ar a bhéalach abhaile ó bheith ag céilíocht i dteach comharsan oíche an lae chéanna... Bhí Protastúnaigh ann, gan amhras, nár réitigh leis an obair seo ach ba leasc leo cur ina coinne mar bhí a fhios acu nach dtabharfaí aird orthu. (1968: 102)

Le linn na réabhlóide, ceapadh Peadar Bocht Ó Donnghaile as an Droim Mór mar thimire an Chonartha agus chuir dlús ceart leis an Chonradh. In Aibreán 1921, rinne na hÓglaigh ionsaí ar Bheairic Droim Mhóir.

I lár oíche go dlúth ina dhiaidh chruinnigh slua fear armtha sa sráidbhaile agus thug siad triúr fear óg Caitliceach, Ó Dochartaigh, Ó Duibhín agus Ó Sléibhín, amach óna dtithe cónaithe agus thug siad go crosbhóthar tamall soir ón sráidbhaile iad mar a lámhachadh an triúr. Chuir marú míthrócaireach an triúir seo uamhan ar an bpobal go mór mór mar níorbh eol gurbh Óglaigh iad. (*ibid*, 105)

Scríobh Peadar Bocht ina dhialann thimire: ‘Dúnmharaíodh go brúidiúil mo bheirt chol ceathrar aréir. Níl mé ábalta faic a dhéanamh ó shin nó níl a fhios agam cathain a bheas mé. Mise an chéad duine a fuair coirp na triúir’ (7 Aibreán, 1921). Oifigeach faisnéise na nÓglach a bhíodh i bPeadar fosta, agus ghabh na péas é tamall i ndiaidh sin (*Ulster Herald*, 9 Iúil, 1921) agus, níos faide anonn, imtheorannaíodh é in 1922.

Fán am seo bhí sé ina chogadh dearg idir na hÓglaigh agus na Speisialtaigh i dTír Eoghain agus an lámh in uachtar ag na Fir Bhuí le linn an ama. Rinne an t-imtheorannú scrios ar na hÓglaigh agus gluaiseacht na Gaeilge mar aon:

Deichniúr fear ó Chill Scíre a bhí ann agus cúig dhuine dhéag ó na trí pharóiste timpeall. Ba Ghaeilgeoirí a dtromlach ó Chill Scíre agus ghoill a ngabháil go mór ar an Athair Maitiú. ‘My birds are flown’ a deireadh sé agus a fhios aige gur bheag seans a bhí ann ar na ranganna Gaeilge a athbhunú. Bhí muinín aige, áfach, as Coimisiún na Teorann a bhí le bunú agus muinín as chomh maith ag na Náisiúnaithe i dTír Eoghain agus i bhFir Mhanach ach go háirithe. (Ó Ceallaigh, 1968: 113)

In ainneoin dhóchas an tsagairt, dhaingnigh an Conradh Angla-Éireannach an chríochdheighilt agus sop in áit na scuaibe a bhí i gcoimisiún na Teorann. Nuair a rinne na hÓglaigh iarracht, sa bhliain 1922, le cinntiú go mbeadh Tír Eoghain ar thaobh ‘ceart’ na teorann, tháinig na Speisialtaigh anuas go trom orthu:

Go dlúth i ndiaidh an ídithe seo bhrúigh drong fear armtha isteach sna ceantair seo i lár oíche, tugadh beirt Náisiúnaithe óna dtithe cónaithe amach agus lámhachadh iad. Lámhach drong armtha fear óg oíche i mbaile mór Cearna freisin agus tamall ina dhiaidh sin thug drong armtha eile buachaill faoi bhun fiche bliain amach í lár oíche ó oirthear an pharóiste agus tasc ná tuairisc air níor chualathas riamh ó shin. Thug dronga eile cuairt at thithe Náisiúnaithe i dTrí Liag agus amuigh faoin tuaithe agus b’fherr rith maith ná drochsheasamh don mhuintir iontu an uair sin. Thar imeall na Sé Chontae amach a d’imigh siad seo ar dhóigh leo gur bhaol dóibh fanacht-cuid acu nár fhill go ceann cúpla bliain agus fodhuine nár fhill riamh ó shin (*ibid*, 112).

Mharaigh na Speisialtaigh Proinsias Ó Ceallaigh agus Liam Ó Caiside nuair a scaoil na hÓglaigh feirmeoir Protastúnach de thaisme le linn ruathair. Le linn an tsamhraidh 1922, thug na Speisialtaigh faoi Thomás Seán Ó Gallchobhair, buachaill óg gan baint ar bith aige leis na hÓglaigh, chuir a chorp trí thine in áith aoil. Níor aimsíodh a chorp riamh. Gabhadh beirt mhúinteoirí, Proinsias Ó Gallchobhair (Príomhoide Scoil Náisiúnta Thrí Liag) agus Proinsias Ó Murchú (Príomhoide Scoil Náisiúnta Ghabhláin), agus cuireadh ar an long ghéibhinn *Argenta* i Loch Lao iad. Loisc na Speisialta Scoil Ros Gearr a bhí ina cnámh spairne acu riamh. Dhreap siad bratach na Breataine ar fhothrach dubh an tí. Mar a mhaígh Ó Ceallaigh

Bhí ar na Gaeilgeoirí éirí as na ranganna oíche, as céilithe, agus eile. Ba é deireadh an ré órga é ag muintir an pharóiste a bhí páirteach san obair, ré a lean gan sos óna thionscnamh ag an Athair Maitiú sa bhliain 1906. Ba chásmar an scéal aigesean é agus ghoill sé go mór air. Bhí deireadh freisin le rincí tuaithe agus leis an saol meidhreach ag an muintir a mbíodh sé de nós acu tamall den oíche a chaitheamh i gcuideachta a chéile ag bothántaíocht go ham luí (1968: 103).

Um chasadh an chéid, bhíodh Gaeil Thír Eoghain ag dúil le fáinne geal an lae is go dtiocfadh rath agus bláth ar theanga agus ar thír agus an athbheochan faoi lán seoil agus Rialtas Dúchas ar na bacáin. Ba léir nach raibh siad ach ag brionglóideach i nDúiche Uí Néill mar a bhí Máire féin agus é lonnaithe i gCill Scíre. Fá 1922, luigh mianta agus mórtas Mhig Uidhir faoi smionagar na scoile a thóg sé agus a líon sé le geabaireacht na Gaeilge. Rinne na dílseoirí cinnte de nach mbeadh spás ann don Ghaeilge in Ulaidh Phrotastúnach, tá cuid dá sliocht ag leanstan a lorg go fóill.

B'in deimhniú chríochdheighilt na hÉireann, cneá atá ag lot na tíre ó shin i leith...Ón lá sin go dtí an lá inniu tá dhá dhath ar gach léarscáil d'Éirinn agus go siúrálte is é dath dearg Shasana atá ar an limistéar thoir thuaidh den teorainn bhréagach (*ibid*, 109).

Conclúid

Tionscadal díchoilínithe a bhí in athbheochan na Gaeilge, dar le sciar suntasach de ghníomhaithe na teanga i gCill Scíre (1906–24). Níor cheart amhras ar bith a bheith ann gur ghluaiseacht dhíchoilínithe a bhíodh san athbheochan i gCill Scíre seachas gluaiseacht chultúrtha amháin. Léirítear go raibh athghabháil na teanga mar dhúshraith i dtógáil féiniúlachta náisiúnta frith-impiriúla inar chuir an tAthair Maitiú Mag Uidhir borradh agus struchtúr eagraithe faoin Ghaeilge: scoileanna oíche, múinteoirí Gaeltachta, feiseanna móra, ranganna eacnamaíochta tí agus gairneoireachta, agus nasc idir teanga agus forbairt shóisialta.

D'fhéadfaí a argóint fosta go raibh Poblachtachas i dTír Eoghain frithimpiriúil agus frithsheicteach agus é bunaithe ar chothrom na Féinne agus comhionannas. Tagann an t-ómós áitiúil ar fhís an Phiarsaigh agus léamh Mháire chun cinn go mór. Ghlactaí go forleathan leis an dearcadh go mbeadh athmhúscailt chultúrtha mar bhunús le hathrú sóisialta, agus go réiteofaí contrárthachtaí aicme i ndiaidh neamhspleáchais. Taispeántar an t-idéalachas láidir, go minic míréadúil, a spreag daoine óga le linn na réabhlóide. Leoga, seasann an staidéar seo amach mar stair ó bhun aníos a leagann béim ar ghuthanna nach gcloistear go minic i staidéir mhóra ar an réabhlóid iad. Seasann an Gobán/Tarlach Ó Néill mar eiseamláir den mheon choitianta réabhlóideach seo. Ní ghlacann an t-alt leis an bhraistint go raibh an athbheochan scartha ón réabhlóid nó go dtig leat an Ghaeilge a dhéanamh neamhpholaitiúil. Leoga, d'imir polaitiú tríd an teanga ról ríthábhachtach i bhforbairt na nÓglach go háitiúil. Léiríonn an taighde go raibh céatadán ard Gaeilgeoirí i measc Óglaigh Chill Scíre agus go raibh Gaeilge mar tháscaire gníomhaíochais phoblachtaigh i roinnt toghranna.

Ní léamh réaduchtach é seo, áfach. Leoga, léiríonn an fhianaise deighilt inmheánach shuntasach sa phobal náisiúnach idir an náisiúnachas bunreachtúil agus poblachtachas. Taispeántar an choimhlint idir Seán Réamann agus an tAthair Mag Uidhir (cé go raibh sé leonta luaineach lena thacaíocht), agus na poblachtaí óga, a thuig an Chéad Chogadh Domhanda mar choimhlint impiriúil. Tá léargas saibhir sna cuimhní cinn ar an teannas seo: tugann an Gobán guth don eitic phoblachtach agus don fhrith-impiriúlachas gan leithscéal. D'éascair sé seo amach as stair na hathbheochana áitiúla agus Droim Mór agus Cill Scíre mar ionaid luatha don phoblachtachas. Mhair nó d'fhorbair dlúthbhaint idir Conradh na Gaeilge, Cumann na mBan, CLG, agus APÉ. I bhfírinne, sheas Cill Scíre ina luath-lárionad poblachtach le líonra cultúrtha agus sóisialta an-ghníomhach sular tháinig an réabhlóid cheart.

Tháinig frithréabhlóid (1920–24) chun cinn mar scrios iomlán ar shaothar cultúrtha na mblianta 1906–1920. Níor éirigh leis an réabhlóid, go páirteach, mar gheall ar na scoilteanna inmheánacha sa ghluaiseacht féin ach, thar aon ní eile, theip uirthi mar gheall ar lámh láidir an stáit impiriúil agus a bhfórsaí coilíneacha in Éirinn nó i gcomhthéacs Thír Eoghain – sliocht na plandála. Ó 1920 ar aghaidh, d'fhulaing an tromlach áitiúil poblachtach foréigean, gabhálacha, loisceadh scoileanna, agus deireadh cuimsitheach le gluaiseachtaí cultúrtha, lena n-áirítear damhsaí, ranganna Gaeilge agus feiseanna. Taispeánann sé nach raibh an fhrithréabhlóid teoranta don pholaitíocht, ach gurbh ionsaí ar chultúr agus ar fhéiniúlacht áitiúil í a d'fheidhmigh mar chuid dhílis de pholasaí na críochdheighilte: tubaiste don athbheochan, briseadh ar an phobal Ghaelach, múinteoirí díbeartha an CLG agus an Ghaeilge faoi chois, agus pobal náisiúnach scaipthe. Nó le scéal fada a dhéanamh gairid, deireadh ré órga Chonradh Chill Scíre agus príomhfháth nár tháinig an tuar faoi thairngreacht Uí Chonaire agus go bhfuair an Ghaeilge ó dhúchais bás i dTír Eoghain.

Tagairtí

- Mac Bhloscaidh, F. (2026). 'Dromore and Trillick: revolution and reaction on a colonial frontier, 1906–22.' *Settler Colonial Studies*. 1–27. <https://doi.org/10.1080/2201473X.2026.2652161>
- Máire (1981) *Saol Corrach*. Corcaigh: Mercier.
- Mathews, P.J. (2003) *Revival: the Abbey Theatre, Sinn Féin, the Gaelic League and the Co-operative movement*. Corcaigh: Cork University Press i gcomhar le Field Day.
- McCluskey, F. (2011) *Fenians and Ribbonmen*. Manchester University Press.
- McCluskey, F. (2014) *Tyrone*. Baile Átha Cliath.
- McGarry, F. (2005) *Eoin O'Duffy*. Oxford University Press.
- McMahon, T. (2008) *Grand Opportunity*. Syracuse University Press.
- Milligan Fox, C. (1910) 'Folk Song in County Tyrone.' *Journal of Irish Folksong Society* 8. 24–8.
- Mitchell, A. (1995) *Revolutionary Government in Ireland*. BÁC: Gill & Macmillan.
- Murphy, B.P. (1991) *Patrick Pearse and the lost Republican Ideal*. BÁC: James Duffy.
- Ó Ceallaigh, E. (1968) *An Dá Thaobh*. BÁC: An Clóchomhar.
- O'Daly, B. (1955) 'Material for a History of the Parish of Kilskeery.' *Clogher Record* 1, 3. 104–5.
- Ó hAnnracháin, P. (1937) *Mar chonnac-sa Éire*. BÁC: Cló-Oifig Uí Chaoilte.

Aguisín 1


1. Líon na gCaitliceach agus na nGaeilgeoirí sna toghranna roghnaithe (1911)

Ceantar	Caitlicigh	Gaeilgeoirí	(%)
Trí Leac	502	138	27.5%
Cill Scíre	670	277	41.3%
Gort na Móna	803	265	33.0%
Droim Mór	791	37	4.7%
Grianán	615	76	12.4%
Tulach'a Chluanaigh	449	37	8.2%
Iomlán	3,830	830	21.7%

2. Arm Phoblacht na hÉireann agus Gaeilgeoirí i measc na bhfear Caitliceach (15-50)

DED	Fir Caitliceacha	Óglaigh	% APÉ	Gaeilgeoirí	% APÉ le G
Grianán	171	47	36.4%	12	25.5%
Droim Mór	244	43	17.6%	22	51.2%
Cill Scíre	202	44	21.8%	36	81.8%
Gort na Móna	213	28	13.1%	20	71.4%
Trí Leac	146	18	12.3%	12	66.6%
Tulach'a Chluanaigh	125	25	20%	9	36%
Iomlán	1101	205	18.6%	111	54.1%

Aguisín 2





Amhráin na ndaoine agus amhráin a chum Séamus Ó Grianna ('Máire') é féin a ndéantar tagairt dóibh ina shaothar

Seán Mac Corraidh

Intreoir

Baineann an t-alt seo le heolas a bailíodh le chéile le linn tionscadal taighde a rinneadh le trí bliana anuas ar stíl dhíreach, éasca, bheoga agus ar theanga fhiliúnta, dhúchasach, úrshnoite Shéamuis Uí Ghrianna. Is ó ghrinnléamh *oeuvre* leitheadach 'Mháire', idir úrscéalta agus ghearrscéalta, a tiomsaíodh tagairtí do sheanamhráin agus d'amhráin a chum 'Máire' é féin. Féachadh leis na seanamhráin a ainmniú, agus rinneadh foinsí idirlín do na liricí a sholáthar i bhfonótaí. Soláthraíodh eolas ar liricí agus ar fhoinn na n-amhrán a chum 'Máire' san Aguisín (3-8), bunaithe cuid mhór ar ailt Lillis Uí Laoire (Ó Laoire, 1994; 2016). Léiríonn líon na dtagairtí do na seanamhráin agus flúirseacht na n-athfhriotal uathu a láidre a bhí scríbhneoireacht 'Mháire' faoina n-anáil.

Sa bhliain 1889 a rugadh an scríbhneoir mór agus an cumadóir cumasach amhrán Séamus Ó Grianna ('Máire'). Agus é ag fás aníos i mbaile Rann na Feirste i Rosa Thír Chonaill sna deich mbliana deireanacha den 19ú céad agus sa chéad chuid den 20ú céad, bhí sé ar maos i seanscéalta Fiannaíochta agus Rúraíochta, agus sna seanamhráin. Bhí traidisiúin bhéil na Gaeilge ina rabharta as broinn leis. Mar sin féin, mar a mhínigh Titley (2025) ar na fíormhallaibh, baineann téamaí a shaothair agus an Ghaeilge líofa lúfar a fágadh mar oidhreacht aige, ar bhain sé feidhm aisti i gcomhair chur in iúl agus i bhfriotal a shamhlaíochta, baineann siad beirt le ré atá imithe as cleachtadh ó thaobh an tsaoil agus na húsáide teanga.

Le linn a óige sa Ghaeltacht, in ainneoin gach aon rud a rinneadh lena gcur de dhroim seoil, bhí cleachtadh na scéalaíochta agus na hamhránaíochta Gaeilge go tréan go fóill i measc na ndaoine san fhíor-Ghaeltacht, ní hamháin mar chaitheamh aimsire ach mar chuid thábhachtach dá bhféiniúlacht, dá saíocht agus dá meon mar phobal (Mac Congáil, 1983). Cé nár theastaigh aon bhrostú ó mhuintir bhaile dúchais ‘Máire’, Rann na Feirste, i dtaca le caomhnú a n-oidhreacht, bhí eagraíochtaí náisiúnta ar nós Chonradh na Gaeilge ag gríosú mhuintir na Gaeltachta le greim daingean a choinneáil ar na traidisiúin a fágadh le huacht acu. Bhí sé le maíomh ag ‘Máire’ go raibh na céadta amhrán Gaeilge ar a dtail ag bunadh a bhaile féin. Mhaígh sé fosta go raibh go leor de na seanamhráin sin de ghlanmheabhair agus ar bharr a ghoib aige féin. Ní bheadh sé sin amhlaidh munab é go raibh sé ag éisteacht leo gach uile lá dá shaol. Bhí mórán de na seanamhráin seo, ar amhráin ghrá a mbunús, ar a teanga ag máthair ‘Mháire’ agus is uaithi sin a thóg sé go leor acu. Is óna athair a fuair sé na scéalta gairide, na laoiithe Fiannaíochta agus na seanfhocail, na beannachtaí agus na guíonna, na mallachtaí agus na maslaí agus na nathanna cainte, na samhlaoidí, na samhlacha agus an teanga fháthchiallach a d’úsáideadh sé mar pháirt lárnach dá stíl scríbhneoireachta (Mac Corraidh, 2026, le foilsíú). Ní raibh leasc air a fhógairt cad iad na foinsí a bhí aige; mar shampla, luann sé an seanfhocal *seachnaíonn súil ní nach bhfeiceann*, agus cuireann sé é i mbéal a athar agus tugann a ainm: ‘A Chailín Donn, ar chualaidh tú ariamh an sean-fhocal a bhí ag Feidhlimidh Dhómhnaill Phroinnsís? “Seachnuigheann súil ní nach bhfeiceann.”’ (MDR 62)

Chuir an sáreolas a bhí ag ‘Máire’ ar amhráin na ndaoine bláth agus barr maise ar a stíl liteartha. Thug siad pointí tagartha dó ina shaothar liteartha, idir ghearrscéalta agus úrscéalta, agus d’fheidhmigh siad mar mhúnla aige do chumadóireacht na n-amhrán úr amhail *Tráthnóna Beag Aréir* (Ó Laoire, 2016) (féach an tAguisín (4) anseo thíos):

Bhí na dánta agus na hamhráin mar a bheadh litríocht bhéal na ndaoine ann **rud a léiríonn an ghreim a bhí acu ar scríbhneoirí na Gaeltachta mar ‘Mháire’ i dTír Chonaill** agus Tomás Ó Criomhthainn ar an Bhlascaod Mhór (Ó Muirí, 1976: 59).

San alt seo is rún dom na seanamhráin ar thagair ‘Máire’ dóibh a ainmniú, agus foinsí tagartha nó nascanna ar líne a sholáthar inar féidir teacht ar liricí na seanamhrán. Maidir leis na hamhráin a chum ‘Máire’, soláthrófar na liricí san aguisín agus na leathanaigh ina shaothar ina ndéantar tagairt dóibh nó ina dtugtar línte astu.

Tagairtí i saothar ‘Mháire’ do na seanamhráin

Tá sé ráite ag deartháir de chuid ‘Mháire’, Seán Bán, go raibh barraíocht Gaeilge ag muintir Rann na Feirste is nach bhfanadh siad tamall fada i mbun comhrá ar bharr, ar mhóin nó ar iascaireacht agus iad ag airneál go dtí go mbrisfeadh líne filíochta nó amhrán amach sa chomhrá (Mac Corraidh, 2008: 2). Faighimid léiriú air sin sa dóigh ar mheasc ‘Máire’ caint

thíorthúil a mhuintire go feidhmiúil trí línte liriceacha, ársa agus fealsúnacha seanamhráin darb ainm ‘Ainnir Dheas na gCiabhfholt Donn’ in *Mo Dhá Róisín*, úrscéal a bhaineann lena luathshaothar:

‘Goid é a choinnigh tú, ‘Labhrais, agus an eangach le cóiriú?’
 ‘Go mbreacuidh mo dhá mhailidh ‘gus go liathaidh mo cheann.’
 ‘S fearr duit sponóg bhracháin ’ól sul a bhfuairidh sé.’
 ‘Comh geal leis an eala tá ‘r Shliabh Í Fhloinn.’
 ‘Ar fhág tú an bád thoir ar an doimhneacht?’
 ‘Go dtéidh mo bhean i dtalamh ‘gus ‘n-a dhiaidh sin mo chlann’
 ‘‘Nall chuig do chuid leat.’ (MDR 12)

Ag tús chóir a bheith gach aon chaibidle in *Mo Dhá Róisín*, luaitear roinnt línte ábhartha as seanamhráin mar chomhartha comhlántach nó mar leid ar ábhar na caibidle. Baintear úsáid astu seo agus as línte ó scéalta Fiannaíochta lena thaispeáint go bhfeiceann an t-údar a shaothar mar shnáithe a cheanglaíonn eagnaíocht agus gaois na sibhialtachta Gaelaí leis an scríbhneoireacht chomhaimseartha s’aige féin.

Thug Ó Tuama (2001) sárleiriú dúinn ar an bhunús a bhí ag na seanamhráin ghrá a bhí ag na daoine go flúirseach sa 19ú céad. Tá ‘Sagart Éamoinn Sheáin Óig’, an chéad ghearrscéal in *Cioth is Dealán* a foilsíodh den chéad uair thiar in 1927, breac le tagairtí do na seanamhráin ghrá seo. Os a choinne sin, is glinn an léargas a thugann Ó Grianna dúinn sa tsliocht seo a leanas as ‘Caoineadh Síde’ atá in *An Bhratach agus Gearr-sgéalta Eile* (AB 40), ar an difear idir galar an ghrá, mar a chuirtear inár láthair sna seanamhráin é, agus cleachtais phragmatacha an chleamhnais agus an phósta sna Rosaibh sa 19ú céad. Tabhair faoi deara gur bhain ‘Máire’ úsáid as na focail atá i gcló trom anseo nuair a chum sé ‘Tráthnóna Beag Aréir’, thiar in 1925, liricí a cuireadh i gcló ar *An tUltach*, i mí na Nollaig 1926 (Ó Laoire, 2016: 158).

Mághnus Éamoinn Sheáin Óig an chéad fhear ariamh sa tír s’againne a bhí i ngrádh. Mar adéarfá, ba é an chéad fhear a bhfuarthas an focal i n-a bhéal i gcómhrádh chaithte gach aon lae. Bhí an focal sna hamhráin ar ndóighe. B’ionann sin agus go raibh an grádh ann. Acht galar a bhí ann nár thóg aonduine riamh acht file. Bhí sé tuigte againn an bhean a gcuirfeadh an file ceileabhar pósta uirthí go mbeadh **a brágha mar chluimh na h-eala agus a súil mar réalt na maidine**. Agus dá bhfealladh air go mb’fhearr dó bheith gan súile ná a feiceáil ariamh. Sin agat an saoghal filiúnta. Acht saoghal na Rosann! Tháinig tú i n-aois do phósta. D’iarr tú a leithéid seo de chailín. Má ghlac sí thú, chuaidh tú i ndeabhaidh leis a’ tseandúine fá’n spré. Má dhiúltaigh sí thú, d’iarr tú an dara bean. Má dhiúltaigh sí sin thú, thug tú bualadh éadain dóbhtha, riamh nó gur ghlac ceann éigin thú.

Thagair ‘Máire’ go moltach do scéimh Mháire Shéamuis Chataigh i gcaibidil dar teideal ‘An Dolaoimheárdan sin thiar’ in *An Draoidín* (AD 247) agus na samhlacha céanna i bhfeidhm aige: ‘Déarfainn go raibh **a súil mar réalt na maidne** agus **a brágha mar chluimh na h-eala**. Déarfainn go raibh **an ‘deirge a’ gabháil ar mire i bhfeirg leis a’ ghile**, ag imirt cleas a mbuile i ngruaidhe mo ghrádh.’

I ngearrscéal eile, ‘Gile na Gile’ in *An Bhratach agus Gearr-sgéalta Eile* (AB 147-8), pléitear téama an ghrá agus an chleamhnais arís eile. Cuirtear na lochtanna seo síos do mhuintir na háite ina bhfuil an scéal suite: nár thaistil siad, nach bhfaca siad mórán, nár léigh siad focal riamh agus nár thuig siad cad is grá ann dáiríribh. Dar le carachtar amháin sa ghearrscéal, Muircheartach, bhí dul i gcleamhnas acu san am sin ar aon dul le ceannach beithígh ar aonach:

Acht nach iad muinntir na h-áite seo atá i bhfad ar gcúl...**Níor shiubhail siad. Ní fhaca siad a dhath. Níor léigh siad a dhath. Ní fhuil ciall ar bith do ghrádh aca. Ní fhuil ann acht nuair a bhéas aois a phósta ag fear a ghabháil amach dh’iarraidh mná mar rachadh sé go h-Aonach Jack a cheannacht bó.** Annsin dhéanfar cleamhnas eadar giota talaimh agus cupla punta de chrudh. Ní fhuil sa lánamhain, dar leat, acht leithsgéal.

Na seanamhráin atá i gceist

- ‘**Ainnir Dheas na gCiabhfholt Donn**’ (NA 161)(SU 67)¹

Is ó thraidisiún béil agus amhránaíochta a bhaile féin a thogh ‘Máire’ na sleachta ar bhreac sé a shaothar leo, amhráin amhail ‘Ainnir Dheas na gCiabhfholt Donn’.

Nuair a bhítear ag tagairt don fhéile nó do dhaoine fiala nó do mhíorúiltí, is ar Cholm Cille ‘na féile’ a tharraingítear aird (m.sh. féach OS 288–9). Is amhlaidh a dhéantar in ‘An Gaisgidheach’ (OS 283) nuair a oibrítear isteach sa ghearrscéal líne as amhrán darb ainm ‘Ainnir Dheas na gCiabhfholt Donn’ a phléann le féile agus le saint: ‘Ní h-í an mhaoin a bhéarfas i dtír thú is ná mealltar léithe thú.’

- ‘**An Bhanaltra**’ (OMS 32)(RF 149)²
- ‘**An Bonnán Buí**’ (CLM 182)(Ó Baoighill, 1944: 6–7)³

Tá cúpla líne as amhrán a chum Cathal Buí Mac Giolla Ghunna in *Cioth is Dealán* (CD 4) agus líne ó ‘An Bonnán Buí’ leis an fhile chéanna in ‘Aithreachas’ in *Cúl le Muir* (CLM 182): ‘Ní bheadh le déanamh agam acht a ghabháil isteach ‘toighe Bhidí Mhaoileagáin ar a’ taoibh eile de’n bhealach agus cúpla pionnta a ól ‘a fhliuchfadh mo bhéal is mo bhrollach síos.’ Féach fosta an gearrscéal ‘An t-Ádh agus an Mí-ádh’ (OS

¹ [Ainnir dheas na gciabhfholt donn lyrics and chords - SongsInIrish.com](#) (12 Feabhra 2026)

² [Aodh Ó Duibheannaigh - An Bhanaltra lyrics](#) (13 Eanáir 2026)

³ [An Bonnán Buí \(Remastered 2021\)](#)(12 Feabhra 2026)

410): *braon a fhliuchfas do bhéal is do bhrollach síos-mar a dubhairt Cathal Buidhe*. Tá tagairt fosta do líne as dán le Cathal Buí in *An Sean-teach* (ST 20): *mar a dubhairt Cathal Buidhe, 'ní chaoinfidh mac máthara é an lá a rachadh air fód'* agus in 'Gheall an Dá Chomrádaidh' (TNT 186): *'ag amharc ar na gloiní sna sailéir i bhfad uaidh isteach'*.

- **'An Draighneán Donn'** (CDC 64-8)(RF 66)(TM 355) agus (OS 172)(Ó Muirgheasa, 1974: 129–30; Mac Seáin, 1973: 61)⁴

Bunaithe cuid mhór ar 'An Draighneán Donn' atá an iontráil do 'Deireadh Geimhridh 24' in *Le Clapsholus* (LCS 64-8): 'Cé gurab árd a' crann caorthainn, bidh sé searbh as a bhárr. Fásaidh sméara 'gus sgoith sugh craobh ar a' chrann is isle bláth.' (LCS 65)

Tagraíonn Máire don líne chéanna as an amhrán in *Rann na Feirste* (RF 66) agus 'Cumhaidh is Aithreachas' (OS 172): '...i ngleanntán sléibhe, le héirghe gréine, agus a' drúcht 'na luighe!' agus in *Tarnгаireacht Mhiseóige* (TM 355), tá chéad líne an amhráin le léamh: 'Sílidh céad bean gur léi féin mé...'

- **'An tOileán Úr'** (AD 229)(OS 119; 125; 129)(AD 229) (CF 187)⁵

Ní amhráin ghrá amháin a luann 'Máire' ina shaothar. Mar shampla de sin, in *An Draoidín* (AD 229) agus in 'Baile Chois na Trágha' (OS 119; 125; 129), luann sé ceathrú iomlán den tseanamhrán imirce 'An tOileán Úr', ina léirítear cumha agus uaigneas agus ollghairdeas i ndeireadh an lae, nuair a chastar beirt Éireannach ar a chéile sa taobh cúil de Mheiriceá. Ar ndóigh, sin go díreach an rud a thiteann amach sa chaibidil dar teideal 'Duine Drabhlásach' in *An Draoidín* (AD 229) ach gur in Albain a chastar an bheirt ar a chéile agus gurbh as na Rosa iad:

Sa deireadh, ar seisean, 'cá háit thall arab as thú?'

'As na Rosaibh,' arsa mise.

'Ta a fhios agam,' ar seisean. 'Aithním ar do theangaidh gur Rosannach thú. Acht cé an baile arab as thú?'

'As baile a dtugann siad Rinn na bhFaoileann air,' arsa mise.

Rug sé greim lámhe orm agus tharraing sé air ceathramha cheoil.

Bhí an tsean-bhean ins a' chlódaigh 's a stocaí ar a glúine;

D'éirigh sí go lúthmhar agus chraith sí liom-sa lámh.

'Sheacht mh'anam fear mo thíre thar a bhfaca mé de dhaoine,

'S gur tógadh 'dtús mo shaoghail mise 'mbaile chois na trágha.

⁴ ITMA — *An draighneán donn*, song (12 Feabhra 2026)

⁵ CLANNAD - AN TOILEAN UR LYRICS (13 Eanáir 2026)

Luaitear an cheathrú sin fosta in ‘Easair Fholamh’ atá in *An Clár is an Fhoireann* (CF 187) chomh maith i gcomhthéacs na himirce agus na cumha ach gur Meiriceá thuaidh atá i gceist an t-am seo: ‘*But dreams are dreams and my eyes would open to see Texas skies still o’er me*’.

- ‘**An Seandúine Dóite**’ (SC 218)(Ó Baoill, S. & M., 1975: 84–5; Mac Seáin, 1973: 43)⁶
- ‘**Ar a ghabháil go Baile Átha Cliath dom’h**’ (Ó Muirgheasa, 1974: 372–4)⁷
- ‘**Contae Mhaighe Eo**’ (BF 61)(Ó Baoighill & Ó Baoill, 2001: 30–1)
- ‘**Cuach mo lon dubh í**’ (CLM 188)(Ó Baoighill, S. *et al.*, 1944: 24–5)⁸

Déantar tagairt do líne i gceathrú de chuid ‘Cuach mo lon dubh í’ (Ó Baoighill, S. *et al.*, 1944: 24) in ‘Aithreachas’ atá in *Cúl le Muir* (CLM 188) agus is cliste an úsáid teanga atá sa fhreagra a tugadh ar an cheist ‘Caidé an rath atá ort?... ‘Mar is olc le mo charaid is mar is maith le namhaid’. B’ionann sin is a rá ar ndóigh nach rabhtas go rómhaith. Is fiú don léitheoir breathnú ar scéal an amhráin seo ag Seán Bán Mac Grianna (Mac Corraidh, 2010: 35–6).

- ‘**D’éirigh an tuilidh ar Labhrás**’ (CD 22)⁹

Tá líne as ‘D’éirigh an tuilidh ar Labhrás’ in CD (22): *Pleóid ar an airgead is é an fear cleasach é*.

- ‘**Éirigh ‘s cuir ort do chuid éadaigh**’ (OS 381)(CD 3)(NA 67)(ST 67)(Ó Baoighill, S. *et al.*, 1944: 28–9; Mac Seáin, P. 1973: 22–3)¹⁰

Tagraítear in ‘Rún a’ Chearrbhaigh’ (NA 67) do thrí fhrása as an amhrán ‘Éirigh ‘s cuir ort do chuid éadaigh’:

Dá n-abradh sé **nach mbainfeadh sé an fhéasóg seo de go bhfásfadh sí míle ar fad; go n-imtheóchadh sé fá na sléibhte mar chaoirigh ghlais; agus go ndéanfadh sé cuilt de n-a bhríste a mhairfeadh le saoghal na bhfear.**

⁶ [Albert Fry - An Seandúine Dóite \(English translation\)](#) (13 Eanáir 2026)

⁷ [Maighréad Ní Dhomhnaill - Ar a Dhul go Baile Átha Cliath Domh \(English translation\)](#) (12 Feabhra 2026)

⁸ [Cuach Mo Lon Dubh Bui lyrics and chords - Altan - SongsInIrish.com](#) (12 Feabhra 2026)

⁹ [Ag goil fríd Bhaile an tSratha domh lyrics and chords - SongsInIrish.com](#) (12 Feabhra 2026)

¹⁰ [Éirigh Is Cuir Ort Do Chuid Éadaigh lyrics and chords - Clannad - SongsInIrish.com](#) (12 Feabhra 2026)

- **‘Fuígfídh mise an baile seo’** (OS 282)(UB 236) (Ó Baoighill, S. *et al.*, 1944: 32–3)¹¹

Tá leagan ‘Mháire’ de véarsa iomlán as an amhrán ‘Fuígfídh mise an baile seo’ luaite in ‘An Gaisgidheach’ (OS 282):

A Mhuire, nach mé an truaighe is mé pósta ar an scleócaidhe,
Nach leigeann amach chuig damhsa mé lá saoire ná Dia Domhnaigh,
Nach rachadh go toigh a’ leanna liom ‘s nach n-ólfadh ginidh óir liom,
‘S nach dteannfadh lena chroidhe mé mar dhéanfadh buachaill óg liom.

- **‘Geaftaí Bhaile Buí’** (OS 33) (Ó Baoighill, S. *et al.*, 1944: 36–7)¹²
- **‘Inis Dhún Rámha’** (ST 125)(UB 184)(NA 83)(Ó Baoighill, S. *et al.*, 1944: 38–9; Mac Seáin, 1973: 69)¹³

In ‘Do bhean is do chlann’, atá le léamh in *Ó Neamh go hÁrainn* (NA 83), tá véarsa as seanamhrán darb ainm ‘Inis Dhún Rámha’ atá mar phointe tagartha ag ‘Máire’ agus é ag cur síos ar scéimh na mná sa ghearrscéal:

Aréir go bhfaca mé féin in m’aisling
Mar bheadh sí ar bhacán mo láimhe,
An spéir-bhean mhaiseach mar aon bhrat sneachta
Dá mbíodh gan casgairt a dhéanamh.

- **‘Jinny Dheas, a Dhea-bhean’** (Ó Baoighill, P. & Ó Baoill, M., 2001: 37–9)(Ó Baoighill, S. *et al.*, 1944: 42–3)¹⁴
- **‘Maidín Fhómhair’** (ST 7)
- **‘Máire an Chúil Daite’** (CD 30);¹⁵

Tá dhá líne as an tseanamhrán *Máire an Chúil Daite* ag fíordheireadh an ghearrscéil ‘Sagart Éamoinn Sheáin Óig’ atá in *Cioth is Dealán*: ‘A Mháire an chúil daite is an bhéilín bhinn, go dté mé i dtalamh go mbeidh cuimhne agam ar do chomhrá liom.’ (CD 30).

- **‘Mal Dubh a’ Ghleanna’** (OMS 15; 278)(Ó Muirgheasa, 1974: 116–7)

¹¹ [Fuígfídh Mise’n Baile Seo lyrics and chords - Anúna, Padraigín Ní Uallacháin - SongsInIrish.com](#) (12 Eanáir 2026)

¹² [Geaftaí Bhaile Buí lyrics and chords - SongsInIrish.com](#) (13 Eanáir 2026)

¹³ [Inis Dhún Rámha lyrics and chords - Altan - SongsInIrish.com](#) (13 Eanáir 2026)

¹⁴ [Jerry Hicks - Jinny Dheas a Dhéigh-Bhean lyrics](#)

¹⁵ [Maighréad Ní Dhomhnaill - Máire an Chúil Óir Bhuí \(English translation\)](#) (13 Eanáir 2026)

- **‘Malaidh Ghleann Domhain’** (OMS 328–9; 338)(Ó Muirgheasa, 1974: 308–9; Mac Seáin, 1973: 55)

Luaitear trí véarsa as seanamhrán de chuid Thaidhg Uí Thiománaí darb ainm ‘Malaidh Ghleann Domhain’ in *Ó Mhuir go Sliabh* (OMS 328–9; 338). Baineann sé le lánúin a bhí ag imeacht as a mbaile dúchais i nGleann Fhinne le cónaí a dhéanamh i nGleann Domhain. Is é an fáth a luann ‘Máire’ na véarsaí ná go bhfuil cosúlachtaí móra idir cás na lánúine sin agus an faopach ina bhfuil an lánúin san úrscéal. Is mian leis an bhean a ngabháltas a dhíol agus go rachadh siad beirt agus a leanbh ar imirce go Meiriceá. Mar sin féin nuair a tchí Séimí mic an fhir a cheannaigh an talamh ag obair ina chuid talaimh, tig taom millteanach cumha air. Tarraingíonn Séimí véarsaí an amhráin air féin ansin agus é ag iarraidh an leanbh a chealgadh a chodladh:

‘Ó’s a Shéimidh a stór, glac misneach ró-mhór
Is ná cluintear níos mó de d’éileamh;
Bí carthannach cóir le ‘ngéabhfaidh a’ ród
Is ná dearmaid fós bheith déirceach.
Dá mbeadh againn bólacht, airgead is ór,
Nár chuma ar a’ domhan cá mbéimis;
Is ar mhalaidh Ghleann Domhain beimid feasta níos mó,
Is gach Nodlaig bíom leobhth’ ar féasta.’

- **‘Mo Chailín Ruadh’** (TM 357/361)
- **‘Nuala na gCuachann Péarlach’** (CD 15)
- **‘Róisín Dubh’** (SI 44)(TNT 206)¹⁶
- **‘Seachrán Chairn tSiadhail’** (CD 49)(RF 6)(ST 121)(TNT 16)(Ó Baoighill, S. *et al.*, 1944: 48–9)¹⁷

Luaitear ‘Seachrán Chairn tSiadhail’ in Rann na Feirste (RF 6) agus ‘Máire’ ag cur síos ar Sheán Mac Grianna a tháinig a chónaí san áit san ochtú céad déag agus ar réice é: *Ba chuma leis mar dubhairt a’ réice acht ‘ag ól is ag imirt seal na hoidhche is ‘na chodladh arís go dtí deireadh an lae.’* Luaitear arís eile é in *An Sean-teach* (ST 121): ‘Mar a dubhairt a’ Réice: ‘Ní thógfaidh an báillidhe uaim bó na bpáistí, is maith a’ t-ádhbhar, ní fhuil orm cíós’. Luaitear líne as an amhrán sin fosta in *An Teach nár Tógadh* (TNT 16): *‘spéir-bhean mhaiseach mar aon bhrat sneachta.’* I gcomhthéacs

¹⁶ [Róisín Dubh lyrics and chords - SongsInIrish.com](#) (12 Feabhra 2026)

¹⁷ [Seachran Charn tSiail lyrics and chords - Clannad - SongsInIrish.com](#) (12 Feabhra 2026)

Éamonn Ghráinne Duibhe, ar réice déanta é, in ‘An Aisling Bhréige’ (CD 49), a luaitear líne as ‘Seachrán Chairn tSiadhail’ a bhfuil an rascántacht agus an ragairne ina lár mar údar don amhrán:

Bhí Éamonn tráth dá shaoghal – an seal rascánta sin eadar ocht mbliana déag agus ceithre bliana fichead agus bhí sé ‘na réice dheánta. Mar deireadh sé féin sa cheól bhí sé **‘seal i n-othras gach cailín díomhaoín agus gan fhios ag aon acu cá raibh a ghrádh.’**

- **‘Séamus Mac Murchaidh’** (OMS 86; 275)(TM 366)(Ó Baoighill, P. & Ó Baoill, M., 2001: 58–60)¹⁸
- **‘Séimidh Eoghainín Duibh’** (NA 111–8)¹⁹

Chum ‘Máire’ gearrscéalta fosta a raibh seanamhráin mar phointí tagartha iontu nó mar ábhar scéil iontu. Tá dhá cheann de na gearrscéalta in *Ó Neamh go h-Árainn*, mar shampla, bunaithe ar dhá amhrán. An chéad cheann acu ná ‘An Fean-Dubha-Dadaidh-Am’ (NA 96–103) agus is é ‘Séimidh Eoghainín Duibh’ (NA 111–8) an dara ceann. Tá cur síos ag ‘Máire’ ar ábhar an dara gearrscéal seo ina ndéantar fonóid i bhfoirm amhráin de Shéimidh ar an ábhar nach raibh ag a mháthair ach é agus go ndéarfadh sí go bhfóirfeadh gach ball éadaigh dá bhfeicfeadh sí ar dhuine eile go maith do Shéimidh (NA 114–5; Mac Corraidh, 2010: 48–56). Bhí ceol an amhráin le cluinstitín ag Séimí gach aon áit a shíúil sé:

Sa deireadh bhí sé le cluinstitín aige gach aon áit a mbeadh sé...**an ghaoth aniar-dtuaidh...**Nuair a **sgairteadh an coileach...ag an cheirc ghoir** agus í a’ sgairtigh ar a h-éilín...**ag an ghabhar** a bhí a’ méidhligh...**ag an fheadóg mhara** le h-éirighe na gréine...**ag an chrotach** le coim na h-oidhche...**ag an eas** a bhí a’ tuitim le Léim a’ tSionnaigh...**ag na tonna...ag Carraig na Béicfighe...ag tráigh Mhalach Dearg...** Go dtí sa deireadh gur samhla do Shéimidh bhocht nach raibh **fuaim ar bith ar fairrge ná ar talamh ná sa spéir** acht fuaim a bhí **ag aor is a’ magadh** air...Bhí an t-amhrán malluighthe i n-a chluasa ar a’ bhealach go Doire...**ag cearca fraoich Mhín a’ Droighin agus ag madaidh Chró na Sionnach...**bhí **an t-engine** a’ rádh nach mbeadh aon rí ar Éirinn ach Séimidh...agus bhí **faoileanna Locha Feabhail...**ag innse don tsaoghal mhór go raibh bheiste chnáibe Hiúdaí Chnagadáin ar Shéimidh Eoghainín Duibh.

- **‘Siubhán Ní Dhuibhir’** (NA 22)(OS 373) (Ó Baoighill, S. et al., 1944: 50–1)²⁰

¹⁸ [Séamus Mac Murchaidh - Oriol Arts](#) (12 Feabhra 2026)

¹⁹ [Séimí Eoghainín Duibh lyrics and chords - SongsInIrish.com](#) (12 Eanáir 2026)

²⁰ [Siobhán Ní Dhuibhir lyrics and chords - Clannad - SongsInIrish.com](#) (12 Feabhra 2026)

- ‘**Sráid a’ Chlocháin Léith**’ (OS 208–9)(faoin ainm ‘Amhrán Arann Móire’ in Ó Muireasa (1983)[1915]: 150)(Ó Baoill, 1977: 52)²¹
- ‘**Úna Bhán**’ (UB 15)(Ó Baoill, 1975: 92)²²
- ‘**Úrchnoc Chéin Mhic Cáinte**’ (NA 24)(UB 228)(Ó Baoill, 1975: 96)²³

Amhráin a chum ‘Máire’

Níor chóir go mbeadh iontas orainn go mbeadh tionchar ag na seanamhráin seo, idir liricí agus téamaí, ar an chaoi ar scríobh ‘Máire’ a ghearrscéalta agus a úrscéalta agus ar chum sé amhráin (féach Ó Laoire, 2016).

- ‘**Cianach corrach**’ nó ‘**Thiar cois toinne**’ (Aguisín (3)) a bhfuil guth ‘**Jimí mo mhíle Stór**’ leis.

Luaitear línte as an amhrán seo in ‘An Bhean nach gCuirfeadh Cloch in mo Leacht’ atá in *Cioth is Dealán* (CD 98): ‘Cealg mé ‘chodladh le glórthaí do bhéilín bhinn, i n-uaigneas a’ ghleanna i n-ar casadh le chéile sinn.’; in *Le Clap-Sholus* (LCS: 272): ‘A Mhaighdean Mhaiseach, tar seal ‘á mo chóir ar cuairt is cóirigh mo leabaidh le sgratha is le fóide fuar’. Cealg mé ‘chodladh le glórthaí do bhéilín bhinn, i n-uaigneas a’ ghleanna i n-ar casadh le chéile sinn.’ Luaitear an t-amhrán uilig go léir in *Saoghal Corrach* (SC 115–6).

Tá cúig véarsa an amhráin iomláin le léamh fosta in ‘An Bhean nach gCuirfeadh Cloch in mo Leacht’ (CD 103) agus luaitear fosta gurbh é deartháir óg ‘Mháire’, Seán Bán Fheidhlimidh a cheol an t-amhrán ar an ócáid sin. Tugtar an t-amhrán iomlán fosta in ‘Caoineadh Sídhhe’ atá le léamh in *An Bhratach agus Gearr-Sgéalta Eile* (AB 44) agus in *An Sean-teach* (ST 159).

- ‘**Tráthnóna Beag Aréir**’ (nó ‘**Thíos i lár an ghleanna**’)(Aguisín (4))

Bunaíodh an t-amhrán seo go mór ar ‘The Heather Glen’ le George Sigerson, dar le Lillis Ó Laoire (2016). Is é ‘Tráthnóna Beag Aréir’, an t-amhrán is mó de chuid ‘Mháire’ a bhfuil eolas ag daoine agus a bhfuil a ngnaoi air. Luann ‘Máire’ cúpla líne

²¹ [Sráid an Chlocháin Léith · CBÉ 0089 \(Part 2\) · The Main Manuscript Collection | dúchas.ie](#) (12 Feabhra 2026)

²² [Úna Bhán lyrics and chords - Lasairfhiona Ní Chonaola - SongsInIrish.com](#) (12 Eanáir 2026)

²³ [Úr Chnoc Chéin Mhic Cáinte - Oriel Arts](#) (12 Feabhra 2026)

as an amhrán in *Le Clap-Sholus* (LCS 241), san iontráil do ‘Meádhon Geimhridh’ (LCS 275), in ‘Rún a’ Chearrbhaigh’ (NA 66), véarsa agus curfá in *Tarngaireacht Mhiseóige* (TM 362) agus ar an chaoi seo in *Ó Mhuir go Sliabh* (OMS 31) faoi seach:

An a’ magadh a bhí an fear adubhairt le h-Úna Bháin go mb’fhearr dó bheith gan súile ‘ná a feiceáil ariamh? Nó an fear adubhairt lena rúin-searc gur **‘sheol sí a stuaim chun seachráin tráthnóna beag aréir?’** (LCS 241)

Ní fhuil a fhios agam an fíor do Mhicheál Ruadh a n-abair sé? **Dá bhfaighinn-se arís cead pilleadh agus labhairt le stór mo chléibh, ars’ an file.** (LCS 275)

Mhairfeadh na filidhe trí sheol mara a’ figheadóracht focal fá **shúil mar réalt na maidne**, agus fá **chiabh-fholt fáinneach frasach...** (NA 66)

Acht eagla go meallfaidhe go tír mór é **le brágha mar chluimh na heala agus le súil mar réalt na maidne.** (OMS 31)

Is minic a chuireann ‘Máire’ fíorghrá, ionracas agus idéalachas i bhfoirm filíochta i ndeabhaidh le réalachas agus pragmatachas an tsaol. In ‘Buaidh agus Díombuaidh’ (NA 138), tá Eibhlín le pósadh ar fhear a bhfuil áit suí aige. Mar sin féin, tá fear eile nach bhfuil aon ní ar an tsaol aige, ach atá go mór i ngrá léi, ina luí gortaithe in otharlann in Albain. Mar bheifí ag dréim leis is i gcuideachta na filíochta a chuireann ‘Máire’ a thrácht ar an dara fear seo agus is é curfá ‘Tráthnóna Beag Aréir’ a úsáideann sé:

Ó’s a Rí, nár laghach ár n-ealadhain
 A’ gabháil síos a’ gleann aréir,
 Ag éalódh thríd a’ chanach
 agus ciúnas ins a’ spéir.
 ‘S a rún mo chléibh, nár mhilis,
 Ár súgradh croidhe is nár ghoirid –
 Ó’s a Rí na glóire gile,
 tabhair arais an oidhche aréir.

Is le hathfhriotal liteartha fealsúnach de chuid Blumine a insíonn ‘Máire’ dúinn gur shocraigh Eibhlín ina hintinn an fear eile a phósadh: *‘she had philosophy enough to know that it takes fuel to keep the human kitchen warm’* acht ... ‘go mbeadh sé ar a comhairle aici fad is bheadh an bheirt beo i gcuideachta a chéile.’ (NA 138). Tá an curfá céanna le léamh chomh maith in ‘Peadar na bPíopaí’ in *Scéal Úr agus Sean-Scéal* (SU 65).

- **‘Ba loinnireach grián an tráthnóna’** (Aguisín (5)) ar chuir ‘Máire’ fonn ‘Has Sorrow Thy Young Days Shaded’ le Thomas Moore, leis.
- **‘Mélite Cheann Dubhrann’** (Aguisín (6)) a bhfuil fonn ‘The Blue Hills of Antrim’ leis.
- **‘An cumhan leat an oíche?’** (Aguisín (7)) a bhfuil fonn ‘A Spailpín, a rún’ leis. Luaitear an tríú ceathrú den amhrán seo sa scéal ‘An Aisling Bhréige’ in *Cioth is Dealán* (CD 59).
- **‘A spéirbhean dá n-éagfadh do mhaise is do scéimh atá mar réalta os coinne mo shúl’** (Aguisín (8)).

Thiontaigh ‘Máire’ amhráin Bhéarla go Gaeilge, ina measc ‘Believe me of all those endearing young charms’ le Thomas Moore a thosaíonn leis na focail sin thuas i gcló trom.

Focal scoir

Is léir ón ghrinnléamh, ón tiomsú agus ón scagadh a rinneadh ar shaothar ‘Mháire’ mar chuid den tionscadal taighde inar fiosraíodh a stíl liteartha, go raibh aird mhór ag Séamus Ó Grianna ar na seanamhráin, idir fhocail agus téamaí. Dhéanfainn amach gurb iad filiúntacht na teanga agus fealsúnacht na bhfilí a chum na seanamhráin is mó a mheall ‘Máire’. Bhí sé báite san fhiliúntacht teanga chéanna ó aois an-óg sa bhaile i gcuideachta a thuismitheoirí agus a dheartháireacha agus a dheirfiúracha agus i measc mhuintir Rann na Feirste chomh maith. As na seanamhráin a fáisceadh é. Rinne sé a chuid féin de nuair a chum sé féin amhráin ar an dóigh chéanna a bhfuil gnaoi na ndaoine agus tóir orthu sa lá atá inniu ann.

Is léir gurb é an t-eolas a bhí aige ar na seanamhráin a cheadaigh dó amhráin fhiúntacha a chumadh é féin. D’fhoghlaim sé liriciúlacht, rithimeacht, struchtúr, samhla agus leagan amach uathu. Chuir sé an fhoghlaim sin i bhfeidhm ar an chumadóireacht a rinne le barr feabhais agus le maise. Ar an tséala sin, tá ‘Tráthnóna Beag Aréir’ leis, ar amhráin mhóra na Gaeilge san aois seo, céad bliain i ndiaidh a chumtha. D’aontóinn le Ó Laoire (2016) gur fearr a amhrán féin Gaeilge ná an t-amhrán Béarla a bhfuil sé bunaithe air cuid mhaith. Tá gnaoi agus aird na ndaoine mar a gcéanna ar na hamhráin eile a chum sé a thugtar san aguisín anseo. Is léir ó líon na seanamhrán a ndéanann sé tagairt dóibh ina shaothar go ndeachaigh an teanga agus na téamaí iontu i bhfeidhm go mór air agus gur chothaigh an t-eolas a bhí aige orthu, féith na filíochta ann féin.

Tagairtí

- Mac Congáil, N, (eag.) (1983) *Scríbhneoirí Thír Chonaill*. BÁC: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.
- Mac Corraidh, S. (2008) *Seán Bán Mac Grianna: scéalta agus amhráin*. BÁC: Coiscéim.
- Mac Corraidh, S. (2026) (le teacht) *Saothar 'Mháire' agus rún na Gaeilge*. Gaoth Dobhair: Éabhlóid.
- Mac Seáin, P. (1973) *Ceolta Theilinn*. Belfast: Institute of Irish Studies, QUB.
- Ó Baoighill, S. & Ó Baoill, M. (2001) *Amhráin Hiúdaí Fheidhlimidh agus Laoithe Fiannaíochta as Rann na Feirste*. Muineachán: Preas Uladh.
- Ó Baoighill, S. *et al.* (1944) *Cnuasacht de Cheoltaí Uladh*. BÁC: Comhaltas Uladh.
- Ó Baoill, C. (1977) [1927] *Amhráin Chúige Uladh*. Muireadhach Méith a chuir in eagar; atheagrán le Colm Ó Baoill. BÁC: Gilbert Dalton.
- Ó Baoill, S. & M. (1975) *Ceolta Gael*. Corcaigh & BÁC: Cló Mercier.
- Ó Laoire, L. (1994) “An Chúileann ar a Seanléim”: Dhá Amhrán le Máire.’ *Oghma* 6. 74–81.
- Ó Laoire, L., (2016) ‘Tráthnóna Beag Aréir’ in *Siúl an Bhealaigh Mhóir*. BÁC: LeabharComhar. 154–76.
- Ó Muirgheasa, É. (1983) [1915] *Céad de Cheoltaibh Uladh*. In atheagar ag An Br. T.F. Beausang, Iúr Cinn Trá: Comhaltas Uladh.
- Ó Muirgheasa, É. (1974) [1934] *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh*. BÁC: Clóchuallacht Chathail Teoranta.
- Ó Muirí, D. (1976) ‘Amhráin Chúige Uladh.’ *Léachtaí Cholm Cille*. 58–95.
- Ó Tuairisg, L. & Ó Ceannabháin, P. (eag.) (2012) *Leabhar Mór na nAmhrán*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Tuama, S., (2001) [1960] *An Grá in Amhráin na nDaoine*. BÁC: An Clóchomhar Tta.
- Titley, A., (2025) ‘An saol go dtí le déanaí.’ *Scéal, The Irish Times*. 2 Meán Fómhair. 6–7.

AGUISÍN

1. Scríbhinní de chuid Mháire agus noda ar na teidil a dtagraítear dóibh san alt seo

- AB *An Bhratach agus Gearr-Sgéalta Eile*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1959
 AD *An Draoidín*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1959
 BF *Báire na Fola*, Arlen House, BÁC, 2023
 CD *Cioth is Dealán*, Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal, BÁC, 1949 (1927)
 CDC *Castar na Daoine ar a Chéile*, Coiscéim, BÁC, 2002 (1915)
 CF *An Clár is an Fhoireann*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1955
 CLM *Cúl le Muir agus Scéalta Eile*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1961
 LCS *Le Clap-Sholus*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1967
 MDR *Mo Dhá Róisín*, Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal, BÁC, 1942 (1920)
 NA *Ó Neamh go hÁrainn*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1953
 OMS *Ó Mhuir go Sliabh*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1961
 OS *Oidhche Shamhraidh agus Scéalta Eile*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1968
 RF *Rann na Feirste*, An Press Náisiúnta, BÁC, 1942
 SC *Saoghal Corrach*, An Press Náisiúnta, BÁC, 1945
 SI *Suípín an Iolair*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1962
 ST *An Sean-teach*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1968
 SU *Scéal Úr agus Sean-Scéal*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1952 (1945)
 TM *Tarngaireacht Mhiseóige*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1953
 TNT *An Teach nár Tógadh agus Scéalta Eile*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1948
 UB *Úna Bhán agus Scéalta Eile*, Oifig an tSoláthair, BÁC, 1962

2. Amhráin na ndaoine a luaitear nó a dtagraítear dóibh i saothar ‘Mháire’

- Ainnir Dheas na gCiabhfholt Donn* (NA 161; SU 67)
An Bhanaltra (OMS 32; RF 149)
An Draighneán Donn (LCS 64–8; RF 66; TM 355; OS 172)
An Seandúine Dóite (SC 218)
An tOileán Úr (AD 229; OS 119/125/129; CF 187))
Ar a ghabháil go Baile Átha Cliath domh (ST 125)
Contae Mhaighe Eo (BF 61)
D'éirigh an tuilidh ar Labhrás (CD 22)
Éirigh 's cuir ort do chuid éadaigh (OS 381; NA 67)
Fuígfidh mise an baile seo (OS 282; UB 236)
Geaftaí Bhaile Buí (OS 33)

Inis Dhún Rámha (LCS 243; ST 125; UB 184; NA 83)
Jinny Dheas, a Dhea-bhean (LCS 243)
Maidin Fhómhair (ST 7)
Máire an Chúil Daite (CD 30)
Mal Dubh a' Ghleanna (OMS 15; 278)
Mo Chailín Ruadh (TM 357/361)
Róisín Dubh (SI 44; TNT 206)
Seachrán Charn tSiadhail (RF 6; CD 49; ST 121; TNT 16)
Séamus Mac Murchaidh (OMS 86/ 275; TM 366)
Siubhán Ní Dhuibhir (NA 22; OS 373)
Sráid a' Chlocháin Léith (OS 208/209)
Úna Bhán (UB 15)
Úrchnoc Chéin Mhic Cáinte (NA 24; UB 228)

3. ‘Cianach corrach’ nó ‘Thiar cois toinn’ a chum ‘Máire’ (feic AB 44)

Is cianach corrach a chodail mé an oíche aréir,
 Is ba bhrónach m'aigheadh ar maidin le spéarthaí an lae.
 Bhí ualach tuirse agus tinnis i lár mo chléibh,
 Is a rí na cruinne nach dona mar fágadh mé.

Thiar a chois toinne agus loinnir an lae ag fail bháis,
 Is ea a chonaic mé an ainnir ina seasamh i mbéal na trá.
 A brágha is a muineál ba ghile ná an sneachta ar mhóin,
 Is a caoinroisc bharrúla a mhearaigh mo chiall go deo.

D'eirigh an ghealach agus chealg sí an saol chun suain,
 Agus spréigh sí a solas mar fhallaing ar mhéilte an chuain.
 Crónán an easa gur dheise ná glórthaí píob,
 Agus tuaim na toinne gur bhinne ná ceoltaí sí.

Is é mo ghéarghoin tinnis mar a d'imigh an aisling chaoin,
 Is tháinig néallta dorcha a d'fholaigh uaim grá mo chroí.
 In uaigneas an ghleanna ud ab ansa liom uair den tsaol,
 Is brónach a ghoilim tráth chluinim an chuach ar craoibh.

A mhaighdean mhaiseach, tar seal a mo chóir ar cuairt,
 Is cóirigh mo leaba le scratha is le fóide fuara.
 Cealg mé a chodladh le glórthaí do bhéilín bhinn
 In uaigneas an ghleanna inar casadh le chéile sinn.

4. ‘Tráthnóna beag aréir’ nó ‘Thíos i lár an ghleanna’

Thíos i lár an ghleanna, tráthnóna beag aréir
 Agus an drúcht ina dheora geala ina luí ar bharr an fhéir.
 Is ea casadh domsa an ainnir ab áille gnúis is pearsa,
 Is í a sheol mo stuaim chun seachráin, tráthnóna beag aréir.

*Agus a Rí, nár lách ár n-ealaín ag dul síos an gleann aréir.
 Ag éalú fríd an chanach agus ciúnas ins an spéir.
 Órú, a rún mo chléibh, nár mhilis ár súgradh croí is nár ghairid,
 Ó’s a Rí na glóire gile, tabhair ar ais an oíche aréir.*

Do chiabhfholt fáinneach frasach, do mhaláí bhán, is do dhéad,
 Do chaolchoim álainn mhaiseach agus glórthaí caoine do bhéil,
 Do bhráid mar chlúmh na heala, do shúil mar réalt na maidine
 Ó’s faraor gur dhual dúinn scaradh, tráthnóna beag aréir.

*Agus a Rí, nár lách ár n-ealaín ag dul síos an gleann aréir.
 Ag éalú fríd an chanach agus ciúnas ins an spéir.
 Órú, a rún mo chléibh, nár mhilis ár súgradh croí is nár ghairid,
 Ó’s a Rí na glóire gile, tabhair ar ais an oíche aréir.*

Dá bhfaighinnse arís cead pilleadh agus labhairt le stór mo chléibh,
 Nó dá bhfaighinnse bua ar an chinniúint, cérbh mhiste liom fán tsaol,
 Shiúlfainn leat fríd chanach, fríd mhéilte ar chiumhas na mara,
 Agus dúiche Dé dá gcaillinn, go bpógfainnse do bhéal.

*Agus a Rí, nár lách ár n-ealaín ag dul síos an gleann aréir,
 Ag éalú fríd an chanach agus ciúnas ins an spéir.
 Órú, a rún mo chléibh, nár mhilis ár súgradh croí is nár ghairid,
 Ó’s a Rí na glóire gile, tabhair ar ais an oíche aréir.*

5. ‘Ba loinnireach grian an tráthnóna’

Ba loinnireach grian an tráthnóna,
 Ba bhinn guth an éin ar craoibh.
 Nuair a casadh dom ainnir na n-órfholt,
 Is mé ag siúl cois trá liom féin.

Nach gasta a chuaigh dealramh na gréine,
 I bhfolach faoi néaltaí ceo,
 Is nár ghairid ár súgradh le chéile gur éalaigh tú uaim go deo.

Is tuirseach agus is brónach mo shaolsa
 Is mé ag imeacht liom féin faoi ghruaim.
 Is corrach mo chodladh san oíche
 Is ní bheidh mise beo gan tú.

Is a chéadsearc nach gcluin tú mé ag caoineadh
 Is nach trua leat féin mé i mo luí
 Is gan duien le theacht ar na gaobhair
 A thógfadh an brón seo díom.

Is mairg gur casadh dom riamh thú,
 A ainnir na gcuachann fionn.
 Is go bhfuil mé ‘mo chloí is mo chriathrú
 Is mé ag meabhrú ar ghlór do chinn.
 Is ní chluinfidh mé guth binn an smólaigh
 Ag seinm ar ghéag níos mó.
 Is nár ghairid ár súgradh le chéile
 Gur éalaigh tú uaim go deo.

6. ‘Mhéilte Cheann Dubhrann’

A mhéilte Cheann Dubhrann sibh thógadh dom cian
 Tráthnóna sa tsamhradh nuair a luíos an ghrian.
 B’aoibhinn do chladaí d’oíche is de lá
 Is a mhéilte Cheann Dubhrann, céad slán libh go deo.

Nach sna méilte udaigh chaith mé seal aoibhin gan ghruaim
 Ag buachailleacht eallaigh ar imeall an chuain
 Is ann a bogadh mo chliabhá nuair a bhí mé beag óg
 Is a mhéilte Cheann Dubhrann, céad slán libh go deo.

Tá néalta na maidine ag breacadh sa spéir
 Is na coiligh ag scairtigh le bánú an lae
 Tá an soitheach ag fanacht in imeall an cheo
 Is a mhéilte Cheann Dubhrann, céad slán libh go deo.

Nach truaigh mise amárach ag gabháil idir dhá dtír
 Is sléibhte na coigcrích ag cur cumhaidh ar m chroí
 Beidh mo roscaí mar shrutháin ag síorshileadh deor
 Is a mhéilte Cheann Dubhrann, céad slán libh go deo.

7. ‘Nach cumhan leat an oíche úd?’

Nach cumhan leat an oíche úd a bhí mé is tú a chaoibhnean ag éalú fríd fhraoch an tsléibhe.
 Bhí an ghealach gan smúid agus aoibh ar a gnúis le lúcháire romhat, a spéirbhean.
 Is go bhfaca mé aréir thú i ngleanntán an tsléibhe ag teacht le mo bhéal a phógadh
 Ach ar maidin go luath nuair a chlis mé as mo shuan gur éalaigh tú uaim sa cheobrán.

A mhaiseach gheal mhín tar chugam arís go n-éalóidh muid síos Ceann Dubhrann
 Agus dhéanfaidh muid fair bheag ar imeall na trá is beidh canach bog bán dár gcumhdach.
 Ní iarrfainn de spré leat ach glórthaí do bhéilín, is nach sinne bheadh séanmhar sásta.
 Buaireamh nó brón ní thiofadh a do chomhair má abrann tú an gabhaim a stáidbhean.

A Dhónaill, a rún, is mé a rachadh sa tsiúl dá mbeimis i dtús ár n-óige.
 Ach nach bhfeiceann tú néalta ag folach na gréine agus canach a tsléibhe feoite.
 D’imigh an smaolach a bhí ag seinm ar géag, le searc do n-a chéile fáireach
 Tá scamall dubh ar chaisleáin an óir, is ár mbeannacht le glórthaí páistí.

8. Tiontú ‘Mháire’ ar amhrán de chuid Thomas Moore ‘Believe me of all those endearing young charms’

A spéirbhean dá n-éagfadh do mhaise is do scéimh
 ‘tá mar réalta os coinne mo shúl,
 Ná mar d’éalódh dea-aisling gan néal,
 Le spéarthaí na maidine chun siúil,
 Bheadh an searc sin go héag liom i gceartlár mo chléibh,
 Dá n-imeodh do scéimh mar an drúcht,
 Is do cholainn thinn thréithlag is do ghrua gheal i bpéin,
 Is iad ab ansa liom féin fós, a rún.

Chan amháin nuair atá tú go hálainn is go hóg,
 Is gan sruth goirt na ndeor ar do ghrua,
 A bheas meas agus dóchas i m’anamsa beo.
 Nó go síntear faoi fhód mé san uaigh,
 Nó an croí sin a ghrás go fíor uair amháin,
 Ó maireann an grá sin go héag,
 Mar a’ ghrianbhláth a dhearcas gach uair insa lá,
 Go seasmhach in airde ar a’ ghrian.



An chanúint Ghaeilge a chleachtaí i gContae Uíbh Fhailí le fianaise ón *Lucerna Fidelium*

Margarita Neothallaigh

Réamhrá

Baineann an t-alt seo leis an Gaeilge i gContae Uíbh Fhailí agus go háirithe an chanúint Ghaeilge a chleachtaí sa chontae go stairiúil. Tá ganntanas foinsí ann agus ‘níl nasc buan lártíre leis an tseanré mar atá sna Gaeltachtaí’ (Ó Cuív, 1951: 35). Tá foinse ann ón 17ú haois, fós ar marthain, caiticeasma dar teideal *Lucerna Fidelium*, a scríobh Froinsias Ó Maolmhuidh de shliocht Uí Mhaolmhuidh ó Chontae Uíbh Fhailí. Is Gaeilge chlasaiceach atá sa *Lucerna Fidelium* ach tá roghbhlúirí de ghnáth-theanga pobail ina bhfuil Gaeilge cosúil le Gaeilge an 19ú haois dar le Williams (1998: 544). Luann Ó Maolmhuidh nach raibh tuiscint ag na gnáthdhaoine – ‘ag an bpobal gcoitcheann’ – ar aon teanga ‘acht an Ghaidhealg amhain’ (11, l.176/7; 1951: 18). Tugann an *Lucerna* léargas ar Gaeilge chlasaiceach, Gaeilge dhúchasach agus na canúintí a úsáideadh sa Chontae sa 17ú haois. Déantar plé anseo a chuireann an saineolas atá le fáil ar (<https://corpas.ria.ie>); Ó Baoill (1996) ar (www.doegen.ie); in O’Rahilly (1932, 1941); agus, in Williams (1994, 1998) san áireamh.

Bhain coiliniú leis an gContae, rud a tharraing éagsúlacht chreidimh agus athruithe leis. D’imigh a lán nuair a díshealbhaíodh iad. Liostáil Éireannaigh ó lár tíre in airm ar an Mór-Roinn. Ag an am bhí ar an Eaglais Chaitliceach dul i ngleic le toradh an Reifirméisín agus tiomsaíodh caiticeasmaí i gcomhréir le Comhairle Trento don lucht sa bhaile agus i gcéin. Chabhraigh an clóphreas sa Lováin le lámhscríbhinní a scaipeadh.

Is í an dara foinse a luann Williams ná an stór focal a bhailigh Piatt (1933) ó ghnáthchaint an phobail in Uíbh Fhailí san 20ú haois, agus is í an tríú foinse a mholann sé ná plé a dhéanamh ar logainmneacha an Chontae (1988: 549). Tagann athruithe ar logainmneacha ach d'fhéadfaidís a bheith ar aon chéim le canúint.

Thosaigh an teanga ag meath sa Chontae ó 1770 ar aghaidh (FitzGerald, 1984: 131), ach bhí roinnt Gaeilge in áiteanna éagsúla sa Chontae in 1891 (Ó Cuív, 1951: 78). Bhunaigh na hÍosánaigh Coláiste sa Chontae sa 19ú haois, agus bhí oidhreacht na nÍosánach agus an Ghaeilge fite go dlúth ina chéile (Titley, 2012: 25–7). Bhí an Ghaeilge fós le cloisteáil go haitiúil sa 19ú haois lártíre (Liam Mac Mathúna luaite in Ó Fionnagáin, [2022: 327]). Bunaíodh Craobhacha de Chonradh na Gaeilge i gContae Uíbh Fhailí ó 1899 go 1918 de réir Bhailiúchán Digiteach Chonradh na Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe (G60/4/8). Níl aon Chraobh ann anois (Ó Foghlú, 2023).

Luann Byrne (1967: 55–7) luaite in Stout, [1998: 35]) go raibh 0.03 de shuíomhanna eaglasta an cilimeádar thar an meán sa Chontae i gcomparáid le 0.01 an cilimeádar sna contaetha eile in Éirinn. Tá timpeall 89 baile fearainn ag tosú le 'cill' sa Chontae (www.townlands.ie). Baineann 'cill' le heaglais ach d'fhéadfadh 'coil' a bheith i gceist uaireanta. Tá an talamh i gContae Uíbh Fhailí chomh mín le clár, le portaigh go leor ann. Tá roinnt 'cillín' ann, – 'Relic Pastha': 'Reilic Paiste' 'ionad curtha do leanaí neamhbhaiste agus eachtrannaigh' (*O.S.name books* 1834:193). Crosbhóthar idir Cúige Míde, Cúige Laighean, Cúige Chonnacht agus Cúige Mumhan a bhí ann anallód (1998: 120). D'fhéadfadh oilithrigh a thaistil ar Bhealach Oilithrigh a n-oidhreacht teanga á scaipeadh acu sa Chontae. Tháinig an Contae faoi phlandáil Eilíse i gconcas sa 16ú haois. Athraíodh ainm an Chontae go Contae an Rí. Luann Hindley gur theip ar an gconcas ach gur briseadh úinéireacht thalamh traidisiúnta na nGael – rud a raibh toradh aige ar an teanga (1990: 5), agus ar ndóigh baineann tosca stairiúla, sóisialta agus tíreolaíocha le cúrsaí teanga i gcónaí (Janda & Joseph, 2003: 186; Din *et al.*, 2025: 1369)

Bhí an Ghaeilge á labhairt go fairsing i gContae Uíbh Fhailí sa 17ú haois (Williams, 1998: 544) agus mar a deir Ó Maolmhuaidh ba í an t-aon teanga a bhí intuigthe ag an bpobal. Luann FitzGerald go raibh meath ó 1770 i gceantair ar an taobh thoir den tSionainn (2003: 201). D'imigh sí i léig níos luaithe i gContae Uíbh Fhailí ná i gContae na hIarmhí (Ó Fionnagáin, 2022: 330). Bhí an dátheangachas fairsing i measc na mbocht in áiteanna mar Bhaile Átha Bui. Deir Ó Cuív go raibh an dátheangachas i gCill Chuairisí, san Eaglais agus sa Daingean in 1801 (1951: 78). Luann Piatt gurbh é Contae Uíbh Fhailí an Contae ba Ghaelaí i gCúige Laighean in 1801, agus Cill Chainnigh as an áireamh, agus go raibh Gaeilge in oirthear, i ndeisceart, agus in iarthar an Chontae faoi seach (1933: 8; 1998: 543). Bhí Gaeilge ag cohórt a rugadh idir 1771–1781 ach bhí sí laghdaithe go mór faoi 1851–1861 agus bhí sí imithe faoi 1861–1871 (FitzGerald, 1984: 131). Bhí 0.4% den daonra ann dátheangach in 1851 agus in 1891 bhí 0.5% acu dátheangach, an tromlach díobh seo i gCaisleán an Gharraí ar theorainn Chontae na Gaillimhe, dar le Ó Cuív, (1951: 78). Bhí páistí á dtógáil le Gaeilge fós sa cheantar sin in 1831 (1988: 543).

Léiríonn Daonáireamh 1861 go raibh an pobal athraithe ó phobal eaglasta Gaelach sa Chontae go pobal ilchreidmheach. Bhí Caitlicigh, Protastúnaigh, Preispitéirigh, Meitidistigh, Baistigh agus Cumann na gCarad i measc an phobail. Bhí líon mór gan cumas léimh ná scríofa: 37.8%, 11.1% agus 9.1% idir Caitlicigh, Protastúnaigh agus Preispitéirigh faoi seach. Bhí an líon ba mhó Preispitéireach i gContae Uíbh Fhaillí ná in aon Chontae eile i gCúige Laighean in 1861 gan an cumas sin acu (<https://parlipapers-proquest-com.nuigalway.idm.oclc.org>). Ba bheag líon na bPreispitéireach a labhair Gaeilge (McCoy, 1997: 66) agus deir Blaney gur bheag an seans go raibh an Ghaeilge in úsaid sna ceantair a bhí plódaithe le lonnaitheoirí (1996: 8). Sa 16ú haois ba chontae faoi phlandáil é agus leis an asáitiú a tharla, liostáladh Éireannaigh ó lár tíre in arm na Mór-Roinne.

Luann Williams ina chaibidil ‘The Irish language in County Offaly’ (1998: 543–67 in Nolan & O’Neill) gur tearc iad na foinsí atá ann le Gaeilge a mheas i gContae Uíbh Fhaillí. Bíodh sin amhlaidh, luann Ó Muircheartaigh, (2015: 301) go bhfágann athruithe soch-chultúrtha a lorg ar chanúintí:

... it would barely have been possible for the sort of socio-cultural and demographic change which took place in the early part of the Old Irish period... not to have left a significant mark on the dialect landscape of Irish.

Bhunaigh Naomh Cholm Cille mainistir i nDarú i mBaile Mhic Comhainn sa Chontae sa 6ú haois. Ba as Chenél Chonaill do Cholm Cille i dTír Chonaill de shliocht Uí Néill. Bhunaigh Naomh Chiarán, ar as Contae Ros Comáin do, an mhainistir i gCluain Mhic Nóis sa 6ú céad chomh maith. Bhunaigh Manchan de shliocht Dhál nAraidhe ó oirthear Uladh (Smyth, 1996: 50) a mhainistir i Liath Mancháin i mBarúntacht Gharraí an Chaisleáin. Bhí idirghníomhaíocht ann a d’fhéadfadh trasghearradh canúintí a chruthú ó thús.

Tá trí fhoinsé le fáil ina bpléitear canúint Chontae Uíbh Fhaillí agus ina ndéantar an cineál Gaeilge i gContaethe lár tíre a mheas. *Galeonic* a thugann Williams ar Ghaeilge Chontae Uíbh Fhaillí (1998: 546). Ba den tréibh *Laginian* a thagann an téarma (1988: 546; Smyth, 1996: 76; Ní Mhugháile, 2015: 548). Ní aontaíonn P. Ó Muircheartaigh leis an gcur síos sin. Iomrall nó ‘fallacy’ a bhaineann leis an téarma *Galeonic* dar leis (2015: 270) mar go bhféadfadh tréithe Ghaeilge Uladh agus Ghaeilge Chonnacht a bheith le cloisteáil i nGaeilge Uíbh Fhaillí, dar leis (2015: 270). Tacaíonn an taighde seo leis an áiteamh sin de chuid Uí Mhuircheartaigh.

Molann Williams, áfach, go ndéanfaí anailís ar Ghaeilge Uíbh Fhaillí mar seo a leanas (1998: 544):

Anailís ar cháipeisí ó ré na Gaeilge labhartha a bhí á scríobh ag na Gaeil;
Anailís ar stór focal ón teanga dúchais a d’aistrigh ón mionteanga go mórtheanga;
Anailís ar logainmneacha áitiúla.

Cáipéis stairiúil

*The modern county of Offaly was the southern extremity of the hegemony of the Uí Néill in the early medieval period. From the perspective of comparative dialectology it is strategically important in that scholarship is relatively well informed as to the sort of dialects spoken to the south and west of Offaly, but next to nothing is known of the area to the immediate north. The greatest insight into the dialect of Irish once spoken in Offaly is to be found in a seventeenth-century religious work titled *Lucerna Fidelium* (Ó Muircheartaigh, 2015: 263).*

In Uíbh Fhailí thiar theas tá barúntacht na hEaglaise nó *Eglish*, áit ina raibh slíocht Uí Mhaolmhuidh i dtír Uí Mhaolmhuidh. Ba as an áit sin do Fhroinsias Ó Maolmhuidh a bhíodh ag scríobh na Gaeilge clasaicí sa 17ú haois (1998: 544). Tá bearna mhór ama idir Gaeilge chlasaiceach an 17ú haois agus gnáth-Ghaeilge an 19ú haois. Luann Williams gur chomhshamhlaigh Ó Maolmhuidh a chuid Gaeilge le Gaeilge dhúchasach na ngnáthdhaoine nuair a chlaon sé ón nGaeilge chlasaiceach ina chuid ‘litriú neamhliteartha’. Ba í an teanga chéanna a bhí le cloisteáil sa Chontae sa 19ú haois dar le Williams, (1988: 544).

Proinsiasach ab ea Froinsias Ó Maolmhuidh; ba léachtóir i bhfealsúnacht agus ollamh le diagacht é. D’fhoilsigh sé *Lucerna Fidelium*, teagasc Críostaí i nGaeilge a bhí fós le ceannach i mBaile Átha Cliath in 1911 (www.dib.ie). Chaith Froinsias tamall i mainistir Naomh Isidore sa Róimh thart ar 1632, d’aistrigh sé go háiteanna eile ach d’fhill sé ar an Róimh in 1652 (www.dib.ie). Ba ann a thiomsaigh sé a leabhar *Lucerna Fidelium*. Tugann Ní Úrdail *Light of the faithful* mar mhíniú ar an teideal sin (2021: 2). Ba é an chéad leabhar a tionsaíodh i nGaeilge é a chuir clóphreas an *Sacra Congregatio* amach nuair a foilsíodh é in 1676. Baineadh úsáid as an cló ‘*Rome irish*’ den chéad uair lena fhoilsiú: <https://specialcollections.ul.ie/lucerna-fidelium/> (Ó Súilleabháin, 1962: ix).

Is caiticeasma é an *Lucerna Fidelium* ina múintear prionsabail an Chreidimh Chaitlicigh. Chuimsigh Ó Maolmhuidh an Chríostaíocht, an Chré, ár nAthair, na hAitheanta, rialacha na hEaglaise, na Sacraimintí, na Naoimh, an Phurgadóir, an Bíobla, an tAifreann agus an Tras-substaintiú ann. Tháinig gluaiseacht chaiticéiseach ar an bhfód tar éis Chomhairle Chaitliceach Trento (O’Reilly, 1996: 102). Ba chuid den Fhrith-Reifeirméisean é, am a tháinig borradh faoi théacsanna cráifeacha i dteangacha dúchais. Scríobhadh aistriúcháin ar cheithre théacs Phrotastúnacha go Gaeilge idir 1567 agus 1608 (Caball, 2010: 192).

Ba chuidiú mór é an clóphreas a tugadh don Lováin le leabhair dheabhóideacha a chur i gcló ar mhaithe le Caitlicigh in Éirinn agus leis na Proinsiasaigh féin i Lováin (O’Reilly, 1996: 102). Bhí caidreamh idir na húdair a bhí ag scríobh i gcanúintí éagsúla Gaeilge sa seánra seo. Scríobh Giolla Bhríde Ó hEodhusa a leabhar *An Teagasg Críosaíochta* in 1609 – ba leabhar dátheangach é – sa Laidin agus sa Ghaeilge (Ryan, 2013: 172). ‘I mBaile Uí Eodhasa, Co. Fhear Manach, a rugadh Ó hEodhusa b’fhéidir’ (www.ainm.ie). D’aistrigh Flaithrí Ó Maolchonaire *Desiderius* (*Sgáthán an Chrábhaidh*) ó bhuntéacs Spáinnise in 1616 agus ba as Contae Ros Comáin dó (www.ainm.ie). Scríobh Aodh MacAingil *Scáthán Shacramuinte na hAithride* in

1618. I gContae an Dúin, i nDún Phádraig, a rugadh MacAingil (www.ainm.ie). Chríochnaigh Seathrún Céitinn *Trí Bior-Ghaoithe an bháis: Three shafts of death* ar an 2ú Nollaig, 1631. Creidtear gur in aice leis an ‘mBuirgéis, tuairim sé mhíle siar ó dheas ón gCathair, a rugadh é’ (www.ainm.ie). Scríobh Theobald Stapleton *Catechismus* in 1639 (O’Reilly, 1996: 102). Is dóigh gur i dTiobraid Árann a rugadh Stapleton (www.ainm.ie). Rinne Muircheartach Ó Cionga aistriúchán ar *Bhíobla Bedell* in 1640. Ba as Contae Uíbh Fhailí dó (Anderson, 2018: 158; Williams, 1998: 557). Scríobh Antoin Gearnon, *Parrthas an Anna* in 1645; ‘Is cosúil gur i gContae Lú a rugadh Gearnon, i mBaile an Ghearlánaigh, b’fhéidir’ (www.ainm.ie). Diagacht oiriúnach do chomhthéacs na nGael a bhí sna leabhair mar gur scríobhadh i nGaeilge iad (O’Reilly, 1996: 102; Ryan, 2013: 174). Chuidigh Ó Maolchonaire le Céitinn ina chuid saothair (www.ainm.ie). Tá roinnt ábhar as *Teagasc Criosdaidhe Uí Eodhasa i bParrthas an Anna* agus bhain Froinsias Ó Maolmhuidh leas as *Parrthas an Anna* le haghaidh *Lucerna Fidelium* (www.ainm.ie). D’fhéadfaí tréithe de chanúintí éagsúla a bheith ar fáil sa *Lucerna Fidelium*.

Ba ‘le haghaidh na misean in Éirinn agus in Albain agus le freastal ar shaighdiúirí Éireannacha san Eoraip a mheastar a thiomsaigh Ó Maolmhuidh *Lucerna Fidelium* in 1676 (www.ainm.ie). Bhain trí thréith leis na saighdiúirí Gaelacha: bhí scileanna míleata acu; bhí siad dílis do Rí na Spáinne; agus, shainaithin siad lena gcreideamh Caitliceach (de Mesa, 2014: 22). I ndiaidh éirí amach 1641 earcaíodh saighdiúirí ó cheantair iargúlta in Éirinn agus liostáladh iad in arm na Spáinne i bhFlóndras ar dtús, lucht Uí Mhórdha agus Nugent ina measc ó lár tíre (de Mesa, 2014: 60). Fágadh Éire de bharr an díshealbhaithe agus tar éis theacht isteach an dlí choitinn faoi Shéamus 1 (2014: 60). Ní raibh ach Gaeilge acu, áfach, agus chruthaigh sé sin éileamh ar aistritheoirí le cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis a labhair Spáinnis (2014: 155). Bhí éileamh ar shéiplínigh a mhúin na sacraimintí dóibh agus a labhair Gaeilge leo (2014: 155). Chruthaigh sé sin éileamh ar leabhair chaitliceasmacha. Ba i bhfoirm ceisteanna agus freagraí a foghlaimíodh an *Lucerna* (<https://specialcollections.ul.ie/lucerna-fidelium/>).

Modheolaíocht

Moltar comparáid theangeolaíoch a dhéanamh leis an nGaeilge a mheas (Mac Mathúna, ríomhphost, 18.11.25; Ó Cuív, 1951: 47). Rinneadh O’Rahilly (1941: viii–xxxi) anailís ar mhalartú gutaí, séimhiú, críochnú focal, comhfhocail agus briathra le réamhfhocail ina réamhrá ar théacs *Desiderius* (Ó Maolchonaire, 1616). D’aithin Williams cosúlachtaí le canúint Laighean ina chuid anailíse ar fhóineolaíocht, ar mhoirfeolaíocht, agus ar léacsacan an *Lucerna* (1988: 546–58). (Baineann fóineolaíocht le hathruithe fuaimne; baineann moirfeolaíocht le foirmiú focal, deilbhíocht, mar shampla, agus baineann léacsacan le líon na bhfocal i dteanga [www.merriamwebster.com/dictionary]).

Deir Kaufman (1990: 14–15, luaite in Rankin, [2003: 183]):

it is comparative linguistic study, combined with some of the results of cross-cultural study, that will supply the bones, sinews, muscles, and mind of our reconstructed model of early folk and their ways.

Cuirtear saineolas ó (corpas.ria.ie); (www.doegen.ie); Ó Baoill (1996); Ó Cuív (1951); Ó Maolálaigh (2025); O’Rahilly (1932, 1941, 1972); Piatt (1933); Wagner (1981), agus Williams (1994, 1998) leis an taighde san alt. Baineann an chomparáid theangeoaoíoch le malartú gutaí, le consain ar lár, le séimhiú, le malartú consan, le béim ar shiollaí, le gutaí leathana, le huruithé, le cónasc, le forainm etc. Roinntear samplaí sa *Lucerna* lena léiriú cé na canúintí a bhí in úsáid ag Ó Maolmhuaidh agus i gContae Uíbh Fhailí.

Cúige Uladh

Malartú gutaí: Is i réamhfhocail agus in ainmfhocail a aithnítear an malartú gutaí (O’Rahilly, 1941: xvii), (1988: 547). Úsáideann Ó Maolmhuaidh ‘gur mian **leam**’ (liom) (13, l. 218); an ‘**meud**’ (méid) (14, l.250); **éudan** (éadan) (14, l.266). Tá ‘éudan’ in *Parrthas an Anma* (corpas.ria.ie) a bhaineann le Contae Lú, mar a luadh thuas. Tá Contae Lú i gCúige Laighean ach, deir Ó Cuív nach ionann teoirilínte teanga agus teorainneacha contaetha ná teorainneacha Cúigí (1951: 49). Luann Williams go bhféadfadh an teoirilínte teanga a bheith bainteach leis an mBóinn, le canúint Uladh ó thuaidh agus canúint Chonnacht ó dheas (1998: 545). Baineann sé le Cúige Uladh mar sin.

bhf i mbriathar (1988: 555) ‘ní bhfuil’ atá ag Ó Maolmhuaidh (59, l.1842). Tá sé sin coitianta i gCúige Uladh thoir theas dar le O’Rahilly, (1972: 44). Baineann ‘ní bhfuil’ le Cúige Uladh dar le Williams, (1988: 555).

Consain ar lár: Is san aidiacht agus san ainm briathartha a aithnítear consain ar lár (1941: xvii), agus léiríonn Ó Buachalla (2002: 7–8, luaite in Ó Muircheartaigh, [2015: 34]) go dtarlaíonn sé sa taobh thuaidh. Is ‘**sunradhach**’ (sonrach) atá ag Ó Maolmhuaidh (18, l.398).

bhf in ainmfhocail (1941: xvii), ‘ainbhfios’ (ainbhios: *ignorance*) (59, l.1870). Cuirtear séimhiú ar ‘f’ nó ar ‘b’: d’fhéadfadh ‘bfh’ nó ‘bhfh’ a bheith ann dar le O’Rahilly. Tá ‘ainbhfios’ ag Mac Aingil in *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe*, ar as Contae an Dúin dó (Cúige Uladh).

‘oi’ go ‘ai’ i ndiaidh ‘b’ in ainmfhocail (1998: 549): ‘boill’ (baill: *members*) atá ag Ó Maolmhuaidh (31, l.839). Tá sé i nGaeilge Oiriall dar le Williams.

‘ao’ leathan in ainmfhocail agus aidiacht (www.doegen.ie) ‘mhnaoi’ (mná) atá ag Ó Maolmhuaidh (33, l.924). (Tá sampla de ‘baoidheach’ (bídeach: *minute*) i gContae Lú ([Ó Baoill, 1996: 126] *An teanga bheo: Gaeilge Uladh* ar www.doegen.ie/LA_1220d1)). Leathnaítear an ‘ao’ i gCúige Chonnacht agus in Uíbh Fhailí, mar shampla: ‘faraor’ a deir O’Rahilly, (1932: 24). Tá ‘comhaosda’ ag Ó Maolmhuaidh (21, l.502). Tá sé ag MacAingil in *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* (corpas.ria.ie) mar sin tá sé bainteach le Cúige Uladh chomh maith.

‘go seadh’; (1998: 558). Tá ‘go seadh’ (fós) ag Ó Maolmhuaidh (38, l.1095). Tá sé in oirthear Uladh dar le Williams. Tá ‘go seadh’ le feiceáil agus le cloisteáil i gContae Lú (www.doegen.ie/LA_1220d1).

‘ch’ (Williams, 1994: 450). Tá ‘ch’ fágtha ar lár ag Ó Maolmhuaidh – ‘dalla cia’ (ciach/brón trom) (117, l.3890). Is sampla de ‘chlaochlú a tharla i nGaeilge Oiriall agus sa tuaisceart’ é (Beckett, 1967: 44, luaite in Williams, [1994: 450]).

'*rs*' (1988: 552). 'do thursa' (tuirsigh) atá ag Ó Maolmhuidh (145, l.4904). Athraítear fuaim ó chaol go coguasach (*palatalised to velarised*) dar le Williams. Tarlaíonn sé le 'dorsóireacht' (*gatekeeping*) i gcanúint Uladh (corpas.ria.ie).

Is féidir a rá go mbaineann tréithe de chanúintí an tuaiscirt leis an *Lucerna* mar gheall ar phlé ar na saintréithe thuas luaite: malartú gutaí; 'bhf' in ainmfhocail agus i mbriathar; athruithe gutaí 'oi' go 'ai' agus 'ao' go 'i', 'go seadh' agus an 'ch' fágtha ar lár.

Cúige Chonnacht

Tá *malartú consan* soiléir in ainmfhocail (1941: xvii), mar shampla: sgéul (scéal) atá ag Ó Maolmhuidh (58, l. 1819). Tarlaíonn sé i gCúige Chonnacht. Tá sé in *Desiderius* ag Ó Maolchonaire (74, l.2420, [corpas.ria.ie]). Ba as Ros Comáin dó, (Cúige Chonnacht).

'*go seadh*' (1998: 558). (www.doegen.ie/LA_1220d1). Dar le Ó Muircheartaigh go dtarlaíonn sé i dtéacs ó Chúige Chonnacht (2015: 420). (Tá sé soiléir i gCúige Uladh agus i gCúige Chonnacht).

dh ar lár in ainm briathartha (1941: xvii): 'ag scige' (scigeadh: *jeer*) atá ag Ó Maolmhuidh (26, l.657). Tarlaíonn sé i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan. Luann O Rahilly (1932: 65/66) gur fágadh 'dh' ag an deireadh i gContae Uíbh Fhailí i bhfocail mar 'coga' (cogadh); 'brise' (briseadh), agus is Gaeilge Chonnacht é.

Is féidir a rá go mbaineann tréithe le canúint Chonnacht: le malartú consan, le h'úsáid 'go seadh' agus le 'dh' san ainm briathar fágtha ar lár.

Cúige Mumhan

Aistriú an aicinn don dara siolla in ainmfhocail, mar shampla: sgathán (scathán) atá ag Ó Maolmhuidh (21, l.479/480). Tarlaíonn sé sin i gCúige Mumhan (1998: 545); (O'Rahilly, 1932: 262). Tá sampla ag Piatt (1933: 14) san fhocal 'amadán' i nGaeilge Uíbh Fhailí.

'*muna*' (1998: 555) 'muna' atá ag Ó Maolmhuidh in ionad 'mura' (37, l.1041). Is foirm chlaisiceach í a aontaíonn le canúint na Mumhan dar le Williams.

Forainm Réamhfhoclach 'chugainn' (1998: 553, 560). (30, l.809). Is é 'chúm' atá i ndeisceart Uíbh Fhailí mar aon le Cúige Mumhan dar le Williams. Is é 'chúm' (chugam) atá ag Stapleton sa *Catechismus*, ar as Tiobraid Árann dó. 'Chugaibh' atá ag Ó Maolmhuidh (139, l.4691). Tá 'chugaibh' in úsáid ag Céitinn in *Trí Bior-Ghaoithe an bháis*.

Tá 'aguinn' ag Ó Maolmhuidh 'cionnas ata a fhios aguinn' agus 'cionnas as feasach sinne' (18, l.379); (18, l.390). Tá an forainm 'sinn' sa *Catechismus* (Cúige Mumhan).

'*adh*' in ainmfhocail 'adhbhar' (ábhar). Úsáideann Ó Maolmhuidh 'ar an adhbhar' (74, l.2373). Úsáideann sé 'adhbhar eagla' freisin (*cause*) (24, l.598). Is canúint Chúige Mumhan é seo (Ó Maolálaigh, 11 Meán Fómhair, 2025).

Is féidir a rá go bhfuil samplaí de thréithe de chanúint na Mumhan in úsáid ag Ó Maolmhuidh le haistriú aicinn, le 'muna' seachas 'mura', le 'chúm' seachas 'chugam' agus le 'adh' mar 'a'.

Cúigí éagsúla

'do' le briathar Aimsir Chaite (1998: 556). 'do righneadair' (rinneadar) atá ag Ó Maolmhuidh (34, l.936). Tá sé i gcanúint Oiriall agus Chill Chainnigh dar le Williams.

urú i nidiadh 'sa'/'san' in ionad séimhithe in ainmfhocail; mar shampla: Is 'san mbaisdeadh' (sa bhaisteadh: *in baptism*) atá ag Ó Maolmhuidh (40, l.1171). Tarlaíonn sé i gCúige Chonnacht agus i nGaeilge Oiriall (1998: 554).

Tá tréithe de chuid chanúint Chonnacht, chanúint na Mumhan, chanúint Uladh agus mionsampla den chanúint a úsáideadh i nGaeilge Chill Choinnigh sa *Lucerna*.

I dtaobh chlaonta Uí Mhaolmhuidh ón leagan cainte clasaiceach go leagan cainte dúchasach (1998: 544), tá na samplaí seo a leanas:

1. 'Beanadh se allas as mo mhuintir uile...' (142, l.4792). Is é sin 'go mbainfeadh sé allas as mílte' agus is as 'Filidhe na Máighe (Cúige Mumhan) é de réir Uí Dhuinnín (1927: 131, luaite in Ó Súilleabháin, [1962: 183]). Is é an míniú atá ann ná go mbíonn sé an-deacair coincheap bíobla a thuiscint. Is prionsabal na Purgadóra mar ionad aithrí atá le míniú anseo ag Ó Maolmhuidh. Is analach í Purgadóir Phádraig i dTír Chonaill agus b'ionad aithrí í sa seanchas.
2. 'Ní ar aonchois thainig Patruic go hEirin...' (147, l.4991); Is as caint an Chláir a thagann sé de réir Mhic Chluín (1940: 256, luaite in Ó Súilleabháin, [1962: 184]). Is é sin le rá go bhféadfadh go mbeadh diúltachas ag duine amháin agus dearbhú ag duine eile (1962: 184). Bíonn an fhíríc fhíor sa Bhíobla (148, l.5000). Is prionsabal an tras-substantithe agus uilíocht bhriathar Dé atá á mhíniú anseo ag Ó Maolmhuidh.
3. 'Acht, os nar bheith ag marbhadh mada mhairbh, innis...' (149, l.5040/1). Is seanfhocal Uladh é de réir Uí Muirgheasa (1936: 1380, luaite in Ó Súilleabháin, [1962: 184]). Míníonn sé gur féidir a bheith amhrasach ach nuair is airteagal creidimh é, is focal Dé sa bhíobla a chreidtear seachas a bheith ag caitheamh cloch (149, l.5054). Is é prionsabal an dea-bhreithiúnais atá á mhíniú anseo ag Ó Maolmhuidh. (Baineann an focal 'mada' le canúint Chonnacht theas.[1998: 561]).
4. 'oir o bheith marthannach dhí gan bathad gan dul sios ar fad o a tus go direadh dhomhain...' (168, l.5261-3). Chaithfí a bheith muíneach as an Eaglais uilíoch mar mhair sí gan a bheith 'i ngar dhá bheith i mbáthadh' (M. Ó Direáin, luaite in Ó Súilleabháin, [1962: 186]). Is é prionsabal mharthanacht na hEaglaise atá á mhíniú anseo. Is le Cúige Chonnacht a bhaineann sé.

Bhain Ó Maolmhuidh úsáid as an ngnáth-theanga le prionsabail dheacra a mhíniú don phobal. Is athrú stíle é sin nó *'style shift'* a deir Bell (1984: 147) agus cuireann Gumperz (1967, luaite in Bell, [1984: 159]) 'dátheangachas aonteangach' air. (Luann MacMathúna, [2023: 55] nach raibh an *'requisite intellectual openness'* in Éirinn glacadh le dátheangachas, mar nach raibh sé soiléir i saol tráchtála na tíre). D'úsáid Ó Maolmhuidh gnáth-theanga mar 'ag boicleimeadh' (pocléim) (125, l.4182); 'ag leimeadh as an iomaire' (133, l.4463); agus, 'ag treabhadh go díreach' (133 l. 4464). Bhí 'b' agus 'p' inmhalartaithe, bhain an 'b' le canúint

Uladh agus bhain ‘p’ le canúint na Mumhan mar atá le ‘poc’ agus ‘boc’ (corpas.ria.ie). Bhain ‘iomaire’ le canúint Uladh (corpas.ria.ie) agus tá ‘treabhadh’ in *Parrthas an Anna* (corpas.ria.ie) a bhain le canúint Uladh.

Níl dóthain foinsí ar fáil inar úsáideadh gnáth-theanga an phobail, a deir Ó Cuív (1951: 44). Luann sé go ndearnadh Stapleton é sa *Catechismus* (1639) ach ‘*what a pity that more writers did not follow his example*’ (1951: 44). Rinne De hÍde gearán sa 19ú haois faoi dheacrachtaí le foclóir an *Lucerna Fidelium*: go raibh sé ‘dochiallach’ toisc go raibh an t-údar i bhfad ó bhaile le fada agus go raibh ‘an teanga athraithe’ ó ré na ‘seanleabhar’ (De hÍde, 1986: 58, 59).

Is féidir a rá, áfach, go bhfuil canúint Chonnacht, canúint na Mumhan agus canúint Uladh soiléir sa *Lucerna* nuair a chlaonann Ó Maolmhuidh ón nGaeilge chlasaiceach in ainneoin a raibh le rá ag De hÍde, ar as Ros Comáin dó (Cúige Chonnacht).

Cinnté bhí téarmaí deacra iasachta á bhfi isteach. Seachas téarmaí Béarla úsáideann Ó Maolmhuidh téarmaí Laidine: *opiniones* ach tugann sé an míniú i gcaint na ndaoine: baramhla/go mbaramhlair iad/ baramhlacha (151, l.5129/5133/5137). Is focal ó Chúige Chonnacht í ‘barúil’ agus is ‘tuairim’ a úsáidtear i gCúige Mumhan, a deir Flynn (1910: 9). Is féidir ‘baramhail’ a fheiceáil i saothar Chéitinn, ar as Tiobraid Árann dó, áfach (1910: 10). Deir Ó Cuív gur úsáideadh *opinion* i saothar Uí Dhomhnaill ó Thír Chonaill (1951: 54). Úsáideann Ó Maolmhuidh ‘*confirmatio*’ (111, l.3687). Tugann sé an míniú i gcaint na ndaoine: ‘fa laimh easpuig’ (111, l.3687). Tá an líne mar an gcéanna le líne Stapleton: ‘*confirmatio* ie. dul fé laimh Easbuig’ (107, l.5422 ar corpas.ria.ie) ach ‘p’ in ionad ‘b’. Coinníonn Ó Maolmhuidh an Béarla san ‘tsacramuint’ ‘firmamuint’ ‘fundamuint’ (162, l.5550/1).

D’úsáid Ó Maolmhuidh ‘*devosion*’ (deabhóid) (49, l.1482), ach cuimsíodh ‘t’ bog mar ‘s’. Luann Hickey gur tréith í a bhí ag na Gaeil an ‘t’ bog a úsáid (léacht: 14 Samhain, 2025). Glacadh leis an téarma ‘*in native terms*’ (Hoffer, 2002: 4). Úsáideadh an focal sin in *Beatha Gillasius Ardmachanus* (1774) (corpas.ria.ie). Luann Ó Cuív go bhfuil an téarma iasachta ‘*temtáision*...’ i lámhscríbhinn ó Chorcaigh ón 17ú haois (1951: 47). ‘Crábhadh’ a úsáideadh sa *Desiderius* (50, l.1603 ar corpas.ria.ie) agus in *Parrthas an Anna* (59, l.2607 ar corpas.ria.ie).

Tháinig téarmaí dlíthiúla aisteacha isteach mar ‘chuid den riarachán lárnach’ (Penny, 2006: 55). Ba chuid den pholasáí beartaithe de réir Achta 1534 na Breataine iad (Gillespie, 2006: 24). Ghlac Ó Maolmhuidh leis na téarmaí iasachta. Tá inscríbhinní ar leachta cuimhneacháin Uí Mhaolmhuidh i mBéarla i gContae Uíbh Fhailí – comhartha go rabhthas ag aontú leis an stát agus leis an Eaglais Bhunaithe (Lyttleton, 2013: 239). Ba comhartha chomh maith é go raibh athrú ón Laidin ar siúl (Ó Fionnagáin, 2022: 311).

Níor ghlac an uile dhuine den phobal Gaelach leis na hathruithe. Chum filí Gaelacha dánta polaitiúla searbhacha le bailíocht an chórais nua a liobairt nuair a bhí na caipéisí dlíthiúla ag teacht isteach (2023: 56, 57). Tháinig focail mar: síothcháin an ríogh, próiseas, sioson mór; (*king’s peace, legal process, assize*), agus athraíodh brí an fhocail ‘tighearna’ go *landlord* (2006: 25, 26). Tháinig ‘tiarna talúin’ as (Ó Cuív 1951: 46). Ghlac Ó Maolmhuidh le ‘tighearna’ (147, l.4965) ‘pleideala’ (108, l.3574); ‘an fhundaiment’ (109, l.3621); ‘reuerens’ (100 l.3294) ‘usuireacht’ agus ‘simonia’ (55, l.1700) Luaigh sé gurbh iad na peacaí ba mheasa fós, ná an

‘creachadh’ agus an ‘fuadach’ – téarmaí/peacaí a bhain le stair an Chontae (54, l.1692). Tá na focail sin in *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* (Cúige Mumhan). Choinnigh Ó Maolmhuidh le téarmaí oidhreachta mar ‘eaglais’ ‘...ar an gcaraig si do chuirfeadso mh’eaglais’ na suidhe... (158, l.5385). Luadh gur bhain an focal ‘séipal’ (*sic*) leis an Eaglais Phrotastúnach (Evans, 1972 ar www.doegen.ie/LA_1253d1#anchor-18). Is focal uilíoch í ‘eaglais’ atá sa *Desiderius*, i *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe*, In *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* agus in *Parrthas an Anma* (corpas.ria.ie). Bhí an focal ‘clag’ in úsáid sa 13ú haois ag an bhfile Muiredach Ó Dálaigh (1213) (Bergin, 1984: iii,27,92). D’úsáid Ó Maolmhuidh ‘ceill’ (89, l.2892). Tá ‘ceill Dia’ in úsáid in *Beatha Aodha Ruaidh Ui Dhomhnaill* (corpas.ria.ie/index.php?fsg_word=Ceill). Baineann sé le Cúige Uladh. Sa dán traidisiúnta cuimsithe ag deireadh an *Lucerna Fidelium* (1962: 172/3), tá cúig véarsa tógtha as dán de chuid Eoghain Ruaidh Mhic an Bhaire in onóir d’Aodh Ó Domhnaill in *The Book of the O’Conor Don*. (Bergin 1970: 25, 219, 220). Ba as Cúige Uladh dó. Cumadh dánta de réir meadarachta (1951: 47). Sa dán labhraíonn Ó Maolmhuidh le daoine atá i mbun na heaglaise agus san arm: ‘Meic eagluise...ghaisgidh’ (172, l.5891/3). Molann sé eolas a scaipeadh (172, l.5900). Molann sé na seancheirdeanna áitiúla: ‘aos eagnaídh ealudhna’ atá muid á gcosaint (173, l.5904/5: ucairí (*weavers*), ghresuidhthe (*shoemakers*), thailiúirí (*tailors*), agus lucht ceirde (*craftsmen*) (148, l.5031). Tá an focal ‘ealudhna’ ag Eoin Ó Cuilleán (corpas.ria.ie).

Bailiúchán Piatt (1933) agus gnáthchaint Uíbh Fhailí

Is téarmaí a bhaineann leis an ngnáthshaol a fhaightear i mBailiúchán Piatt (1933) agus a bhaineann le canúint Uladh den mhórchuid. Is ‘fianaise shochtheangeolaíoch’ (*sociolinguistic testimony*) (Ó Fionnagáin, 2022: 330) é an bailiúchán ar úsáid na Gaeilge sa Chontae. Deir Piatt (1933: 26) gur chuala sé roinnt focal fós sa chaint i nGaeilge Uíbh Fhailí: ‘amadán’, ‘banaibhín’, brúightín’, (prataí le bainne), ‘coicín’ (píosa féir), ‘caorán’ (píosa móin), ‘buailteán’ (cuid den súiste), ‘doirín’ (murlán), ‘gráinneog’ (*hedgehog*), ‘gasún’, ‘traithín’, (sop?), ‘somachán’ (cailín nó leaid óg) agus ‘miosán’, ‘parcán’ ‘putachán’ (duine nár fhás, Ó Dónaill, 1977). Tá an bhéim ar an bhfréamhsíolla sna focail mar a bheadh i dTuaisceart Éireann (1998: 547). Laghdaíodh an síolla nuair a aistríodh ‘a’ go ‘u’ mar a tharla le putachán (1998: 547). Is é ‘patachán’ atá ag Ó Dónaill (1977). Suíonn Wagner ‘bainbh’ (‘banev’) ‘amadán’, ‘caorán’ ar an taobh thiar de Loch Rí agus i nDún na nGall, sa Chuaille, agus i gCiarraí agus tá ‘amadán’ i gContae Thír Eoghain (Wagner, 1981: 32, 129, 170). Léiríodh sa Bhailiúchán Scoile gur mhair ‘caorán’ i gContae na hIarmhí agus ‘bainbh’ i mBeannchar, Contae Uíbh Fhailí (www.duchas.ie/en/cbes/transcripts).

Bhí cumas cainte ag cainteoirí dúchais ó Chuaille (Cúige Uladh) le cainteoirí dúchais lár tíre a deir Piatt (1933: 8). Luann FitzGerald go raibh Gaeilge fós i gCuaille sa 19ú haois (1984: 129). Luann Williams, freisin, go raibh gaol idir cainteoirí Uíbh Fhailí agus cainteoirí Gaeilge Oiriail sa 19ú haois (1998: 561). Chualathas frásaí freisin, mar ‘ochón í’ agus ‘a mhic’ fós sa ghnáthchaint dar le Williams (1998: 557, 558). Tá ‘cruaidheog’ ag Ó Maolmhuidh (131

l.4389). Tháinig ‘cruóg’ thairis (1998: 558). Tá nasc soiléir le gnáthGhaeilge an *Lucerna* sna focail ‘balbhán’ (duine tostach) (124, l.4132); agus, ‘c(h)aocharain’ (duine dall) (134, l.4497). Bhí téarmaí ceana le cloisteáil: ‘cuid mo chroí’ agus ‘a leanbh mó chroí’ atá bainteach le hUíbh Fhaillí theas agus bainteach le Gaeilge na Mumhan ann freisin (1998: 560).

Logainmneacha

Luann Williams gur féidir canúint a aithint sna logainmneacha (1988: 549). Tá roinnt logainmneacha i gContae Uíbh Fhaillí ina bhfuil gutaí aistrithe agus consain fágtha ar lár nó aistrithe go consain eile.

‘**ao’ go ‘i’** Luann O’Rahilly (1932: 24; 1941: xx) agus Williams (1998: 559) go n’aithrítear ‘ao’ go ‘i’ i gCúige Uladh agus Cúige Chonnacht. D’fhéadfadh Doire Caol (*Derrykeel*) a bheith bainteach le Gaeilge Uladh agus Cúige Chonnacht.

‘**ea’ go ‘a, mh’ go ‘w’** (1988: 548, 550). Athraítear ‘ea’ go ‘a’ – ‘Gleann’ (*Glan*). Luann Ó Cuív (1951: 42) go dtarlaíonn sé i gCúige Mumhan i bhfocail mar: asanóir, easonóir (*dishonour*). Thug Bede ‘Darwah’ ar ‘Dearmhagh’ (Bede, luaite in Joyce, [1870: 56]); aithríodh ‘Darmagh’ go Darú (*Durrow*) (www.logainm.ie).

‘**mh’, ‘bh’** Réitíonn an logainm ‘Gleann Doimhin’ (*Glendine*) le Gaeilge na Mumhan mar gheall ar an ‘mh, bh’ ach cailleadh é san aistriúchán (1988: 559).

‘**ó’ fada go ‘á’** Réitíonn ‘Clóirtheach’ (*Clara*) le Gaeilge Uladh agus Cúige Laighean theas (1988: 549); cailleadh an ‘ch’ ag an deireadh.

Athraíodh ‘oo’ go ‘ú’ nó ‘a’ mar atá in *Slieve Bloom* a d’athraigh go ‘Sliabh Bladhma’ a théann le Gaeilge a d’úsáidí i gCúige Laighean (1998: 549). Réitíonn na logainmneacha sa sampla ionadaíoch seo le canúint Chonnacht, canúint Uladh, canúint na Mumhan agus réitíonn ceann amháin le Gaeilge a d’úsáidí i gCúige Laighean.

An Ghaeilge sa Chontae níos déanaí

Bhí Gaeilge sa Chontae in 1801 go mór mór san iarthar agus sa deisceart (*Statistical Survey*, luaite in [1988: 543]). Deir FitzGerald, áfach, go raibh sí ag meath ó 1770 mar a luadh thuas, ar an taobh thoir den tSionainn (2003: 203). Dar leis nach raibh mórán Gaeilge in aon bharúntacht déag as dhá bharúntacht déag sa tréimhse 1771–1781 (FitzGerald, 1984, luaite in Ó Fionnagáin, [2022: 330]). Deir sé gur léirigh Ó Cuív (1951) ó fhoinsí liteartha sa 19ú haois

that Irish had survived in varying degrees up to the first or second decade of that century in most baronies of Offaly and in about half of those in Laois (1984: 184).

Léirítear go raibh Gaeilge ag 3.9% den daonra i gCaisleán an Gharraí a rugadh idir 1811–1821; 1821–1831 agus 1831–1841 agus go raibh an Ghaeilge imithe faoi 1861 (FitzGerald, 1984). Bhí cainteoirí dúchasacha sa Chontae marbh faoi thús an 20ú haois (1988: 544).

Lean traidisiún eaglasta Gaelach sa Chontae le bunú Choláiste Íosánach Naomh Stanislaus, An Tulach Bheag, Baile Mhic Comhainn in 1818 (O'Neill, 2014: 29). Ba nóibhíseacht é do hÍosanaigh. Ba scoil chónaithe ullmhúcháin í do bhuachaillí den mheánaicme chomh maith nó áit na 'Tullabeggars' (Bradley, 2004: 10, 12). Cuireann Titley in iúl gur chuir Iosánaigh go mór leis an léann Gaelach (2012: 25–7). Duine amháin a bhí sa Tulach Bheag ab ea Seán Mac an Fhir Léinn ar as Béal Feirste dó (Cúige Uladh). Chuaigh sé leis an tsagarthacht sa Tulach Bheag in 1888 (www.dib.ie). Scríobh sé eagrán de dhánta na bhfilí Gaelacha: Cétinn agus Ó Bruadair, agus scríobh sé faoi logainmneacha agus stair eaglaise (www.dib.ie; Titley, 2012: 27). Rinneadh ollamh le diagacht de. Bhí an sagart William Delany, ar as Ceatharlach dó, (Cúige Laighean) i gceannas ar an staidéar sa Tulach Bheag agus bhí páirt lárnach aige i gceist an mheánoideachais in 1878 in Éirinn (O'Neill, 2014: 62). Chuir sé oideachas tríú leibhéal ar fáil le rath mór acadúil i gcónasc le hOllscoil Londan mar níor tugadh aitheantas stáit do cháilíochtaí ó Ollscoil Chaitliceach ag an am in Éirinn (2004: 10). In ainneoin a chuid iarrachtaí an Ghaeilge a chothú, ba í cheist na Gaeilge sna hOllscoileanna a fuair an lámh in uachtar air mar nár aontaigh sé lena héigeantacht (www.dib.ie). (Chreid an Eaglais Chaitliceach go raibh cearta an stáit ag dul i gcoinne chearta na dtuismitheoirí ó thaobh réasúin de, le héigeantacht scoile ag deireadh an 19ú haois [Akenson, 1988: 123]). Chaith Delany seal mar uachtarán ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath nuair a chríochnaigh sé sa Tulach Bheag (www.dib.ie). Nóibhíseach Íosánach eile a bhí sa Tulach Bheag ab ea Micheál MacCraith ar as na Déise dó (Cúige Mumhan) a chuir eagar ar *Chinn Lae Amhlaoibh Uí Shúilleabháin* (www.ainm.ie). Rinneadh cónascadh idir Tulach Bheag agus Coill Chluana Gabhann in 1886 agus d'aistrigh na buachaillí ann (2004: 12). Casadh ar an Duinníneach (Cúige Mumhan) a bhí ag múineadh ann (www.ainm.ie).

An Gaeilge go háitiúil sa 19ú haois

Bhí an Ghaeilge á labhairt ag na haontaí áitiúla. Ba bhaile margaidh é Baile Átha Luain do Ros Comáin theas, Iarmhí theas agus Uíbh Fhailí thuaidh agus luann Ó Fionnagáin go bhféadfadh cainteoirí Gaelacha ó Ros Comáin a bheith ag an aonach in 1841/2 'ach níorbh ó Ros Comáin amháin' iad (Ó Fionnagáin, 2022: 327).

In 1895 scríobh Froinsias Ó Conchubhair ó Bhaile Átha Luain, litir chuig Dúbhghlas de hÍde ag rá go ndeachaigh sé 'amach sa tír taobh Chonnacht den m-baile seo' agus go raibh 'go leor sean Ghaedhilge le faghail ann fós agus nár tháinig mé air ais le malla follamh' (Liam Mac Mathúna in Ó Fionnagáin, [2022: 327]). 'An Díleachd' an t-ainm a chuir sé air féin (<https://archivesearch.library.universityofgalway.ie/index.php/caoineadh-maire-ni-hardigain>).

Conradh na Gaeilge

Bunaíodh trí chraobh is fiche de Chonradh na Gaeilge i gContae Uíbh Fhailí. Bunaíodh an chéad Chraobh in Éadan Doire i mí na Bealtaine 1899 (G60/4/8). Duine a raibh baint aici leis an gConradh ab í Sinéad Bean de Valera a chaith seal ag múineadh sa bhaile sin (*Irish Independent*, 23.09.2005). Is cosúil go raibh canúint Chonnacht aici (www.ainm.ie). Dúnadh trí Chraobh níos déanaí. Bunaíodh an dá Chraobh ba dheireanaí in 1918: Craobh Chill Chaomháin agus Craobh san Eaglais (G60/4/8). Bhí baint ag sagairt le sé Chraobh déag (70%) agus bhí Lil Ní Bhroin ina huachtarán ar Chraobh Chill Caomháin (G6/4/8). Níl aon Chraobh de Chonradh na Gaeilge i gContae Uíbh Fhailí anois (Ó Foghlú, 2023).

Conclúid

Ba iad canúint Chonnacht, canúint na Mumhan agus canúint Uladh a chleachtaí i gContae Uíbh Fhailí mar a léiríonn an taighde seo. Bhí tionchar ag an stair ó thús ar na canúintí mar ba as na Cúigí sin a tháinig naoimh a bhunaigh na mainistreacha ann. Léiríonn an chomparáid theangeolaíoch ar *Lucerna Fidelium* go raibh focail ann a bhí i gcomhréir le canúint Chonnacht mar shampla: sgéul/scéal. Léirítear go raibh ‘muna’ in úsáid in ionad ‘mura’ – tréith a fhaightear i gcanúint na Mumhan, agus, nuair a chuirtear ‘do’ roimh bhriathar, mar shampla: ‘do righneadar’ is le canúint Uladh a réitíonn an fhoirm sin. Scríobh Ó Maolmhuaidh dá phobal sa bhaile agus do phobal ó Uíbh Fhailí i gcéin. Tá canúintí na bPrionsiasach a thug tacaíocht dó lena chuid saothair soiléir sa téacs. Tá na canúintí céanna soiléir sa dátheanghachas aonteangach nuair a labhraíonn sé sa ghnáthchaint. Tá focail mar ‘amadán’ a bhí fós sa chaint i gContae Uíbh Fhailí de réir bhailiúchán Piatt, cosúil le ‘balbhán’ a théann le canúint Uladh – leis an mbéim ar an bpríomhshiolla.

Tá logainmneacha sa Chontae a théann le canúint Chonnacht; mar shampla, ‘Doire Caol’ leis an ‘ao athraithe go ‘í’. Tá logainmneacha a théann le canúint na Mumhan, mar shampla ‘Gleann Doimhin’ a chaill an ‘mh’ sa Ghaeilge, agus tá logainmneacha a théann le canúint Uladh mar shampla ‘Clóirtheach’ leis an ‘ó’fada.

Chloistí Gaeilge Chonnacht á labhairt sna haontaí áitiúla sa 19ú haois sa chontae. Fiú i dTeach na mBocht i bhfoisceacht do Chontae Uíbh Fhailí ba í Ghaeilge Chonnacht a bhí le tuiscint. Bhí baint ag na hÍosánaigh leis an nGaeilge sa Chontae agus bhí tionchar acu ar léann na Gaeilge. Bunaíodh Craobhacha de Chonradh na Gaeilge ó 1899. Mhúin Sinéad Bean deValera, a raibh canúint Chonnacht aici, sa Chraobh in Éadan Doire. Bunaíodh an ceann ba dheireanaí sa cheantar réamhráite: ceantar na hEaglaise in 1918.

Is féidir a rá go raibh tionchar ag canúint Chonnacht, canúint na Mumhan agus canúint Uladh ar an gcanúint a chleachtaí in Uíbh Fhailí den mhórchuid. Níl ann ach miontionchar ag canúint a d’úsáidtear i gCúige Laighean de réir an taighde seo. Athraíodh fuaim ‘oo’/’ú’ go ‘a’ mar atá in *Slieve Bloom*/’Sliabh Bladhma’ agus cuireadh ‘do’ leis an mbriathar i gCúige Laighean scaití.

Tagairtí

- Akenson, D.H. (1988) *Small differences: Irish Catholics and Irish Protestants, 1815–1922: an international perspective* (1). McGill-Queen's Press-MQUP.
- Anderson, B.A. (2018) 'Ireland and the Old Testament: transmission, translation, and unexpected influence.' *Journal of the Bible and its Reception*. 5(2). 141–69.
- Bell, A. (1984) 'Language style as audience design.' *Language in society*. 13(2). 145–204.
- Bergin, O. (1984) *Irish Bardic Poetry*. DIAS.
- Blaney, R. (1996) *Presbyterians and the Irish language*. Ulster Historical Foundation.
- Bradley, B. (2004) "Something about Tullabeg": A Footnote on the Schooldays of James Joyce.' *Studies: An Irish Quarterly*. <https://www.jstor.org/stable/30095946>
- Caball, M. (2010) 'Gaelic and Protestant: a case study in early modern self-fashioning, 1567–1608.' *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature*. 110(1). 191–215.
- Connolly, S.J. (2001) *Priests and people in pre-famine Ireland 1780-1845*. Gill & Macmillan.
- Conry, F. et al. (1941) *Desiderius, Otherwise Called Sgáthán an chrábhaidh*. O'Rahilly, T.F. (eag.) Dublin: Stationery Office.
- De Mesa, E. (2014) *The Irish in the Spanish armies in the seventeenth century*. UK: Boydell & Brewer Ltd.
- Din, S.U., Ullah, H. & Bibi, N. (2025) 'Examining new Dialect formation through Trudgill's sociolinguistic principles.' *Journal of Applied Linguistics and TESOL (JALT)*, 8(1), 1367–76.
- Dinneen, P.S. (eag.) (1927) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: an Irish-English dictionary, being a thesaurus of the words, phrases and idioms of the modern Irish language*. ITS.

- FitzGerald, G. (1984) 'Estimates for baronies of minimum level of Irish-speaking among successive decennial cohorts: 1771–1781 to 1861–1871' *Proceedings of the Royal Irish Academy*. 84, C, 3: 1 117–55 and ten maps.
- FitzGerald, G. (2003) 'Irish-speaking in the pre-famine period: a study based on the 1911 census data for people born before 1851 and still alive in 1911.' *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature*. 103(5). 191–283.
- Gillespie, R. (2006) *Seventeenth-Century Ireland*. Dublin: Gill & Macmillan Ltd.
- Good News Bible* (1976) New York: Collins.
- Haugen, E. (1950) 'The analysis of linguistic borrowing.' *Language*. 26 (2). 210–31. <https://doi.org/10.2307/410058>
- Hickey, R. (1997) 'Assessing the relative status of languages in medieval Ireland.' Fisiak, J. (eag.) *Studies in Middle English Linguistics*. Berlin, New York: De Gruyter Mouton. 181–206. <https://doi.org/10.1515/9783110814194.181>
- Hickey, R. (2020) 'Contact and language shift' *The handbook of language contact*. 149–67.
- Hoffer, B.L. (2002) 'Language borrowing and language diffusion: An overview.' *Intercultural communication studies*. 11(4). 1–37.
- Hyde, D. (1986) 'Smaointe / Thoughts.' Ó Conaire, B. (eag.) *Language, Lore and Lyrics: Essays and Lectures*. Irish Academic Press. 54–65.
- Janda, R.D. & Joseph, B.D. (2003) 'On language, change, and language change – or, of history, linguistics, and historical linguistics.' *The handbook of historical linguistics*. 1–180.
- Joyce, P. (1870) *Placenames of Ireland*. BÁC.
- Lyttleton, J. (2013) *The Jacobean Plantations in seventeenth-century Offaly: an archaeology of a changing world*. Four Courts Press.
- Mac Clúin, S. (1940) *Caint an Chláir* (2). Oifig an tSoláthair.

- Ní Mhunchaile, L. (2015) 'The Irish language in County Meath, 1700–1900.' Crampsie, A. & Ludlow, F. (eag.) *Meath history & society*. BÁC: Geography Pub. 524–47.
- Ní Úrdail, M. (2021) 'From script to print: some evidence in manuscripts compiled in eighteenth-and nineteenth-century Ireland' <http://hdl.handle.net/10197/24683>
- Ó Catháin, D.Ó. (2021) 'Peadar Ó Muireagáin (c.1670?–1739): Ball de Chrobhaing Thaidhg Uí Neachtain.' *Eighteenth-Century Ireland*. 36(1), 49–69.
- Ó Cuív, B. (1951) *Irish Dialects and Irish-Speaking Districts*. DIAS.
- Ó Fionnagáin, A. (2022) 'The Irish language in Westmeath c.1600–1900'. O'Brien, S. (eag.), *Westmeath: History and Society* Geography Publications. 309–40.
- O'Flynn J. (1910) *Provincialisms and Dialects in modern spoken Irish*. BÁC: Gill.
- Ó Muircheartaigh, P. (2015) *Gaelic dialects present and past: a study of modern and medieval dialect relationships in the Gaelic languages*. University of Edinburgh.
- O'Neill, C. (2014) *Catholics of Consequence: Transnational Education, Social Mobility, and the Irish Catholic Elite 1850–1900*. Oxford: OUP.
- O'Rahilly, T.F. (1932) *Irish dialects past and present with chapters on Scottish and Manx*. Dublin: Browne & Nolan
- O'Rahilly, T.F. (1941) *Irish Dialects Past and Present*. DIAS.
- O'Rahilly, T.F. (1955) *Desiderius otherwise called Sgáthán an Chrábhaidh by Flaithrí Ó Maolchonaire (Florence Conry)*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- O'Rahilly, T.F. (1972) Ó Cuív, B. (eag.) *Irish Dialects Past and Present*. DIAS.
- O'Reilly, M. (1996) 'Seventeenth-Century Irish Catechisms: European or Not?' *Archivium Hibernicum*. 50. 102–12.
- O'Flanagan, M. (1931) *Ordnance Survey Name Books*. [Compiled by M. O'Flanagan.]. The Author: Bri Chualann; OÉ Special Collections.
- Ó Súilleabháin, P. (eag.) (1962) *Lucerna fidelium*. BÁC: Institiúid Ardléinn.

- Piatt, D. (1933) *Gaelic Dialects of Leinster*. BÁC.
- Rankin, R.L. (2017) 'The comparative method.' Janda *et al* (eds.) *The handbook of historical linguistics*. Wiley. 181–212.
- Ryan, S. (2013) 'Continental Catechisms and their Irish Imitators in Spanish Habsburg Lands, c. 1550–1650.' Gillespie, R. & Ó hUiginn, R. (eag.), *Irish Europe: Writing and Learning, 1600–1650*. Dublin: Four Courts Press.
- Spolsky, B. (2003) 'Religion as a site of language contact.' *Annual review of applied linguistics*. 23. 81–94.
- Smyth, D. (1988) *A guide to Irish mythology*. IAP
- Stout, M. (1998) 'Early Christian settlement, society and economy in Offaly.' Nolan, W. & O'Neill, T. (eag.) *Offaly history and society*. 29–92.
- Titley, A. (2012) 'The Jesuits and Irish Scholarship.' *Studies: An Irish Quarterly Review*. 101(401). 17–29.
- Wagner, H. (1981) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*. BÁC.
- Williams, N. (1994) 'Na Canúintí a Theacht chun Solais.' McCone, K. *et al.* (eag.) *Stair na Gaeilge: In Ómós do Phádraig Ó Fiannachta*. Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad. 446–78.
- Williams, N. (1998) 'The Irish language in county Offaly.' Nolan, W. & O'Neill, T. (eag.) *Offaly history and society*. 543–67.

Foinsí Príomha Digiteacha

<https://archivesearch.library.universityofgalway.ie/index.php/caoineadh-maire-ni-hardigain>

<https://www.census.nationalarchives.ie/help/about19011911census.html>

<https://corpus.ria.ie>

<https://specialcollections.ul.ie/lucerna-fidelium/>

www.doegen.ie/LA_1253d1/122od1

<https://parlipapers-proquest-com.nuigalway.idm.oclc.org>. (image 42).

Foinsí Digiteacha eile

<https://www.ainm.ie>

<https://www.dib.ie/>

www.merriam-webster.com/dictionary

www.townlands.ie

Eile

Hickey, R. (2025) Comhdháil ar theangeolaíocht chorpais. 14 Samhain. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Mac Mathúna, L. (2025) Comhfhreagras. 14 Samhain. Ó Foghlú, P. (2023) Comhfhreagras. 27 Deireadh Fómhair

Ó Maolálaigh, R. (2025) Teangeolaíocht na Gaeilge (léacht). Acadamh Ríoga na hÉireann. 11 Meán Fómhair.

Nuachtán

Irish Independent. 23.09.2005



Cailleach na gCearc agus an Leasmháthair — Seanscéal nó Scéal fíor: Léiriú na mBan i scéalta béaloidis Ghaoth Dobhair agus na Rosann i mBailiúchán na Scol 1937–39

Eva Ní Mhealláin

Réamhrá

Is suimiúil agus ilghnéitheach é léiriú na mban sa bhéaloideas; ar thaobh amháin tá lorg an phatrarcachais agus na cumhachta reiligiúnaí a mhair aníos go dtí an 20ú haois – cuir i gcás, treascairt na mban dá mbaois – agus ar an taobh eile, tá rian de sheanchreidimh Ghaelacha ó scéalta níos sine fós – faoina ndraíocht, agus a gcumhacht. Is tagairt thábhachtach dúinn iad na scéalta seo ar an dóigh ar phléigh an pobal leis an fhéiniúlacht, an mhoráltacht agus an inscne san am atá caite.

Déantar plé san alt seo ar chnuasach scéalta ó Bhailiúchán na Scol (1937–39) de chuid Ghaoth Dobhair agus na Rosann, ó Scoil Rann na Feirste a fhad le Scoil Bhun an Inbhir go sonrach. Déantar na himleabhair ar fad atá i gceist a liostú thíos. Déantar plé ar na scéalta seo laistigh dá gcomhthéacs stairiúil agus sóisialta, agus ar thionchar idirghabhálach na moráltachta Caitlicí agus noirm phatrarcacha ar an bhéaloideas. Cuirtear seasamh na mban mar scéalaithe pobail san áireamh chomh maith. Áitítear go mbíonn pearsana bainearna i mbéaloideas Ghaoth Dobhair thuas seal, thíos seal ó chumhacht go cosc, ó ómós go heagla. Tarraingítear ar an bhéaloideas féin chomh maith leis an teoiric fheimineach, leithéidí Theoiric na Marcála agus Theoiric na Struchtúr Cumhachta (Cameron [1985], Spender [1980], hooks [1990], Federici [2004], de Certeau [1984]), agus faisnéis agus saineolas daonchultúrtha na hÉireann ar na hábhair seo (leithéidí Bourke [1993; 2002], Ní Dhonnchadha [2002], Ó Cruallaoich [2003], Nic Giolla Chomhaill [2016], Ó Laoire [2005]).

Scrúdaítear san alt seo an léiriú a tugadh ar mhná sa bhéaloideas sna ceantair bheaga seo agus déantar anailís ghéar ar an tsiombalachas, agus ar an mhoráltacht seo, nó a heaspa, a aithnítear i bpatrúin sna scéalta. Faoi dheireadh, tugtar faoi anailís fheimineach ar an ábhar seo agus scrúdaítear an dóigh a dtugann pearsana baineanna – Cailleach na gCearc, cuir i gcás – léargas dúinn ar dhearcthaí inscne agus sochaíocha na linne sin. Déantar anailís ar an bhealach a léirítear luachanna sóisialta, inscneacha laistigh de chreatlacha osnádúrtha an bhéaloidis, gné a sníonn le chéile tuiscintí ó mhiotais agus ó fhíorscéalta agus léirmhíniú siombalach le léamh iontu.

Cúlra Stairiúil agus Sóisialta

In Éirinn sna 1930í, go háirithe i gceantair iargúlta an iarthair, d’imir an bhochtaineacht nó ‘*rural fundamentalism*’ (Gray, 2010: 23) agus cion inscneach na ndualgas sa tsochaí ról tábhachtach in imeallú údáras na mban ar lámh amháin, ach ról lárnach cultúrtha a thabhairt daofa ar an lámh eile. (Gray, 2010: 40)

I gceantair ar fud na hÉireann, ar nós Ghaoth Dobhair agus na Rosann, d’imir mná ról tábhachtach lena saothar laethúil i saol an teaghlaigh, cúram leanaí, ullmhú bia, obair fite, agus poist shéasúracha nó neamhfhoirmiúla, go minic ina n-aonar i gcomhthéacs imirce na bhfeor agus na bochtaineachta. Ag an am chéanna, ba ról phríomhchaomhnóirí an chultúir bhéil a bhí ag na mná, ag seachadadh scéalta béaloidis, insint creidimh, paidreacha, amhráin, agus stair áitiúil laistigh den réimse baile. Is mná iad dornán maith d’fhaisnéiseoirí na scéalta i mBailiúchán na Scol sna ceantair seo. Mar a luann Delay (2015: 5–6), ba bheag aitheantas a tugadh den chineál oibre cultúrtha seo, go háirithe mar ‘eolas údarásach’ ach mar chaitheamh aimsire nó mionscéalaíocht, cé gur ghné lárnach í de mhaireachtáil an traidisiúin béil. Dar le Lysaght (1999: 266–7), chloistí scéalaíocht den chuid is mó in áiteanna príobháideacha nó leathphríobháideacha — cistiní, bóithigh, agus áiteanna oibre coiteanna — rud a mhúnlaigh ábhar agus ciall na n-insintí. Cuidíonn an seasamh seo le míniú a thabhairt ar an chúis a mbíonn débhríocht iontu go minic i bhfíoracha baineanna, na fíoracha baineanna sa scéal ‘An Cailín Dílis’ (CBÉS, 1065: 77–80) cuir i gcás, an mháthair a imríonn ról cúramaí don chlann ach á mbagairt fosta, an iníon ina leanbh soineanta ach ina gníomhaire cumhachtach, draíochtúil agus an chailleach atá ina comhairleoir críonna ach ina bagairt osnádúrtha ag an am chéanna. Is fíoracha cumhachtacha, eolacha, draíochtúla, bagracha agus contúirteacha iad; fite fuaite mar sin sa débhríocht.

Rinne Bailiúchán na Scol (1937–39) éacht le gnéithe den traidisiún béil a bhailiú agus a chaomhnú, a thug deis do scoláirí na Gaeilge na scéalta a anailisiú agus guth na mban a scagadh faoi chreatlacha thionscadal oideachasúil de chuid an Stáit. (Briody, 2007: 199) Eagraithe ag Coimisiún Béaloideas Éireann faoi Shaorstát Éireann, spreag an tionscadal daltaí bunscoile mar bhailitheoirí, chun ábhar a thairgeadh ó bhail den phobal níos sine – mar shampla, máithreacha, seantuisí agus comharsana. Thug mná Gaeltachta cuntais ar chreideamh osnádúrtha, stair theaghlaigh agus teagasc morálta, a bhí fréamhaithe go minic

ina dtaithí saoil sa bhaile. (Bourke, 1993: 33) Mar sin féin, bhí roinnt bac idirghabhála difriúil i gceist leis an phróiseas bailiúcháin: údarás an mhúinteora, ionchais an Choimisiúin, agus idéalacha náisiúnaíocha a bhí i réim maidir le moráltacht, inscne agus barántúlacht chultúrtha. (Dorson, 1982: 41; 95; 256) Mar thoradh air sin, mhair na scéalta seo sa traidisiún béil agus go minic cuireadh in oiriúint iad le creatlacha teagascacha nó morálta inghlactha na linne, go háirithe nuair a bhain scéalta le gnéasacht, foréigean nó neamhspleáchas na mban. Tá sé seo le feiceáil go háirithe i bhfrámú fhíoracha osnádúrtha na mban – amhail an leasmháthair, an chailleach, nó an bhean anaithnid a dhéanann éacht ach go rúnda – a bhfuil a ngníomhartha taifeadta ach is annamh a chuirtear i bhfíor-chomhthéacs sóisialta níos leithne iad.

In ábhar an chompail seo, feictear mná mar ábhair scéala agus mar fhaisnéiseoirí bunúsacha araon, ach cuirtear a n-údarás as riocht go seasta mar gheall ar choinbhinsiúin léirmhínte inscne. (Dégh, 1995) Sna scéalta a scrúdaítear san alt seo, léirítear mná mar chosantóirí, comhairleoirí agus idirghabhálaithe — mar shampla, an bhean a shábhálann leanbh le cleas (CBÉS, 1066: 94-7), nó an figiúr baineann a gcuireann a heolas baile ar chumas daoine bagairtí osnádúrtha a shárú (CBÉS, 1066: 118-25). Ag an am chéanna, is minic a chuirtear mná i láthair mar dhaoine contúirteacha (Lüthi, 1982) nó ar chóir dúinn a bheith amhrasach fúthu ó thaobh na moráltachta de, go háirithe i riocht na leasmháthar nó chailleach na gcearc. Cailleadh Órus, cuir i gcás (CBÉS, 1068: 116-119) a bhuaileann bob ar chailíní óga soineanta. Mar a luann Bourke (1993:50):

In oral storytelling in Irish, the figure of Cailleach na gCearc, the Henwife, sums up some of the ambivalence felt about women who kept hens. Poor, marginalized, and dirty, the Henwife is nevertheless wise and well informed. Untouched by power struggles, she is independent of the romantic destiny that rules the lives of other female characters, and often comes to the aid of the struggling hero or heroine. In storytelling and in written reminiscences of rural life, we also find a recurring analogy between resistance to the keeping of hens and resistance to women's speech. That hens make too much noise, and that women talk too much, is a familiar theme in men's traditional storytelling.

Feictear a mhacasamhail i scéalta ar nós 'An Bhean Ghlas' (CBÉS 1064: 378-84) ó Rann na Feirste. Léiríonn an déacht seo an rud a shainnithníonn Dégh (1995) mar chlaonadh níos leithne sa bhéaloideas chun cumhacht na mban a ionchódú go hindíreach, go háirithe i sochaí ina raibh gníomhaireacht na mban srianta go sóisialta. Is pósadh agus páistí amháin atá i ndán dóibh, mar a fheictear sa scéal 'An Bhean agus a Mac' (CBÉS 1068: 536-40) nó 'An Bhaintreach agus a hIníon' (Ó Baoill, 1993: 268). Léiríonn léirithe den tsórt sin teannas saoil: bhí tionchar suntasach ag mná laistigh den teaghlach agus den phobal, ach ní raibh mórán aitheantais fhoirmiúil ná neamhspleáchas acu. Dá réir sin, bíonn an béaloideas ina shuíomh ina n-aithnítear údarás na mban go siombalach. (Bourke, 1993: 55, 110)

Ar an ábhar sin, níor cheart ionadaíocht na mban i mBailiúchán na Scol a léamh mar léiriú trédhearcach ar chreideamh (Nic Giolla Chomhaill, 2016: 71-1), ach mar thoradh cultúrtha ar inscne, cumhacht agus cleachtas bailiúcháin. Cé gur i measc na bhfoinsí béaloidis

ba tháirgiúla i nDún na nGall a bhí mná, is annamh a chuirtear a nglórtha chun tosaigh mar ghníomhairí léirmhíneithe (Bennett, 1997). Ina áit sin, is minic a athmhúnláitear a dtaithe mar scéalta rabhaidh, mar eiseamláirí morálta, nó mar eisceacht osnádúrtha, go háirithe i scéalta a bhaineann le struchtúir teaghlaigh, oidhreacht agus gnéasacht. Cuireann seo gníomhaireacht stairiúil na mban i bhfolach agus a saothar cultúrtha curtha in eagar. Sa chás sin, tugann léamh feimineach ar an ábhar tuiscint níos doimhne ar an dóigh ar phléigh na mná le húdaráis laistigh de choiníollacha sóisialta sriantacha agus ar an bhealach ar fheidhmigh an béaloideas mar ‘spás’ códaithe (Rodríguez, 2014: 20) leis an idirbheartaíocht sin a chur in iúl. Sa scéal ‘Iníon Rí Cnoc an Óir’, cuir i gcás (CBÉS, 1064: 94–124), ina a ndéantar eolas nó pearsa a chlaochlú, a theagasc agus nó a idirghabháil seachas tabhairt faoi gníomh laochais follasach.

Léiriú na mBan sa Bhéaloideas

Mar a luadh cheana féin, déantar plé san alt seo ar chnuasach scéalta ó Bhailiúchán na Scol (1937–39) de chuid Ghaoth Dobhair agus na Rosann: Scoil Rann na Feirste (CBÉS, 1064, 1065), Scoil Loch an Iúir (CBÉS, 1062, 1063), Scoil Ard Cróna (CBÉS 1057), Cnoc an Stollaire (CBÉS 1068), Scoil Doire Beag (CBÉS, 1066), Scoil an Luinnigh (CBÉS 1068, 1069) agus Bun an Inbhir (CBÉS, 1066). Scoileanna inar bailíodh ualach mór faisnéise ó na bailte beaga thart orthu, go háirithe i gcás Bhun an Inbhir ina n-aimsítear scéalta ón Ghlaisigh, ó Bhun na Leaca, agus ón Charraig. Tá réimse fairsing ábhar sna himleabhair seo; scéalta rúraíochta, fáthscéalta, scéalta nó cuntais faoi mhuintir na háite nó faoin pharóiste, paidreacha, cleasanna, tomhais, seanfhocail, dánta, amhráin, leigheasanna, pisreoga, creidimh nó nósanna faoin bhás, faoin aimsir, faoin bhreith agus araile.

Tagann an Chailleach chun cinn go mór sna scéalta a bailíodh thart fá Scoil Chnoc an Stollaire, is pearsa thairseachúil, thairngeartach í a bhaineann leis an tsinsearach agus an mhortlaíocht, ‘Cailleach Loch Dearg’ (CBÉS, 1063: 62–71) ó Scoil Loch an Iúir, cuir i gcás. Is iad na fíoracha baineanna céanna a tugtar faoi deara go minic, an bhean lochtach, fheargach, dhíoltasach, shantach – is teideal go fiú é seo ar cheann de na scéalta ó Rann na Feirste: ‘An Bhean Shantach’ (CBÉS, 1064: 315–24). Is minic a chuireadh na mná seo samhnas, díomá nó eagla ar na fir thart orthu, sa scéal ‘Seonaidh agus Sinéad’ (CBÉS, 1064: 398–404), mar shampla, ar a mbíonn deireadh dearfach, díreach amháin mar gur ‘athruigh Sinéad a cuid béasaí agus bhí dóigh maith ar an péire go lá a mbáis.’ Nuair is bean shoineanta, shíoganta a chuirtear in iúl, is minic is féidir imeartas focal nó *innuendo* a thabhairt faoi deara sa scéal, gnéasach, foréigeanach nó eile, go háirithe bainte le híomhá na gruaige – a léirítear go bhfuil draíocht inti – nó ag coimhead ar bhean ina haonar i ngan fhios di; ‘Cailín na nGéach’ (CBÉS, 1064: 508–17), cuir i gcás, ina bhfeictear an dá rud – ‘thoisigh Máire a chíoradh a cuid gruaige, agus thoisigh Seaghan, an fear a bhí ag coimead na ngéach, a ghabhail dithe agus a tharraingt a cuid gruaige. . . Chuaidh an rí i bhfolach agus d’fhan sé annsin ag choimead ar Mháire.’ Ina theannta sin, tugtar glóir agus gradam don bhean álainn nó ghéilliúil, mar shampla, sa scéal ‘An Cailín Dílis’ (CBÉS, 1064: 350–8) as Rann na Feirste, póstar í faoi dheireadh an scéil mar gheall ar a béas, a gnaíúlacht agus a háilleacht.

Is iliomad léirithe éagsúla a bhíonn ar mhná, cuimsíonn fíoracha ar nós na leasmháthar teannas morálta agus teaghlaigh faoin athphósadh agus údarás máthartha. Léirítear i bhfíoracha ban eile – leithéidí mná críonna, baintreacha, agus naoimh – an déscaradh buan idir bean ‘ghnaíúil’, a nasctar leis an bheas agus an tsoinneantas, agus bean ‘chontúirteach’, a nasctar le mothúcháin láidre agus an neamhspleáchas. Cuir i gcás, an chodarsnacht idir an mháthair ‘fheargach’ agus an bhean bheag ‘ghnaíúil’ sa scéal ‘An Cailín Falsa’ (CBÉS, 1064: 405–12).

Is léir go gcuirtear mná i láthair mar idirghabhálaithe cultúrtha a stiúran toradh an scéil trí ghníomhartha indíreacha. I scéal (CBÉS, 1066: 94–97) ó Scoil Bhun an Inbhir, cuireann bean sna Rosa a mac ar shiúl agus cuireann sí giorria ina áit, rud a shábhálann an leanbh ó bhás cinnte. Cé nach cuireann an scéal dúshlán oscailte roimh an ord patrarchach – mar a léirítear é sa chleachtas foréigin i leith an ghasúir – cuireann an bhean isteach ar an chóras as a cleas agus a heolas praiticiúil. Léiríonn an gníomh seo an rud a dtugann Dégh (1995) ‘*covert agency*’ air: cumhacht na mban a fheidhmíonn laistigh de theorainneacha sóisialta sriantacha, seachas ina gcoinne go hoscailte.

Sa chomhthéacs céanna, léirítear débhealaíocht mhorálta na mban mar thréith lárnach sna scéalta. I scéal (CBÉS, 1066: 103–5) ó Chónall Mhic Pháidín as Bun an Inbhir, déanann bean nimhiú ar an bhonnóg aráin a thugtar don fhathach, agus sábhálann sí an gasúr dá bharr. Cé gur gníomh foréigneach é, cuirtear i láthair é mar ghníomh cosanta, bunaithe ar eolas baile agus ar chleachtas laethúil an teaghlaigh. Mar a mhaíonn Lüthi (1982), is minic a bhíonn mná sa bhéaloideas suite idir dhá chóras luacha – an mhoráltacht phobail agus an gá maireachtála – agus feictear anseo go soiléir nach féidir a gníomh a bheartú ‘maith’ ná ‘olc’ go simplí. Tá an débhealaíocht seo fréamhaithe go domhain, go háirithe i gcomhthéacs na linne, áit a raibh mná freagrach as cosaint agus cothabháil an teaghlaigh sa bhochtaineacht chrua (Delay, 2015: 5–6).

Creat tábhachtach eile is ea siombalachas an bhaile agus an choirp, a bhaineann go dlúth le léiriú na mban. Sa scéal chéanna, is samhail í an bhonnóg aráin, ní hamháin den chothú, ach de chumhacht mháthartha atá in ann an saol agus an bás araon a rialú. Mar a léiríonn Brophy (2010: 5), is minic a bhíonn an baile sa bhéaloideas ina spás ina mbíonn údarás ag mná, cé go mbíonn sé teoranta don réimse phríobháideach. Sna scéalta seo, úsáidtear an spás seo mar láthair ina gcuirtear gníomhartha cinniúnacha i gcrích, fiú má imíonn an bhean ón scéal ina dhiaidh sin. Léiríonn an t-imeacht seo an claonadh bailitheoireachta a dhéanann neamhaird ar shaothar na mban nuair a bhíonn a bhfeidhm comhlíonta acu (Ní Dhuibhne, 2014). Is suntasach fosta an chodarsnacht idir rochtain na hinscne ar an draíocht. I mBun an Inbhir, úsáideann an fear an cleachtas draíochta ‘cogaint na hordóige’ chun eolas a fháil, ach teipeann air go leanúnach an fhírinne a aithint. I gcodarsnacht leis sin, éiríonn le mná – mar gheall ar mhalartú leanaí, a mbia, a gcomhairle – toradh praiticiúil a bhaint amach gan aon údarás foirmiúil draíochta. Tacaíonn sé seo leis an tuairim a chuireann Ó hÓgáin (1999) chun cinn go mbíonn eolas na mban sa bhéaloideas bunaithe ar thaithí agus ar chleachtas, seachas ar dheasghnátha foirmiúla fireanna. Sa chomhthéacs náisiúnta, áit a raibh mná ina bpríomhchothaitheoirí cultúrtha sa teaghlach, léiríonn an chodarsnacht seo struchtúr sóisialta níos leithne.

Mar fhocal scoir ar an ábhar sin, léiríonn na scéalta seo an teannas idir míotais agus réaltacht an tsaoil, agus ról na mban mar nasc idir an dá mhodh insinte. Cé go mbíonn eilimintí iontacha — fathach, peisteanna, draíocht – i gceist, bíonn gníomhartha na mban bunaithe ar loighic shóisialta atá inchreidte i gcomhthéacs na háite: cothú, comhairle, cosaint clainne. Mar a mhaíonn Dégh (2001: 5), ‘*legend even if it’s not founded on reality can create reality*’, a choinníonn an scéal fréamhaithe i dtaithe an phobail fiú nuair a ghluaiseann an plota i dtreo an mhiotais. Tugann seo le fios nach gá na scéalta a léamh mar shíscéalta scartha ón réaltacht, ach mar fhoirmeacha insinte a bhfuil fréamhacha acu i struchtúir shóisialta agus inscne an phobail.

Anailís fheimineach agus Léirmhíniú Siombalach

Nochtann léitheoireacht fheimineach (Eagleton [2010], Cameron [1986], Spender [1980]) ar scéalaíocht an bhailiúcháin seo go maireann na fíoracha baineanna go srianta laistigh de struchtúir shóisialta agus ina ainneoin sin cleachtann siad cineálacha difriúla gníomhaithe ar bhealach fóinteach. Mar a mhaíonn Angela Bourke (1993), is minic a chuirtear guthanna na mban i scéalta traidisiúnta na hÉireann i láthair as gníomh siombalach a dhéanamh seachas le caint dhíreach, rud a léiríonn an comhthéacs inar cuireadh cosc ar údarás follasach baineann go sóisialta. Feictear an patrún go follasach sna scéalta seo, scéalta ina ndéanann mná idirghabháil go cinntitheach i dtréimhsí géarchéime – ionadú, cothú, nó comhairle – ach is annamh a chuirtear iad i láthair mar phríomhchúram na hinsinte. Is féidir linn, dá bhrí sin, na patrúin seo a léamh, ní mar deismireachtaí fánacha, ach mar mheicníochtaí lárnacha trína ngintear brí an scéil.

Is patrún siombalach eile, a fheictear arís agus arís eile i scéalta Ghaoth Dobhair, an nasc idir mná agus an chumhacht teaghlaigh, go háirithe le húsáid an bhia. I scéal Chónaill Mhic Pháidín a bailíodh ar an Ghlaisigh, baineann an bhean a ullmhaíonn ‘dhá bhunnóg mhóra aráin agus...nimbh ann ceann acha’ (CBÉS, 1066: 103–5) úsáid as a gnátheolas laethúil, gnátheolas tí é, le bagairt osnádúrtha a shárú. Seachas an gníomh seo a chur i láthair mar ghníomh ciona nó coire, tugann an scéal le fios gur beart riachtanach agus morálta é. Deir Bourke (2002: 6–12) gur áis an-ghoilliúnach go morálta é an bia trína ndéanann mná idirbheartaíocht ar mharthanas agus ar chosaint sa bhéaloidias. Sampla eile den ghné seo ná an scéal ‘Fionn agus Fathach as Tír na Sorcha’ (CBÉS, 1064: 481) a bailíodh sna Rosa. Arís is í an bhean – atá gan ainm sa scéal, mar a feictear i scéalta eile ón cheantar – a ullmhaíonn an bhonnóg nimhithe agus a fhaigheann an lámh in uachtar ar an fhathach mar gheall air seo. Is ar chumas troda fisiciúil amháin a bhraitheann Fionn. Cé gurb í an bhean a mharaíonn an fathach, caitheann Fionn breithiúnas uirthi dá mímhacántacht agus a gliceas seachas tréaslú léi as a héacht. Tá an scéal seo trom leis an liom leatachas i dtaobh treithe foréigeanacha na mná; tá an frámú siombalach seo ag teacht le léirmheastóireacht liteartha fheimineach a deir nach beart éighníomhach ar noirm shóisialta é an saothar baile, ach deis frithbheartaíochta straitéisí (hooks, 1990; Federici 2004; de Certeau, 1984).

Léiríonn fíor na leasmháthar, go háirithe mar a léirítear i scéal Phádraig Mac Giolla Chomhaill (CBÉS, 1066: 118–25) nó ‘*The Dragon-Slayer*’ in innéacs na seanscéalta idirnáisiúnta í, an débhríocht shiombalach a bhaineann le húdarás na mban. Cé go gcuirtear í in iúl mar phearsa shleamchúiseach, chruálach, is ar son shábháilteacht an teaghlaigh a hiompar, áfach, go mion minic. Tugann Nic Giolla Chomhaill (2016: 54–5) faoi deara go léiríonn móitíf na ‘droch-leasmháthar’ nó na ‘drochmháthar’ i dtraidisiún na hÉireann imní faoin ‘mhímhoráltacht’, oidhreacht, atáirgeadh agus seasmhacht teaghlaigh go minic seachas drochrún dúchasach na mban. Ceartaíonn léamh siombalach feimineach an tuiscint gur seachrán morálta í an leasmháthair, ach fíor atá ina samhail den teannas shóisialta a bhaineann leis an mháithreachas agus an dlísteacht. Tacaíonn an léirmhíniú seo leis an mhaíomh a rinneadh thuas go múnlaíonn sriantacht struchtúrach ról na mban (Brophy, 2022) sna scéalta seo seachas an t-eisintiúlachas morálta. Is follasach an t-ordlathas inscne, mar shampla, an rochtain shiombalach ar fhios draíochta nó eile; is mar sin a dhéantar an chumhacht a ionchódú mar eolas eispéireasach atá le scaipeadh laistigh de ‘líonraí ban’.

Cuireann an easpa ban ‘casta’ sna scéalta seo, béim ar an pholaitíocht inscneach a bhaineann leis an scéalaíocht, go háirithe i gcás idirghabháil chinniúnach na mban sna scéalta ar chóir go mbeadh tábhacht nadúrtha scéalaíoch ag baint leis – éacht, treaslú srl. Is minic sna scéalta seo a théann bean ar iarraidh a luaithe agus atá a feidhm comhlíonta aici, agus mar sin de fágтар na fíoracha fireanna leis na scéalta a chur i gcrích nó tairbhe a bhaint as saothar, fulaingt nó luachanna morálta, nó fisiciúla na mban; mar shampla, sa scéal ‘An t-Aingeal agus An t-Iolar’ (CBÉS, 1063: 172–173) ó Loch an Iúir, ‘Leim sé suas ina ucht agus ligh an cú é le sin d’imthigh an t-Aingeal amach as a cuime a’s níor smaointuig sé uirtí ní ba mhó.’ Leagtar béim ar thábhacht chomhthéacs an léirithe agus ar údarás an scéalaí i dtraidisiún Dhún na nGall, dar le Ó Laoire (2005: 73–90), ina léirítear go bhfuil údarás insinte ag brath ar an ghníomh féin seachas ar stádas seasta an scéalaí. Sa mhúnla seo, cruthaítear ciall agus creidimh an tseanchais as an idirghníomhaíocht idir an scéalaí agus an lucht éisteachta, agus trí na coinníollacha sóisialta agus cultúrtha ina dtarlaíonn an insint. Dá réir sin, is féidir a áitiú go bhfuil an scéalaíocht fréamhaithe i gcórais áitiúla eolais agus cumhachta, rud a osclaíonn an bealach do léamh níos doimhne ar an traidisiún béil, ar nós ghuth agus údarás na mban.

Ar an ábhar sin, ba chóir go gcuirtear fíoracha a leithéidí seo chun cinn mar ghníomhaithe cultúir suntasacha sa scoláireacht Ghaeilge, fheimineach, nua-aimseartha ar ábhar an bhéaloidis. Sampla de seo is ea tráchtas Michelle Dunne (2023), *Saintréithe de Thraidisiún Béil na mBan agus Léiriú na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna*. Cuireann Nic Giolla Chomhaill (2018) béim ar ghuth na mban sa traidisiún béil, agus tugann sí le fios go gcaithfear iad a anailísiú in aghaidh nádúir léirmheastacha náisiúnacha agus patrarcacha le tábhacht agus casacht na staire a léiriú. Is féidir léiriú nua a thuiscint ó fhíoracha baineanna sna scéalta seo, ní mar aircitíopaí amháin ach mar léirithe siombalacha ar idirbheartaíocht na mban maidir leis an chumhacht, an mharthanacht agus an traidisiún. Dá bhrí sin, ní bhrúnn anailís fheimineach agus shiombalach idé-eolaíocht nua-aimseartha chun cinn ar ábhar traidisiúnta, ach nochtann sí léirmhínithe difriúla atá fite fuaite sna scéalta cheana féin.

Conclúid

Mar fhocal scoir, is saibhreas as cuimse iad na scéalta seo a bailíodh a bhuíochas le Bailiúchán na Scol, nár chóir dúinn a fhágáil ar an trá fholamh agus muid ag forbairt mar shochaí nua-aimseartha agus an traidisiún béil ar leac a bháis. Is scéalta iad seo, a mhúnlaíonn, a cheistíonn agus a chuireann i láthair fíoracha ilchuímsitheacha agus a thugann léargas dúinn ar chreidimh agus nósanna ár sinsear, maith nó olc. Mar a luann Ó Laoire, ba shlí í an scéalaíocht le ceisteanna agus ábhair íogaire na linne a chíoradh go hoscailte ach go caolchúiseach (Fernández, 2021). Is amhlaidh iad na ceisteanna atá á gcíoradh againn sa lá atá inniu ann: an mhoráltacht, an t-údarás, an ghnéasúlacht, an inscne, an fhéiniúlacht, an teaghlach agus araile. Is orainne atá an dualgas mar chainteoirí agus scoláirí Gaeilge, an traidisiún seo a chaomhnú agus a thabhairt chun cinn don chéad ghlúin eile.

Tagairtí

- Ó Baoill, Dónall P. (1992) *Amach as Ucht na Sliabh – Imleabhar 1 & 2*. Gaoth Dobhair: Cumann Staire & Seanchais Ghaoth Dobhair i gcomhar le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair.
- Bendix, R. (1997) *In Search of Authenticity: The Formation of Folklore Studies*. Madison: University of Wisconsin Press.
- Bennett, J.M. (1997) Confronting Continuity. *Journal of Women's History*. 9(3). 73–94.
- Bourke, A. (1993) *The Burning of Bridget Cleary: A True Story*. Londain: Pimlico.
- Bourke, A. (1993) 'More in anger than in sorrow: Irish women's lament poetry.' *Feminist Review*. 45. 160–71.
- Briody, M. (2007) *The Irish Folklore Commission 1935–1970: History, ideology, methodology*. Helsinki: Suomalaisen Kirjallisuuden Seura.
- Brophy, C.S. (2010) *Keening Community: Mná Caointe, Women, Death, and Power in Ireland*. PhD thesis. Boston College, Chestnut Hill, MA.
- Brophy, C.S. (2022) "Her own and her children's share": luck, misogyny and imaginative resistance in twentieth-century Irish folklore. *Irish Historical Studies*. 46(169), 155–78.
- Cameron, D. (1985, 1992) *Feminism and linguistic theory*. London: Palgrave Macmillan.

- Cameron, D. (2020) 'Language and gender: Mainstreaming and the persistence of patriarchy.' Items: *Insights from the Social Sciences, Sociolinguistic Frontiers*, Social Science Research Council.
- Ó Cruaíoch, G. (2003) *The Book of the Cailleach: Stories of the Wise-Woman Healer*. Cork: Mercier Press.
- Daly, M.E. (1995) 'Women in the Irish Free State, 1922–39: The interaction between economics and ideology.' *Journal of Women's History*. 7(1). 103–25.
- Daly, M.E. (2006) 'Marriage, fertility and women's lives in twentieth-century Ireland.' *Women's History Review*. 15(4). 574–94.
- de Beauvoir, S. (1976) *Le Deuxième Sexe*. Paris: Gallimard.
- de Certeau, M. (1980) *L'invention du quotidien: Arts de faire*. Paris: Gallimard.
- Dégh, L. (1995) *Narratives in Society: A Performer-Centred Study of Narration*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, Academia Scientiarum Fennica.
- Dégh, L., 2001. *Legend and belief: Dialectics of a folklore genre*. Indiana University Press.
- Delay, C. (2015). 'Women, childbirth customs and authority in Ireland, 1850–1930.' *Lilith: A Feminist History Journal*. (21). 6–18.
- Dorson, R.M. (ed.) (1982) *Folklore and Folklife: An Introduction*. Bloomington: Indiana University Press.
- Dunne, M. (2023) *Saintréithe de Thraidisiún Béil na mBan agus Léiriú na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna*. (Tráchtas PhD). Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).
- Eagleton, M. (ed.) (2010) *Feminist literary theory: A reader*. John Wiley & Sons.
- Federici, S. (2004) *Caliban and the Witch: Women, the Body and Primitive Accumulation*. New York: Autonomedia.
- Fernández, J.F. (2021) "Folklore seeks out the things that are not permitted in official discourse". An Interview with Lillis Ó Laoire.' *Estudios Irlandeses* (15). Feb. 163–74.

- Gray, J. (2010) *Poverty and the Life Cycle in 20th Century Ireland: Changing Experiences of Childhood, Education and the Transition to Adulthood*. Working Paper. Combat Poverty Agency. (Neamhfhoilsithe)
- hooks, B. (1997) 'Homeplace: A site of resistance.' *Undoing place? A geographical reader*. Oxfordshire: Routledge. 33–8.
- hooks, B. (2014) *Yearning: Race, gender, and cultural politics*. Boston MA: South End Press.
- Hynes, E. (2008) *Knock: The Virgin's Apparition in Nineteenth-Century Ireland*. Cork: Cork University Press.
- Lüthi, M. (1982) *The European Folktale: Form and Nature*. Bloomington: Indiana University Press.
- Lysaght, P. (1996) 'Collecting the Folklore of Ireland: The Schoolchildren's Contribution.' *Folklore*. 132(1). 1–32.
- Narváez, P. (1992) 'Folkloristics, Cultural Studies and Popular Culture.' *Ethnologies*. 14(1). 15–30. Ar fáil: <https://doi.org/10.7202/1082444ar>
- Ní Bhroin, A.N. (2022) *Eagrán de na Scéalta Béaloidis a Bhailigh Úna Ní Chualáin (1871–1929) ó Cholm Ó hIarnáin (1871–1924)*, Árainn. National University of Ireland, Maynooth (Ireland).
- Nic Giolla Chomhaill, A. (eag.) (2016) *An Chaora Ghlas agus scéalta eile as Seanadh Farracháin*. Indreabhán: Leabhar Breac.
- Nic Giolla Chomhaill, A. (2018) 'Guthanna ban agus léamh feimineach ar an traidisiún.' *Comhar Taighde*. 4. 33–48.
- Nic Suibhne, F. (1992) "'On the straw' and other aspects of pregnancy and childbirth from the oral tradition of women in Ulster." *Ulster Folklife*. 38. 12–24.
- Ní Dhonnchadha, M., O'Dowd, M., Bourke, A., Kilfeather, S., Luddy, M. *et al.* (2002) *Field Day Anthology of Irish Literature. Irish Women's Writing and Traditions*. Vols 4–5. Cork University Press.

- Ní Dhuibhne, É. (2014) 'Some Hardcore Storytelling': Uses of Folklore by Contemporary Irish Writers'. Markey, A. and O'Connor, A. (ed.) *Folklore and Modern Irish Writing*. BÁC: Irish Academic Press, 204–216.
- Ó Giolláin, D. (2000) *Locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity*. Cork: Cork University Press.
- Ó hÓgáin, D. (1999) *The Sacred Isle: Belief and Religion in Pre-Christian Ireland*. Woodbridge: Boydell Press.
- Ó hÓgartaigh, C., Ó hÓgartaigh, M., & Tyson, T. (2012). 'Irish property should pay for Irish poverty': accounting for the poor in pre-famine Ireland.' *Accounting History Review*. 22(3). 227–248. Ar fáil: <https://doi.org/10.1080/21552851.2012.724911>
- Ó Laoire, L. (2005) *On a Rock in the Middle of the Ocean: Songs and Singers in Tory Island*. BÁC: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Laoire, L. (2017) "'Tá cuid de na mná blasta/Some Women Are Sweet Talkers": Representations of Women in Seán Ó hEochaidh's Field Diaries for the Irish Folklore Commission.' *Estudios Irlandeses*. Ar fáil: <https://doi.org/10.13025/20144> (Faighte: 12 Nollaig 2025)
- Lysaght, P. (1999) 'Traditional Storytelling in Ireland in the Twentieth Century.' MacDonald M.R. (ed.) *Traditional Storytelling Today: An International Sourcebook*. 264–272.
- Ó Súilleabháin, S. (1942) *A Handbook of Irish Folklore*. BÁC: Educational Company of Ireland.
- Rodríguez, L. L. (2014) 'Unveiling the Past: Éilís Ní Dhuibhne's "Sex in the Context of Ireland"' *Nordic Irish Studies*. 13(2). 19–30.
- Spender, D. (1980) *Man Made Language*. London: Pandora.
- Walsh, J. (2012) *Contests of Authority: The Irish Language and Cultural Power*. Oxford: Peter Lang.

Liosta na nImleabhar

Na Rosa –

Rann na Feirste:

Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1064.

(<https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428381?Route=schools> &
<https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428380/4401767/4492829>)

Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1065.

(<https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428382?Route=schools>)

Loch an Iúir:

Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1062.

(<https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428378?Route=schools>)

Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1063.

(<https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428379?Route=schools>)

Ard Cróna:

Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1057.

(<https://www.duchas.ie/ga/cbes/5286174?Route=schools>)

Gaoth Dobhair –

Cnoc an Stollaire (Bun Beag):

Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1068.

(<https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428389/4403037/4511138>)

Doirí Beaga:

Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1066.

(<https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428386?Route=schools>)

An Luinnigh:

Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1068.

(<https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428392?Route=schools>)

Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1069.

(<https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428393?Route=schools>)

Bun an Inbhir:

Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1066.

(<https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428385?Route=schools>)



An Ghaeilge agus an sainchúram maolaitheach¹

*Dorothy Ní Uigín, Ronan McLernon,
Sinéad Donnelly* & Camilla Murtagh**

**Comhthaighdeoirí sinsearacha*

Cúlra

Soláthraíonn an sainchúram maolaitheach cúram iomlánaíoch d'othair a bhfuil tinnis fhorchéimnitheacha ag dul dóibh, agus tá íogaireacht agus scileanna cumarsáide ina mbunchlocha sa chúram seo. Is i mBéarla a sholáthraítear an cúram sláinte in Éirinn go hiondúil, áfach, agus tá an seans ann, dá réir, go mbíonn cainteoirí Gaeilge nach bhfaigheann an deis déileáil leis an gcóras sláinte ina príomhtheanga féin faoi mhíbhuntáiste faoin gcóras seo.

An comhthéacs ginearálta

Ní dhéantar aon tagairt do chúrsaí teanga, ná don Ghaeilge go sonracha, sa Bheartas Náisiúnta um Chúram Maolaitheach do Dhaoine Fásta, 2024 (<https://www.gov.ie/en/department-of-health/publications/national-adult-palliative-care-policy/>), ach tá luaite ann gur cheart seirbhísí a phleanáil agus acmhainní a chur ar fáil lena n-aghaidh de réir riachtanais an phobail (Cuspóir Straitéiseach a 2, uimhir 8). Luaitear freisin (Cuspóir Straitéiseach a 1, uimhir 2) go dtabharfaidh cleachtóirí leighis '*regular opportunities to understand and consider their illness*' do na hothair faoina gcúram. Le gur féidir le cleachtóirí leighis é seo a dhéanamh go héifeachtach le hothair a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga acu, luíonn sé le réasún go mbeidh cur amach ar an teanga agus an líofacht chuí inti leis seo a dhéanamh riachtanach.

¹ Tarraingíonn an t-alt seo ar thaighde McLernon et al., (2026)

Aithnítear sa *Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge* (2024: 35), go bhfuil dúshlán teanga le sonrú in earnáil sláinte na hÉireann trí chéile, ach tugann an Rialtas geallúint, mar sin féin, (35) go:

... leanfaidh an FSS de bheith ag glacadh páirt ghníomhach ag leibhéal sinsearach sa Choiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge agus aon fho-ghrúpaí ábhartha lena mbaineann chun bealaí nuálacha a aithint mar aon le forbairt a dhéanamh ar struchtúir atá ann cheana féin, i dtreo líon agus caighdeán na seirbhísí a chuireann siad ar fáil trí Ghaeilge a mhéadú agus a fheabhsú.

In ainneoin gheallúintí an Rialtais tacú le cainteoirí Gaeilge san earnáil sláinte, táthar ann a déarfadh, i bhfianaise líon beag na gcainteoirí Gaeilge laethúla atá sa tír trí chéile, gur cheart don Rialtas agus don FSS tosaíochtaí eile a bheith acu agus acmhainní á ndáileadh. Is fíor freisin go bhfuil cumas éigin sa Bhéarla sna cainteoirí a áirítear mar chainteoirí Gaeilge sna figiúirí daonáirimh. Cén fáth, mar sin, ar cheart seirbhís Gaeilge a chur ar fáil dóibh, agus cén fáth ar cheart seirbhís Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil an Ghaeilge mar chéad theanga acu agus atá ag fáil cúram maolaitheach? Míníonn Carol Benson (2005), agus í ag caint faoi chúrsaí oideachais do chailíní agus do mhná go sonrath: *‘Access to public services, particularly in areas such as health and social services, is most effective when offered in a minority’s language, particularly indigenous or traditional minorities.’* In Éirinn, ní féidir a bheith cinnte go mbeidh Gaeilge ag cleachtóirí leighis i réimsí éagsúla den leigheas; d’aithin taighde Carr agus Antonijevic-Elliott (2024), mar shampla, *‘English as dominant in the healthcare domain in Ireland, which was the expected outcome based on prior literature. Patients cannot reliably expect to communicate in Irish with healthcare providers, even in Gaeltacht areas.’*

Is minic do sheirbhísí ospíse trí chéile sa tír ag plé le hothair a bhfuil néaltrú orthu, agus luann Carr agus Antonijevic-Elliott ina staidéar siúd, dochtúir amháin a cuireadh faoi agallamh a dúirt: *“The biggest cohort, for which I absolutely need to use Irish now is with...Alzheimer’s... and advanced dementia,” which they recognized being due to a “first language in, last language out” phenomenon.* Aithníonn Ní Chaoimh *et al.* (2015) an tábhacht a bhaineann le leaganacha difriúla teanga den ‘Mini-Mental State Examination’ (MMSE) le tuiscint iomlán a fháil ar staid an othair; luann siad freisin *‘Use of the English language test in those whose primary language is Irish is firstly culturally insensitive. It also may disadvantage patients who would perform better in Irish and risk mislabelling some as cognitively impaired.’* Is den tábhacht i gcomhthéacs an néaltraithe, mar sin, agus i gcomhthéacs cúram ospíse go ginearálta freisin, go mbeadh a ndóthain Gaeilge ag dochtúirí agus ag altraí chun an freastal cuí a dhéanamh ar na daoine a thagann faoina gcúram.

Comhthéacs an staidéir seo

Léiríonn figiúirí daonáirimh (2022) a laghad cainteoirí Gaeilge atá sa dá chontae – Gaillimh agus Maigh Eo – a thagann faoi scáth na hOspíse sa cheantar ina ndearnadh an staidéar a phléitear thíos. (Is fiú a lua gur as ceantar na Gaillimhe amháin na daoine a cuireadh faoi agallamh le haghaidh an staidéir sa deireadh).

Co. na Gaillimhe (Cainteoirí Gaeilge 3 bliana +)	
Go laethúil lasmuigh den chóras oideachais amháin	8,664
Go laethúil lasmuigh agus laistigh den chóras oideachais amháin	2,671
Cainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais: IOMLÁN	11,335

Co. Mhaigh Eo (Cainteoirí Gaeilge 3 bliana +)	
Go laethúil lasmuigh den chóras oideachais amháin	1,544
Go laethúil lasmuigh agus laistigh den chóras oideachais amháin	505
Cainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais: IOMLÁN	2,049

Níl fáil ar fhigiúirí a léiríonn líon na gcainteoirí Gaeilge a thagann faoi chúram na hOspíse go bliantúil agus tugann fianaise starógach ó bhaill foirne na seirbhíse go mbíonn roinnt cainteoirí Gaeilge faoina gcúram seasta.

Sa staidéar atá á phlé thíos, rinneadh taithí cainteoirí dúchais a bhí ag fáil cúram maolaitheach ó Ospís na Gaillimhe–Mhaigh Eo a iniúchadh, ag meas thábhacht na Gaeilge agus chultúr na Gaeilge sa soláthar cúraim ag am leochaileach ina saol, agus ag meas shástacht nó, go deimhin, mhíshástacht na gcainteoirí Gaeilge seo leis an gcúram a bhí á fháil acu. Is cur chuige cáilíochtúil, tuairisciúil a úsáideadh sa togra seo móide anailís ábhair ionduchtaitheach ar agallaimh leathstruchtúrtha Ghaeilge.

Chuir beirt dochtúirí cúraim mhaolaithigh agallaimh ar sheachtar cainteoirí dúchais Gaeilge a bhí faoi chúram na seirbhísí sainchúraim mhaolaithigh i nGaillimh i bhfómhar na bliana 2025. Staidéar uathúil a bhí sa staidéar seo mar go ndearna na dochtúirí cúraim mhaolaithigh i nGaeilge é i gcomhar le hOllscoil na Gaillimhe, agus mar gheall gur ag labhairt go díreach le cainteoirí dúchais Gaeilge a bhíothas, faoi ról na teanga agus an chultúir ina gcúram – i gcás an chúraim shláinte go ginearálta, agus an chúram mhaolaithigh go sonrath.

Modheolaíocht

Thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cead ag deireadh shamhradh 2025 tabhairt faoin togra taighde seo, agus tugadh faomhadh eitice dó. Mar chuid den phróiseas faomhaithe ullmhaíodh bileog eolais, foirm cheada agus liosta de roinnt ceisteanna féideartha a d'fhéadfaí a úsáid sna hagallaimh. Cinneadh agallaimh leathstruchtúrtha a úsáid de bharr go mbeadh scóip ina leithéid siúd ligean do na rannpháirtithe a scéal féin a insint ar bhealach éasca, simplí. Bhíothas an-airdeallach go raibh na rannpháirtithe ina n-othair freisin, agus gur bhain

leochaileachtaí ar leith leo dá réir. Tá béim sa sainchúram maolaitheach ar an gcumarsáid thuisceanach agus ar an gcúram iomlánaíoch ó nádúr, agus is dá bharr seo a ceapadh go raibh sé fíorthábhachtach na feabhsuithe a d'fhéadfaí a chur ar an gcúram maolaitheach a mheas.

Cuireadh na bileoga eolais agus na foirmeacha ceada ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla le deimhniú go mbeadh tuiscint iomlán ag na rannpháirtithe agus ag a neasgholta ar an togra taighde, agus le go bhféadfaí toiliú eolasach a thabhairt. Míníodh do na rannpháirtithe freisin go bhféadfaidís tarraingt siar ón staidéar ag am ar bith.

Na hAgallaimh

Mar a luadh thuas, b'othair iad na rannpháirtithe a bhí faoi chúram Ospís na Gaillimhe–Mhaigh Eo. Phléigh na dochtúirí an taighde leo i dtosach agus má léiríodh suim a bheith páirteach ann roinneadh na bileoga eolais agus na cáipéisí ceada leis na hothair. Shocraigh na dochtúirí dátaí leis na hothair leis na hagallaimh a reáchtáil. Is daoine a raibh an Ghaeilge luaite mar phríomhtheanga acu ina dtaifead sláinte na daoine a bhí i gceist, agus is seachtar a chríochnaigh agallamh sa deireadh. Braithheadh gur leor an líon sin agallamh le heolas fiúntach a bhailiú agus le tátail a bhaint as an eolas sin. Mhair na hagallaimh thart ar 30 nóiméad ar an meán. As na daoine a cuireadh faoi agallamh, ba as ceantair Ghaeltachta i gContae na Gaillimhe iad seisear acu; ba as cathair na Gaillimhe í an seachtú duine, ach tógadh le Gaeilge sa chathair í. Bhí cúigear den seachtar ina gcónaí sa Ghaeltacht ag am na n-agallamh, agus bhí beirt ina gcónaí i gcathair na Gaillimhe. Triúr fear agus ceathrar ban a bhí i gceist agus cuireadh agallamh ar thriúr acu ina dteach féin, ar thriúr eile san Ospís agus is i dteach altranaís sa Ghaeltacht a cuireadh agallamh ar an seachtú duine. Mhothaigh an fhoireann taighde go raibh sé tábhachtach na hagallaimh a dhéanamh i mbaile an duine féin nuair ab fhéidir sin, le deimhniú go raibh siad ar a gcompond. Rinneadh na hagallaimh a thrascríobh ina dhiaidh sin leis an anailís a éascú. Rinne na taighdeoirí anailís aonair ar na trascríbhinní agus rinneadh iad a chódú; cuireadh na cóid i gcomparáid ansin, agus aithníodh na téamaí.

Téamaí a tháinig chun cinn

Ba léir do na dochtúirí a rinne na hagallaimh go raibh na rannpháirtithe sásta an deis a fháil labhairt i nGaeilge leo, rud a bhí tábhachtach ann féin. Ar na téamaí tábhachtacha a tháinig chun cinn sna hagallaimh bhí:

An t-ómós áite

Bhain an-tábhacht leis an mbaile i gcás na rannpháirtithe ar fad; b'fhearr leo a bheith sa bhaile, cúram a fháil sa bhaile agus bás a fháil sa bhaile. Bhí mothúcháin láidre díláithrithe le tabhairt faoi deara ina gcur síos ar an gcúram a fuair siad in ospidéal uirbeacha agus bhain cuid de seo leis an teanga a bhí in úsáid iontu. Theastaigh uathu a bheith timpeallaithe ag a

muintir, ag a bpobal féin, ag a dtírdhreach agus ag a dteanga féin – ‘Ba bhreá liom a bheith sa mbaile ach más rud é nach bhfuil aon duine eile in ann cúram [a thabhairt dom] ba dheas liom teacht isteach anseo [.i. an Ospís]’ (Agalláí 4). Dúirt Agalláí 2: ‘Siod í m’áit, agus táim an-, níl a fhios agam...*devoted*...do [ainm an bhaile], agus Agalláí 6: ‘Bhuel, is maith le duine a bheith sa mbaile; sin rud amháin. Mura mbeadh an duine an-dona go gcaithfeadh sé fanacht san ospidéal.’

Maidir lena gcúram in ospidéal roimhe sin, thaitin sé leo bualadh le cainteoirí Gaeilge a raibh aithne acu orthu, agus iad ann; dúirt Agalláí 2, mar shampla:

Tháinig sí [altra] oíche amháin agus bhí mise ag *doze-áil* agus ó, bhí sé go hálainn an Ghaeilge a chloisteáil le mo thaobh. Bhí, bhí sé go hálainn. Tá aithne mhaith agam ar a hathair agus ar a máthair...Sea, bhí sí ina banaltra istigh ar *night duty*. Agus thagadh sí gach oíche. So, bhí sé sin go deas...Sin an chaoi a raibh [ainm an altra], thagadh sí gach oíche.

Is léiriú an-mhaith é an sliocht thuas ar an gceist choitianta Ghaeilge ‘Cé leis thú?’ Bhí sé tábhachtach don agalláí seo aithne a chur ar dhuine a raibh Gaeilge aici sa timpeallacht ospidéal, ach ba thábhachtaí fós aithne a bheith aici ar mhuintir an duine sin; ba mhór aici freagra na ceiste ‘Cé leis thú?’ a bheith aici.

Nuair a fiafraíodh d’Agalláí 4 ar casadh cleachtóirí leighis uirthi san ospidéal a raibh Gaeilge acu, dúirt sí ‘Fadó, bhí sé ag tarlú go leor, ach anois *no*’, rud a bhí ina ábhar díomá ag an duine seo.

Díláithriú

Ba mhinic a bhí an mothú díláithrithe a luadh i gcás an chúraim leighis san ospidéal ag teacht leis an mothú a ndearna rannpháirtithe a chaith am ar imirce i Meiriceá agus i Sasana cur síos air, nuair a bhí an easpa Béarla ina bac orthu cumarsáid shásúil a dhéanamh leo siúd a bhí timpeall orthu. Dúirt Agalláí 3 faoi thréimhse a chaith sé san ospidéal, mar shampla: ‘Bhuel, níor thaitin sé liom a bheith ann... Agus níor thaitin, mar ní raibh a fhios acu...ní raibh mise rómhaith ag an mBéarla an dtuigeann tú, agus ní raibh Gaeilge ar bith ag na dochtúirí.’ Bhí an cur síos seo an-chosúil leis an méid a dúirt agallaithe eile faoi na tréimhsí a chaith siad ar imirce: ‘Dúirt mé níl mé ag iarraidh mo ghasúr a thógáil i Londain’ (Agalláí 2); ‘...níor mhaith liom fanacht ann [Meiriceá]; níor mhaith liom pósadh ann, ba mhaith liom na gasúir a bheith agam sa bhaile’ (Agalláí 4); ‘Agus ansin, nuair a bhí an páiste, nuair a bhí sé sé mhí, dúirt an bheirt againne go dtabharfadh muid abhaile é agus d’fhéadfadh sé fás suas... agus sin an chaoi a bhfuil mé anseo’ (Agalláí 5). Luaigh Agalláí 5 freisin an faoiseamh a thug an Ghaeilge dó nuair a bhí sé ar imirce; mhínigh sé:

Bhí an Ghaeilge go maith mar nuair a thagaimis le chéile anois, i Meiriceá, nuair a chasfaí cuid den dream a d’fhás mé suas leo is Gaeilge uilig a labhair muid ach ní fheictí iad sin ach b’fhéidir chuile chúpla mí, an bhfuil a fhios agat.

Ba léir ón méid a dúradh sna hagallaimh go mbíodh na rannpháirtithe faoi bhrú uaireanta agus iad ag plé leis na seirbhísí sláinte.

Leaganacha Béarla ar théarmaí leighis

Cé gur cainteoirí dúchais Gaeilge iad na daoine a cuireadh faoi agallamh, agus Gaeilge ar a dtoil acu, is suimiúil an úsáid a bhain siad as an mBéarla agus cúrsa leighis é bplé acu; luann Agalláí 3 ‘sinuses’ agus ‘prostate’, agus is ‘breast cancer’ atá ag cur as d’Agalláí 4, agus ‘renal cancer, stage IV’ d’Agalláí 7. Léiriú atá anseo ar an gcaoi a bhfuil an Béarla chun cinn i gcomhthéacsanna cúraim leighis, agus cé go mbeadh eolas ag na rannpháirtithe go minic ar leaganacha Gaeilge na bhfocal seo, bhí taithí acu ar phlé a dhéanamh ar chúrsaí sláinte sa Bhéarla.

Glacadh leis an easpa freastail ar a mbunriachtanais teanga

Bhí luach ag na rannpháirtithe ar na caidrimh neamhfhoirmiúla Ghaeilge a chruthaigh siad i suíomhanna cúraim leighis, agus bhí, mar a luadh thuas, siad an-sásta an deis a thapú Gaeilge a labhairt leis na dochtúirí cúraim mhaolaithigh. Bhí, áfach, an chaoi ar ghlac na rannpháirtithe leis an easpa freastail a rinneadh orthu ó thaobh na Gaeilge de thar a bheith suntasach agus ina údar imní ar bhealach. Cé go n-aireoidís ní ba chompordáí i mbun cumarsáide le cleachtóirí leighis i nGaeilge, níor éiligh siad seirbhís i nGaeilge, agus ghlac siad le heaspa Gaeilge na gleachtóirí leighis. Bhí drogall orthu locht a fháil ar na dochtúirí i suíomhanna éagsúla leighis, agus bhí siad an-mholtach ar fhoireann na hOspíse go sonrach.

Léiríodh i suirbhé *Céard é an Scéal? 2025* de chuid Chonradh na Gaeilge go mbíonn drogall ar chainteoirí Gaeilge an Ghaeilge a úsáid le dochtúirí agus le haltraí – ‘Tuairiscíodh go raibh caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge i ndiaidh éirí níos measa le blianta beaga anuas... I measc na seirbhísí ba mheasa, luadh na seirbhísí sláinte, na comhairlí contae agus na gardaí...’ (6.2) Sa staidéar seo atá á phlé againn, le hothair a bhí ag fáil cúram maolaitheach, níor léiríodh aon drochmheas ar na dochtúirí agus na haltraí nach raibh Gaeilge acu. Glacadh leis an staid mar a bhí. Luaigh cuid acu, áfach, gur éirigh leo aon bhac teanga a bhí acu i gcomhthéacsanna cúraim sláinte a sháru de bharr go mbíodh gaol leo go hiondúil a mbeadh Béarla níos fearr aige nó aici.

Conclúidí & Moltaí

Is léir ón staidéar seo, na héagothromais sa soláthar cúraim do chainteoirí dúchais Gaeilge ar cheart iad a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Faoi ghníomh 4.3 (O) den *Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge* (2026) an Rialtais le haghaidh na Gaeilge, gealltar

Go mbreathnófaí ar na féidearthachtaí a bhaineann le sainchláir Ghaeilge a fhorbairt agus a leathnú amach ag leibhéal éagsúla, go háirithe tríd an Tionscnamh Ardscoilleana Gaeilge... lena n-áirítear an Scéim Scoláireachta Leighis, an Idirbhliain, intéirneachtaí, printíseachtaí

(féach Mír 2.3.3.3 den Phlean Náisiúnta), leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), modúil agus micridhintiúr

Níos faide ar aghaidh faoi ghníomh 4.3.6 (O), tugtar le fios go:

[bh]Forbrófar clár speisialta téarmaíochta Gaeilge chun cur ar chumas iad siúd atá ag obair i suíomhanna cúraim sláinte téarmaíocht a fhoghlaim a bhaineann go sonrach leis an earnáil sin mar chuid dá ról i soláthar seirbhísí cúram sláinte poiblí.

Is moltaí ciallmhara iad seo a léiríonn go bhfuil an Rialtas feasach ar na dúshláin a bhaineann leis an easpa Gaeilge atá le sonrú sna seirbhísí leighis trí chéile. Ba cheart an deis a thapú, agus an *Plean Gníomhaíochta* foilsithe anois, pleananna maidir leis an traenáil chuí a chur ar fhoireann na seirbhísí cúraim leighis ar fad, agus go sonrach, i gcomhthéacs an pháipéir seo, ar na foirne sainchúraim mhaolaithigh, a dhéanamh.

Luaitear sa *Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge* líon na ndaoine atá ag obair i bhFeidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte nach as an tír seo iad. Deirtear ansin (2024: 34):

Faoi láthair is daoine nach Éireannaigh iad 14.2% d'fhoireann iomlán an FSS, ach méadaíonn an céatadán seo go 36.4% i gcás dochtúirí agus 22.5% d'altraí. Mar gheall ar an nganntanas idirnáisiúnta oibríthe cúram sláinte agus na héilimh mhéadaitheacha, leanfaidh an céatadán seo de bheith ag méadú thar na blianta atá romhainn.

Níor cheart breathnú air seo mar bhac ach mar dheis, áfach, mar gur minic daoine atá ag obair i dtimpeallacht oibre ina bhfuil an dara teanga in úsáid acu níos tuisceanaí ar chás an othair nach bhfuil ag fáil cúraim ina c(h)éad teanga.

Moladh simplí a luaitear i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta ina labhraítear mionteangacha is ea suaitheantas a chaitheamh a léiríonn go bhfuil Gaeilge ag an gcleachtóir leighis (féach: Engnes, J.I. *et al* (2021: 5), mar shampla). Tugadh le fios san alt céanna (2021: 6) go raibh othair an-sásta nuair a rinne altraí iarracht a dteanga a úsáid, fiú mura raibh líofacht sa teanga sin acu. Bhí sé seo fíor i gcás na ndaoine a cuireadh faoi agallamh sa staidéar seo mar a luadh thuas. D'aithin an bheirt dochtúirí a chuir na hagallaimh ar na rannpháirtithe é seo go láidir sna hidirghabhálacha a bhí acu leo.

Mura bhfuil líofacht teanga ag cleachtóir leighis, tá seirbhísí ar fáil le haghaidh aistriúcháin agus ateangaireachta i raon leathan teangacha in Éirinn, ach go minic ní úsáidtear iad seo i gcás na Gaeilge, rud a chruthaíonn deacrachtaí cumarsaide agus a fhágann go gcaithfidh baill chlainne feidhmiú mar ateangairí neamhfhoirmeálta go minic.

Cé nach bhfuil cúrsaí teanga luaite go sonrach sa Bheartas Náisiúnta um Chúram Maolaitheach do Dhaoine Fásta, mar a luadh thuas, tá luaite ann go mbeidh seirbhísí cúraim mhaolaithigh ag freastal ar *'the unique needs of different population groups to ensure equity in access, experience, and outcomes'* (2024: 35), agus go mbeifear ag obair i gcomhar le ranna

rialtas agus áisíneachtaí ‘to address local needs for palliative and end-of-life care’ (*ibid.*) Tá luaite freisin, faoi mholadh 15 (54), go ndéanfar athbhreithniú ar an oiliúint a fhaigheann cleachtóirí cúraim mhaolaithigh agus go bhforbrófar curaclaim nua le deimhniú go mbainfear amach cuspóirí an phlean. Is fiú agus is ceart ceist na Gaeilge a chur san áireamh agus athbhreithniú dá leithéid á dhéanamh.

Maíonn Engnes, J.I. *et al.* (2021: 8–9) freisin, agus teanga na Sámach á plé: ‘The most important step to embed Sámi language and culture in care is that the authorities take responsibility for implementation at system level’ agus ‘Furthermore, systematic and continuous training of all health personnel around language, culture, the impact of the Norwegianisation assimilation process and power relationships is also required.’ Is léir an bhéim anseo ar chórais agus ar an bpleanáil, agus ar an bhfeasacht teanga. Teastaíonn teanga an duine a bheith lárnach i gcúram an duine, lena c(h)ur ar a c(h)ompord agus é/í tinn, agus, mar a pléadh anseo, nuair a bhíonn sé/sí faoi chúram maolaitheach ag an am is leochailí dá s(h)aol.

Tagairtí

- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
(2024) *An Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge*
2024–2030. [https://www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-
agus-gaeltachta/foilseachain/an-plean-naisiuntanta-um-sheirbhisi-poibli-
gaeilge/#an-plean-naisiunta-um-sheirbhisi-poibli-gaeilge](https://www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-agus-gaeltachta/foilseachain/an-plean-naisiuntanta-um-sheirbhisi-poibli-gaeilge/#an-plean-naisiunta-um-sheirbhisi-poibli-gaeilge)
- An Roinn Sláinte (2024) *National Adult Palliative Care Policy*. [https://www.gov.ie/en/
department-of-health/publications/national-adult-palliative-care-policy/](https://www.gov.ie/en/department-of-health/publications/national-adult-palliative-care-policy/)
- Benson, C. (2005) *Girls, Educational Equity and Mother Tongue-Based Teaching*. Bangkok:
UNESCO Asia & Pacific Regional Bureau for Education.
- Carr, K. & Antonijevic-Elliott, S. (2024) ‘Experiences and Perceptions of Physicians
Utilizing the Irish Language.’ *Official Journal of the Irish Medical Organisation*. Vol. 114,
No. 4.
- Conradh na Gaeilge (2026) *Céard é an Scéal? Tuairimí an Phobail i leith na Gaeilge*.
https://cnag.ie/images/Céard_é_an_Scéal_-_Leagan_don_Suíomh.pdf
- Daonáireamh (2022) [https://www.cso.ie/en/statistics/population/
censusofpopulation2022/](https://www.cso.ie/en/statistics/population/censusofpopulation2022/)
- Engnes, J.I., Sivertsen, N., Bongo, B.A., & Mehus, G. (2021) ‘Sámi language in Norwegian
health care: “He speaks good enough Norwegian, I don’t see why he needs an
interpreter”’. *Scandinavian Journal of Caring Sciences*. 1–10. [https://doi.org/10.1111/
scs.12986](https://doi.org/10.1111/scs.12986)
- Lo, L. (2011) ‘The right to understand your doctor: protecting language access rights in
healthcare.’ *Boston College Third World Law Journal*. Vol. 31. 377–403.
- McLernon, R., Donnelly, S. *, Murtagh, C. * (*Comhtháighdeoirí sinsearach) & Ní Uigín,
D. (2026) ‘Exploring the Specialist Palliative Care Needs of Native Irish Speakers in
the West of Ireland’. (Leagtha isteach le foilsíú).

- Ní Chaoimh, D., De Bhaldraithe, S., O'Malley, G., Mac Aodha Bhuí, C., & O'Keeffe, S.T., (2015) 'Importance of different language versions of cognitive screening tests: Comparison of Irish and English versions of the MMSE in bilingual Irish patients.' *European Geriatric Medicine*. Volume 6, Issue 6, December. 551–3. <https://doi.org/10.1016/j.eurger.2015.10.006>
- Ní Uigín, D., Ó Flatharta, G. & Ó Maoláin, M. (2015) 'Ag ullmhú Mic Léinn Leighis leis an nGaeilge a úsáid agus iad i mbun a gcuid oibre.' *An Reiviú*. 3. 86–96. <https://doi.org/10.13025/y61k-qp13>
- Rialtas na hÉireann (2026) *Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge*. https://assets.gov.ie/static/documents/4bc52cfd/PG_2026-2028_faoin_PNSPG.pdf
- The International Commission of European Citizens (ICEC) (2017) 'Language barriers and the right to health in the European union' [Language barriers and the right to health in the European Union | Vocal Europe](#)



Johnny Chóil Mhaidhc: Fréamhaithe sa dúchas logánta ach ealaíontóir a d'aimsigh cosán conaire dá chuid féin?

Aodh Ó Coileáin

Réamhrá

Mar dhrámadóir, mar fhile, mar aisteoir agus mar ghabha a chuimhnítear ar Sheán Ó Coisdealbha nó Johnny Chóil Mhaidhc. Cuimhnítear chomh maith air mar fhear grinn, mar chainteoir tráthúil agus mar fhealsúnaí. Uaireanta thugtaí ‘Rí-Éigeas an Bhéil Bheo’ air, duine léannta, file nó saoi atá i gceist leis an téarma éigeas. Bhí sé ina bhall d’Aosdána, an eagraíocht a cuireadh ar bun in 1981 chun tacú le healaíontóirí d’fhonn seans a thabhairt dóibh díriú ar a gcuid ealaíne. Bhronn Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe céim oinigh air i Seanscoil Sailearna, gar dá áit dúchais sna Creagáin in Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe i mí na Samhna, 2005. Léirigh údar na haiste seo scannán faisnéise do TG4 faoina shaol agus faoina shaothar den teideal: *Johnny Chóil Mhaidhc: Sin í an Fhírinne* (2001).

San aiste seo tabharfar léargas, le cabhair na litríochta atá ar fáil, ar ionad Johnny Chóil Mhaidhc i dtraidisiún cumadóireachta na Gaeilge. Beidh dhá chuid san aiste agus anuas ar shamplaí den léirmheastóireacht atá déanta ar a shaothar go nuige seo, tarraingeofar aird ar ábhar neamhfhoilsithe ó agallaimh a thairfead údar na haiste cúig bliana fichead ó shin le cairde liteartha agus amharclannaíochta de chuid Sheáin Uí Choisdealbha. Chomh maith le cuimhní na ndaoine seo, tarraingeoidh mé ar mo chuid cuimhní cinn féin, bunaithe ar an aithne a bhí agam ar Johnny Chóil Mhaidhc thar thréimhse ocht mbliana déag idir 1988 agus 2006. Déanfar é seo d’fhonn eolas breise a chur faoi bhráid léitheoirí na Gaeilge maille le léargas éigin a sholáthar ar an gcarachtar féin, go mór mór i mbliana agus comóradh á dhéanamh ar scór bliain ó cailleadh é.

Is é an dúshlán Seán Ó Coisdealbha an scríbhneoir agus an taibhealaíontóir a léiriú in aon aiste amháin. Spléachadh ar dtús, ar ionad Uí Choisdealbha sa traidisiún liteartha.

Céarbh é Seán Ó Coisdealbha?

Duine ar leith ó thaobh scríbhneoireachta agus ó thaobh amharclannaíochta ab ea Seán Ó Coisdealbha sa mhéid is gur scríobh sé a chuid drámaí féin, ghlac sé an phríomhpháirt iontu, agus eisean a léirigh don stáitse iad chomh maith.

Ní leor i gcás Sheáin Uí Choisdealbha léirmheas a dhéanamh ar a shaothar foilsithe; ní mór freisin na páirteanna a ghlacann sé féin sna hagallaimh atá cumtha aige agus ina dhrámaí féin a chur san áireamh má tá muid lena dhearcadh air féin agus ar an saol a thuiscint. (Ó Dochartaigh 1975: 78)

Bhí an ealaín taibléirithe, an taispeántas sin os comhair lucht éisteachta, de dhlúth agus d'inneach ann agus go láidir ina cheann agus é i mbun cumadóireachta faoi mar a luaigh Ó Dochartaigh. Treisíonn an scannánóir Bob Quinn an pointe seo i dtaca le taibhealaíona Uí Choisdealbha. Ghlac Johnny Chóil Mhaidhc páirt i scannáin de chuid Quinn: *Poittín* (1978) agus *Budawanny* (1987). Nuair a cailleadh Johnny Chóil Mhaidhc, 27 Deireadh Fómhair 2006, in aois a sheacht mbliana déag is trí fichid scríobh Bob Quinn sa nuachtán *Foinse*.

Nuair a chuala mé an t-ainm Johnny Chóil Mhaidhc den chéad uair – 36 bliain ó shin mhúscaíl sé íomhá laoiach dhom ... Ar Inis Chliara i 1987, sa scannán *Budawanny* ní raibh línte ar bith aige (ná ag éinne eile). Fós bhí rian na fírinne ar a charactéir sa scannán. Sa mbéar chuile oíche bhíodh na custaiméirí uilig ag pléascadh le gáire ag na mílte scéalta a bhí aige. Sin an áit a raibh ‘performance’ uaidh, i bhfad níos fearr ná aon rud a d’fhéadfaí a scríobh dhó. ‘Star’ ceart a bhí ann.

Bhí cáil an fhuirseora agus an oirfidigh air agus é féin a scríobhadh go leor dá chuid ábhair féin. Fáisceadh é as traidisiún béil na Gaeltachta agus tharraing sé ar fhoinsí béaloidis. Deir Máirín Nic Eoin (1983:115) gur duine é Johnny Chóil Mhaidhc a bhí fós ag feidhmiú taobh istigh de thraidisiún an bhéil bheo ach gur beag an spéis a chuir béaloideasóirí ann.

Is ina chuid filíochta is soiléire atá oidhreacht mheánaoiseach an bhéaloidis le tabhairt faoi deara, dar le Liam Ó Dochartaigh (1975:79):

Filíocht theagascach í a bhfuil anáil an chreidimh go tiubh uirthi. Tá sinsearachth fhada ag an dán *Comhairle an tSeanduine don duine Óg*; castar na téamaí *memento mori*, aistear na beatha agus neamhbhuaine na beatha orainn sna dánta seo.

Tiocfaidh an bás gan chás gan chuireadh,
 Is ní mórán spáis atá i ndán don duine,
 Níl ann ach lá don té is sine
 Le hais na háite ar a dtráchtann mise.

(*Comhairle an tSeandúine*)

Is fada an casán agus is cam é
 Ó chuirtear cliabhán nó go gcuirtear clár ort;
 Is iomaí cúinne agus casadh cam romhat
 Ó chuirtear clamhtín go dtéann braillín bháis ort.

(*Cul-de-sac*)

Sleamhnaíonn an aimsir thart,
 Leánn an sneachta a bhíonn tiubh;
 Is gearr gurb é inniu inné,
 Ach mo thuirse ghéar, ní hé inné inniu.

Nach mall mar a shleamhnaíonn an braon
 An pána síos go dtí an sais,
 Ag éaló leis go righin réidh,
 Ach go héag ní fhillfidh ar ais. (*Bean*)

Ag scríobh in 1997, mhaígh Gearóid Denvir (1997: 271) gurbh é Johnny Chóil Mhaidhc ‘oidhre Raiftearaí’, file pobail a bhí fós ag cleachtadh na ceirde i gConamara agus a shníonn natháin sheanfholclacha trína shaothar. ‘Tuigeann an file pobail an tábhacht atá le leanúnachas neamhbhearnaithe na cointeanóide stairiúla agus cultúrtha agus cúis mhórtais dó a ionad féin inti. Chaith Gearóid Denvir (1997: 274) solas ar an tuiscint a bhí ag Johnny Chóil Mhaidhc ar a ionad féin agus ar a fheidhm féin mar fhile sa phobal dar díobh é.

File pobail é Johnny Chóil Mhaidhc. Ní hamháin go bhfuil glór aige ach éistear leis an nglór sin. Tugann a shaothar an-léargas ar fheidhm na bhfilí pobail i saol na linne seo. Is minic Johnny, fear tráthúil, raconteur, file Indreabháin, i ndáil chomhairle de réir an tsean-nóis lena chuid leathbhádóirí (fir uilig, dála an scéil) Tigh Tommy nó Tigh Johnny Sheáin. Níl aon dabht faoi ach gurb é féin ardshirriam na cúirte sin. Mar a deir sé ina bhealach sainiúil féin, agus a theanga idir shúgradh agus dáiríre ina phluic aige: ‘Tá daoine ann inniu a thugann filí orthu fhéin, ach is daoine eile a thugann ormsa é.’ Tá eolas agus aithne ar Johnny agus ar a shaothar ar fud Ghaeltacht Chonamara, ó fhágfas duine Bearna go dtiocfaidh sé go Carna.

Sa chaint a thug Máirtín Ó Cadhain (1969: 38) do Chumann Merriman in Aonach Urmhumhan i mí Eanáir 1969, athdhearbhaíodh an ról a bhí ag Johnny Chóil Mhaidhc ina phobal féin.

Níl éan ar chraobh inniu lena bhfuil de cheol ag dul timpeall. Shílfinn go bhféadfadh na filí a theacht i dtír air. Tá file amháin – má cheadaíonn sibh dhom chor ar bith an t-ainm sin a thabhairt air – a bhfuil pobal agus feidhm aige, Johnny Chóil Mhaidhc nó Seán Ó Coisdealbha. Tá, ar an gcaoi a raibh sé ag filí ariamh sa nGaeilge.

D'fhoilsigh Mícheál Ó Conghaile, Cló Iar-Chonnacht, leabhar filíochta agus agallamh beirte le Johnny Chóil Mhaidhc *Buille faoi Thuairim Gabha* in 1987. Scríobh Ó Conghaile (2006: 19):

[B]hí bua aige nach raibh ag aon fhile Gaeilge mórán, sé sin go raibh sé ina mháistir ar an bhfilíocht traidisiúnta agus ar an tsaorvéarsaíocht araon. File idir dhá thraidisiún a thug leis an dá thraidisiún go slachtmhar a bhí ann.

Agus Sean Ó Coisdealbha á shuíomh i dtraidisiún liteartha na Gaeilge, níor mhiste a lua gur fhág sé an scoil nuair a bhí sé ceithre bliana déag. Ní móide gur ón scolaíocht fhoirmeálta a thóg sé an spéis a bhí aige sa litríocht agus sa scríbhneoireacht. Bhí cúlra láidir Gaeltachta aige ar an dá thaobh, rugadh é ar fheirm dhá acra déag sna Creagáin, Indreabhán, Conamara, 21 Meitheamh 1929. Gabha a bhí ina athair Cóil Mhaidhc Ó Coisdealbha agus ba as an gCaorán Beag ar an gCeathrú Rua a mháthair Máire Ní Dhonnchadha nó Mary Johnny Steven. Ba é an duine ab óige é de cheathrar cailíní agus beirt bhuachaillí. Phós sé féin agus Bríd Ní Chonghaile ón Sruthán, Árainn, in 1981 agus bhí triúr mac acu: Aonghus, Seán, agus Colm. (Uí Chuaig, 2006:19)

Chomh maith leis an bhfilíocht chum Ó Coisdealbha drámaí agus agallaimh bheirte. Siad Sáirséal agus Dill, foilsitheoirí a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath a d'fhoilsigh a chuid drámaí an chéad lá riamh i dtosach na 1960í: *An Tincéara Buí agus dréachtaí eile* (1962) agus *Ortha na Seirce* (1968). Luaigh Éadaoin Ní Mhuircheartaigh (2018) an áit lárnach a bhí ag dea-chaint i saothar Johnny:

Bhain Johnny cáil amach, ní hamháin mar fhile agus mar chumadóir agallamh beirte, ach mar aisteoir agus mar dhrámadóir Gaeltachta freisin. Bhí a chuid drámaí fréamhaithe go domhain in ithir na béalairachta agus tugtar tús áite don dea-chaint agus don ghreann ina shaothar. Níorbh é an plota ná imeachtaí an dráma ba mhó a thug taitneamh dá lucht éisteachta, dar leis, ach an chaint fhileata shaibhir féin.

Dúirt Liam Ó Dochartaigh gur charachtair áirithe a bhíonn i gceist sna drámaí: ‘tincéirí, tábhairneoirí agus baitsiléirí, mná óga inphósta, mná pósta cantalacha agus mná meánaosta neamhphósta giodamacha na pearsana is láidre aige. Aithnítear na carachtair seo ó dhráma go dráma.’ (Ó Dochartaigh 1975: 81) Fearacht na n-dánta, tá rian meánaoiseach ar dhrámaí Johnny Chóil Mhaidhc.

Sílím go bhfuil leid eile le fáil ó oícheanta drámaíochta Uí Choisdealbha sa Ghaeltacht thiar agus san úsáid a bhaintear as an agallamh beirte agus as an fhilíocht ar an chineál leirmheastóireachta a fheileann dá shaothar. Is í an drámaíocht mheánaoiseach a chuireadh a chuid drámaí i do cheann, agus an t-agallamh á úsáid mar interlude: ‘a short moral play in dialogue requiring two or more performers’: ‘a short piece introduced between the acts of the mysteries and the moralities.’ Is fíor nach ‘mysteries’ ná ‘moralities’ iad drámaí Uí Choisdealbha, ach tá cosúlachtaí áirithe eatarthu mar sin féin. (Ó Dochartaigh 1975: 80)

Leag Johnny béim láidir ar dheisbhéalaíocht ina chuid drámaí agus sna hagallaimh bheirte. Ba mhínic leis greann a fhí trí chaint chraiceannach na Gaeltachta mar gur thuig sé gurbh a leithéid a thaitin lena lucht féachana; a chuid comharsan, a phobal féin.

Tagann an greann ina chuid agallamh agus i ndrámáí áirithe leis, ní ó chleasaíocht fhisiciúil na n-aisteoirí ná ó ghothaí, geamaí ná gníomhartha na bpearsan, ach ó chlisteacht na cainte féin. Tá an gliceas seo, a bhfuil idir shúgradh agus dáiríre ann, i ndrámáí uile Johnny agus aithníodh go raibh stíl ar leith aige a thaitin go mór le pobal na Gaeltachta. (Ní Mhuircheartaigh, 2018)

Chleacht sé ealaín dúchais bhéil na Gaeltachta agus thuig an pobal gurbh é an t-earra céanna a chuir sé ar fáil dóibh ó dhráma go dráma, earra ar a raibh ‘séala an traidisiúin buailte anuas air mar a bheadh barántas.’ (Ó Dochartaigh, 1975: 86)

In ábhar nár foilsíodh cheana, chaith comhghleacaithe agus cairde Johnny breis solais ar féin agus ar a shaothar nuair a thaifead siad agallaimh sa bhliain 2001.

Dearcadh chuid dá chairde liteartha agus amharclannaíochta

Ba dhuine de na filí *Innti*, a tháinig ar an bhfód i gColáiste na hOllscoile Corcaigh ag deireadh na 1960í agus tús na 1970í, é Liam Ó Muirthile (1950–2018). Bhí Ó Muirthile agus triúr eile: Nuala Ní Dhomhnaill, Michael Davitt agus Gabriel Rosenstock, ar thús cadhnaíochta i saol liteartha Gaeilge na hOllscoile i gCorcaigh. Dúirt an tOllamh Alan Titley gur féidir cuid den tábhacht a bhain leis an scríbhneoireacht chomhaimseartha mar chuid de chéim sa Ghaeilge a leagadh ar dhuine de na léachtóirí a bhí ag na filí *Innti*, an tOllamh Seán Ó Tuama. File agus drámadóir ab ea é féin agus thug an Tuamach dearcadh an chleachtóra leis isteach sa seomra ranga. (Ní Ghearbhuigh & Rosenstock, 2023: xii)

Scríobh Liam Ó Muirthile dán fada do Johnny Chóil Mhaidhc, ‘Portráid an ghabha.’ Bhí aithne na mblianta acu ar a chéile, nuair a bhí Liam fostaithe in RTÉ, rinne sé scannánaíocht le Johnny i gConamara i mí na Nollag, 1980. D’eascair an dán as ócáid inar casadh Liam ar Johnny blianta ina dhiaidh sin i dTigh Pheadair Dick, tábhairne ar an mBántráinn, lámh le Ros a’Mhíl i gConamara:

Tá uaigneas orainn araon le hais an chabhantair Tigh Pheadair Dick
i ndiaidh an tseandreama inár n-amharclann,
ach níl uaigneas orainn beirt níos mó ag seanchas ar an sean-nós
ar nós chuile nós is go dtuigimid dá chéile ar aon nós.
D’éadan *corduroy* nach dteastaíonn *make-up* ar bith lena aghaidh,
Mise gan aghaidh fidil an mheigill níos mó. (Ó Muirthile 2000 :55)

Rinne Liam agallamh teilifíse fada liomsa i mí Feabhra, 2001 agus d’úsáid mé cuid de sa scannán: *Johnny Chóil Mhaidhc: Sin í an Fhírinne*. Foilsítear go leor den ábhar atá anseo den chéad uair riamh.

Ní raibh aon deacracht ag Ó Muirthile Johnny Chóil Mhaidhc a shuíomh sa traidisiún Gaelach:

Sa chéad áit i dtaobh Johnny, is scríbhneoir Gaeltachta é, sin é an chéad rud, agus gur mhair an scríbhneoireacht Ghaeltachta ar shlí áirithe i gcás Johnny nár mhair i nGaeltachtaí eile, gur mhair an múnla meánaoiseach más maith leat, an múnla traidisiúnta pobail – an múnla traidisiúnta scríbhneoireachta i gcás Johnny. Tá Johnny Chóil Mhaidhc dáiríre i dtraidisiún chomh hársa a shíneann siar i dtraidisiún na Gaeilge go dtí na meánaoiseanna.

Tá an méid sin pléite cheana féin san aiste seo ach do chuir Liam Ó Muirthile leis agus mhaígh sé go raibh gnéithe an-nua-aimseartha ag baint le Johnny. Gnéithe nach luíonn isteach leis an múnla pobail, tá tréithe ina shaothar a fhágann go bhfuil sé deacair Johnny Chóil Mhaidhc a chur in aon chatagór ar leith. Tá sé go pointe *sui generis*:

Tá sé i múnla an té sin a théann i láthair an phobail agus a chuireann an pobal ag gáirí, is rud mór ar fad é sin, a mhúsclaíonn an greann iontu féin mar gurb é an greann céanna atá ann féin ach go mb’fhéidir go bhfuil sé níos duibhe ann féin ná mar atá sé sa phobal. Ní leor a rá gur file pobail nó drámadóir pobail amháin é. Cuirim i gcás, cé go mbeadh cosúlachtaí idir é féin agus roinnt de na filí ó Chorca Dhuibhne: Ó Duinnshléibhe, an Ruiséalach agus iad san, do bheadh sé an-fhada ó Mhaidhc File, ó Mhícheál Ó Guithín a bheadh i bhfad níos liteartha. Tá rudaí ag baint le Johnny atá fíor i gcás Johnny amháin. Sin iad na rudaí, dar liom, a chaithimid a lorg ina shaothar.

Ní thagann an Muirthileach leis an dealú a dhéantar sa litríocht idir filí pobail agus na nuafhilí:

Ar shlí amháin tá gach éinne atá ag plé le scríobh na Gaeilge ina ealaíontóir nó ina fhile gan pobal. Féachaimse ar chás Johnny sa tslí seo: úsáidtear an téarma file pobail, agus dáiríre déantar idirdhealaithe idir na nuafhilí agus na filí pobail. Creidim féin gur bréag-idirdhealú atá ann sa mhéid is gurb é dáiríre atá i gceist le file pobail ná gur mó a labhrann meon an phobail tríd ná mar a labhrann guth indibhidiúil tríd na focail. Gur treise meon an phobail, ach níl ansin ach an traidisiún claisiceach a bhí riamh in Éirinn, a bhí riamh in uachtar in Éirinn ag teacht chun deiridh. Tá deighilt iomlán sa traidisiún Gaelach idir an guth indibhidiúil agus an guth pobail agus dáiríre, dá mhéid a mhachnaimse air sea is mó a bhraithim go mb'fhéidir gur fé na nuafhilí tiúnáil as an nua a dhéanamh le guth an phobail, le meon an phobail.

Thug Liam sampla *par excellence* ar Johnny i dca na pobal a bhaint amach agus freastal ar an bpobal sin:

Caithfidh an saothar ealaíne, an fhilíocht sa chás seo, labhairt le daoine, sé sin go gcaitheann tú pobal a bhaint amach ar shlí amháin nó ar shlí eile. Baineann Johnny pobal amach, tuigean daoine cad atá á rá aige, gáireann siad, goileann siad ina theannta uaireanta is dócha.

Is é mian gach ealaíontóra, a deir Ó Muirthile, teagmháil a dhéanamh le pobal trí mheán na n-ealaíon. Tá a leithéid pléilte cheana anseo ag tarraingt ar obair Uí Dhochartaigh, Denvir, Ní Mhuircheartaigh.

Bhí aithne ag an aisteoir Mairéad Uí Chuaig (*Poitín*, 1978) ar an drámadóir ó bhí sí ina cailín óg ag fás aníos sna Doireadha, Baile na hAbhann i gConamara:

Nuair a bhí mo dheartháireacha ag dul chuig an scoil, bhíodar in éineacht le Johnny agus scríobh Johnny a chéad dráma nuair a bhí sé i rang a sé. Bhí trí pháirt ann: fear a' tí, bean a' tí, agus an mac a bhí ag dul go Sasana. Sé mo dheartháir is sine Pat a rinne fear a' tí, agus sé Johnny a rinne bean a' tí agus bhí sciorta air, agus sé mo dheartháir, Johnny, go ndéana Dia grásta air, a rinne an mac a bhí ag dul go Sasana. Léirigh siad an dráma i Seanscoil na Tulaí, an seanfhoirgneamh atá thiar in aice le TG4. Chonaic mé Johnny den chéad uair i 1967, tháinig sé chuig an teach agus d'fhiafraigh sé do mo mháthair an raibh seans ar bith go bhféadfainnse dul i ndrámá leis.

Casadh Johnny Chóil Mhaidhc ar an aisteoir Tom Sailí Ó Flaithearta (1931–2021) den chéad uair sna 1950í agus thuig sé go raibh rud ar leith ag baint le drámaíocht Johnny:

Is cuimhin liom an uair sin go mbíodh cumainn drámaíochta fíorláidir i gceantar na Gaeltachta, bhí cumann ag Carna, cumann ag Loch Conaortha, bhí cumann i Ros Muc agus sa Spidéal.

Agus ansin bhí Aisteoirí Indreabháin, agus ag na féilte drámaíochta bhí an-iomaíocht go deo eatarthu, agus sin é an chéad uair ariamh a chuir mise eolas ar Johnny Chóil Mhaidhc agus ar a shaothar. Caithfidh mé a rá go raibh a shaothar níos eisceachtúla ná aon saothar dá ndearna na cumainn eile. Ar an gcéad dul síos, rinne siadsan drámaí a bhí scríofa cheana – drámaí claisiceach le TC Murray agus le John Millington Synge, ach chum Johnny a dhrámaí féin.

Bhíodh Diarmuid Mac an Adhastair (1943–2015) ag aisteoireacht in éineacht leis an údar i gcuid de na drámaí a chum Johnny féin: *Pionta Amháin Uisce* (1956), *An Tincéara Buí* (1957), *Mar a Chéile Muid* (1959), *Ortha na Seirce*. Páirt Shéamuis Mhicil Tom (Ó Catháin) a bhíodh ag Diarmuid Mac an Adhastair sa sobaldhráma de chuid TG4 *Ros na Rún*:

Bhínn ag drámaí ar an gCeathrú Rua agus ar scoil ach ní bhfuair mé aon sásamh ariamh astu. Nuair a tháinig Cumann Johnny, Cumann Drámaíochta Indreabháin chomh fada linn an oíche seo, ní raibh mise ach b'fhéidir trí nó ceithre mbliana déag, an slua daoine a tharraing sé agus dob é an cháil a bhí ar féin a tharraing iad. (Mac an Adhastair, 2001)

Bhí Mairéad Uí Chuaig sé nó seacht mbliana d'aois nuair a chonaic sí Johnny ar an stáitse den chéad uair. Bhíodh drámaí ar siúl i rith an Charghais agus ghabhadh an teaghlach ar fad ag féachaint orthu. Tá cuimhneamh níos fearr aici ar an dara huair a chonaic sí ar stáitse é:

Is dócha gur thart ar 1960 nó 1961 a bhí ann, Lá an Phatrúin, an 9 Meitheamh. Bhíodh an Patrún thíos ar an mBántráinn, Tobar Cholmcille. Léirigh sé an dráma *An Tincéara Buí*, bhí an stáitse socraithe suas aige istigh i ngarraí agus bhíodh scilling nó sé pínneacha le n-íoc isteach, sin é an chéad uair a chonaic mé dráma léirithe taobh amuigh agus bhí mé an-tógtha leis. (Uí Chuaig, 2001).

Tá cuimhní glé ag an aisteoir agus an craoltóir as Fearann an Choirce in Árann, Máirtín Jaimsie, ar dhrámaí Johnny:

Ní raibh teilifís, nó raidió, ní raibh tada ann an uair sin. Ba é Johnny an laoch, mar a deirfeá, ba é an fear é! Thagadh sé amach go hÁrann go rialta le drámaí agus thugtaí ann muide i ngreim láimhe. B'fhéidir nach raibh mé in ann é a thuiscint ar chor ar bith, faoi cheann 1959 a thosnaigh sé ag dul ann, ní bheinnse an-sean. (Máirtín Jaimsie, 2001)

Mhaigh Máirtín Jaimsie go raibh a leithéid de rud ann agus slacht Johnny Chóil Mhaidhc nó stíl Johnny Chóil Mhaidhc:

Is minic a d'inis mise scéal dó, a chuala mé ó dhuine éigin eile, ceann maith b'fhéidir, agus chloisfinn uaidh féin arís í, an ceann céanna agus cóir eile, fileata uilig, curtha aige ar. Bheadh slacht nó stíl Johnny Chóil Mhaidhc curtha aige ar.

Is é ‘Raiftearaí agus an File’ mórshaothar Johnny Chóil Mhaidhc i réimse na n-agallamh beirte.

I measc na bpíosaí dá chuid a mhairfeas tá an t-agallamh beirte *Raiftearaí agus an File*, ar clasaic é, agus atá ar an agallamh beirte is fearr dar cumadh i nGaeilge le céad bliain anuas, nó b’fhéidir ariamh. (Ó Conghaile, 2006: 19)

File ar a bhealach go dtí an tOireachtas i mBaile Átha Cliath, a stadann ag uaigh Raiftearaí i gCill Fhínín i gCreachmhaoil i gCo. na Gaillimhe agus a labhraíonn leis an leacht atá i gceist san agallamh.

File

A Raiftearaí, a fhile, dá mairfeása tuilleadh
 Le go mbeinnse agus tusa le chéile,
 Cé againn an file nó an fhilíocht ba bhinne?
 Ba cheist í a bheadh doiligh le réiteach.
 Mise agus tusa a bheith ag iomaíocht sa gcluiche
 Agus an bheirt againn ag an Scoil Éigse,
 Thabharfainn mo mhionna nár ba mise ba dhona
 Nuair a thabharfadh an réiteoir a léirmheas.

Raiftearaí

Is mise an file agus ní fhacas léargas na cruinne
 Agus tá mise le blianta sa gcreáfóig;
 Cén t-údar, a dhuine, go luafá m’ainm is mo shloinne
 Óir ní raibh cuireadh ná coinne againn le chéile? (Ó Coisdealbha, 1987: 69)

Rinne Éadaoin Ní Mhuircheartaigh (2018) mionscagadh ar an allagar i saothar Johnny go mór mór na hagallaimh bheirte agus na saintréithe a bhaineann le haighnis fhileata, mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Scríobh sí faoin agallamh ‘Raiftearaí agus an File’:

Murab ionann agus bunáite na n-agallamh beirte nua-aimseartha, ní codarsnacht dhénártha atá mar bhunchoimhlint idir pearsana an agallaimh seo. Beirt fhilí ar mó de chosúlachtaí ná de dhifríochtaí atá le sonrú eatarthu, bíodh is gur de thréimhsí éagsúla iad, atá i mbun cainte ann. Tugann na filí dúshlán a chéile sa chomhrac béil seo agus tugtar léargas ar cheird na filíochta agus ról an fhile sa phobal.

Dúirt Tom Sailí Ó Flaithearta, an chéad duine a ghlac páirt Raiftearaí san agallamh beirte, gur sa bhliain 1965 a cumadh é:

Bhí mise i mBaile Átha Cliath agus chuir sé scéala chugam an ndéanfainn Raiftearaí in éineacht leis. Dúirt mé leis na focla a chur agam ach bhí fhios agam go deabhalaí maith nach dtiocfadh aon fhocal go leaindeálfadh sé féin aníos Dé hAoine roimhré agus an comórtas ar siúl Dé Luain. Ansin cúpla leathanach don agallamh le foghlaim, ach bhí deirfiúr aige i mBaile Átha Cliath. Bhí sí ag obair an uair sin i Rannóg an Aistriúcháin agus is minic a dúirt mé gurbh ise a rinne an t-agallamh, mar bhíodh sí taobh thiar i gcónaí, ar chúl an chuirín agus í ag tabhairt leide dúinn. (Ó Flaithearta, 2001)

Mhaígh an file Liam Ó Muirthile gur an-phíosa cumadóireachta atá ann a bheireann ar rud éigin i dtaobh Johnny agus gur mó de léargas ar Johnny é ná ar Raiftearaí. Dúirt sé gur ceardaí agus gur ealaíontóir a chaith dua lena cheird ag tráthanna dá shaol é Johnny Chóil Mhaidhc.

Is cuimhin liom féin comhrá a bheith agam le Johnny faoi fhocal, agus é féin an-dháiríre faoin gcúram. Is cuimhin liom fiú an focal a bhí i gceist – clocha ar forbhás. Bhí sé ag cuimhneamh is ag machnamh agus ag iarraidh an focal a chur ina sheasamh mar a chuirfeá cloch ina seasamh ar fhalla, agus ligint don gcloch titim, agus ligint don gcloch suí, agus ligint don gcloch seasamh. Sin an uair a thuigeann tú gur saor sa tseanchiall é Johnny.

Chuir Johnny a chuid scileanna a bhain le focail a chur i ndiaidh a chéile i bhfeidhm sna hagallaimh bheirte a chum sé agus ina chuid drámaí freisin.

Tá fhios agat an t-agallamh beirte sa mhúnla traidisiúnta, gur b'é an bun rud, tá sé i bhfad siar sa traidisiún, sa bhéaloideas agus i ngach slí. Níl éinne go bhfuil máistreacht níos mó ná Johnny ar sin. (Ó Muirthile, 2001)

Thug Tom Sailí Ó Flaithearta (2001) le fios gurbh í a thuairim go raibh athruithe a bhí ag teacht i gcúrsaí sochtheangeolaíochta in Éirinn ag rith tríd an agallamh 'Raiftearaí agus an File'. D'aithris sé trí líne nach bhfuil ar fáil sa leagan den agallamh a foilsíodh in 1987 ná in aon leagan eile a chonaic mise. Mhaígh sé go raibh na línte seo ag Raiftearaí:

Tabhair mé san áit agus fuascail mo chás,
is ní aireoidh mé creimirt na péiste.
Ná fág mé i gCreachmhaoil an Bhéarla.

Tá na línte sin ag teacht le deireadh an agallaimh nuair a impíonn Raiftearaí ar an bhfile a thaisí a athadhlacadh agus iad a chur i gcré na Gaeltachta:

Raiftearaí

Achainí ghearr is ná heitigh mé féin,
 Ach faigh cónra agus bailigh le chéile
 A bhfuil fágtha ag cruimhe de Raiftearaí an file,
 Tabhair leat é is cuir é sa nGaeltacht.
 I gciúnas na cille, na bpéist is na cuile,
 Cloiseadh aríst an Ghaeilge,
 A briathra ba bhinne, a béimniú ba ghlaine,
 Is ársaí ná teanga na Gréige
 (Glaonn an coileach)
 Sin deireadh le mo spás táim ag teastáil ón mbás
 Ach feicfidh mé i bPárthas arís thú;
 Go raibh lorg do láimhe ar litríocht Chríoch Fáil,
 Is go maire do cháil is tú sínte.

Cuimhní cinn de chuid an údair

Ba sa Taibhdhearc i gcathair na Gaillimhe a casadh Johnny Chóil Mhaidhc ormsa i bhfómhar na bliana 1988. Bhí an Taibhdhearc trí fichid bliain ar an bhfód agus choimisiúnaigh an amharclann dráma nua faoi shaol an scríbhneóra Pádraic Ó Conaire (1882–1928) den teideal *An Spailpín Fánach*. Ba é an Luimníoch, Criostóir Ó Floinn (1927–2023) a scríobh an dráma. Ghlac Johnny ról Paddy Conroy, uncail Phádraic ón nGairfean, Ros Muc. Is ann a cuireadh Pádraic nuair a fágadh ina dhílleachta é i gcathair na Gaillimhe in aois a aon bhliain déag. Bhain íoróin leis an



Johnny Chóil Mhaidhc
Tigh Tommy Conamara, 6 Meán Fómhair, 2001

bpáirt a rinne Johnny Chóil Mhaidhc sa léiriú áirithe seo mar gurbh é a bhí i gceist ná Béarla a bhrú ar a nia, Pádraic Ó Conaire, duine de cheannródaithe nualitríocht na Gaeilge:

Uncail: Cogar! An mbíonn an Máistir Walsh ag labhairt Gaeilge leatsa nuair a théann tú ag an teach aige?

Pádraic: Ó bíonn!

Uncail: Is dócha nach miste dó, é go socair, sona, sásta ina phost agus teach nua saor ó chíos aige ón n-gobhairmint ach an té nach bhfuil an Béarla ar a thoil aige, beidh sé ina sclábhaí lena shaol ar deireadh...sin é! (Ó Coileáin, 2001)

Cuireadh an dráma ar stáitse na Taibhdheirce, 13–20 Samhain, 1988. Bhí an amharclann lán ar feadh na seachtaine agus tugadh an dráma ar camchuart náisiúnta. Chuireas aithne ar Johnny sa tréimhse seo, bhí dúil mhór aige in amhráin Chúige Mumhan agus dá rachfainn amú in aon líne bhí sé i mo dhiaidh aniar agus na focail ar bharr a ghoib aige:

Maidin Luan Cincise labhair an síofra sa ghleann;
Do bhailíodar na cága chun ábhacht a dhéanamh ann
Do chruinniomar ina dtimpeall is do lasamar ár dtinte
Is do thógamar ceo draíochta go haoibhinn os a gcionn. (Ó Baoill, 1975: 67)

Siad na hamhráin Ghaeilge a thug Johnny agus mé féin le chéile. Ba bhreá leis ‘Brídín Bhéasach’, amhrán Raiftearaí a chlos sa bheár tar éis an dráma. D’fhán an ceol mar nasc eadrainn agus is as seo a d’eascair an tionscnamh scannánaíochta.

Bhíos ar chúrsa de chuid Údaras na Gaeltachta i léiriú teilifíse an bhliain dar gcionn, 1989 agus mar chuid den oiliúnt, léirigh mé scannán gearr faoi shaol agus saothar Johnny Chóil Mhaidhc. Bhí an scannánaíocht seo thar a bheith luachmhar nuair a choimisiúnaigh TG4 scannán faisnéise uair an chloig uaim sa bhliain 2000. Johnny Chóil Mhaidhc – Sin í an Fhírinne an teideal a bhí air agus chraol TG4 ar dtús é 11 Nollaig, 2001.



**Johnny Chóil Mhaidhc agus Aodh Ó Coileáin
Ceibh Bhaile na hAbhann, 6 Meán Fómhair, 2001**

Conclúid

Leagas romham léargas áirithe iarbháis a thabhairt ar fhile Chonamara, Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha. Tharraing mé ar agallaimh a thairfead mé féin le Johnny agus le daoine a raibh aithne acu air maille le plé criticiúil ar a shaothar. Scríobh mé faoin gcaidreamh pearsanta a bhí agam le Johnny thar thréimhse ocht mbliana déag (1988–2006).

Thugas mo mhac, Iarla, ár gcéad leanbh, ar cuairt chuig Johnny i mí Mheán Fómhair, 2006, bhí Iarla seacht mí dhéag agus fiosrach, siúlach. Bhí Johnny Chóil Mhaidhc ina chathaoir cois na tine ag ithe a dhinnéir. Bhí deirfiúr Johnny, Cáit sa seomra agus Bríd, a bhean chéile. Thrasnaigh Iarla an t-urlár agus thóg sé roinnt piseanna ó phláta Johnny agus chuir ina bhéal iad. Bhain Johnny smut den bhreac a bhí á ithe aige agus d'fhág ar chiumhais an phláta é. Thóg Iarla an t-iasc agus d'ith go hocrach. Agus an tae á ól tar éis an bhéile, thosnaigh Johnny agus a dheirfiúr Cáit ar dhán fada Raiftearaí *Seanchas na Sceiche* a aithris:

Tráth faoi Lúnas ba domsa a tharla,
Ar bhord Áth Cinn is é go mór ag báistigh,
dhruid mé i leataobh agus ní gan ábhar,
go bhfaighinn tom nó clái a dhéanfadh scáth dom. (Ó Coigligh, 1987: 137)

Idir Johnny agus Cáit, thugadar leo formhór an cheithre chéad is a ceathar líne de dhán Raiftearaí.

B'shin an uair dheireanach a chonaic mé Johnny Chóil Mhaidhc. Lastigh de shé seachtaine, ní hamháin go raibh Johnny imithe ach bhí a dheirfiúr Cáit ar shlí na fírinne chomh maith.

Fágfaidh mé an focal scoir faoi dhaoine eile:

[N]íl aon amhras nach é Johnny Chóil Mhaidhc príomhscríbhneoir na Gaeltachta. Rí-Éigeas an Bhéil Bheo. Tá lorg a láimhe ar litríocht Chríoch Fáil, agus mairfidh a cháil is é sínte. (Ó Dochartaigh, 1975: 88)

Is dóigh liom go bhfuil rudaí ar leith ag baint le Johnny, a bhaineann le Johnny amháin. Dáiríre, ar deireadh thiar, d'éirigh le Johnny is dóigh liom féin, cé nár dhóigh leat é uaireanta, a bheith neamhspleách ar an bpobal ina mheon, sé sin gur dílseacht do féin laistigh de mhúnla an phobail atá ann chomh maith, agus gur mó dílseacht do féin é, ar deireadh thiar, ná dílseacht don bpobal. (Ó Muirthile, 2001)

Níl fhios agamsa éinne in Éirinn a scríobh dráma, é a leiriú, agus páirt a thógáil ann ach Johnny Chóil Mhaidhc, *genius* cruthanta a bhí ann. (Uí Chuaig, 2001)

Tagairtí

- Denvir, G. (1997) *Litríocht agus Pobal. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.*
- Ní Ghearbhuigh, A., & Rosenstock, T. (eag.) (2023) *Inside Innti: A new wave in Irish poetry.* Corcaigh: Cork University Press.
- Ní Mhuircheartaigh, E. (2018) 'Allagar an ardáin: taibhealaíona Johnny Chóil Mhaidhc Uí Choisdealbha.' *COMHARTaighde 2* Ar fáil ag: <http://dx.doi.org/10.18669/ct.2018.04> (Léite: 9 Feabhra, 2026).
- Ní Mhuircheartaigh, É., Ní Ghairbhí, R., & Ó Liatháin, P. (eag.) (2021) *Ó Chleamaráí go Ceamaráí: Drámaíocht agus Taibhealaíona na Gaeilge faoi Chaibidil.* BÁC: Cló Léann na Gaeilge.
- Nic Eoin, M. (1983) 'Mar is Cuimhin liom.' *Sinsear* 1982–83. 107–17.
- Ó Baoill, S. & Ó Baoill, M. (1975) *Ceolta Gael.* Corcaigh: Mercier.
- Ó Cadhain, M. (1969) *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca.* BÁC: An Clóchomhar.
- Ó Coigligh, C. (1987) *Raiftearaí: Amhráin agus Dánta.* BÁC: An Clóchomhar.
- Ó Coinnigh, M. & Ní Ghairbhí, R. (eag.) (2025) *Scannánaíocht na Gaeilge.* BÁC: LeabhairComhar
- Ó Coisdealbha, S. (1987) *Buille faoi Thuairim Gabha.* Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Dochartaigh, L. (1975) 'Éigse an Bhéil Bheo: Saothar Sheáin Uí Choisdealbha.' *Scríobh* 2. 77–89.
- Ó Muirthile, L. (2000) *Walking Time agus dánta eile.* Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Scannáin

- Johnny Chóil Mhaidhc: Sin í an Fhírinne* (2001) A. Ó Coileáin a stiúir (Scannán Faisnéise). Éire: Léirithe Lúnasa.

Agallaimh neamhfhoilsithe

Diarmuid Mac an Adhastair, 16 Márta, 2021

Johnny Chóil Mhaidhc, 19 Eanáir, 1990

Johnny Chóil Mhaidhc, 27 Deireadh Fómhair, 2000

Johnny Chóil Mhaidhc, Céibh Bhaile na hAbhann, 6 Meán Fómhair, 2001

Liam Ó Muirthile, 12 Feabhra, 2001

Mairéad Uí Chuaig, 21 Feabhra, 2001

Máirtín Jaimsie, 21 Feabhra, 2001

Tom Sailí Ó Flaithearta, 16 Márta, 2001

Nuachtáin

Quinn, B. (2006) 'Ainm a mhúscail íomhá laoi.' *Foinse*. 12 Samhain. 19.

Uí Chuaig, M. (2006) Beathaisnéis. *Foinse*. 12 Samhain. 19.

Ó Conghaile, M. (2006) 'An gabha agus a bhuile.' *Foinse*, 12 Samhain. 19.

Leabharliosta Johnny Chóil Mhaidhc

Ó Coisdealbha, S. (1962) *An Tincéara Buí*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

Ó Coisdealbha, S. (1968) *Ortha na Seirce*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

Ó Coisdealbha, S. (1987) *Buille faoi Thuairim Gabha*. Indreabhánl: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Coisdealbha, S. (1995) *An Cruastóir agus An Mhéar Fhada*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Coisdealbha, S. (2000) 'Mar a Chéile Muid'. In: Ó Siadhail, P. (eag.) *Gearrdhrámaí an Chéid*. An Spidéal: Cló Iar-Chonnacht. 187–207.

Scannáin ina raibh Johnny Chóil Mhaidhc

Poitín (1978) Stiúrtha ag B. Quinn [Fadscannán]. Éire: Cinegael.

Traveller (1981) Stiúrtha ag J. Comerford [Scannán]. Éire: Joe Comerford Films.

Budawanny (1987) Stiúrtha ag B. Quinn [Fadscannán]. Éire: Cinegael.

Reefer and the Model (1988) Stiúrtha ag J. Comerford [Fadscannán]. Éire: Berber Films Ltd.

Nóta Buíochais

Ba mhaith leis an údar buíochas a ghabháil le Colm Ó Bric, Ceathrú an Fheirtéaraigh, Dún Chaoin, Co. Chiarraí as an obair mhór a rinne sé agus na hagallaimh ar fad á dtrascíobh aige in 2001.



Éigse na Bruiséile in eagar ag Aogán Ó hIarlaithe.

**Leabhar Breac faoin inphrionta Cló Lováin, Indreabhán, Co. na
Gaillimhe 2025 €16 (178 leathanach ISBN: 978-1-913814-74-8)**

Léirmheastóir: Lorna Johnson

Is cnuasach aistí atá sa leabhar seo ina dtugtar cuntas ar na himeachtaí éagsúla a eagraíodh le linn Éigse na Bruiséile, féile a reáchtáladh den chéad uair ar feadh deireadh seachtaine i mí na Bealtaine 2022. Cúig cinn d'ailt atá sa leabhar leis na húdair seo a leanas: Mícheál Mac Craith, Aogán Ó hIarlaithe, Liam Mac Cóil, Rua Breathnach, Seán Ó Riain agus Pádraig Ó Laighin. Baineann na haistí go díreach leis na himeachtaí a bhí ar siúl le linn na féile agus tá éagsúlacht ann idir stair, litríocht, dráma agus cur síos ar sheoladh leabhair. Is léir gur thug láthair na féile, an Bhruiséil, inspioráid do na húdair i bhfianaise théamaí na n-aistí, mar shampla, stair an Choláiste San Antaine i Lováin, lámhscríbhinní Gaeilge ón 17ú haois i Leabharlann Ríoga na Beilge, agus 'Fontenoy: ó bhlár an chatha go dtí an t-úrscéal'. Tá nasc stairiúil ag na Gaeil leis an áit a théann siar na céadta bliain agus tá sé le feiceáil ar chlúdach an leabhair atá foilsithe ag Leabhar Breac faoin inphrionta Cló Lováin. Sin tagairt do chló-phreas 'Cló Lováin' a bhí ag na Proinsiasaigh i Lováin in 1611. Dúirt lucht eagair na féile in 2022 gur dheis 'ceiliúradh a dhéanamh ar shaol na Gaeilge i bpríomhchathair ilteangach na Beilge' a bhí san fhéile (Ní Eadhra, 2022). Ba é Aogán Ó hIarlaithe, scoláire agus staraí Sean-Ghaeilge, a chéadsmoínigh ar chnuasach d'imeachtaí na hÉigse a chur amach mar leabhar agus eisean a chuir an leabhar in eagar. Sa réamhrá a ghabhann leis an gcnuasach, deir bunaitheoir na hÉigse, Tomaí Ó Conghaile, atá ina aistritheoir leis an gCoimisiún Eorpach sa Bhruiséil, gur 'iarbhlas tairbheach tarraingteach ar chuid de na himeachtaí' atá ann.

Príomhthéama an leabhair seo is ea an Ghaeilge ar mhór-roinn na hEorpa. Chuige sin, pléitear tionchar na deoraíochta agus an lorg a d'fhág na Gaeil, agus a fhágann i gcónaí, ar scéal agus ar dhán na Gaeilge, bíodh sin sa chomhthéacs stairiúil nó comhaimseartha.

Ina aiste 'Ar deoraíocht i Lováin: ceárta agus cliabhán na saíochta dúchais', déanann an tOllamh Emeritus Mícheál Mac Craith cur síos cuimsitheach ar Choláiste San Antaine i Lováin, an chéad choláiste Éireannach a bhunaigh Proinsiasaigh na hÉireann ar an mór-roinn in 1607. Tugann an aiste seo léargas an-suimiúil ar thogra clódóireachta don Ghaeilge agus an phráinn a bhí leis chun an Teagasc Críostaí a chur i gcló 'in aghaidh theagasc falsa na reiligiún eile atá i gcoinne ár gcreidimh naofa,' de réir Ard-Diúic na hÍsiltíre Spáinní in 1611 (10). Aiste théagartha léannta atá ann le go leor fonótaí, a chlúdaíonn níos mó ná leath an leabhair. Cuireann sí béim ar na héachtaí ar leith ar éirigh leis na Proinsiasaigh i Lováin a bhaint amach sa 17ú haois agus an comhthéacs polaitiúil a bhí i bhfeidhm ag an am. Is scéal tarraingteach é, scéal na lámhscríbhinní luachmhara a chaomhnú agus na bráithre ag obair go dian agus iad ar deoraíocht. Bheadh sé ina chuidiú don léitheoir, áfach, dá mbeadh struchtúr éigin leis an aiste fhada seo a bhriseadh suas, ach mar sin féin leanann sí stair an Choláiste thar na blianta go croineolaíoch. Deir an tOllamh Mac Craith gur 'fiú tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar thábhacht na deoraíochta mar áis chun dlús a chur le feachtas féiniúlachta', (104) agus luann sé an nath cáiliúil de chuid John Dalberg-Acton san aiste dar teideal 'Nationality' (1862): 'Is í an deoraíocht cathróg na náisiúntachta.' (104)

Sa dara haiste, déanann Aogán Ó hIarlaithe cur síos ar an gcuairt a thug sé ar Leabharlann Ríoga na Beilge chun súil a chaitheamh ar lámhscríbhinní Gaeilge ón 17ú haois. Tá roinnt trasnaíola san aiste seo ar an bhfaisnéis a phléann Mac Craith sa chéad aiste. Luann Ó hIarlaithe *Leabhar Inghine Í Dhomhnaill* agus an tábhacht a bhaineann leis an gcnuasach dánta sin, chomh maith le *Fragmenta Tri Annalium* atá luaite 'mar shampla de shaghas nua sraithe i litríocht na Gaeilge' (123). Tá go leor tagairtí agus fonótaí san aiste, más mian le scoláirí aon léitheoireacht bhreise a dhéanamh. Chabhródh sé le tuiscint an léitheora dá mbeadh cúpla íomhá curtha isteach sa leabhar de na lámhscríbhinní iad féin.

Cuireann an dráma nua, *Auguste sa Chathair* le Rua Breathnach, le téama na deoraíochta, agus taithí na n-imirceach san Eoraip sa lá atá inniu ann á plé aige. Léiríonn an chodarsnacht agus na cosúlachtaí idir seantaithí na nGael thar lear agus taithí na n-imirceach faoi láthair go bhfuil ceisteanna na féiniúlachta, na teanga agus iarmhairtí an choilíneachais in intinn na ndaoine atá ar deoraíocht. Deir Auguste, imirceach ón gCongo, san oifig inimirce sa Bhruiséil, 'Is iontach an modh cumarsáide an Fhraincis, gan dabht ar bith, ach caithfidh mé a rá go macánta leat nach í teanga mo chroí í.' (155)

San aiste 'Fontenoy: ó bhlár an chatha go dtí an t-úrscéal', déanann an t-údar Liam Mac Cóil cur síos ar na dúshláin a bhíonn le sárú chomh maith leis an gcur chuige a chleachtann sé féin chun úrscéal staire a scríobh. Is ábhar machnaimh í an ghné eiticíúil a bhaineann leis an scríbhneoireacht i leabhar staire. Bíonn léitheoirí ag súil le fírinne ó thaobh na staire de. Mar a deir Mac Cóil san aiste, 'Ní léimid leabhar staire ag lorg eolais ar rudaí nár tharla', (132), ach creideann sé go bhfuil scéalaíocht agus cruthaitheacht ceadaithe go pointe áirithe.

Baineann an aiste dheireanach le seoladh an leabhair *Pobal na Gaeilge: Daonra, Institiúidí, Stádas agus Cumhacht* le Pádraig Breandán Ó Laighin. Deir an t-údar gurb é ‘an rud is tábhachtaí faoi cheisteanna daonra ná seachadadh na Gaeilge ó ghlúin go glúin’ (171). Is teachtaireacht shuntasach í seo. Bheifí ag súil go n-aontódh na manaigh, a d’oibrigh go díograiseach chun doiciméid thábhachtacha a shábháil do na glúnta a bhí le teacht, leis.

Tá clúdach galánta tarraingteach ar an leabhar, atá bunaithe ar dheardh póstaeir a chuir an t-ealaíontóir Selkies i dtoll a chéile don fhéile. Tá seamróga agus feileastram, siombailí na hÉireann agus na Bruiséile, fite fuaite ina chéile le healaín Cheilteach. ‘Is duine eile de phobal Gaeilge na Bruiséile ... an t-ealaíontóir Selkies, a dhear é go speisialta don ócáid,’ a deir Tomáí Ó Conghaile (Ní Eadhra, 2022).

Cé go bhfuil éagsúlacht mhór sna haistí, ó thaobh líon focal, stíle agus ábhair de, is iad téamaí na deoraíochta agus na Gaeilge a cheanglaíonn le chéile iad agus a léiríonn an tiomantas agus an dúthracht atá de dhíth chun caomhnú agus forbairt na Gaeilge a chur chun cinn. Tá an leabhar seo oiriúnach do dhaoine a bhfuil spéis acu sa stair, sa Ghaeilge nó i litríocht na Gaeilge, go háirithe dóibh siúd atá ag déanamh staidéar acadúil. Ba sa bhliain 2022 a bhain an Ghaeilge stádas oifigiúil san Aontas Eorpach amach, ar comhchéim le teangacha Eorpacha eile. Mar thoradh air sin, tháinig borradh mór faoi lucht na Gaeilge sa Bhruiséil ó shin. Cuireann an leabhar seo go mór leis an dioscúrsa acadúil ina bpléitear stair agus dán na Gaeilge i gcomhthéacs Eorpach (Markus *et al.*, 2021) agus tugann sé le fios go bhfuil ceangal stairiúil leanúnach idir an Bheilg agus Éire go dtí an lá atá inniu ann. Roghnaíodh Éigse na Bruiséile mar cheann de leabhair Ghaeilge na bliana in alt le Dónall Ó Braonáin (2025) agus moladh mar ‘cheann de na cuntais is líofa agus is léire maidir le litríocht Ghaeilge an 17ú céad’ é. Is leabhar fíorshuimiúil é seo a chuireann feoil ar chnámha na scéalta stairiúla faoin teanga agus cuireann sé lón machnaimh ar fáil don léitheoir ar ábhar na féiniúlachta agus na teanga ag an am céanna. B’fhiú go mór é a léamh.

Tagairtí

- Ní Eadhra, M. (2022) *Éigse na Bruiséile le réachtáil den chead uair riamh*. [Tuairisc.ie](#). Ar fáil ag [Éigse na Bruiséile le réachtáil den chead uair riamh – Tuairisc.ie](#) (léite 05.01.2026).
- Ó Braonáin, D. (2025) *Cérbh iad leabhair Ghaeilge na bliana 2025 (Cuid a dó)*. [Tuairisc.ie](#). Ar fáil ag [Cérbh iad leabhair Ghaeilge na bliana 2025? \(Cuid a dó\) – Tuairisc.ie](#) (léite 07.01.2026)
- Ó hIarlaithe, A. (eag) (2025). *Éigse na Bruiséile Indreabhán: Leabhar Breac faoin inphrionta Cló Lovain*.
- Markus, R., Nic Eoin, M., Nic Mhathúna, D., Ní Mhuircheartaigh, É., Ó Conchubhair, B., Ó Liatháin, P. (2021) *Ar an Imeall i Lár an Domhain: Ag trasnú tairseacha staire, teanga, litríochta agus cultúir*. Indreabhán: Leabhar Breac.



Turas na Bliana: Sleachta Machnaimh **le Ciarán Mac Murchaidh**

Baile Átha Cliath: Arlen House, 2025.
(ISBN: 978-1-851323593)

Léirmheastóir: Dónall Ó Braonáin

Is mar mhíreanna ócáideacha a foilsíodh bunábhar an chnuasaigh seo i dtús aimsire. Ar iris atá imithe as – *An tUltach* – agus tugann an fotheideal ciúta áirithe dúinn maidir le mianach an tsaothair. Creatlach an fhéilire a úsáidtear leis an ábhar a ríomh agus socrú fóinteach é a chinntíonn cothromaíocht áirithe idir na míreanna agus a chuireann bealú faoin bhforbairt théamúil go tráthúil. Tuigtear struchtúr cultúrtha an timthrialla le fada agus tá a gcuid féin déanta ag scoláirí miotaseolaíochta agus béaloidis den ábhar. Bhí an-reic ar leabhar Chaoimhín Uí Dhanachair – *The Year in Ireland* (1972) – nuair a chuir Cló Mercier athchló amach tamall beag blianta siar. Ba chéadach an léargas a thug Conchúr Mag Eacháin ar chultúr na ndaoine ó Chnuasach Bhéaloideas Éireann ina shaothar siúd – *Ó Cheann Ceann na Bliana: Nósanna an Fhéilire in Éirinn* (2022) – ach is ceart a thuiscint go saothraítear an béaloideas mar thaca don áiteamh seachas mar chuspóir ann féin in *Turas na Bliana*.

Cén sprioc atá leis na haistí? Píosaí gairide próis iad a shaothraíonn téamaí spioradáltachta, fealsúnachta agus creidimh. Lonnaítear cuid mhór den dioscúrsa i dtraidisiún intleachtúil na hEaglaise Caitlicí. Is mar phriocadh chun marana a beartaíodh na míreanna. Ní théitear i bhfad le téad smaointeoireachta ar bith i gceann ar bith de na haistí ach ní sheachnaítear doimhne ábhair ná géire anailíse ina dhiaidh sin féin. Tá bior ar réimsí spéisiúla den tráchttaireacht. Is iomaí uair a luaitear an ‘saol corrach’ mar shampla agus an furú seasta a bhíonn fúinn. Filltear

ó am go chéile ar an teicneolaíocht agus an chaoi a bhfuil seilbh glactha ag na hardáin mhóra ar aird, am agus acmhainní an phobail. Déantar scagadh an-chumasach ar cheist na príobháide i ré an idirlín gan teorainneacha ('Deireadh na Príobháide', 44–6).

Ceistíonn Mac Murchaidh cé mar a fhéachann comhlachtaí móra fearacht Meta le noirm shóisialta a leasú chun a dtairbhe féin. Tá múnla tagtha chun cinn ina ndéantar ídiú faoi cheilt ar chearta an duine ainneoin na suáilcí a bhaineann le deiseanna idirghníomhaíochta ar na hardáin chéanna. Bunspríoc an líonraithe shóisialta i súile na n-ardán ná gnóthú airgeadais ar an rannpháirtíocht. Tagann téama an tomhaltachais chun cinn agus measann Mac Murchaidh 'go dtitfidh an tóin as 'creideamh an tomhaltachais' agus 'go bhfágfar toradh iarmharach míthaitneamhach ina dhiaidh' (81). In alt maidir le 'Sólás na Fealsúnachta' cuirtear i gcuimhne dúinn cén mheabhair a bhain an fealsamh Gréagach Eipiciúras (341–270RC) as cúinsí an tsonais. Bhí an cairdeas, an tsaoirse agus saol an mhachnaimh bunriachtanach le sásamh a bheith againn ar an saol. Dá mbeifí ar bheagán airgid ní mba fál go haer é, dar leis. 'Éiríonn muid gafa le trealamh an tsaoil seo go furasta' (48) an ceangal a bhaintear as an scagadh. Seo é go díreach an téama a shaothraíonn Sonya Kelly ina dráma sise, *Furniture*, (léirithe ag Druid, 2018).

Luaitear an 'gáifeachas' agus an 'róchaiteachas' a bhí go mór i dtreis le linn bhlianta an rachmais i mír thaistil ('Saol na Briotáine', 115–7) agus moltar teacht aniar agus béasa grástúla phobal na Briotáine agus nós na bPardún á chleachtadh acu. Tugtar siar go Stát na mBuachaillí Bó i Meiriceá muid freisin – Wyoming – ceantar spéiriúil ach áit a bhfuil tóir mhíchuibheasach ar charranna a bhfuil innill san ainmhéid acu chomh maith céanna. Baineann an scéal go díreach agus go dlúth le ceartas aeráide ach 'baineann an cheist ar fad le flaitiúlacht nó le leithleachas agus an tuiscint atá againn don duine' (120) ar deireadh. Is minic le lucht cumhachta a bheith 'ag díol féir agus ag ceannach cocháin' (131) a deirtear in aiste eile faoin bhfirinne sa bhfearann poiblí. Má tá faobhar ar an tuairimíocht, is léir go bhfuil an córas argóna sna haistí uile bunaithe ar fhís fhorbartha den eitic. Tá 'malairt bhisigh' á samhlú, mar a scríobh file mór Fhear Manach tráth:

‘...an dílseacht, an oscailteacht, an t-ionracas, an mhuinín agus an tiomantas...’ (37)

‘...an tsláinte, an cineáltas, an tacaíocht, an fhéile agus an machnamh.’ (49)

‘Beathaíonn an litríocht, an ealaín, an ceol agus an spórt an duine...’ (89)

‘Ní bhíonn am ag go leor daoine don teaghlach, don chaitheamh aimsire, don mhachnamh gormspéire nó don anam féin.’ (113)

Is cinnte go luíonn codanna móra den anailís leis an traidisiún léinn Caitliceach. Baintear earraíocht shuimiúil as beathaí na naomh – Uinseann de Pól, San Irenaeus de Lyon, Aodh de Grenoble, mar shampla. Tá an úsáid a bhaintear as na scríoptúir an-tomhaiste agus beacht

don chomhthéacs cainte, cuir i gcás an plé a dhéantar ar Íseáia fáidh ('An Aidhbhint', 157–9). Tá leithne sa léargas ar an léann eaglasta mar is léir ón anailís ar stór cultúrtha na deabhóide Gaelaí ('Taisce Chríostaíocht na hÉireann', 127–9) agus traidisiún na seanmóireachta i nGàidhlig san 18ú haois ('Saol Corrach', 124–6). Díol spéise ó thaobh na hantraipeolaíochta creidimh is ea an t-alt maidir le fíor na croise ('Comhartha na Críostaíochta', 136–8), meabhrú ar an gcaoi a ndearnadh gnéithe suntasacha den chreideamh a sheachadadh a bhuíochas de thraidisiún dinimiciúil béil.

Tá scannal na mí-úsáide tar éis tionchar as cuimse a imirt ar na heaglaisí institiúideacha go léir ach tá a shliocht ar an Eaglais Chaitliceach go háirithe. Ina fhianaise sin, chuir mé spéis i roinnt topaicí inspéise sna hailt – ceist na ceannaireachta eaglasta agus riail na haontumha san Eaglais Chaitliceach. Seoltar i dtreo cheist an phósta muid toisc leabhar iar-Easpag Dhoire, Edward Daly – *A Troubled See* (2011) – a bheith faoi chaibidil ('An tEaspag agus an Aontumha', 133–5). Ba é seo an dara leabhar cuimhní cinn de chuid an iar-Easpag agus tugadh aird mhór ar a raibh le rá aige faoi chead pósta na sagart. Déanann Mac Murchaidh idirdhealú críonna idir an t-ábhar seo agus géarchéim na hearcaíochta. Ní leigheasfadh sagairt phósta an fhadhb úd óir sainghairm is ea an mhinistreacht sna heaglaisí Críostaí go léir. Pléitear múnla na hEaglaise Ceartchreidmí go sonrach agus déantar áiteamh láidir ar son plé macánta agus díospóireacht oscailte. Ní léir go bhfuil forbairt mhór ar an gceist áirithe sin ó shin.

Siar sa mbliain 2013 a toghadh an Cairdinéal Jorge Bergoglio le bheith ina Phápa agus roghnaíodh an Ró-Urramach Justin Welby mar cheannaire domhanda na hEaglaise Anglacánaí. Déantar comparáid pholaitiúil agus phearsanta idir an bheirt cheannairí nua ('Ceannairí Nua i Ré Nua', 62–4). Tá ardmheas ag Mac Murchaidh ar thréith na humhlaíochta sa gceannaireacht. Ábhar misnigh a bhí ann dó cuid de na comharthaí sóirt a shonrú sa mbeirt úd cé go bhfuil an Pápa Proinsias tar éis bháis ó shin agus sheas Justin Welby siar in 2024 i ngeall ar scannal mí-úsáide in Eaglais Shasana. Moltar an té a bhí ann roimhe – an diagaire agus fealsamh Rowan Williams – mar cheannaire spioradálta in aiste eile ('Dúshlán na Ceannaireachta', 59–61). Chuaigh ráiteas dá chuid i bhfeidhm ar Mhac Murchaidh in agallamh nuachtáin: 'go bhfuil an tuairim ann go coitianta anois gur rud coimhthíoch, rúndiamhrach, cumhachtach an reiligiún, a fhágann go dtig le daoine droch-chinnidh a chosaint faoi chlúdach an chreidimh.' Baineann an urchóid leis an aimhleas a bhaintear as cumhacht agus/nó creideamh i gcomhthéacs na ceannaireachta.

Alt thar a bheith tráthúil ar an aimsir seo é an plé ar leabhar de chuid an scríbhneora Kader Abdolah, *The House of the Mosque* (2005). Úrscéal é a insíonn scéal na hIaráine ó díbríodh an Shah agus ó cuireadh tús leis an dianréimeas Ioslamach in 1979. Tá an saothar molta go hard ag Mac Murchaidh agus is liosta le háireamh iad na húdair idirnáisiúnta eile a luaitear i gcaitheamh na n-aistí: Pablo Nerudo, Paulo Coelho, Umberto Eco gan ach triúr a lua. Déantar seo de ghrá an ábhair i gcónaí agus sa gcaoi is go mbeadh fonn ort dul i dtreo na dtéacsanna ina dhiaidh. Tá leabharliosta i ndeireadh an chnuasaigh mar áis don léitheoir freisin.

Déantar saothrú ar ghort an bhaile chomh maith. Mar is dual do scoláire litríochta Gaeilge roinntear gaois an traidisiúin orainn nuair is iomchuí. Bíonn Seosamh Mac Grianna, Cathal Ó Searcaigh, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Raiftearaí agus Amhlaoibh Ó Súilleabháin faoi chaibidil mar fhianaise léirmhínte ar uairibh. Is é barr buaice chineál na scríbhneoireachta seo ná an aiste dheireanach ar fad atá luaite le tráth na Nollag ('Aingeal na Comhairle Móire', 163–6). Tugtar an-ómós d'obair eagarthóireachta Vincent Morley (Field Day, 2012) ar an bhfilíocht a chum Aodh Buí Mac Cruitín. Pléitear an dán 'Lá Nollag' agus cuimsítear diagacht iomlán na Nollag taobh istigh de thrí rann ghairide, dar le Mac Murchaidh. Lonnaítear na tuiscintí faoi *magni consilii Angelus* sa traidisiún cantaireachta agus ceoil eaglasta freisin. Sin ar fad go gonta comair.

Tá teannadh leis an scríbhneoireacht ó thús deireadh an chnuasaigh – aibíocht stíle a chinntíonn réim fheiliúnach teanga tríd síos. Barr ar an maise seo, tá séimhe agus siosmaid Fhear Manach ina n-orlaí sna píosaí. Scríobhadh na haistí do lucht léitheoireachta Chúige Uladh an chéad uair ach is maith go mbeidh deis ag pobal mór náisiúnta ar chuid den tsaíocht a bhaineann le Contae na Lochanna. Tarraingíonn Mac Murchaidh ar a óige in amanta – mochéirí fhsaíocht na mbeithígh, teagasc tíriúil an oide scoile Gerry Farrell mar shampla – agus ar a mhuintir féin. Saibhríonn seo na haistí agus cuidíonn a leithéid linn fréamh an eolais agus tobar luachanna na saoihiúlachta a rianadh siar i dtreo an dúchais.

Abraítear go soiléir gur leasaíodh na sleachta anonn is anall chun go dtiomsófaí mar chnuasach aonair iad. Ní hionann riachtanais scríbhneoireachta ala na huairé agus bailiúchán téamúil. Dá dtabharfaí leid bheag maidir le dáta foilsithe na gcéad leaganacha de na hailt ba threoir áirithe é. Tá scáil na lag trá eacnamúla ar chuid de haistí, mar shampla, ach d'uireasa dátaí ba dhoiligh sin a dhearbhuí. Ina ainneoin sin, is maith agus rímhaith mar a sheas an t-ábhar roghnaithe cúrsa na haimsire.

Ní ailt chreidimh iad seo sa dá chiall mheafaracha den leagan úd: is léasacha machnaimh ar an duine agus ar an daonnacht iad. Is scríbhneoir fiosrach, oscailte é Ciarán Mac Murchaidh a sheachnaíonn an chinnteacht agus a chuireann roimhe a bheith ar thóir na fírinne. Bunaítear an chaibidil ar an gcomhbhá i gcónaí dá achranáí an t-ábhar a bhíonn faoi thrácht. Éiríonn leis an gcur chuige seo fairsinge a chruthú, fearann inar féidir leis an léitheoir ceisteanna casta a mheá ar a c(h)omhairle féin. Is minic a luaitear an fhéile agus an fhilíocht lena chéile ach tá gnaíúlacht uasal sna haistí próis seo.



Guth á Thabhairt do Luath-Naomh Suntasach: Alt Léirmheasa ar *Ceallach: Cín Lae Fíréin AD 590-620* (le Diarmuid Johnson)

Leabhar Breac: Indreabhán. ISBN: 978 1 913814 25 0.

Léirmheastóir: Marie Whelton

Réamhrá

Scéal Naomh Gallus (Ceallach) atá sa leabhar *Ceallach: Cín Lae Fíréin AD 590-620* le Diarmuid Johnson. Bhí Naomh Gallus ar dhuine den ghrúpa manach a thaistil ó Mhainistir Bheannchair, Contae an Dúin, thar sáile agus ar fud na hEorpa faoi stiúir Naomh Columbanus sa 6ú céad ar mhisean soiscéalaíochta. Ag an am, bhí Mainistir Bheannchair ar cheann de na príomhionaid léinn in Éirinn (Flower, 1947: 13). Bhunaigh an grúpa manach mainistreacha in áiteanna atá lonnaithe in oirthear na Fraince agus i ndeisceart na Gearmáine sa lá atá inniu ann, agus a bhí lonnaithe ar imeallchríocha dainséarachacha na Críostaíochta lena linn féin. Sa deireadh, scar Ceallach ó Cholumbanus agus d'fhan sé san Eilvéis, áit ar bhunaigh sé díseart san áit a dtugtar 'St Gallen' air ina ómós fós (Ó Fiaich, 1986: 25). I leabhar Dhiarmuid Johnson, faightear léiriú suaithinseach ar an turas fisiceach agus ar an turas spioradálta a rinne na manaigh. San alt léirmheasa seo féachfar go háirithe ar an tslí a dtugann seánra na dialainne ficsein (seánra an Chín Lae) guth iontaofa inchreidte do Cheallach agus ar an tslí a n-éiríonn le Johnson an guth sin a úsáid chun léargas úr dúchasach a thabhairt ar chomhthéacs seachtrach agus ar shaol inmheánach naoimh shuntasáigh.

Seánra an Chín Lae agus Guth Cheallaigh

Is é seánra an Chín Lae a roghnaíonn Diarmuid Johnson chun scéal Cheallaigh a insint. Tá de bhuntáiste ag an seánra sin go gcuireann sé struchtúr ar leith ar fáil. Sraith d'iontrálacha gearra in ord croineolaíoch (590–620 AD) agus in ord áite atá i gceist, agus ciallaíonn sé sin go nochtar an scéal de réir a chéile i bpíosaí beaga machnamhacha thar am seachas trí phlota ardfhorbartha. Tá na hiontrálacha sin eagraithe i naoi gcaibidil san iomlán agus is iad logainmneacha na Sean-Eorpa is mó atá in úsáid mar theidil orthu: Ó Bheannchar go Landevennec; Ó Landevennec go Luxovium; Wabero, Sléibhte Vosges; Luxovium; Díbirt; Seachrán – ó Kiberon go Rotomagus; Ó Rotomagus go Mettis agus go Brigantinus; Brigantinus Cois Lochá; Mo Chill Féin. Is é an toradh ná go bhfaigheann an léitheoir taifead léarscáile ar aistear na manach ar fud na hEorpa.

Ina theannta sin, is gaireas liteartha é seánra an Chín Lae a ligeann do Johnson an scéal a insint sa chéad phearsa ó thaobh an naoimh. Cruthaíonn sé sin suibichtúlacht agus is éasca don léitheoir a shamhlú dá bharr, go bhfuil fuinneog á hoscailt ar charachtar agus ar thaithí phearsanta an naoimh idir smaointe, inspreagadh, dhearcadh, mhothúcháin agus shaol spioradálta. Is uirlis chumhachtach, dá bhrí sin, é seánra an Chín Lae chun guth a thabhairt don naomh agus is sa seánra-chomhthéacs sin a dhéanfar iniúchadh anois ar an nguth a chruthaítear do Cheallach.

Guth Léannta Uasaicmeach

Tá uasaicmeachas agus léann Cheallaigh faoi bhéim ó fhíorthús an leabhair, áit a gcuireann Ceallach é féin in aithne don léitheoir (7):

Mé Ceallach. Manach. Díthreabhach. Scríobhaí. In Oirialla mo dhúchas. M'athair ba rí. Ceithearnach a ainm. Bhí eallach agus éadail aige, maith agus maoin. Ba mhór a chlú.

Ba ábhar taoisigh mé féin le mo linn, dá réir. Oidhre Oiriall agus comharba mo shinsear [...] D'fhoghlaim ginealach mo threibhe. Chleacht cleasa lúith agus gaisce.

Is le focail den chineál céanna a dhúnann Diarmuid Johnson an nóta léirmhínithe a sholáthraíonn sé ag deireadh an leabhair (145):

Seo scéal Cheallaigh más ea: Manach agus mac rí, Éireannach agus Eorpach, iascaire agus talmhaí, scoláire agus fear teangacha, deoraí agus díthreabhach, Críostaí mór nuair is creideamh raidiceach [sic] óg a bhí sa Chríostaíocht, duine daonna a bhfuil a ainm beo buan san iasacht fós.

Tá an léiriú sin ar ghinealach uasal agus ar léann Cheallaigh ag teacht leis an léiriú ar Naomh Gallus a fhaightear sna foinsí éagsúla (Clark, 1926: 20–1; Ní Mheara, 2001: 214; Breen, 2009). Is iondúil go luaitear oideachas, éirim aigne agus buanna teangeolaíochta an naoimh sa scoláireacht agus tagraíonn Gearóid Trimble (2016: 119–21) don 'lorg' eiseamláireach a d'fhág Ceallach agus a chomharbaí ar fhorbairt intleachta agus spioradálta na hEorpa.

Is í an teicníocht is mó a úsáideann Johnson chun béim a chur ar léann, ar oideachas agus ar chumas teangeolaíochta Cheallaigh ná an réim theanga oiriúnach a roghnaíonn sé. Tá an Cín Lae scríofa i nGaeilge liteartha ghonta shaibhir a léiríonn tionchar na litríochta agus líofacht scéalaíochta. Prós álainn is ea é a chruthaíonn íomhá de scríbhneoir solabhartha machnamhach. Is mar seo a chuireann Johnson síos ar an nGaeilge atá in úsáid aige agus ar an aidhm a bhí aige réim theanga liteartha a aimsiú (143):

Is i nGaeilge atá an leabhar seo, ach is scéal é nár scríobhadh i nGaeilge cheana. Nuair is amhlaidh atá, is fíor a rá gur athghabháil ar chuid de dhúchas na Gaeilge agus na hÉireann atá sa saothar [...]

Cén cineál Gaeilge atá sa leabhar seo? Is í mo chuid Gaeilge féin í. Tá sin le rá. Ach is Gaeilge í atá díoraithe [sic.] ón nGaeilge liteartha a bhí i réim ón 12ú haois go dtí an 17ú haois. Ar bhealach amháin, is consaite atá inti, mar níl aon phrós Gaeilge ann ón 6ú haois, ní áirím téacs fada leanúnach. Ar bhealach eile, is Gaeilge í den chineál a bheadh á scríobh, dar liom, dá maireadh an seantraidisiún léinn.

Tá tagairtí oscailte i leabhar Johnson, freisin, d'ilteangachas Cheallaigh agus dá spéis in ilchultúrachas na hEorpa. Deir sé, mar shampla, gur fhoghlaim sé 'beagán de chanúint na mBreatain' (26) agus é in Landevennec; tugann sé an t-ilchultúrachas faoi deara i gcathair Aurelium, áit a raibh daoine 'as tír na Siria. As Byzantium. As Marsellium' (36). Is í an mhúinín a chuireann Columbanus i gCeallach in Brigantinus labhairt leis an bpobal ina gcanúint féin is mó a léiríonn a chumas le teangacha. I bhfocail Cheallaigh, roghnaíodh é: 'óir ní beag m'eolas ar bhriathra na canúna sin ó aimsir Luxovium cois sléibhte Vosges.' (107).

Gné eile de léann Cheallaigh atá faoi bhéim ag Johnson ná an tslí a n-amharcann Ceallach air féin mar scríbhneoir agus mar scoláire. 'Tá mo pheann ar fónamh' (28) a deir sé in iontráil amháin, agus ní maith leis a bheith gan dúch in iontráil eile (29). Bíonn meas ag Ceallach, freisin, ar léann daoine eile. Agus é ag tagairt don Easpag Greagóir, mar shampla, deir sé: 'An Greagóir sin is scríobhaí agus fear léinn. Is méanar don té a bhreacann briathar Dé' (24). Cuireann Ceallach spéis, freisin, i gconspóidí reatha na heaglaise agus na diagachta agus nochtann sé a chuid tuairimí faoin easaontas a bhí ann, ag an am, idir eaglaisigh na hÉireann agus eaglaisigh na Róimhe maidir le Ceiliúradh na Cásca (56, 64).

Guth Manaigh agus Críostaí faoi Stiúir Naomh Columbanus

Sa dara háit is guth iontaofa manaigh agus Críostaí a chloistear sa Cín Lae seo. Tugann na hiontrálacha léargas ar thuiscint Cheallaigh ar a ghairm agus go háirithe ar an dualgas a mhothaíonn sé a bheith air gach ní a thréigean ar son na gairme sin (7).

Labhraíonn sé, freisin, faoin '*peregrinatio pro Christo*' (8) mar ghné lárnach dá ghairm agus faoin iallach a chuireann an *peregrinatio* sin ar na manaigh gluaiseacht ar eachtra agus cúl a thabhairt ar Éirinn (10). Léiríonn an Cín Lae gur eachtra í atá lán le háilleacht agus le gliondar ar lámh amháin, ach atá lán le dúshláin agus cruatan ag an am céanna. Bíonn 'Gaoth

agus gairfean! Doineann agus fearthainn!’ (19) ar a slí; caitheann siad oícheanta ‘faoi mhuine mionchoille’ (13); cloiseann siad ‘Uallfairt faolchon agus mac tíre san oíche’ (36); téann siad i dtaití ar bhrothall coimhthíoch na hEorpa agus ar thírdhreach úrnua (21); caitheann siad tréimhsí fada ag siúl (30); feiceann siad uafás, gorta agus ganntanas (30–1) agus caoineann siad bás ball dá ngrúpa (53, 114–5). In ainneoin na ndúshlán agus na ndeacrachtaí, is le buanchreideamh agus le buíochas lúcháireach croí a dhéanann Ceallach machnamh ar an aistear (38). Feictear an buíochas céanna sna tagairtí a dhéanann Ceallach d’áilleacht agus d’fhlúirse an nádúir agus na beatha (féach an cur síos ar fhlúirse Landevenec ar leathanach 23, mar shampla). Ach, bíonn an buíochas croí sin le sonrú i nguth Cheallaigh fiú agus iad in umar na haimléise tar éis a bheith díbeartha ag Teuderich agus ar seachrán (90–1):

Triar d’aos leighis na cathrach do chur chugainn iar rochtain na cathrach dúinn. Ba dhíol sceoine ár bhfeiscint. Sinn caite cnámhach, sinn caolghiallach ceannscáinte, sinn criosfháiscithe cnagchosach, sinn cuasphlucach críonghéagach. Lorg síne agus slí orainn [...] Chuir an triar lianna ungach ar gach lot dúinn. Tugadh deoch luibheanna dúinn le hól. Bearradh sinn. Ordaíodh othras coicise dúinn. Is lag tréith a bhíomar tar éis imeachtaí na díbeartha agus an tseachráin. Mórath don Ardmhac a thug slán ón ngábh sinn.

Gné lárnach den *peregrinatio* ná craobhscaoileadh bhriathar Dé, is é sin ‘carthanas agus maiteanas, síocháin agus umhlaíocht’ (19) a léiriú agus a chur chun cinn, ní i measc na gCríostaithe, ach ar an gcoigríoch ‘i measc na ngéinte’ (92) ar ‘imeallchríocha ríocht na Meirvínseach’ (94). De réir thuairisc Cheallaigh, rinne siad é sin den chuid is mó tríd an dea-shampla agus tríd an teagasc. Luann Ceallach gur tháinig muintir na n-áiteanna éagsúla chucu ar an Domhnach óir ‘b’fhearr leis na daoine an choinneal ná an cláiomh.’ (45) Ba nós leis na manaigh, freisin, teagasc speisialta a chur ar dhaoine óga áirithe ‘i suáilc na bhfíreán, mar atá umhlaíocht agus aontumhacht, tost agus urnaí, beatha gan mhaoín gan éadáil’ (45).

Tugann Ceallach léargas sonraíoch ar shaol an mhanaigh faoi riail Cholumbanus idir throscaidh, shaothar láimhe, thost, umhlaíocht (26) agus urnaí. Go deimhin, tá iontrálacha Cheallaigh ina Chín Lae breac le tagairtí ó na scríoptúir – tagairtí ó na sailm (13, 70, 99) go háirithe, ó phaidreacha an Aifrinn rómhánaigh (17, 104); ó urnaithe Caitliceacha coitianta (42) agus ó phaidreacha dúchais na Gaeilge (20, 70, 82, 119). Ar an ábhar sin, faigheann an léitheoir léargas ar dhuine atá ag maireachtáil as a chreideamh Críostaí agus atá i ndlúthchaidreamh mistiúil pearsanta lena Dhia.

Cuireann Johnson Ceallach i láthair mar mhanach a d’fhéach ar Cholumbanus mar anamchara (7) agus mar cheannaire (14) agus is léir gur chuir sé luach an-mhór ar an gcaidreamh a bhí eatarthu (65). Dar le Ceallach bhí ‘iomrá’ ar a anamchara ar fud na hEorpa agus tagraíonn sé, freisin, dá éirim agus dá chráifeacht (46, 94).

Maidir leis an saothar láimhe a bhíodh le déanamh ag na manaigh, tarraingíonn Ceallach pictiúir den saothar dian tógála agus feirmeoireachta a bhíodh le déanamh agus ar an mbealach ina ndéanadís éadaí agus bróga (26–8). Tráchtann sé ar an tslí a rabhadar in ann líon iascaireachta a dhéanamh as neantóga (45) agus ar an obair a bhí ag teastáil chun ruacain a bhaint (14).

Pléann Ceallach na comharthaí agus na míorúiltí a chuir Columbanus agus a lucht leanúna i gcrích (25, 47, 63–4). Féachann Ceallach ar na comharthaí agus ar na míorúiltí sin de ghnáth mar chruthúnas ar chreideamh na gCríostaithe agus mar shiombailí de ríocht agus de láithreachta Dé. Ach léann sé teachtaireachtaí ó Dhia agus comharthaí spioradálta agus coinsiasa i bhfeiniméin nádúrtha freisin (55, mar shampla). Is léir go n-amharcann Ceallach ar an bpeaca mar chasadh ó láithreachta Dé agus tagraíonn sé don choimhlint inmheánach agus seachtrach leis an olc go minic sna hiontrálacha. In iontráil amháin luann sé ábhar bráthar a fuarthas ciontach i mí-úsáid na collaíochta (57). Is é an pionós a cuireadh air ná ‘carghas bliana’. Is é ráiteas Cheallaigh faoin tslí a gcoinneofar an peaca ina rún, áfach, a chuirfidh an léitheoir nua-aimseartha ar crith: ‘ceiltar an scéal, nó is dubh ár gclú’ (57). Is cliste, dá bhrí sin, an tslí a mbaineann Johnson úsáid as guth Cheallaigh chun plé a dhéanamh ar an bhfadhb is mó atá ag an eaglais sa lá atá inniu ann. Is cosúil go rianaíonn Johnson fréamhacha na faidhbe sin siar go hóige na Críostaíochta agus go haimsir Cheallaigh. Feidhmíonn an iontráil áirithe sin mar chritic scanrúil chumhachtach ar pholasaí na heaglaise dul i ngleic go rúnda le fadhbanna d’fhonn clú na heaglaise a chosaint.

Guth a Cheistíonn Cheannaireacht Cholombanus

Is í an tríú gné de ghuth Cheallaigh a chuireann le hiontaofacht na dialainne ina hiomláine ná an léargas eolach a thugann sé ar cheannaireacht Cholombanus. Ní fhágann Ceallach aon amhras ar an léitheoir maidir le scileanna polaitíochta agus scileanna taidhleoireachta Cholombanus. Tagraíonn sé, mar shampla, don tslí a gcuireann Columbanus aithne ar cheannairí áitiúla agus ar an úsáid a bhaineann sé as snaidhmeanna cairdis idir easpaig agus rithe chun fearann a fháil ó rí áirithe i gceantair pháigántachta (37) agus chun cead a lorg a chill a thógáil ar an bhfearann sin (32–3). I bhfocail Cheallaigh ba é an aidhm a bhí acu ná ‘soiscéal Dé a chraobhscaoileadh faoi choimirce agus faoi chumhdach an rí Chríostaí sin.’ (32)

In ainneoin gur bhain na manaigh úsáid as an dea-shampla chun briathar Dé a chraobhscaoileadh, léiríonn dhá eachtra mhóra sa Chín Lae gur bhain siad úsáid as an tseanmóireacht láidir cháinteach, freisin, mar mhodheolaíocht agus iad ag iarraidh deireadh a chur leis an bpáigántacht (féach leathanach 141 le míniú Johnson ar na déúlachtaí éagsúla sa leabhar a léamh). Uaireanta is geall le cogadh cráifeach an obair a bhíodh ar siúl acu agus deamhain á ndíbirt acu ó áiteanna éagsúla.

Baineann an chéad eachtra leis an Rí Teuderich agus iad in Luxovium. Iarrann Columbanus ar an Rí ‘banchéile dlisteanach dea-Chríostaí’ a ghlacadh chuige agus ‘scoir leis an adhaltrannas’ (67). Ní ghlacann Teuderich le comhairle an Naoimh agus is í an díbirt an toradh a bhíonn air (72). Mallacht a chuireann Columbanus ar a namhaid mar fhreagra (77).

Bíonn tionchar ollmhór ag an gcoimhlint idir Columbanus agus Teuderich ar na manaigh go léir agus tugann Ceallach cur síos cumhachtach ar an sceon a mhothaigh siad (74–5) agus ar an amhras a tháinig ar a chroí féin (81). Chaith siad tréimhse ar seachrán crua achrannach agus ag pointe amháin tagann buairt ar Cheallach faoi anam Cholombanus féin agus paidir á rá aige dó (102).

Baineann an dara heachtra lena dtréimhse in Brigantinus. Iarrann Columbanus ar Cheallach labhairt, agus is guth gríosaitheach dian go leor a chloisimid ó Cheallach agus é á chur féin i láthair amhail Maois, nó, Íosa sa Teampall, ag iarraidh ar an bpobal adhradh na ndéithe bréige a thréigean. Cuireann sé béim ar an aithrí ina óráid agus briseann sé dealbha na bpágánach (107–8). Cé go dtéann Ceallach i bhfeidhm ar dhaoine áirithe sa slua, bíonn cuid den slua i bhfearg leis agus déanann sé namhaid go háirithe den taoiseach, Gunzo, a thosaíonn ‘ag dord’ (112) i gcoinne na manach tar éis na heachtra. Sa deireadh, dúnmharaítear beirt de na manaigh agus ceapann Columbanus go raibh lámh ag Gunzo ina ndúnmharú (114). Is i dtéarmaí an chogaidh spioradálta a léann Columbanus an scéal arís agus tagann sé ar an gconclúid go bhfuil baol ann go n-athmhúsclóidh ‘seandeamhan an tsléibhe’ (115), go bhfuil siad go léir i mbaol a mbáis agus gur chóir dóibh an áit a fhágáil. Ní aontaíonn Ceallach lena anamchara (116–7), áfach, agus déanann sé cinneadh scaradh lena bhráithre chun fanacht gar do Brigantinus ina aonar. Sula bhfágann Columbanus agus na manaigh eile, cuireann Columbanus pionós dian ar Cheallach: ‘Fan abhus más é is gá, a Cheallaigh dhil. Ach fad a mhairimse, séanaim cead ort aifreann Dé do rá’ (117).

Tugann an dá eachtra sin léiriú ar an gcoimhlint oscailte a bhíodh ann idir an pháigántacht agus an Chríostaíocht agus ar an tseanmóireacht cháinteach a bhíodh in úsáid ag na manaigh chun an soiscéal a chraobhscaoileadh. Is mar choimhlint dhénártha spioradálta idir an t-olc agus an mhaitheas a léirítear an choimhlint sin den chuid is mó i leabhar Johnson. Is é is spéisiúla don alt léirmheasa seo, áfach, ná go gcloistear guth sainiúil Cheallaigh sna leideanna a thugann sé nár aontaigh sé i gcónaí le cur chuige a anamcharad i dtaobh na coimhlinte sin agus sa cheistiú oscailte a dhéanann sé ar chinneadh Cholumbanus teitheadh ón mbaol in am na coimhlinte. Cuireann na leideanna agus an ceistiú sin le hiontaofacht ghuth Cheallaigh óir tugann siad míniú spéisiúil ar fhoinsé an easaontais a eascraíonn idir an bheirt naomh.

Guth Láidir Neamhspleách an Cheannaire Spioradálta

I gcaibidil a naoi den leabhar is díol spéise go dtagann forbairt shuntasach ar ghuth Cheallaigh. Sa chaibidil sin faigheann an léitheoir cur síos, ar dtús, ar an bhfiabhras a fhulaingíonn Ceallach tar éis imeacht a bhráithre agus ar an tslí a dtagann an Críostaí dúchasach, Willimar, i gcabhair air in am an ghátair (118). Is é an cuntas ar an gcinneadh a dhéanann Ceallach dul ar an díseart leis an deagánach Hiltibod is mó a léiríonn go bhfuil sé ag fás go neamhspleách agus go spioradálta – socraíonn sé, as a stuaim féin, go bhfuil air é féin a mhoirtniú mar chúiteamh ar a easumhlaíocht dá cheannaire (Ní Mheara, 2001: 212–3).

Is léir go bhfásann Ceallach mar cheannaire spioradálta ar a bhealach dílis féin le gach cinneadh a dhéanann sé ina dhiaidh sin. I míorúilt an bhéir, feicimid go bhfuil creideamh daingean aige agus go dtarlaíonn míorúiltí de bharr an chreidimh sin (Ó Fiach, 1986: 126). Feictear a cheannaireacht, freisin, sa chinneadh a dhéanann Ceallach a chill neamhspleách féin a thógáil san fhóraois uaigneach. Nuair a thagann rath ar a chuid oibre tar éis dó iníon

a namhad (Gunzo) a leigheas (129), is léir go bhfuil a stádas agus a naofacht á ndaingniú sa cheantar. Mar a deir Ní Mheara (2012: 212): *‘But already in Gall’s lifetime his healing powers were known, the most auspicious case being that of the daughter of the Alemannic ruler, Gunzo.’*

Nuair a fhaigheann Columbanus bás, feiceann an léitheoir cumas físiúil Cheallaigh atá ar an eolas faoin mbás sula gcloiseann sé go foirmiúil faoi. Tagraíonn Clark (1926: 23), freisin, don bhua físe sin: *‘According to the Vita, St Gall said Mass immediately after the death of St Columban [Columbanus] had been revealed to him in a vision.’*

Nuair a bhronntar bachall Cholumbanus ar Cheallach mar chomhartha beannachta, cairdis, maithiúnais agus athmhuintearais, téann an bronntanas i gcion go mór ar Cheallach agus is mar seo a dhéanann sé cur síos ar an tocht a mhothaigh sé agus é ag déanamh machnaimh ar a bhrí: *‘Greim doirn do rugas ar mbachall. Brí an adhmaid ba mhór. Gur mhuidh orm racht deor.’* (131)

Is é guth cinnte an mhanaigh agus an fhiréin a chloistear ag an deireadh, guth atá tar éis a ghairm, a ról agus a dhúchas neamhspleách féin a aimsiú: *‘Más cian a mhairfead [...] leis an bhfód seo ní dhealód arís le mo bheo’* (132).

Conclúid

Tá an rian forleathan a d’fhág Naomh Gallus ar logainmneacha, ar ealaín shácráilte, ar ailtireacht eaglasta, ar léann agus ar dheabhóid Chríostaí na hEorpa pléite ag scoláirí éagsúla ar nós Thomáis Uí Fhiaich (1986: 110, 146, 166) agus Róisín Ní Mheara (2001: 42–229). Aithníonn Diarmuid Johnson an rian sin, freisin, agus dar leis, ‘is ceart agus is cóir’ cuimhne Cheallaigh a thabhairt ar ais ar an dúchas (145). Níl amhras faoi ach go n-éiríonn le Johnson cuimhne agus tábhacht Cheallaigh a thabhairt chun suntais sa leabhar seo – leabhar a bhfuil diantaghaide, samhlaíocht agus taithí thaistil phearsanta an údair le léamh go sonraíoch ar gach leathanach de (Ní Fhinneadha, 2023). Ní hamháin go dtugann Johnson cuimhne Cheallaigh chun suntais, áfach, ach éiríonn leis beatha, éachtaí, saíocht shainiúil agus oidhreacht an naoimh a cheiliúradh trí ghuth a thabhairt dó. Is guth é a thugann léargas ar luachanna, ar spioradáltacht, ar dhíograis agus ar ildánacht Cheallaigh; is guth é a léiríonn tuiscint phearsanta ar an mbaol, ar an bpriacal, ar an bpolaitíocht agus ar an gcruatan a bhain leis an soiscéal a chraobhscaoileadh in áiteanna tairseachúla págánacha ar imeall na Sean-Eorpa faoi stiúir Cholumbanus (Póirtéir, 2022), ach is guth é, freisin, a cheistíonn, a fhásann, a fhorbraíonn agus a bhláthaíonn go muiníneach ann féin agus go neamhspleách ó Cholumbanus. Éiríonn le Diarmuid Johnson sa Chín Lae seo, turas fisiceach agus turas inmheánach Cheallaigh a thaiscéaladh agus éiríonn leis naomh eisceachtúil a chur os comhair an léitheora mar cheannaire spioradálta údarásach ceannródaíoch. Sa chomhthéacs sin, is furasta an tionchar fadtéarmach a bhí ag an gCeallach stairiúil ar ghnéithe de shaol na hEorpa a thuiscint. Ní cloch le carn chuimhne an naoimh é an leabhar seo amháin ach Cín Lae bríomhar a thugann ómós don naomh trí ghuth cumhachtach iontaofa inchreidte a chruthú dó.

Tagairtí

- Breen, A. (2009) 'Gallus (Gall)'. *Dictionary of Irish Biography*. Acadamh Ríoga na hÉireann: Baile Átha Cliath / Ar líne. DOI: <https://doi.org/10.3318/dib.003411.v1> (Léite: 4 Feabhra 2026).
- Clark, J.M. (1926) *The Abbey of St Gall as a Centre of Literature and Art*. Cambridge University Press: Cambridge.
- Concannon, H. (1926) 'Review of The Abbey of St. Gall as a Centre of Literature and Art by J.M. Clark.' *Studies: An Irish Quarterly Review*, Vol. 15, No. 59, 517–9.
- Flower, R. (1947) *The Irish Tradition*. Oxford University Press: Oxford.
- Ní Fhinneadha, M. (2023) 'Seo leabhar álainn a léifear go minic le cion is práinn: *Ceallach Cín Lae Fíréin AD 590-620*.' *Tuairisc.ie*. 7 Eanáir. Ar fáil: <https://tuairisc.ie/seo-leabhar-alainn-a-leifear-go-minic-le-cion-is-prainn/> (Léite: 4 Feabhra 2026).
- Ní Mheara, R. (2001) *Early Irish Saints in Europe: Their Sites and Their Stories*. Seanchas Ard Mhacha: Armagh.
- Ó Fiaich, T. (1986) *Gaelscrínte san Eoraip*. Foilseacháin Ábhair Spioradálta: Baile Átha Cliath.
- Póirtéir, C. (2022) 'Shining a light through the ages with exhilarating use of language – *Ceallach*, by Diarmuid Johnson.' *Books Ireland Magazine*. 7 Márta. Ar fáil: <https://booksirelandmagazine.com/shining-a-light-through-the-ages-with-exhilarating-use-of-language-ceallach-by-diarmuid-johnson/> (Léite: 4 Feabhra 2026).
- Trimble, G. (2016) 'Naomh Gall – Oidhreacht Léinn & Liteartha an Naoimh Éireannaigh a Bhunaigh Cathair St Gallen na hEilbhéise.' *Seanchas Ardmhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society*, Vol. 26, No. 1, 107–29 .



Nota Beathaisneise An Eagarthóra

Lorna Johnson

Is as Lincolnshire i Sasana do Lorna agus tá sí ag cur fúithi sa Nua-Shéalainn faoi láthair. Ba as Éirinn a máthair. Bhain sí Ard-Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach amach in Ollscoil na Gaillimhe le céadonóracha in 2025. Tá sí ag obair mar chomhairleoir cathrach in Palmerston North na Nua-Shéailinne faoi láthair. Bronnadh Scoláireacht Mhic Dhonncha uirthi don bhliain acadúil 2025/26 mar thoradh ar a cuid torthaí acadúla. Tá spéis aici sa phleanáil teanga agus tá sí ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga in Ollscoil na Gaillimhe faoi láthair.



Nótaí Beathaisnéise na nÚdar

Síobhra Aiken

Is léachtóir sinsearach in Ollscoil na Banríona í an Dr. Síobhra Aiken. Tá aistí foilsithe aici ar ghnéithe éagsúla de stair shóisialta agus chultúrtha an 20ú haois.

Julia Collins

Is Léachtóir san Oideachas í Julia Collins i Scoil an Oideachais, Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Is mac léinn PhD í atá ag díriú ar phobal cleachtais tras-earnála i réimse mhúineadh na Nua-theangacha de réir an churaclaim nua bunscoile. An phríomhspéis taighde atá ag Julia ná an tumoideachas, teagasc dátheangach / ilteangach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí.

Merryn Davies-Deacon

Is léachtóir sinsearach in Ollscoil na Banríona í an Dr Merryn Davies-Deacon. Tá saineolas aici ar shochtheangeolaíocht na Briotáinise agus na Coirnise.

Sinéad Donnelly

Is dochtúir agus ollamh le leigheas ginearálta agus maolaitheach a tógadh i nGaillimh agus atá ag obair in Whanganui a Tara na Nua-Shealainne / Aotearoa faoi lathair í Sinéad. Tá suim faoi leith ag Sinéad sa taighde cáilíochtúil agus tá go leor foilsithe aici i réimse an taighde cháilíochtúil a bhaineann le taithí othar ar an gcúram leighis.

<https://orcid.org/0000-0002-7635-6199>

Ciarán Mac Giolla Bhéin

Is Comhordaitheoir Pleanála Teanga é Ciarán Mac Giolla Bhéin le Fís an Phobail. Tá sé ina uachtarán ar Chonradh na Gaeilge agus bhí alt aige i gcló ar an *Reiviú* sa bhliain 2018.

Ronan McLernon

Is dochtúir é Ronan McLernon atá ag obair i réimse an chúraim mhaolaithigh i nGaillimh faoi láthair. Tá sé páiseanta faoi chúram daoine leochaileacha.

Camilla Murtagh

Is dochtúir comhairleach í an Dr Camilla Murtagh in Ospís na Gaillimhe.

Margarita Neothallaigh

Is as Contae na Mí ó dhúchas do Margarita ach tá sí lonnaithe lár tíre. Tá MA sa stair áitiúil aici ó Ollscoil Mhá Nuad, agus MA sa Léann Teanga ó Ollscoil na Gaillimhe. D'oibrigh sí i gCluain Mhic Nóis agus mar mhúinteoir meánscoile agus is ball deonach de Mheitheal Dúchas í. Tá suim aici i dtaighde acadúil, i dtéacsanna cráifeacha agus sa tsochtheangeolaíocht.

Róisín Nic Liam

Is iníon léinn PhD í Róisín Nic Liam in Ollscoil na Banríona agus Glór na Móna. Gluaiseacht athghabhála na Gaeilge i mBéal Feirste ó bhí 1998 ann is ábhar dá cuid taighde.

Tracey Ní Mhaonaigh

Is Ollamh Comhlach agus Ceann Roinn na Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad í Tracey Ní Mhaonaigh, agus eagarthóir Irisleabhar Mhá Nuad. Tá spéis ar leith aici i gcúrsaí foclóireachta agus aistritheoireachta, sa nualitríocht agus sa stair chultúrtha, agus tá go leor oibre déanta aici ar oidhreacht theangeolaíoch Chorca Dhuibhne agus ar athbheochan na Gaeilge i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad, go háirithe. Tá roinnt leabhar curtha amach aici le tamall de bhlianta anuas, *As Tobar an Doibhlinigh* (2015), *Tháinig do Litir...* (2017), *The Life and Legacy of An tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh* (2021), *Ó Chófra Chuallacht Cholm Cille* (2021), agus *De Forti Dulcedo* (2025) mar aon le scata eagrán de Irisleabhar Mhá Nuad agus de Léachtaí Cholm Cille. Cuireadh an t-eagrán inchoardaithe de Croidhe Cainnte Ciarraige a réitigh sí mar chuid dá céim dochtúireachta ar fáil go leictreonach in 2018.

Eva Ní Mhealláin

Is teagascóir Gaeilge í Eva in Ollscoil Iarthar na Briotáine (UBO) agus tá spéis mhór aici i gcúrsaí Gaeilge – an Fhoclóireacht, an Litríocht, an Dúchas agus an tSochttheangeolaíocht – foghlaim na dteangacha, an Léann Ceilteach agus an Léann Inscne. Is céimí céadonóracha í an BA, sa Ghaeilge agus sa Fhraincis, agus an MA, sa Léann Teanga, ó Ollscoil na Gaillimhe.

Dorothy Ní Uigín

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe, í an Dr Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici sa teagasc agus sa sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge. Is as cathair na Gaillimhe di.

<https://orcid.org/0009-0001-4027-8037>

TJ Ó Ceallaigh

Tá an Dr TJ Ó Ceallaigh mar Ollamh Comhlach i Scoil an Oideachais, Coláiste na hOllscoile Corcaigh. An phríomhspéis taighde atá aige is ea oideachas, forbairt agus ceannaireacht múinteoirí, le tagairt ar leith don tumoideachas teanga agus do chomhthéacsanna éagsúla an dátheangachais/ilteangachais.

Aodh Ó Coileáin

Múineann Aodh Ó Coileáin cúrsaí i nGaeilge agus i mBéarla i réimse na meán in Ollscoil na Gaillimhe. Bhain sé BA sa pholaitíocht agus socheolaíocht agus sa dlí amach, chomh maith le LLB agus LLM in Ollscoil na Gaillimhe. Rinne sé scrúduithe an dlíodóra i gCumann Dlí na hÉireann ach níor chleacht sé dlí riamh. Tá sé ina chathaoirleach ar an gcomhlacht neamhbhrabúis Tearmann Dúlra Loch Gréine atá ag iarraidh ceantar in oirthear Chontae an Chláir, a luaitear leis an bhfile Brian Merriman, a chaomhnú trí thailte a cheannach d'fhonn an bhithéagsúlacht a chur chun cinn. Idir 2016 agus 2021, tráth a cuireadh athruithe suntasacha i gcrích, d'fheidhmigh sé mar stiúrthóir agus mar chathaoirleach ar an Taibhdhearc. Bhunaigh Ó Coileáin an grúpa amharclainne 'Na Fánaithe' (1987–1993) i bpáirt le daoine eile a bhí i gCumann Drámaíochta Ollscoil na Gaillimhe. Tá gradaim idirnáisiúnta bainte amach aige dá chuid obair scannánaíochta. Chaith sé tréimhsí ina iriseoir agus ag saothrú san amharclann. Thug sé beagnach deich mbliana ina eagarthóir nuachta in RTÉ.

Pádraig Fhia Ó Mathúna

Is staraí agus Oifigeach Inniúlachta é an Dr Pádraig Fhia Ó Mathúna le Fís an Phobail. Tá neart foilseacháin aige ar stair na himirce agus stair na Gaeilge; d'fhoilsigh sé alt ar an *Reiviú* sa bhliain 2022.

Marie Whelton

As Iarthar Chorcaí ó dhúchas do Marie Whelton. Is léachtóir le Gaeilge í in Institiúid Oideachais Marino. Tá idir leabhair, ailt agus áiseanna oideachais scríofa aici. I measc na bhfoilseachán a raibh sí ina húdar orthu tá: *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Sagart 2008); *Oíche Shamhna: Pictiúrleabhar do Pháistí* (LeabhairComhar 2024) agus *Doirse an Teampaill: Dánta ó Spioradáltacht Chríostaí* (Foilseacháin Ábhair Spioradálta 2024). Sa bhliain 2020, rinne sí comheagarthóireacht ar eagrán speisialta den iris phiarmheasta, COMHARTaighde.